



Provided by the author(s) and University of Galway in accordance with publisher policies. Please cite the published version when available.

Title	"Solas i nDorchadas": Staidéar soch-chultúrtha ar scéalta draíochta as Dúiche Sheoigheach
Author(s)	Nic Giolla Chomhail, Ailbhe
Publication Date	2018-02-23
Item record	http://hdl.handle.net/10379/7168

Downloaded 2024-04-27T17:35:06Z

Some rights reserved. For more information, please see the item record link above.



“SOLAS I NDORCHADAS”

STAIDÉAR SOCH-CHULTÚRTHA AR SCÉALTA DRAÍOCHTA AS DÚICHE SHEOIGHEACH (IMLEABHAR I)

**Tráchtas a leagadh isteach chun riachtanas na céime dochtúireachta
a chomhlíonadh**

Ailbhe Nic Giolla Chomhaill, B.A., M.A. (OÉ)

arna stiúradh ag an Dr. Lillis Ó Laoire

Roinn na Gaeilge,

Scoil na dTeangacha, na Litríochtaí agus na gCultúr,

Coláiste na nDán, na nEolaíochtaí Sóisialta agus an Léinn Cheiltigh,

Ollscoil na hÉireann, Gaillimh,

Meán Fómhair 2017



NUI Galway
OÉ Gaillimh

CLÁR ÁBHAR

Dearbhú	iv
Achoimre	v
Nóta Buíochais	vi
Noda	x
Réamhrá	xi
Modh Eagarthóireachta	xxi
Caibidil 1: Cúlra agus Comhthéacs Cultúrtha an Tráchtais	1
1.1 Réamhrá	1
1.2 Bunú an Bhéaloídis mar Dhisciplín Acadúil.....	1
1.3 Bailiú an Bhéaloídis in Éirinn	4
1.4 Coimisiún Béaloideasa Éireann.....	10
1.5 Athmhúnlú agus Athchóiriú	13
1.6 Gnéithe de Chomhthéacs Cultúrtha Dhúiche Sheoigheach	15
1.7 Múscailt Spéis an Duileargaigh i mBéaloideas Dhúiche Sheoigheach	20
1.8 Ceangal.....	22
Caibidil 2: Cruthú na Cartlainne	25
2.1 Réamhrá	25
2.2 Cuntais Chín Lae an Choimisiúin.....	25
2.3 Dialanna Phroinnsiais de Búrca.....	29
2.4 Ag Dul i mBun Bailithe	31
2.5 ‘Scéalta a bhí uaim’: Aimsiú an Ábhair.....	34
2.6 Béaloideas na mBan.....	43
2.7 ‘Airneán na Bailitheoireachta’	48
2.8 ‘Ní raibh aon mhaith ag bean an tí gur ól muid tae’: Fáilte agus Flaithiúlacht	52
2.9 Ceangal.....	57
Caibidil 3: Scéalta Draíochta na Dúiche	59
3.1 Réamhrá	59
3.2 Feidhm na Fantaisíochta: Ról an Scéil Dhraíochta sa Chomhphobal.....	59
3.3 An Scéal Draíochta i nDúiche Sheoigheach: Cnuasach an Bhúrcaigh	63
3.4 ‘Scéalta, Scéalta, Scéalta’: Scaipeadh agus Seachadadh an Traidisiúin	65
3.5 Athmhúnlú an Traidisiúin: Cumas Cruthaitheach na Scéalaithe.....	69
3.6 Fuascailt Bhrí na Scéalta: Forbairt an Mhúnla Anailíse	77
3.7 Ceangal.....	85
Caibidil 4: Scéalta na Laochra Fireanna	87
4.1 Réamhrá	87
4.2 Cuid 1: Rangú, Struchtúr agus Príomhphearsana na Scéalta	87
4.2.1 ‘Mac Bhaintreach Chill Ghlasáin’	87
4.2.2 ‘Scológ na Féasóige Liath’	90
4.2.3 ‘Mac Bhaintreach Loch Coirib’	93

4.2.4	‘Seán an Ghabha’	95
4.2.5	Struchtúr agus Príomhcharachtair Scéalta na Laochra: Saintréithe	97
4.3	Cuid 2: Anailís Shoch-Chultúrtha	100
4.3.1	Cúrsaí Inscne	101
4.3.2	Caidreamh Clainne	115
4.3.3	Cúrsaí Aicmeachais	123
4.4	Ceangal.....	130
	Caibidil 5: Scéalta na mBanlaochra	133
5.1	Réamhrá	133
5.2	Cuid 1: Rangú ATU, Struchtúr agus Príomhphearsana na Scéalta	134
5.2.1	‘Cailleach an Oileáin Ghlais’	134
5.2.2	‘Cú Bán an tSléibhe’	137
5.2.3	‘Baintreach agus Triúr Iníonacha’	139
5.2.4	‘Triúr Deirfiúracha a Bhí ag Imirt Cátaí’	141
5.2.5	Struchtúr agus Príomhcharachtair Scéalta na mBanlaochra: Saintréithe	143
5.3	Cuid 2: Anailís Shoch-Chultúrtha	145
5.3.1	Cúrsaí Inscne	145
5.3.2	Caidreamh Clainne	160
5.3.3	Cúrsaí Aicmeachais	171
5.4	Ceangal.....	175
	Conclúid	179
	Aguisín 1: Scéalta Draíochta a Bhailigh Proinnsias de Búrca, 1935-1937.....	183
	Aguisín 2: Eolas Beathaisnéiseach faoi na Scéalaithe.....	195
	Liosta Foinsí.....	201

Dearbhú

Dearbhaím gurb é mo shaothar féin atá sa tráchtas dochtúireachta seo agus nach bhfuil céim faighte agam in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh ná in ollscoil ar bith eile atá bunaithe ar aon chuid den saothar seo.

Ailbhe Nic Giolla Chomhail

Dáta

Achoimre

Sa tráchtas seo, déantar scéalta béaloidis a bhí á n-insint go fuinniúil, fonnmhar i bpobal ar leith san am atá caite a scrúdú go mion d'fhonn léargas a thabhairt ar thábhacht na scéalta agus na scéalaíochta ar leibhéal sóisialta. Is é an pobal atá i gceist ná bailte fearainn áirithe i nGaeltacht Dhúiche Sheoigheach, i gCo. na Gaillimhe agus Mhaigh Eo, agus is é an bailiúchán a chuimsítear ná an cnuasach scéalta a bhailigh Proinsias de Búrca, bailitheoir lánaimseartha le Coimisiún Béaloideas Éireann, sa cheantar sin idir 1935-37. Déantar an cnuasach a shuíomh sa timpeallacht shoch-chultúrtha inar tiomsaíodh é trí ghrinnléamh a dhéanamh ar thaithí agus ar chur chuige an bhailitheora agus é i mbun bailithe agus fiosraítear na cúinsí éagsúla a raibh tionchar acu ar a mheon i leith an bhéaloidis. Ina theannta sin, féachtar lenár dtuiscint ar mhúnla reacaireachta an scéil dhraíochta, mar a bhaineann sé le traidisiún béil na hÉireann, a mhéadú trí fheidhm a bhaint as teoiricí ó léann an bhéaloidis agus ó léann an scéil dhraíochta, go sonrath.

Saintuiscint den tráchtas is ea gur fheidhmigh na scéalta draíochta chun luachanna agus gnásanna an chomhphobail a sheachadadh agus a bhuanú i measc na mball agus chun aontacht agus ardú meanma a chothú i measc daoine a raibh taithí mhaith acu ar laincísí an leatroidim agus na bochtaineachta. Ina theannta sin ámh, áitítear go raibh feidhm thábhachtach ag na scéalta ar bhonn pearsanta, óir cheadaigh múnla fantaiseach an scéil dhraíochta don scéalaí a lorg féin a fhágáil ar oidhreacht chultúrtha a mhuintire agus stádas a bhaint amach dó féin sa chomhphobal agus fiú amháin níos faide i gcéin, mar ealaíontóir béil. Trí mhúnla anailíse a fhorbairt a cheadóidh dúinn rogha de na scéalta seo a léamh mar cháipéisí cultúrtha a bhfuil dlúthnasc acu le cúinsí maireachtála na scéalaithe agus a bpobal éisteachta, féachtar leis an bhearna idir an chartlann agus an saol ónar eascair sí a mhaolú. Táthar ag súil, mar sin de, go méadóidh an tionscnamh seo ár dtuiscint ar thraidisiún agus ar oidhreacht na scéalaíochta dúchasaí in Éirinn.

Nóta Buíochais

Tá mé fíorbhuíoch den Dr. Lillis Ó Laoire as an tráchtas seo a stiúradh agus as comhairle agus spreagadh a thabhairt dom go leanúnach ó thug mé faoin obair seo tá ceithre bliana ó shin. Léirigh sé suim sa tionscadal agus tuiscint ar an ábhar ón chéad lá agus roinn sé a chuid ama agus a chuid saineolais liom go fial flaithiúil.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Choiste Taighde Iarchéime, an Dr. Ríona Ní Fhrighil, an Dr. John Cunningham, an Dr. Feargal Ó Béarra, an Dr. Jeannine Woods agus an Dr. Liam Ó hAisibéil, as a dtacaíocht ag cruinnithe bliantúla an Choiste agus i gcoitinne. Gabhaim buíochas le foireann Roinn na Gaeilge in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. Thug an tOllamh Emeritus Gearóid Denvir an-tacaíocht dom agus mé ag tabhairt faoin taighde seo an chéad lá. Tá mé an-bhuíoch freisin de Fiona de Paor a chuidigh go mór liom agus an tráchtas á réiteach agam.

Tá mé faoi chomaoin ag foireann Leabharlann Shéamuis Uí Ardagáin agus lucht na mBailiúchán Speisialta, go háirithe Marie Boran, Margo Donohue, Geraldine Curtin, Kieran Hoare agus Margaret Hughes. Tá mé fíorbhuíoch freisin d'fhoireann Cnuasach Bhéaloideas Éireann sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath as cead a thabhairt dom ábhar cartlainne ón Chnuasach a fhoilsiú agus as an tacaíocht atá faighte agam uathu thar na blianta. Tá mé buíoch go háirithe den Ollamh Ríonach uí Ógáin, an Dr. Críostóir Mac Cárthaigh, an Dr. Barbara Hillers, an Dr. Bairbre Ní Fhloinn agus an Dr. Anna Bale. Tá buíochas speisialta tuillte ag Claire Doohan, a chuir na grianghraif a chuirtear i gcló anseo ar fáil dom.

Gabhaim buíochas speisialta leis an Ollamh Joseph Nagy as deis a thabhairt dom seimeastar trí mhí a chaitheamh in Ollscoil California, Los Angeles agus as an tráchtas seo a stiúradh le linn na tréimhse sin. Tá mé go mór faoi chomaoin ag Martha agus Ita Nagy as fearadh na fáilte a chur romham le linn an turais sin freisin.

Is mór an tacaíocht agus an spreagadh a fuair mé ó mo leathbhádóirí i seomra taighde Áras Uí Ardagáin. Tá mé buíoch go háirithe d'Aisling Ní Churraighín agus de Shíobhra Aiken, a léigh dréachtaí de chaibidlí agus a chuir comhairle fhóinteach orm ag céimeanna éagsula i rith an bhealaigh. Tá buíochas ar leith tuillte ag Lee Vahey a

léigh an tráchtas ina iomláine agus a thug cuidiú as cuimse dom agus mé ag druidim i dtreo ceann scríbe.


Bhí an Dr. Deirdre Ní Chonghaile sásta a cuid saineolais agus a cairdeas a roinnt go fial liom i gcónaí agus ba mhór an gríosú a thug sé dom le linn an aistir seo. Thug an tOllamh Máirín Ní Dhonnchadha tacaíocht mhór dom thar na blianta agus chuir sé comhairle fhóinteach orm faoi ghnéithe éagsúla den tráchtas.

Thug Máire agus Bríd de Búrca eolas cuimsitheach dom faoina n-athair, Proinsias, agus faoi na scéalaithe a raibh aithne acusan orthu ina n-óige; tá mé faoi chomaoin acu beirt. Ba mhór an tacaíocht agus an t-eolas a fuair mé ó dhaoine eile as ceantair Chorr na Móna, Sheanadh Farracháin agus Thamhnaigh an Lín agus mé i mbun an taighde seo, ina measc Pádraig Ó Coirbín agus Áine Ní Choirbín, Marc Ó Floinn, Éamonn Ó Súilleabháin, Mícheál Ó Tuairisg, Maura Hann (née King), Mairéad Breathnach (née de Búrca), Aingeal Seoighe agus Séamus Seoighe. Roinn Máire Seoighe eolas luachmhar liom faoin saol a bhí aici ag fás aníos i dTamhnaigh an Lín sular cailleadh í ar Lá Fhéile Bríde, 2016. Suaimhneas síoraí ar a hanam.

Gabhaim buíochas ó chroí le mo chairde agus le mo theaghlach as an chosán a shoilsiú dom i dtólamh. Thug Éadaoin agus Ciara Nic Giolla Chomhaill misneach mór dom an tráchtas a chur i gcrích agus chinntigh siad go raibh faoiseamh le fáil ón obair nuair a bhí sin de dhíth. Tá mé faoi chomaoin ag Alan Flannery, crann taca agus buanchara. Ba mhaith liom buíochas ar leith a ghabháil le mo thuismitheoirí, Máirín agus Séamus, as a bhfoighne, a dtuiscint agus a ndúthracht ó thug mé faoin aistear seo.

Fuair an tionscnamh seo maoiniú ón Chomhairle um Thaighde in Éirinn, ó scoláireacht de chuid na Roinne Oideachais agus Scileanna agus ó Sparánacht Uí Eithir.

Logainmneacha i nDúiche Sheoigheach agus máguaird a luaitear sa tráchtas





Seanadh Farracháin, An Fhairche, Co. na Gaillime, 1935
Grianghrafadóir: Áke Campbell. CBÉ A015.01.00201

Noda

- ACG Ó Máille, M. & Ó Máille, T. 1905. *Amhráin Chlainne Gaedheal: An Chéad Chuid*. Baile Átha Cliath: Connradh na Gaedhilge.
- ATU Uther, H.J., 2004. *The Types of International Folktales: A Classification and Bibliography, Based on the System of Antti Aarne and Stith Thompson*. Helsinki: Suomalainen Tiedeakatemia, Academia Scientiarum Fennica (FF Communications; uimh. 284-286).
- CBÉ Cnuasach Bhéaloideas Éireann: Príomhbhailiúchán Lámhscríbhinní, an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath.
- CBÉS Cnuasach Bhéaloideas Éireann: Bailiúchán na Scol, an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Tá an mhórchuid den bhailiúchán seo ar fáil go leictreonach ag an suíomh <https://www.duchas.ie>.
- CO Gan údar. 2016. *Gramadach na Gaeilge: An Caighdeán Oifigiúil*. Baile Átha Cliath: Seirbhís Thithe an Oireachtais.
- FGB Ó Dónaill, N., 1977. *Foclóir Gaeilge-Béarla*. Baile Átha Cliath: An Gúm, An Roinn Oideachais.
- GS Delargy, J.H., 1945. 'The Gaelic Storyteller, with Some Notes on Gaelic Folk-Tales:' The Sir John Rhys Memorial Lecture 1945. *The Proceedings of the British Academy, Volume XXXI*. London: Geoffrey Cumberlege.
- HIF Ó Súilleabháin, S., 2014. *A Handbook of Irish Folklore*. Baile Átha Cliath: Comhairle Bhéaloideas Éireann/An Cumann le Béaloideas Éireann.
- KHM Grimm, J. & Grimm, W., 1857 . *Kinder- und Hausmärchen: Große Ausgabe, Band 1 & 2*. Göttingen: Druck und Verlag der Dieterichschen Buchhandlung.
- TIF Ó Súilleabháin, S. & Christiansen, R.Th., 1963. *The Types of the Irish Folktale*. Helsinki: Suomalainen Tiedeakatemia (FF Communications uimh. 188)

Réamhrá

*Action is history. Every gesture has precedent and consequence. As the hand grips the spade, slaps brick, or grates spuds, historical time flows through the fingers and writes its narrative into the land [...] Yet beyond us, around us, spreads the vast and democratic history book of the landscape.*¹

Eispéireas sainiúil de chuid na daonnachta is ea an scéalaíocht. Ní hamháin go gcuireann scéalta faisnéis thábhachtach ar fáil don duine faoin domhan ina maireann sé, ach cuireann scéalta cuma agus crot ar éagrúth an tsaoil trí threoshuíomh, chomhleanúnachas, bhrí, chuspóir agus teorainneacha a thabhairt don saol sin (Frank 2010, 2). Ní hionadh é go bhfuil tábhacht ar leith ag an scéalaíocht sa phróiseas sóisialaithe, óir is trí mheán na scéalta a insíonn daoine dá chéile a dhéantar scaipeadh agus seachadadh ar na luachanna agus na noirm iompraíochta atá mar bhunchloch le modh maireachtála an ghrúpa. Chuige sin, is féidir eolas luachmhar a thabhairt chun solais faoi ghrúpaí sóisialta agus faoin staid dhaonna i gcoitinne trí na scéalta a insíonn daoine dá chéile a fhiosrú. Ba i gcomhthéacs an chomhthionóil a cuireadh scéalta i láthair le sinsireacht agus bhí tábhacht ar leith ag an ócáid reacaireachta i gcothú agus i mbuanú chaidreamh an duine aonair lena phobal, mar a léiríonn Michael Uzendoski agus Edith Felicia Calapucha-Tapuy: ‘Stories [...] entail moments of epiphany and communitas as people achieve the feeling of mythological truths becoming one with the destiny of the community’ (Uzendoski agus Calapucha-Tapuy 2012, 1).

Ach an oiread le ceantair eile a raibh áit lárnach ag an chultúr béil iontu, thuill an té a bhí deisbhéalach ómós ar leith i nGaeltacht Dhúiche Sheoigheach. Bhí an méid seo le rá ag Mícheál Ó Máille agus cur síos á dhéanamh aige ar an fhile pobail óg Michael Luke Pháidín (Mícheál Ó Cadhain) a rugadh i Mullach an Droma, Corr na Móna, sa bhliain c.1883 agus a bhí ag cur faoi ansin i dtús an fichiú haois:

Taispeánann [an fhilíocht] go bhfuil slí eile ag duine le bheith “ar a sháimhín só” thar a bheith caite ina chodladh, nó a bheith ag breacadh a loirgní de chois na tine. Tá sí go díreach mar thaitneamh breá gréine sa samhradh a chuireas snas agus loinnir ar chnoc agus ar ghleann – taitneamh breá gréine a thógfás a chroí agus a thiubhradh misneach don fhear oibre, nuair a théas sé amach fá’n tír Dé Domhnaigh tar éis oibre na seachtaine. (Ó Máille agus Ó Máille 1936, 24)

¹ Henry Glassie, *Passing the Time in Ballymenone: Culture and History of an Ulster Community*, (1995, 603).

Ba í an fhilíocht bhéil go sonrach a bhí faoi chaibidil ag an Mháilleach sa chuntas thuas, is maith mar a d'éirigh leis mianach sólásach, soilseach na healaíne i gcoitinne a chur i bhfriotal. Mar a phléifear go mion amach anseo, tá cumas an ealaíontóra bhéil faoiseamh intinne agus léaráo dóchais a sholáthar ar a phobal le tabhairt faoi deara go soiléir i múnla reacaireachta an scéil dhraíochta. San fhearann osnádúrtha ina dtiteann príomheachtraí an chineál scéil seo amach, éiríonn leis an laoch nó an banlaoch gníomhartha gaisciúla a chur i gcrích agus na constaicí ollmhóra a bhíonn roimhe nó roimpi a sháru.

Is uirlis chumhachtach í an teanga i ndomhan idir eatarthu seo na fantaisíochta, óir is minic gur trí mheán an chomhrá a chuireann an scéalaí an choimhlint idir an phríomhphearsa agus na naimhde a bhíonn le sárú aige nó aici in iúl. *Märchen* a thugtar ar na scéalta seo sa Ghearmáinis, is é sin scéal ficseanúil atá lán go béal le hiontas (Thompson 1946, 8). Is í teagmháil an ghnáthdhuine leis an domhan osnádúrtha bun agus barr an chineál scéil seo, mar a mhíníonn Linda Dégh:

The *Märchen* is, in fact, an adventure story with a single hero [...] The hero's (or heroine's) career starts, as everyone else's, in the dull miserable world of reality. Then, all of a sudden, the supernatural world involves him and challenges the mortal, who undertakes his long voyage to happiness. He enters the magic forest, guided by supernatural helpers, and defeats evil powers beyond the boundaries of man's universe. (Dégh 1972, 63)

Is minic a bhaintear leas as an téarma 'seanscéal' mar aistriúchán ar *märchen* i léann an bhéaloidis in Éirinn (Ó Giolláin 2005, 53-54; Ó Cadhla 2011, 154).² Baintear úsáid as an téarma 'scéal draíochta' síos tríd an tráchtas seo mar sin féin, mar go bhfuiltear ag díriú ar na scéalta sin a rangáítear mar *Tales of Magic* .i. ATU 300-749 i gcatalóg rangaithe idirnáisiúnta na scéalta béaloidis (Uther 2004). Chomh maith leis an ársaíocht atá intuigthe le 'seanscéal' a sheachaint, déanann 'scéal draíochta' idirdhealú idir an fhoshraith seo agus scéalta béaloidis idirnáisiúnta eile a raibh tóir orthu i

² Is é an téarma Béarla is mó a úsáidtear le cur síos a dhéanamh ar an chineál scéil seo ná *fairy tale* ach, mar a mhíníonn Donald Haase, is téarma lochtach é sin mar gur aistriúchán díreach é ar *conte de fées* na Fraincise, téarma a tháinig ar an fhód sa bhliain 1697 le cur síos a dhéanamh ar na scéalta liteartha a bhí á gcumadh ag Marie-Catherine d'Aulnoy agus ag banúdair eile na salón liteartha sa tréimhse chéanna (Haase 2007, 322). Is éard a dhéanann idirdhealú idir na téarmaí *fairy tale* agus *folk tale*, dar le Jack Zipes, ná go dtagraíonn an dara ceann do thraidisiún béil daoine réamh-chaipitleacha. Cuireann an scéal béaloidis streachailt an té atá thíos in iúl agus léiríonn sé mianta an duine a choinníollacha maireachtála a fheabhsú (Zipes 2002, 32). Aistríonn Patricia Lysaght *märchen* go Béarla mar *wonder tale* seachas *fairy tale*; is maith a fhóireann an téarma seo, a bhfuil an "t-iontas" mar bhunús leis, mar go bhfuil finscéalta faoin slua sí ar eolas go forleathan i dtraidisiún béil na tíre seo, mar aon le scéalta *märchen* den uile chineál (Lysaght 2003, 171).

dtraidisiún scéalaíochta na hÉireann, scéalta cráifeacha (ATU 750-849) agus scéalta réadúla (ATU 850-999) san áireamh.

Ba í an ársaíocht an chloch ba mhó ar phaidrín na mbéaloideasaithe nuair a tosaíodh ag cur suime sna scéalta seo ó thús an naoú haois déag i leith, mar a phléifear i gCaibidil 1. Bhaist Alan Dundes, duine de mhórscoláirí béaloidis an fichiú haois, *devolutionary premise* ar an chlaonadh a bhí ag scoláirí an disciplín ré órga an bhéaloidis a thóraíocht: ‘As a result of the past-oriented *Weltanschauung* of most folklorists [...] it has always appeared to be logically necessary and highly desirable to engage in historically reconstructing the golden age of folklore’ (Dundes agus Bronner 2007, 167). Chonacthas don údar clúiteach Máirtín Ó Cadhain go raibh scoláirí béaloidis na hÉireann ciontach as peaca an mhaoithneachais chomh maith céanna. San óráid iomráiteach a thug an Cadhnach do Chumann na Scríbhneoirí sa bhliain 1950, thug sé buille borb do ‘phurgóidí na sean-“traidisiún”’ agus don ‘uachtar reoite rómansaíochta’, ar shaintréithe iad, dar leis, den ‘olagón duileargúil’ (Ó Cadhain 1990, 138). De réir an Chadhnaigh, is mó spéis atá sa bhéaloideas mar ‘s[h]raith dhomhain laethúil [...] a [bhfuil] déanamh d’uireasa teagaisc agus eagraithe agus teoiricí aige’ (Ó Cadhain 1990, 131). Thairis sin, is mar ‘shreang bheo’ ag driogadh leictreachais na daonnachta trí choimpléasc ár saoil mheicniúil’ ba cheart cultúr an bhéaloidis a bhuanú sa saol comhaimseartha (Ó Cadhain 1990, 159). Is maith a thagann dearcadh Stiofáin Uí Chadhla gur ‘mithid don léann ceann a thógáil den eispéireas daonna a luíonn sa seanchas go fóill agus biorán suain ann’ le tuairim phraiticiúil an Chadhnaigh faoi thábhacht an bhéaloidis san am atá i láthair (Ó Cadhain 2011, 18). San iniúchadh a dhéantar sa tráchtas seo ar thionscnamh bailithe an bhéaloidis i nDúiche Sheoigheach sna 1930dí mar sin de, féachtar le blúirí den eolas cultúrtha atá i bhfostú sa sainbhailiúcháin seo a scaoileadh trí chúram a dhéanamh d’eispéireas daonna lucht a chruthaithe agus a chnuasaithe.

Is ar an bhailiúchán scéalta a thionsaigh Proinsias de Búrca le linn dó a bheith fostaithe mar bhailitheoir lánaimseartha le Coimisiún Béaloideas Éireann idir 1935-1937, a dhírítear sa tráchtas seo. Rugadh an Búrcach i dTír an Fhia, baile fearainn beag i gCorr na Móna, ar an 24 Samhain 1904. Ba mhac é le Caitriona (Cáit) de Brún as Tír

an Fhia agus le Mícheál de Búrca, a rugadh agus a tógadh i mBaile Inneonach.³ Bhí feirm bheag cúig acra dhéag ag na Búrcaigh i dTír an Fhia agus, mar aon leis an fheirmeoireacht, bhíodh Mícheál ag plé leis an tógáil agus leis an tsiúinéireacht. Bhí léamh agus scríobh ag Mícheál agus Cáit araon agus d'éirigh leo oideachas a chur ar a seachtar páistí, Proinnsias ina measc. Is díol suntais é go raibh Mícheál agus Cáit beirt mar fhaisnéiseoirí ag Proinnsias nuair a chuaigh sé i mbun bailithe béaloidis ar bhonn gairmiúil: bhí stairsheanchas áitiúil agus finscéalta osnádúrtha go flúirseach ag Mícheál agus bhí eolas cuimsitheach ag Cáit faoin stair shóisialta agus faoin chineál saoil a bhí ag na glúnta a mhair roimpise i nDúiche Sheoigheach. Is furasta a shamhlú go raibh an Búrcach báite sa chultúr béil ó bhí sé ina stócach óg, mar sin de. Ba é Seán Mac Giollarnáth, breitheamh de chuid na Cúirte Dúiche, a mhol an Búrcach do phost an bhailitheora de bharr go raibh ‘an-luí [aige] leis an mbéaloideas’ (Uí Ógáin 1996/97, 353-354). Chaith sé naoi mbliana mar bhailitheoir lánaimseartha le Coimisiún Béaloideas Éireann idir 1935 agus 1944, tráth dá ndeachaigh sé ag obair le Coimisiún na Talún ar feadh seala. D’fhill sé ar bhailiú an bhéaloidis ar bhonn gairmiúil sa bhliain 1953, nuair a fostaíodh mar bhailitheoir speisialta leis an Choimisiún Béaloideas é. Fostaíodh mar bhailitheoir lánaimseartha arís é sa bhliain 1964, post a choinnigh sé go dtí gur éirigh sé ón obair sa bhliain 1975. Chnuasaigh sé breis is 30,000 leathanach d’ábhar béaloidis trascríofa san iomlán le linn dó a bheith fostaithe leis an Choimisiún. Cailleadh Proinnsias ar an 30 Deireadh Fómhair, 1996; tá sé curtha i reilig Chnoc Rois ar an Fhairche.⁴

Tá Dúiche Sheoigheach lonnaithe idir sliabh Mhám Trasna ó thuaidh, an Liónán san iarthar, An Teach Dóite ó dheas agus an Fhairche san oirthear. Is limistéar fairsing é agus sníonn a theorainn idir contaetha na Gaillmhe agus Mhaigh Eo. Tá clú agus cáil ar an tírdhreach de bharr airde na sléibhte, ciúine na ngleannta agus aoibhneas na lochanna atá suite idir eatarthu. Cuireadh suntas in áilleacht Dhúiche Sheoigheach ó thosaigh turasóirí ag triall ar an cheantar ón 18ú haois i leith, mar is léir ón chur síos

³ ‘Baile Neonach’ a thugtar ar an áit seo i scríbhinní an Bhúrcaigh. Ní luaitear ‘Baile Inneonach’ féin ar An Bunachar Logainmneacha, ach tá tagairt ar an suíomh sin do Chaisleán Bhaile Inneonach atá i bparóiste Cheapach na gCapall, i mbarúntacht an Rois. Luaitear ‘Baile Inneonagh’ (*Ballynenagh*) in *A chorographical description of West or H-Iar Connaught* a scríobh Roderic O’Flaherty sa bhliain 1684 agus a chuir James Hardiman in eagar (O’Flaherty agus Hardiman 1846, 45). Tá mé buíoch den Ollamh Máirín Ní Dhonnchadha as bunús an logainm seo a phlé liom.

⁴ Tá eolas beathaisnéiseach faoin Bhúrcach le fáil in Uí Ógáin (Uí Ógáin 1996/97); Ó Catháin (Ó Catháin 2011, 25-44; 2012); Ní Choirbín (Ní Choirbín 2010, 9-11) agus ar An Bunachar Náisiúnta Beathaisnéisí Gaeilge (Breathnach *et al.* 2017).

a thug an scríbhneoir Meiriceánach Nathaniel Parker Willis ar an áit le linn dó a bheith ar camchuairt i gConamara i dtrátha na bliana 1842:

the inland country, though wild and mountainous, and ill-cultivated, and so little known and visited that its name is a proverb, is yet equal to the finest part of Wales or of Scotland; and the traveller who ventures to enjoy its romantic picturesque scenery, and who from natural or acquired taste can relish ‘the lone majesty of untamed nature’, may here have his feelings gratified to the full. (Stirling Coyne agus Willis 1842, 82)

Is í an fheirmeoireacht sléibhe an tslí bheatha is coitianta i measc mhuintir an cheantair seo leis na cianta agus ba í an fheirmeoireacht a chleacht formhór mór na ndaoine, a theaghlach féin san áireamh, tráth dá ndeachaigh Proinnsias de Búrca i mbun bailithe béaloidis sna bailte fearainn mórthimpeall ar Chorr na Móna sa bhliain 1935. Mar a shonraigh Seán Mac Giollarnáth, ba dhream iad muintir Dhúiche Sheoigheach a chaith uaireanta fada an chloig ag siúl sna sléibhte, ach bhí siad fáiltiúil, flaithiúil agus ba mhór an dúil a chuir siad in eachtraíocht d’aon chineál: ‘they have time for a casual conversation that will have few platitudes, and for a story that will be purely imaginative, or for a history that will reek of blood and reality’ (Mac Giollarnáth 1972, 12-13).

Níor shaol idéalach é saol an fheirmeora sléibhe a bheag ná a mhór i dtús an fichiú haois ámh, agus ní mór a bheith airdeallach ar ghaiste an rómánsachais agus saol “tréadach” na sléibhte seo faoi chaibidil againn. Bhí néal doininne na himirce de shíor ag brú anuas ar Dhúiche Sheoigheach agus sciob sí léi mórán dá treibh thar na blianta. Léiríonn na figiúirí daonáirimh do bhlianta tosaigh an tSaorstáit méid an tslada: tháinig titim de 17.7% ar an daonra i dtoghroinn Chonga agus titim de 12.8% i dtoghroinn na Fairche sa tréimhse idir 1926-36 (Daonáireamh 1936). Ba mheathlú tubaisteach é seo nuair a mheabhraítear gurbh iad an dream ab óige agus ba lúfaire a d’imigh, den chuid is mó. I mblianta luatha an fichiú haois, chum Michael Luke Pháidín, ar tagraíodh dó thuas, ‘Amhrán na nÉireannach’ faoi oíche a chaith sé ag ‘Bainis Mheiriceá’ a bhí ar siúl i Seanadh Doláin, in aice leis an Chloch Bhreac. B’ionann an imirce go Meiriceá agus ‘sléachta’ a bhí ag sciobadh an dreama óig ón phobal agus ag fágáil na teanga dúchais in ainriocht, dar leis an fhile (Ó Máille 1934, 82-84). Ar mhí-ámharaí an tsaoil, bhí cinniúint na himirce i ndán don fhile é féin go gairid ina dhiaidh sin; chroch sé a sheolta go Scranton, Pennsylvania agus cailleadh thall ansin é tar éis dó cúpla bliain a chaitheamh ag obair sna mianaigh guail. Mar a chásaigh Tomás Ó Máille: ‘[bhí] an

duine a bheadh ina údar áthais ag Gaeil dá bhfaigeadh sé a chothú agus a thógáil in Éirinn, go raibh sin thall in Scranton Mheiriceá ag baint ghuail i ndorchadas, na céadta slat fá'n talamh' (Ó Máille 1934, 76-77).

Tá scéal na himirce fite fuaite le cúlra soch-chultúrtha Dhúiche Sheoigheach ó aimsir an Ghorta Mhóir i leith. Chruinníodh na sluaite i mBaile Mheiriceá le slán a fhágáil leo siúd a bhí ag fágáil an cheantair le dul ar an choigríoch. Tá an sráidbhaile seo ar bhruach Loch Measca i mbaile fearainn na Cloiche Brice, díreach ó theas den teorainn idir contae na Gaillimhe agus contae Mhaigh Eo (féach mapa lth. viii). D'eascair an logainm ón cheangal a bhí ag an áit thairseachúil seo leis an imirce go dtí an tOileán Úr. Ba leis an obair thionsclaíoch, an mhianadóireacht nó an obair thógála a chuaigh fir Dhúiche Sheoigheach den chuid is mó agus ba le hearnáil na seirbhíse a chuaigh formhór na mban. Bhí an imirce shéasúrach coitianta go maith i measc na bhfear sa cheantar; théidís thar lear ar feadh cúpla mí sa bhliain agus d'fhillidís ar an bhaile san earrach agus san fhómhar chun barraí na bliana a chur agus a bhaint. Sampla eiseamláireach d'imirce na bhfear as Dúiche Sheoigheach ag casadh an chéid seo caite is ea taithí Liam de Búrca as Seanadh Farracháin. Bhreac Proinnsias de Búrca cuntas ar bheatha Liam sa bhliain 1943 agus bhí an cinneadh a rinne sé an baile a fhágáil i measc na ngnéithe ar thug sé suntas dóibh:

Nuair a bhí ceathrar clainne aige bhí an saol ag dul cruaidh air agus ní raibh aon tsaothrú san áit ná mórán fairsinge talúna aige agus bhí sé ag dul rite leis a mhuirín a thógáil. Dúirt sé go rachadh sé go Sasana ag obair agus go gcuirfeadh sé abhaile a shaothrú ag a bhean le cúnaimh a thabhairt lena dtógáil. Go Jarrow, Co. Durham a chuaigh sé agus is ann a bhí sé ag obair. Ag obair le hiarann sna *ship yards* a bhí sé agus i bhfoirnéis [...] Chuaigh sé trí huaire go Sasana ar fad agus chaith sé cúig bliana ag obair in aon *job* amháin. Tháinig sé abhaile in aois a deich mbliana fichead agus ní dheachaigh sé go Sasana uaidh sin amach. (CBÉ 1105: 194-195)

Dála Liam de Búrca, chaith mórán de na scéalaithe ar bhailigh Proinnsias de Búrca scéalta uathu sna 1930dí sealanna fada i Sasana agus i Meiriceá ag deireadh an naoú haois déag agus ag tús an fichiú haois. Níl amhras ach gur fhág a dtaithí ar dhomhan eile na himirce lorg láidir orthu ó thaobh meoin agus cruinneshamhla de. Thug Mairéad Breathnach, gariníon Liam, le fios go mbíodh a seanathair ag 'traveláil' agus mheas sise gur mhéadaigh an taithí saoil seo an tóir a bhí air mar reacaire i bpobal Sheanadh Farracháin (Nic Giolla Chomhail 2016a, 25).

Sa chur síos a dhéanann an staraí sóisialta Patrick Joyce ar an taithí a bhí aigesean ag fás aníos i Londain lena thuismitheoirí Éireannacha, meabhraíonn sé gur uirlis chumhachtach í an teanga a cheadaíonn don duine timpeallacht chultúrtha ar leith a chruthú i limistéar atá scoite amach go tíreolaíoch ó fhód an dúchais:

The past is something that one is, and language is a material power. Between times, in that place, the talk of my parents connected the multiple times of language together and presented them to us as their unknowing gift. Language formed its own sort of ‘centre’ in England, for if the land could no longer serve to locate a core to the life it was the language that stood in its stead. (Joyce 2014, 89)

Saothar tábhachtach eile sa chomhthéacs seo is ea *An Haicléara Mánas*, atá bunaithe ar thaifead lámhscríofa den scéal grinn ‘An Haicléara Mánas’ a bhreac Patrick Lyden, a rugadh ar an Fhaiche Chaorach, Baile na hInse, Co. na Gaillimhe, sa bhliain 1832 (Stenson 2003). Meastar gur bhreac Lyden an téacs seo agus é ag cur faoi in Bristol, Pennsylvania i lár an naoú haois déag, áit a ndeachaigh sé ar imirce agus ar fhan sé ann go dtína bhás sa bhliain 1929. Is scéal grinn é atá bunaithe ar an drochrath a éiríonn do Mhánas, haicléir as Dúiche Seoigheach a théann a fhad leis an Chlochán ar thóir oibre. Scríobh Lyden an scéal san aibítír Rómhánach, i gcóras litrithe atá bunaithe ar a thaithí ar litriú an Bhéarla. Ní dócha go bhfuil aon nasc suntasach idir an téacs seo agus an traidisiún béaloidis a bhí á chleachtadh i bpobal Dhúiche Sheoigheach sa 19ú haois déag, ach meabhraíonn ‘An Haicléara Mánas’ don léitheoir gur uirlis urlabhraíochta í an teanga a cheadaíonn don duine é féin a chur in iúl de réir a théarmaí tagartha féin. Is saothar cultúrtha tábhachtach é saothar Lyden a rinne cáil an té a chum é a bhuanú ar phár agus a thugann spléachadh dúinn ar an chomhthéacs cultúrtha a spreag Lyden dul i mbun peannaireachta lena scéal a insint. Mar a phléifear go mion amach anseo agus bailiúchán béaloidis Phroinnias de Búrca á chur faoi anailís, sainghné den bhéaloideas is ea go nochtann sé eolas cultúrtha tábhachtach faoi lucht a cheaptha agus a thaifeadta; áitítear gur fiú go mór mar sin de scéal an scéil a fhiosrú agus an t-eolas atá i bhfostú ann a fhuascailt.

Sa tráchtas seo, déantar iniúchadh ar an chartlann chultúrtha a chruthaigh Proinnias de Búrca agus cuid de na scéalaithe ar bhailigh sé uathu d’fhonn nasc a aimsiú idir traidisiún scéalaíochta an phobail seo agus na cúinsí maireachtála ónar fáisceadh an traidisiún sin. Sa chéad chaibidil, déanfar cur síos ar fhorbairt an bhéaloidis mar dhisciplín acadúil san Eoraip agus meabhrófar an tionchar a bhí ag dioscúrsaí an

rómánsachais agus an náisiúnachais, go sonrach, ar bhailiú an bhéaloidis in Éirinn ón naoú haois déag i leith. Déanfar an lorg a d'fhág na dioscúrsaí seo ar smaointeoireacht Shéamuis Uí Dhuilearga, Stiúrthóir Choimisiún Béaloideas Éireann, i dtaca leis an chultúr béil a mheas agus fiosrófar na tuiscintí a bhí mar bhunchloch le meon an Choimisiúin, eagraíocht a raibh sé mar bhunaidhm aici cultúr agus traidisiúin dhúchasacha na hÉireann a chaomhnú agus a chur os comhair an phobail. Ina dhiaidh sin, réiteofar an bealach don phlé a dhéanfar ar bhailiúchán Phroinnsias de Búrca i nDúiche Sheoigheach i gCaibidil 2, trí léargas a thabhairt ar chomhthéacs cultúrtha an cheantair seo i dtús an fichiú haois. Tarraingeofear ar an iris mhíosúil *An Stoc* agus ar Bhailiúchán na Scol, mar a cuireadh i bhfeidhm i scoileanna Dhúiche Sheoigheach é, mar fhoinsí don phlé seo. Ina dhiaidh sin, déanfar an spéis a chuir Séamus Ó Duilearga, Stiúrthóir an Choimisiúin, i gcultúr béil Dhúiche Sheoigheach a iniúchadh agus tabharfar léargas ar ghníomhaíochtaí bailithe luatha an Duileargaigh sa cheantar ón bhliain 1932 amach.

I gCaibidil 2, déanfar mionléamh criticiúil ar dhialanna Phroinnsias de Búrca agus ar an chomhfhreagras a bhí idir é féin agus ceannoifig an Choimisiúin le linn na 1930dí, chun forbairt ghairmiúil an bhailitheora a fhiosrú agus chun léargas a thabhairt ar an treoir a fuair sé óna mhaoirseoirí. Léireofar luach na gcuntas cín lae mar fhoirse don taighde ar chartlanna béaloidis agus caithfear súil chomh maith ar an oiliúint a fuair an Búrcach sula ndeachaigh sé i mbun bailithe. Is ceist thábhachtach í oiliúint an bhailitheora, ó áitítear gur fhorbair an Búrcach a dhearcadh pearsanta féin i dtaca leis an chineál ábhair ab fhearr agus ab fhiú a bhailiú le linn na mblianta luatha dá chuid oibre sa ghort seo. Maítear go raibh tionchar áirithe ag foireann an Choimisiúin agus ag na scéalaithe ar theagmhaigh an Búrcach leo ar thuairim an bhailitheora i leith an chineál béaloidis a bhí “ag teastáil” faoi scáth an tionscnaimh bhailithe. Sa dara cuid den chaibidil seo, fiosrófar gnéithe suntasacha de chur chuige an Bhúrcaigh agus é i mbun a cheirde, an t-aitheantas a thug sé do chultúr béil na mban sa cheantar seo san áireamh.

I gCaibidil 3, tarraingeofar ar scoláireacht idirnáisiúnta an scéil dhraíochta chun feidhm na fantaisíochta sa mhúnla insinte seo a chíoradh agus chun ceangal a tharraingt idir an fphantaisíocht agus an t-útóipeachas, mar a bhaineann sé leis an chineál scéil seo. Fiosrófar freisin an tóir a bhí ar mhúnla reacaireachta an scéil

dhraíochta i nDúiche Sheoigheach agus pléifear gnéithe tábhachtacha de sheachadadh agus de chleachtadh na scéalaíochta i nDúiche Sheoigheach sna 1930dí. Ina dhiaidh sin, déanfar iniúchadh ar an tseilbh a ghlac ealaíontóirí béil áirithe as Dúiche Sheoigheach ar an traidisiún béil dúchasach trí athmhúnlú a dhéanamh ar scéalta ó fhoinsí éagsúla, cnuasaigh liteartha ó thraidisiún na hEorpa san áireamh. Ag deireadh na caibidle seo, tarraingeofear ar thaighde idirnáisiúnta an bhéaloidis d'fhonn múnla anailíse a fhorbairt a chuirfidh ar chumas an taighdeora léamh soch-chultúrtha a dhéanamh ar rogha eiseamláireach de na scéalta a chnuasaigh an Búrcach ó roinnt de na daoine sin a raibh a n-ainm in airde mar scéalaithe sa limistéar taighde.

I gCaibidil 4 agus 5 faoi seach, déanfar na scéalta ionadaíocha a cuireadh i láthair i gCaibidil 3 a bhriseadh síos de réir a struchtúir agus déanfar sainaitheint ar a bpríomhcharachtair. Déanfar na hinsintí seo a shuíomh sa chomhthéacs idirnáisiúnta trí na móitífeanna a fhaightear iontu a rangú de réir innéacs idirnáisiúnta mhóitífeanna an bhéaloidis agus trí tharraingt ar thaighde atá déanta ag mórscoláirí an bhéaloidis ar na sraitheanna éagsúla scéalta a chuimsítear. Ina dhiaidh sin, bainfear leas as an mhúnla anailíse a leagadh amach i gCaibidil 3 chun scéalta draíochta Dhúiche Sheoigheach a léamh mar chruthúcháin chultúrtha a chuir na scéalaithe i láthair agus páirt chomhfhiosach á glacadh acu sa tionscnamh bailithe. Is iad an inscne, an caidreamh clainne agus an choimhlint aicmeach na critéir a threoraíonn an grinnléamh seo. Maítear gur féidir eolas luachmhar a nochtadh faoi dhearcadh na scéalaithe i leith na mórcheisteanna sin trí eachtraí iontacha na scéalta, aistear an laoi chuibhinn domhan na fantaisíochta go háirithe, a thuiscint mar léiriú siombalach d'eispéireas saoil an ghnáthdhuine agus é ag tabhairt faoi chéimeanna tábhachtacha de phróiseas an teacht in aibíochta. Mar fhocal scoir, déanfar achoimre ar na hargóintí a cuireadh chun cinn sa tráchtas agus míneofar na tátail a bhaintear as torthaí an taighde. Leis sin, míneofar na ceisteanna a d'eascair ón tionscnamh seo agus déanfar moltaí maidir lena bhfuascailt d'fhonn cur le réimse an taighde.

Réamhrá



Proinnsias de Búrca, Corr na Móna, 1937
Grianghrafadóir: Séamus Ó Duilearga. CBÉ M011.01.00009

Modh Eagarthóireachta

Os rud é go bhfuil bailiúchán Phroinnsias de Búrca, ar a n-áirítear na tras-scríbhinní de na scéalta béaloidis (a chuirtear ar fáil in Imleabhar II), cuntais dialainne an bhailitheora agus na litreacha a scríobh sé chuig ceannoifig an Choimisiúin, neamhrialta go maith ó thaobh an litrithe, na gramadaí agus na poncaíochta de, cinneadh an t-ábhar seo a chur in eagar ar bhealach córasach d'fhonn go mbeadh sé níos soléite agus sothuigte ag léitheoir an lae inniu. Bíodh is go raibh sé mar bhunspríoc ag foireann Choimisiún Béaloideas Éireann go ndéanfaí canúint na bhfaisnéiseoirí a thaifeadh go cruinn, tá sé le tabhairt faoi deara i mbailiúchán an Bhúrcaigh nárbh éasca i gcónaí an spríoc sin a bhaint amach mar nach raibh aon oiliúint fhoirmeálta ag na bailitheoirí sa teangeolaíocht agus iad ag tosú amach sa cheird. Maidir leis na scéalta go sonrath mar sin de, ní féidir glacadh leis gur taifead iomlán cruinn a fhaightear sna lámhscríbhinní de chanúint na scéalaithe, cé go bhfuil mórán tréithe a bhaineann le canúint thuaisceart Chonamara le nótáil iontu. Chuige sin, agus ó tharla nach ionann an chanúineolaíocht agus príomhchúram an tráchtas seo, rinneadh caighdeánú ar an bhailiúchán ar mhaithe le héascaíocht léitheoireachta.

Is é an t-athrú is suntasaí a chuirtear i bhfeidhm ar thras-scríbhinní an Bhúrcaigh ná go ndéantar an litriú a thabhairt chun caighdeánaithe de réir nósmaireachtaí CO. Ó tharla go bhfuil foirmeacha canúnacha áirithe ar bhain an Búrcach úsáid astu go seasta agus é i mbun tras-scríofa, mar shampla *cia < cé; ariamh < riamh; chuile < gach uile; cruaidh < crua; dana < dona*, cloítear leo anseo mar go dtugtar aitheantas dóibh in FGB mar fhoirmeacha malartacha. Téitear i muinín *Foclóir Gaedhilge agus Béarla: An Irish-English Dictionary* Phádraig Uí Dhuinnín freisin chun léargas breise a thabhairt ar fhocail nó ar nathanna áirithe, de réir mar is gá (Dinneen 1927). Anseo thíos, tugtar roinnt samplaí de na hathruithe is mó a cuireadh i bhfeidhm ar bhuntéacsanna na lámhscríbhinní:

Ainmfhocail sa Tuiseal Ainmneach

bainfheis > bainis

oidhche > oíche

claidheamh > cláíomh

gaiscidheach > gaiscíoch

Ainmfhocail sa Tuiseal Ginideach

ag tóraíocht aimsir > ag tóraíocht aimsire

mórán faitíos > mórán faitís

bean an bhuachaill > bean an bhuachalla

Cé go gcuirtear riail an ghinidigh i bhfeidhm ar ainmfhocail sa chás nach bhfuil siad scríofa sa ghinideach sa bhuntéacs, ceadaítear foirmeacha neamhchaighdeánacha áirithe ó tharla go bhfaightear go rialta i lámhscríbhinní an Bhúrcaigh trí chéile iad, mar shampla: *tiarna talúna < tiarna talún; i gcionn beithíoch < i gcionn beithígh; péire bróga < péire bróg.*

Ainmfhocail sa Tuiseal Tabharthach

Fágtar ainmfhocail sa tuiseal tabhartach mar a fhaightear sa bhuntéacs iad, mar shampla *sa bpuitigh; don chailligh; lena mhnaoi; sa mbróig.*

Aidiachtaí

céadhnaí > céanna

dearbhthaí > dearfa

eilí > eile

Aidiachtaí Briathartha

leagthaí > leagtha

déantaí > déanta

féachtaí > féachta

Briathra san Aimsir Chaite

chualaidh > chuala

fuaidh > chuaigh

spáineadar > thaispeánadar

Briathra san Aimsir Láithreach

éirigheann > éiríonn

teastuigheann > teastaíonn

ní chuimhnigheann > ní chuimhníonn

Briathra san Aimsir Fháistineach

tiubhrfaidh > tabharfaidh

iarrfa > iarrfaidh

ní imtheó > ní imeoidh

Briathra sa Mhodh Coinníolladh

thiubhrfá > thabharfá

thogróchainn > thogróinn

Modh Eagarthóireachta

Briathra sa Mhodh Ordaitheach

leig > lig

siubhail > siúil

Briathra sa Mhodh Foshuiteach

go mbeannaigh Dia dhuit > go mbeannaí Dia dhuit

mur dtugair > mura dtabharfaidh tú

Ainmneacha Briathartha

imtheacht > imeacht

spáint > taispeáint

tigheacht > teacht

Forainmneacha Réamhfhoclacha

aca > acu

dóbhtha > dóibh

duithchí > di

Réamhfhocail

Scríobhtar na réamhfhocail *ag* agus *i/ina* ina n-iomláine i gcónaí, cé go bhfaightear na leaganacha coimrithe *a*, ‘*na* nó uaschamóg (‘) sna lámhscríbhinní. Ó tharla go bhfuil úsáid na réamhfhocail *de*, *do* agus *go* neamhrialta go maith sna lámhscríbhinní, cloítear leis an úsáid chaighdeánach *de* na réamhfhocail sin. Scríobhtar *n-* tosaigh ar thúsghuta aidiacht bhriathartha ar lorg an réamhfhocail *le*, mar shampla *le n-ithe*.¹ Cuirtear na hathruithe seo a leanas i bhfeidhm ar na réamhfhocail, chomh maith: *go’n > go dtí an/don/den; ins an > san/sa; lá’r na bháireach > lá arna mhárach; treasnaí > trasna*.

Athruithe Tosaigh

Ó tharla gur ponc séimhithe a bhí in úsáid ag an Bhúrcach agus na scéalta seo á dtrascríobh aige, tarlaíonn sé go minic go mbíonn an séimhiú doiléir nó in easnamh go hiomlán sa taifead lámhscríofa den scéal. Cuirtear séimhithe i bhfeidhm ar an bhuntéacs de réir CO, mar sin de, mar shampla ar lorg aidiacht shealbhach fhirinscigh; ar lorg ainmfhocail bhaininscigh agus ar lorg ainmfhocail fhirinscigh sa tuiseal ginideach. Cuirtear uruithe i bhfeidhm ar an téacs de réir chóras litrithe CO, ach amháin go gcoinnítear an t-urú ar thúschonsan ar lorg an réamhfhocail *sa*. Is minic a fhaightear *t* roimh *s* tosaigh tar éis *n* sna lámhscríbhinní: fágtar an ghné chanúnach seo mar atá sé sa bhuntéacs, mar shampla *aon tsaothar; an-tslachtmhar; an-tsaibhir*.

¹ Cf. Ó Giollagáin (Chonraí agus Ó Giollagáin 1999, 309).

An tAlt

Scríobhtar an t-alt ‘an’ ina iomláine i gcónaí, cé go gcoimrítear sna lámhscríbhinní go minic é go dtí ‘a’ nó uaschamóg.

Athruithe Eile

Coinnítear focail agus nathanna an Bhéarla mar atá siad sa bhunleagan agus scríobhtar i gcló Iodálach iad, mar shampla *well; lady*. Ó tharla go bhfuil an phoncaíocht neamhrialta nó in easnamh go hiomlán i mórán áiteanna sna lámhscríbhinní, déantar í a chur i bhfeidhm de réir ghnáthnósanna scríbhneoireachta an lae inniu d’fhonn leanúnachas agus sothuigtheacht an téacs a chinntiú. Cloítear le bunstruchtúr na n-abairtí, mar a rinne an Búrcach tras-scríobh orthu den chuid is mó; sa chás ina gcuirtear athrú i bhfeidhm ar an bhunstruchtúr d’fhonn míthuiscint a sheachaint, cuirtear buntéacs na lámhscríbhinne ar fáil i bhfonóta.

Caibidil 1

Cúlra agus Comhthéacs Cultúrtha an Tráchtais

1.1 Réamhrá

Ní as an fholús a thagann aon ní chun cinn. Cé gur féidir staidéar a dhéanamh ar aon rud gan na cúiseanna ba chionsiocair leis a chur san áireamh, méadaíonn léargas ar na gnéithe sin an tuiscint a bhíonn againn air. Is í aidhm na caibidle seo, mar sin, ná cúlra agus comhthéacs a leagan amach do bhailiúchán béaloidis Phroinnsias de Búrca i nDúiche Sheoigheach. Is cuid riachtanach í seo den anailís a dhéanfar ar ghnéithe ar leith de chnuasach béaloidis an Bhúrcaigh sna caibidlí amach anseo, mar go ndéantar an sainbhailiúchán seo a shuiteáil sa chomhthéacs cultúrtha inar cruthaíodh é. I dtosach báire, déantar plé gairid ar theacht chun cinn an bhéaloidis san Eoraip mar dhisciplín acadúil a tháinig go mór faoi anáil ghluaiseachtaí cultúrtha éagsúla; ansin déantar smaointeoireacht faoi na healaíona béil in Éirinn a luacháil taobh istigh den mhacrachomhthéacs sin. Ina dhiaidh sin, fiosraítear na buntuisicintí a bhí mar bhunús le tionscnamh bailithe Choimisiún Béaloideas Éireann agus meabhraítear cé chomh riachtanach is atá sé na buntuisicintí sin a thabhairt chun solais agus a cheistiú d'fhonn léargas grinn a fhorbairt ar an chartlann a d'eascair ón tionscnamh uathúil seo. I ndeireadh na dála, cuirtear i láthair gnéithe de chomhthéacs cultúrtha Dhúiche Sheoigheach sa tréimhse sula ndeachaigh an Búrcach i mbun bailithe ann agus fiosraítear an spéis a chuir Séamus Ó Duilearga sa limistéar seo go luath sna 1930dí.

1.2 Bunú an Bhéaloidis mar Dhisciplín Acadúil

Aithnítear go forleathan sa lá atá inniu ann gur faoi cheo an rómánsachais agus an náisiúnachais chultúrtha a tháinig an béaloideas ar an fhód mar dhisciplín acadúil san Eoraip sa naoú haois déag.¹ Cuireadh samhail ar leith den chosmhuintir chun cinn sa nua-aois luath a raibh an easpa forbartha mar bhunús léi agus bhí an ársaíocht, an chumadóireacht chomhchoiteann agus an tsimplíocht intuigthe sna sainmhínithe luatha faoinar fhorbairt disciplín an bhéaloidis (Ben-Amos 1971, 3-4). Mar a deir Roger D. Abrahams, 'The notion of the folk arose from the existence of a peasant class – residual agricultural populations living by old-fashioned and unlettered ways, even

¹ Tá plé cuimsitheach ar an cheist seo ag roinnt údar cheana féin, Diarmaid Ó Giolláin (Ó Giolláin 2005), Stiofán Ó Cadhla (Ó Cadhla 2011, 15-30) Alan Dundes (Dundes 1965); agus Dan Ben-Amos (Ben-Amos 1971) ina measc.

while engaged in a symbiotic political relationship with a cosmopolitan centre' (Abrahams 1992, 36). Ba ghnéithe de chultúr na cosmhuintire a bhí ag comhrá leis an bhás a bhí i gceist ag William John Thoms nuair a chum sé an téarma conspóideach *folk-lore* sa bhliain 1846, comhfhocail a bhfuil anáil na hársaíochta rómánsaí agus dearcadh dímheasúil ar an choitiantacht i bhfostú go dlúth ann. B'ionann an béaloideas agus 'the manners, customs, observances, superstitions, ballads, proverbs [...] of the olden time' de réir Thoms agus, cé gur ghoill sé air go raibh líon mór de na hiarsmaí cultúrtha seo imithe i léig cheana féin, d'áitigh sé go bhféadfaí mórán acu a tharrtháil ach iad a chnuasach go pras (Dundes 1999, 11). Tá an deighilt shoiléir idir na daoine a chleacht an cultúr ar bhonn laethúil agus iadsan ar mhian leo an cultúr a thaifeadadh agus a chur i gcartlann mar bhunús leis an cháineadh a rinne Caoimhín Ó Danachair ar "chomhfhocail Sacsanach" Thoms: 'It is not the happiest of terms [...] savouring as it does of the mental slumming of a Victorian savant, with "lore" as something less than learning and the "folk" as the common people, the "lower classes"' (Ó Danachair 1983, 5). Bhí de locht ar an téarma seo agus ar théarmaí béaloideasúla eile dá mhacasamhail gur chuir siad craiceann na heolaíochta ar an chultúr dúchais agus nár éiligh siad cruinneas ó thaobh na smaointeoireachta nó an mhínte de: 'there was no need to define folklore too accurately, and hence its meaning remained vague' (Ó Danachair 1983, 6).

San Eoraip, is deacair teacht chun cinn léann an bhéaloidis a thuiscint neamhspleách ar bhorradh an náisiúnachais. Ba cheannródaí é Johann Gottfried von Herder i gcur chun cinn choincheap an náisiúnstáit agus ba eisean a spreag nasc láidir idir cultúr na coitiantachta agus tógáil an náisiúnstáit sa Ghearmáin. Mar atá pléite ag Dorothy Noyes, saintuiscint den náisiúnachas ab ea gur ghá gnéithe den traidisiúin béil a bhailiú i dtaisce náisiúnta ar mhaithe le dlisteanú a dhéanamh ar an náisiúnstát nuabhunaithe (Noyes 2012, 20). Tháinig na deartháireacha Wilhelm agus Jakob Grimm go mór faoi anáil thuiscintí na gluaiseachta seo. Ar ndóigh, ní féidir trácht ar an scéal béaloidis gan suntas a thabhairt do na deartháireacha Grimm agus don chlú a bhain siadsan amach do scéalta na "cosmhuintire" i ndioscúrsa cultúrtha an Iarthair. Bhí siadsan i measc na chéad daoine a chuir tús le bailiú córasach an bhéaloidis san Eoraip agus spreag a saothar dúthrachtach suim ollmhór i mbailiú gnéithe den traidisiúin béil síos tríd an naoú haois déag agus isteach san fhichiú haois. Bhailigh na deartháireacha líon mór scéalta ó reacairí íosaicmeacha agus meánaicmeacha as réigiúin Hessen agus

Westfalen agus chuir siad i gcló iad sa chnuasach KHM, ar foilsíodh an chéad eagrán de sa bhliain 1812. Chonacthas dóibh go raibh bunús na scéalta seo an-ársa ar fad agus ba mhian leo iad a chaomhnú agus a bhronnadh ar mhuintir na Gearmáine mar eiseamláirí de chultúr dúchasach an náisiúin sin. Chuaigh na deartháireacha i muinín theanga idéalach, rúndiamhair an rómánsachais agus tá meafair an dúlra, an reiligiúin agus an oideachais le haithint go láidir i réamhfhocail an chéad imleabhair agus an dara himleabhar den chéad eagrán de KHM, mar a phléann Zipes (Zipes 2015, 4). Anuas air sin, bhí spriocanna na ndeartháireacha Grimm i dtaca le cultúr béil na Gearmáine go mór faoi anáil smaointeoireacht Herder i dtaobh bhunú an náisiúinstáit:

the Grimms envisioned themselves as moral cultivators of a particular cultural heritage and their collection as an educational primer of ethics, values, and customs that would grow on readers who would grow by reading these living relics of the past and also by retelling them. In collecting and publishing the tales and all their other philological works, the Grimms were actually returning “gifts” of the people through writing and print that would safeguard folk culture. In addition, their work on the German language contributed to nation building, not through politics but through a profound interdisciplinary and cultural approach that tied different Germanic peoples together. (Zipes 2015, 4-5)

Ba ghá athruithe a chur i bhfeidhm ar na scéalta trascríofa sula mbronnfaí ar an phobal iad mar eiseamláirí dá gcultúr dúchais, mar sin féin. I measc na dtréithe is suntasaí de phróiseas eagarthóireachta na ndeartháireacha Grimm, tá a n-iarrachtaí na scéalta a dhéanamh níos réidhe ó thaobh na stíle de; an gá go leanfaidís struchtúr soiléir; a mian na scéalta a dhéanamh níos beoga agus níos maisithe trí aidiachtaí, seanfhocail agus comhrá díreach a chur isteach; agus scriosadh na n-eilimintí a laghdódh tuin “thuathánach” na scéalta (Zipes 2014, 30).

Ar cheann de na himpleachtaí a bhain leis an dlúthcheangal seo a cruthaíodh idir an béaloideas agus samhail idéalach den chosmhuintir, bhí an tuiscint gurbh “iompróirí cultúir” seachas “cruthaitheoirí cultúir” iad na daoine a raibh an cultúr béil mar chuid lárnach dá saoil. Faoi scáth na tuisceana seo, ba bhall anaithnid den phobal é an scéalaí agus níor tugadh aon dlisteanacht do chumas cruthaitheach an scéalaí mar dhuine aonair. Samhlaíodh go raibh dlúthcheangal idir an anaithnideacht agus an bharántúlacht i gcomhthéacs an chultúir dhúchais, mar a mhíníonn Regina Bendix (Bendix 1997, 15). Dar le Bendix, is furasta nasc a tharraingt idir “béarlagair na barantúlachta” (*jargon of authenticity*) agus foclóir an bhéaloidis i gcomhthéacs an

náisiúnachais: ‘Textualized expressive culture such as songs and tales can, with the aid of the rhetoric of authenticity, be transformed from an experience of individual transcendence to a symbol of the inevitability of national unity’ (Bendix 1997, 20). Ba eiseamláirí iad na deartháireacha Grimm agus a gcomhbhádóirí sa Ghearmáin d’fhí le chéile idé-eolaíocht an rómánsachais agus cur chuige eolaíoch:

they saw categories where their precursors and contemporaries preferred seeing a treasure with individual pieces whose glitter enhanced the value of the whole [...] In the Romantic spirit the metaphoric reference was to a social value – a treasure from the past to strengthen the culture of the present. But as scholars began to weigh the relative merit of oral, printed, and manuscript sources, literal notions of scarcity became more evident in the vocabulary. (Bendix 1997, 50-51)

Tá cónascadh idir an rómánsachas, an náisiúnachas agus an baol díothaithe le tabhairt faoi deara sa réamhfhocal den dara heagrán de KHM, a foilsíodh sa bhliain 1815 agus a d’aistrigh Maria Tatar go Béarla ina saothar *The Hard Facts of the Grimms’ Fairy Tales*:

The true value of these tales must really be set quite high [...] these folktales have kept intact German myths that were thought to be lost, and we are firmly convinced that if a search were conducted in all the hallowed regions of our fatherland, long neglected treasures would transform themselves into fabulous treasures and help to found the study of the origins of our poetry. (Tatar 2003, 261)

Níl amhras ach go raibh tionchar ollmhór ag rath an tsaothair sin ar fud na hEorpa ar fhorbairt an bhéaloidis mar dhisciplín acadúil agus ar an nasc a cruthaíodh idir an traidisiún scéalaíochta, go sonrach, agus an fhéiniúlacht chultúrtha. Faoi dheireadh an naoú haois déag, bhí líon mór cnuasach béaloidis náisiúnta agus réigiúnach á bhfhoilsiú a raibh sé de sprioc acu traidisiúin reacaireachta grúpaí logánta, tuaithe a chaomhnú sula scriosfaí iad faoi bhrú an uirbithe agus an tionsclaithe (Teverson 2013, 72).

1.3 Bailiú an Bhéaloidis in Éirinn

Bhí an chéad chnuasach de scéalta béaloidis a foilsíodh in Éirinn go mór faoi anáil thuiscintí na ndeartháireacha Grimm faoin chultúr béil. D’fhoilsigh an t-ársaitheoir Thomas Crofton Croker an cnuasach *Fairy Legends and Traditions of the South of Ireland* sa bhliain 1825. Rugadh Croker i gCearnóg Buckingham, Corcaigh, sa bhliain 1798; b’oifigeach airm é a athair agus bhí a chuid sinsear ag cur fúthu in Éirinn le

beagnach 200 bliain (Breathnach et al. 2017). In Aibreán na bliana 1825, thaistil sé timpeall ar dheisceart na hÉireann ar feadh sé seachtaine, ‘for the purpose of gleaning [...] the remainder of the fairy legends and traditions [...] still to be found lurking among its glens’ (Crofton Croker 1862, vi). Ba é Croker an chéad duine i ndomhan an Bhéarla a chuir scéalta béaloidis a bhailigh sé sa ghort i gcló (Dorson 1968, 45). Dála na ndeartháireacha Grimm, bhí an cumha maoithneach mar bhunús leis an léiriú a rinne sé ar na scéalta agus ar lucht a n-inste agus d’áitigh sé go ndíothófaí na scéalta nuair a chuirfí oideachas ar thuathánaigh na hÉireann: ‘When rational education shall be diffused among the misguided peasantry of Ireland, the belief in such supernatural beings must disappear in that country, as it has done in England, and these “shadowy tribes” will live only in books’ (Crofton Croker 1825, 362). Trí dhul i muinín reitric an choilíneachais, bhronn Croker údarás criticiúil agus ardchéimíocht chultúrtha ar an léitheoir a fhad is a dhírigh sé amharc criticiúil, díspeagúil ar an Éireannach mar “oibiacht” (Schacker 2003, 48; 57).

Is léir ón ardmholadh a thug na deartháireacha Grimm don chnuasach seo, ar thagair Croker dó sa dara himleabhar de *Fairy Legends*, gur mhaith a bhí an cnuasach ag teacht lena spriocsan dlisteanacht a bhaint amach d’ealaín na coitiantachta mar eiseamláir de chultúr ársa na tíre:

Whoever has a relish for innocent and simple poetry will feel attracted by these tales. They possess a peculiar flavour which is not without its charms, and they come to us from a country of which we are in general reminded in but few, and those not very pleasant relations. It is, moreover, inhabited by a people whose antiquity and early civilization is attested by history; and who, as they in part still speak their own language, must retain living traces of their former times, to show which the belief in supernatural beings here exhibited yields, perhaps, one of the best examples. (Crofton Croker 1828, vi)

Ní hionadh mór é, mar sin de, gur aistrigh na deartháireacha Grimm *Fairy Legends* go dtí *Irische Elfmärchen* in 1826, an bhliain tar éis a fhoilsithe (Grimm agus Grimm 1826). Is féidir a chur i gcoinne Croker áfach gur mheas sé go raibh deighilt shoiléir idir é féin agus na hÉireannaigh “éidreoracha” ar theagmhaigh sé leo agus é i mbun bailithe ó thaobh aicme agus cumhachta de. Chonacthas dó, ina theannta sin, gurbh ionann an cultúr béil a chleacht na daoine seo agus fianaise dá n-aineolas. Meabhraíonn saothar Croker argóint Charles L. Briggs agus Sadhana Naithani nach mór coincheap an choilíneachais a thógáil san áireamh agus staidéar á dhéanamh ar

chultúr dúchais grúpaí daoine nár bhain leis an aicme cheannasach: ‘Modernity, from the start, was fundamentally involved in projects in which “People with history could write the history of those without”’ (Briggs agus Naithani 2012, 235-236). Cé go seasann cáil *Fairy Legends* sa lá atá inniu ann mar ‘one of the initial works in the idiom of the peasant picturesque’ (Ó Cadhla 2010, 401), ní mór suntas a thabhairt don tionchar a bhí ag an saothar seo ar chnuasaigh eile scéalta síos tríd an naoú haois déag agus forbairt stairiúil dhisciplín an bhéaloidis in Éirinn á fiosrú. Is follasach gur spreag Croker mórán scríbhneoirí eile le dul i mbun pinn chun seoda na scéalaíochta a fháisceadh ó bhéal na cosmhuintire sula scriosfadh taoidí an réasúnachais agus an nua-aoisithe go deo iad. Ba ó ‘the flowing wells of storylore’ a tharraing leithéidí Samuel Lover, William Carleton agus Gerald Griffin a n-inspiráid do na saothair a d’fhoilsigh siad tar éis do *Fairy Legends* a theacht ar an fhód, mar shampla (Ó Súilleabháin agus Dorson 1966, vii).

Tá sé lasmuigh de scóip an tráchtais seo plé cuimsitheach a dhéanamh ar na saothair sin agus ar na cnuasaigh eile scéalta a foilsíodh i rith an naoú haois déag ach ní miste a nótáil go bhfuil an cumasc den díspeagadh agus den rómánsachas atá chomh lárnach sin in *Fairy Legends* le tabhairt faoi deara i dtromlach na gcnuasach scéalta a bhaineann leis an tréimhse seo. Rinne an díoltóir leabhar Patrick Kennedy na scéalta a chuir seisean i gcló in *The Fireside Stories of Ireland* a shainnithint mar ‘naïve, and in many cases excellent narratives which once delighted the unlettered folk of half the world’, mar shampla (Kennedy 1870, viii). Maidir leis an scoláire Meiriceánach Jeremiah Curtin, a chuaigh ar chamchuart bailithe ar fud iarthar na hÉireann i ndeireadh an naoú haois déag, rinne seisean aithris ar shoiscéal Crofton Croker nuair a d’áitigh sé gur ghá “iarsmaí primitibheacha” na scéalaíochta a chnuasach sula gcuirfí oideachas ar lucht a n-inste agus sula gcaillfí go deo iad (Bourke 2009, 145). Léiríonn Georges Zimmerman go raibh an-chion ag scoláirí béaloidis ar choincheap seo na n-iarsmaí; de réir mar a chuaigh an tsochaí in aibíocht, b’amhlaidh a tuigeadh do scoláirí béaloidis gur mhair tréithe áirithe den riocht níos luaithe agus gurbh ionann na tréithe sin agus “traidisiúin na cosmhuintire”:

An earlier stage could be reconstructed by observing such cultural leftovers and by explaining them through analogies with practices and beliefs observed in contemporary ‘primitive’ culture, which were ‘living fossils’. An important corollary was that whatever did not fit the

scheme might be explained away as corrupt or irrelevant. (Zimmermann 2001, 278)

D'athraigh an sprioc a bhí ag lucht cnuasaithe agus cóireála an bhéaloidis le borradh an náisiúnachais faoi dheireadh an naoú haois déag. Faoi anáil na gluaiseachta sin, tuigeadh go bhféadfaí leas a bhaint as an chultúr béil chun féiniúlacht shainiúil Ghaelach a chothú agus a chraobhscaoileadh a bheadh iomlán neamhspleách ar impireacht Shasana.

Bhí an scríbhneoir iomráiteach W.B. Yeats go mór chun cinn sa ghluaiseacht seo: chonacthas dósan go raibh dlúthnasc idir traidisiún reacaireachta na nGael agus 'the oldest of the aristocracies of thought [...], the soil where all great art is rooted' (Yeats 1893, 232-233). Idir na cnuasaigh *Fairy and Folk tales of the Irish Peasantry* agus *Irish Fairy Tales* a d'fhoilsigh sé in 1888 agus 1892 faoi seach, d'áitigh Yeats go raibh bailiúchán ionadaíoch de scéalta béaloidis na hÉireann curtha i gcló aige (Yeats 1892, 9). Mar a mhíníonn Lawrence P. Morris, b'iarracht é an chéad chnuasach díobh seo go sonrach, a thiomsaigh Yeats agus é ag cur faoi i Londain, chun dúshlán a thabhairt don íomhá dhíspeagúil den íosaicme Éireannach a bhí i réim i Sasana ag an am (Morris 2010, 304). Ina theannta sin, samhlaíodh na scéalta seo mar fhoinsé thábhachtach inspioráide ó thaobh na healaíne de. Is léir ó réamhrá an leabhair *The Kiltartan Poetry Book*, bailiúchán dánta a d'aistrigh an Bhantiarna Gregory ó Ghaeilge, gur mar fhoinsé inspioráide a shamhlaigh síse cultúr béil mhuintir na hÉireann:

My own imagination was aroused. I was becoming conscious of a world close to me and that I had been ignorant of. It was not now in the corners of newspapers I looked for poetic emotion, nor even to the singers in the streets. It was among farmers and potato diggers and old men in workhouses and beggars at my own door. (Gregory 1919, 10-11)

Ba é a dlúthcairdeas le Yeats agus le Dubhghlas de hÍde a spreag Gregory le dul i mbun bailithe ina dúiche féin i gCill Tartan, Co. na Gaillimhe agus is furasta dearcadh rómánsach Yeats a shonrú sna cnuasaigh béaloidis a thiomsaigh síse, chomh maith. Bhí Gregory ceannródaíoch i dtaobh an bhailithe de, mar sin féin, a bhuíochas leis an tuiscint dhomhain a bhí aici ar an chultúr béil mar a chuirtear i láthair sa phobal é agus mar gheall ar an dílseacht a léirigh sí don ábhar féin, cé nár chloígh sí i dtólamh leis na caighdeáin dhochta a bhaineann le heagarthóireacht a dhéanamh ar théacsanna béaloidis. Is fiú an plé a dhéanann Patricia Lysaght ar shaothar na Bantiarna Gregory mar bhailitheoir béaloidis agus ar an chnuasach *Visions and Beliefs of the West of*

Ireland (1920), go sonrath, a lua sa chomhthéacs seo (Lysaght 1998, 256-276). Dá ainneoin láidreachtaí an tsaothair seo, míníonn Lysaght nár shaothraigh an Bhantiarna Gregory an gradam ba dhual di mar bhailitheoir béaloidis agus is cúis iontais é gur thug Séamus Ó Duilearga neamhaird ghlan ar a foilseacháin; áitíonn Lysaght gur chomhthéacs na linne agus claontaí i dtaobh chúrsaí coilíneachais, teanga, reiligiúin agus inscne, go sonrath, ba chúis leis an neamart seo (Lysaght 1998, 267).

Aithníonn Diarmuid Ó Giolláin gurbh é Dubhghlas de hÍde ba chionsiocair le teacht in inmhe an bhéaloidis mar dhisciplín acadúil in Éirinn, óir chruthaigh a shaotharsa nasc idir an scoláireacht Ghaelach agus an traidisún liteartha Angla-Éireannach (Ó Giolláin 2012, 419). Dar le Mac Mathúna go raibh aird ag an Chraoibhín ar shaothar na ndeartháireacha Grimm, ‘go háirithe maidir lena gcur chuige eolaíoch i leith taifead a dhéanamh ar chomhthéacs an bhailithe’ (Mac Mathúna 2010, 126). Ina theannta sin, chuaigh scoláirí béaloidis Albanacha mar Iain Campbell i bhfeidhm go mór ar an Chraoibhín agus bhí na modhanna bailithe ar bhain sé úsáid astu bunaithe ar a gcuid modhannasan (Mac Mathúna 2010, 134). Deir Mac Mathúna:

Tá dearbhú ar a ghrinne, a chúramaí a bhíodh An Craoibhín agus é i mbun bhailiú, thaifeadadh agus chur in eagar an bhéaloidis le fáil sa bhfonóta a scríobh sé ag tosach an chéad scéil in *An Sgeuluidhe Gaodhalach, Cuid 1*, a foilsíodh i Rennes (1895): “Ó innsint Mhártain Ruaidh Uí Ghiollarnáth feilméar beag i gcondae na Gaillimhe, sgríobhtha síos go díreach ó na bhéal féin, gan aon fhocal d’athrughadh”. (Mac Mathúna 2010, 133)

Ina theannta sin, chonacthas do Dorson gurbh é an cnuasach scéalta *Beside the Fire, A Collection of Irish Gaelic Folk Stories*, a chuir de hÍde in eagar agus a foilsíodh sa bhliain 1890, a thug an staidéar ar an scéal béaloidis chun aibíochta in Éirinn (Ó Súilleabháin agus Dorson 1966, xxiii). Is cinnte go raibh de hÍde i bhfad chun cinn ar mhórán dá réamhtheachtaithe ó thaobh a mhodhanna bailithe de: thug sé sonraí faoi na scéalaithe a bhronn na scéalta air; mhínigh sé an cur chuige a bhí aige agus é i mbun bailithe; scríobh sé réamhrá fada inar chíos sé saothair na mbailitheoirí béaloidis a tháinig roimhe; agus rinne sé sainnithint ar eachtraí na scéalta in ord aibítreach (Hyde 1890). Trí aitheantas a thabhairt dá fhaisnéiseoirí agus trí na scéalta a chur i gcló i dteanga dhúchais na reacairí, maille le haistriúchán i mBéarla, thug de hÍde ardán do na scéalaithe mar ealaíontóirí béil aonair seachas mar ionadaithe de mhórshlua na coitiantachta. Dá ainneoin an ról ceannródaíoch a d’imir an Chraoibhín i scoláireacht an bhéaloidis, is féidir a chur ina choinne go ndeachaigh sé in abar sa mhaoithneachas

rómánsach i dtaobh shaintréithe an chultúir bhéil, mar a chuaigh a réamhtheachtaithe roimhe. Sa chéad abairt de réamhrá *Beside the Fire*, mar shampla, d'áitigh de hÍde go raibh scéalta béaloidis na hÉireann in ainriochtaí an bháis, tuairim a bhí mar leitmóitíf ag na deartháireacha Grimm in KHM níos mó na ceithre scór bliana roimhe sin: 'Irish and Scottish folk-stories are, as a living form of literature, by this time nearly a thing of the past' (Hyde 1890, ix). Mar a d'aithin Dundes, ba bhuntuiscint de léann an bhéaloidis ó bunaíodh é gurbh é ról an bhéaloideasóra cultúr a bhí ag saothrú an bháis a tharrtháil agus a chaomhnú trí mheán an téacs: 'As a result of the past-oriented *Weltanschauung* of most folklorists [...] it has always appeared to be logically necessary and highly desirable to engage in historically reconstructing the golden age of folklore' (Dundes agus Bronner 2007, 167).

Saintuiscint eile de chuid na ndeartháireacha Grimm a bhfaightear macalla di in *Beside the Fire* is ea go bhfuil dlúthcheangal idir barántúlacht an bhéaloidis agus anaithnideacht lucht a chruthaithe:

no one can tell us with certainty of the genesis of the folk-tale, no one has been consciously present at its inception, and no one has marked its growth. It is in many ways a mystery, part of the flotsam and jetsam of the ages, still beating feebly against the shore of the nineteenth century, swallowed up at last in England by the waves of materialism and civilisation combined; but still surviving unengulfed on the western coasts of Ireland, where I gathered today some bundles of it, of which the present volume is one. (Hyde 1890, x)

Mar a mhíníonn Bendix, bhain Jakob agus Wilhelm Grimm leas as meafair an dúlra chun foclóir a fhorbairt a raibh an bharántúlacht mar bhunús leis: 'Like children and like nature, folk artistry is unspoiled, and reading the tales promises to put the reader in touch with what seemed lost under layers of corrupting civilization' (Bendix 1997, 51). Dála mórán de scoláirí béaloidis eile a linne, chonacthas don Chraoibhín gurbh "aithrisí" iad na scéalta béaloidis ó ré ársa i stair an chine dhaonna agus gur de bharr a "neamhshofaisticiúla" is a bhí an chosmhuintir a caomhnaíodh iad thar na cianta: 'folk-lore can only find a fitting garment in the language that comes from the mouths of those whose minds are so primitive that they retain with pleasure those tales which the more sophisticated invariably forget' (Hyde 1890, xvii). Ar ndóigh, cheil an dearcadh seo tábhacht agus ábharthacht an chultúir bhéil sa phobal inste agus rinne sé neamart iomlán do chumas na reacairí a gcuid scéalta a roghnú agus a chur in oiriúint do riachtanais agus do chúinsí maireachtála an phobail ina raibh siad lonnaithe.

Cuireann Morris in iúl go raibh scéalta béaloidis á gcur i láthair sna pobail ina raibh Yeats agus de hÍde araon i mbun bailithe iontu ní hamháin mar shiamsaíocht ach mar mhodh le teachtaireachtaí polaitiúla a chur in iúl nach nglacfaí leo, b'fhéidir, i measc na n-aicmí ceannasacha; trí na scéalta a léamh trí lionsa na fantaisíochta amháin áfach, rinne scoláirí dála de hÍde na hinsintí seo a scaradh amach ó fhadhbanna ábharaíocha na ngnáthdhaoine: 'Rather than politically charged narratives, containing utopias that encouraged potentially violent change, folktales were framed as 'dreams that have no moral' and as source-books for the creative work of salon poets' (Morris 2010, 310).

1.4 Coimisiún Béaloideas Éireann

Nuair a bunaíodh Coimisiún Béaloideas Éireann sa bhliain 1935, bhí na hidéolaíochtaí a raibh seasamh bainte amach acu in Éirinn i dtaca leis an chultúr béil go mór faoi thionchar an náisiúnachais ar lámh amháin agus faoi thionchar na dteoiricí béaloidis a bhí i réim san Eoraip i dtús an fichiú haois, ar an lámh eile.² Faightear grinnléargas ar an smaointeoireacht a bhí taobh thiar de mheon an Choimisiúin i leith chultúr béil na hÉireann sa léacht chluíteach a thug Séamus Ó Duilearga, stiúrthóir na heagraíochta, d'Acadamh Ríoga na Breataine sa bhliain 1945, dar teideal 'The Gaelic Storyteller, with Some Notes on Gaelic Folk-Tales'. Ar an chéad dul síos, léiríonn GS an claonadh láidir a bhí ag scoláirí béaloidis i dtreo an scéil iontais sa chéad leath den fhichiú haois:

the often intricate wonder-tale requires considerable powers of memory on the part of the teller; in fact, most educated people would find it very difficult if not impossible, to give an intelligent summary of the common hero-tale, not to mention retelling it as they had heard it. (Delargy 1945, 34)

B'ionann fir agus mná inste na scéalta seo agus 'caomhnóirí' an traidisiúin, de réir an Duileargaigh: 'the men and women who preserved through the centuries the oral literature of the people, together with much of what at one time belonged to the literature of the upper classes' (Delargy 1945, 5). Ní rófhada atá an dearcadh seo ó thuairim de hÍde gurbh oidhreacht na ríthe, na saoithe, na mbard agus na seanchaithe a mhair anallód í litríocht bhéil thraidisiúnta na nGael, litríocht a bhí 'courteous, high-

² Tá cur síos cuimsitheach déanta ag Mícheál Briody ar bhunú an Choimisiúin agus ar aeráid chultúrtha na hÉireann i dtús an fichiú haois (Briody 2007).

minded, and noble’ agus a spreag na tréithe sin sna daoine a raibh sí ar a dteanga acu go fóill (De hÍde 1889, 215).

Sainghné de léann an bhéaloidis sa tréimhse seo, mar a mhíníonn Guy Beiner, ab ea go ndearnadh neamhshuim iomlán de phróisis mar an nua-aoisiú agus an neamhleanúnachas cultúrtha agus gur cuireadh chun cinn íomhá stadach de chultúr “tuathánach” a raibh an bhuaire mar bhunús leis (Beiner 2007, 44). Samhlaíodh gur bhain gradam ar leith le faisnéiseoirí níos sine mar gur glacadh leis gur lú tionchar a bhí ag anáilacha an nua-aoiseachais orthusan agus gurbh fhearr a bheadh eolas traidisiúnta “barántúil” acu (Beiner 2007, 45). Tá an t-idéalú a rinneadh ar scéalaithe a raibh aois mhór acu agus ar bheag tionchar a bhí ag an nua-aoiseachas orthu, de réir dealraimh, le sonrú go tréan sa chur síos a rinne Séamus Ó Duilearga ar a fhaisnéiseoir iomráiteach Seán Ó Conaill sa chéad eagrán den iris *Béaloidias*, a chuir An Cumann le Béaloidias Éireann i gcló sa bhliain 1927. Ní hamháin gur rugadh agus gur tógadh Ó Conaill ‘in the extreme south-western end of Co. Kerry’ agus go raibh cónaí air sa teach céanna inar rugadh é 74 bliain roimhe sin, níor fhág sé a cheantar dúchais ar feadh níos mó ná aon lá amháin riamh agus níor labhair sé ach Gaeilge. Ba chúinsí foirfe iad seo d’iompar agus do sheachadadh an chultúir bhéil, dar leis an Duileargach:

He is a fine gentleman of what is called “the old school”, very intelligent and a mine of information on the folklore of Uíbh Ráthach – S.W. Kerry – due to the fact that he has not enjoyed the doubtful privilege of the National School education of 60 years ago. (Ó Conaill agus Ó Duilearga 1927, 79)

Mar a dúradh thuas, cuireadh béim thar an choitiantacht ar an scéal fada iontais i léann an bhéaloidis i dtús an fichiú haois mar gheall ar chastacht na n-insintí agus mar gheall ar an cheangal a samhlaíodh a bheith idir an cineál seo scéil agus litríocht ársa na huasaicme Gaelaí. Tá an bhéim láidir a cuireadh ar na scéalta fada seo le tabhairt faoi deara in *Béaloidias*. Foilsíodh líon mór scéalta san iris sin ón chéad lá riamh agus is follasach gur ar an insint mar “théacs” ba mhó a bhí aird an eagarthóra, seachas ar na scéalaithe féin ná ar an chomhthéacs inar insíodh agus inar bailíodh an scéal. Sampla maith den mhodh eagarthóireachta a mbaineadh an Duileargach úsáid as mar eagarthóir na hirise seo is ea an scéal ‘Rí na Coille Gluise’, a bhreac sé féin síos ó bhéalaithris Sheáin Charúin as an Lúch, Dubhlinn, Co. an Chláir i Nollaig na bliana 1930: cuirtear an scéal os comhair an léitheora i dtosach báire; cuirtear nóta ag a dheireadh ina mínítear gur leagan é de Aarne-Thompson 300 *The Dragon Slayer*, a

bhí an-cháiliúil i measc scéalaithe na hÉireann; luaitear leagan eile den tsraith scéalta sin atá foilsithe in *Béaloidis*; ansin tugtar le fios i ndeireadh na dála cérbh é an scéalaí (Carún agus Ó Duilearga 1950). Ba é an múnla seo a leantaí i gcur in eagar thromlach na scéalta iontais a foilsíodh in *Béaloidis* san fhichiú haois.

Tá an córas eagarthóireachta seo bunaithe ar an mhodh Fionlannach .i. an modh stairiúil-tíreolaíoch, a bhí i réim i léann an bhéaloidis i dtús an fichiú haois. Ba é an scoláire Fionlannach Julius Krohn a chuir an modh stairiúil-tíreolaíoch os comhair an phobail den chéad uair sa bhliain 1889 (Dundes 1999, 38-39). Saintuiscint den mhodh seo ab ea gur bhain gach scéal iontais, a bheag ná a mhór, le tíopa ar leith agus go raibh leaganacha éagsúla den tíopa céanna le fáil i scéalta an domhain Ind-Eorpaigh uile. Chun staidéar a dhéanamh ar scéal amháin, mar sin, áitíodh gur ghá gach uile leagan de a bhailiú agus teacht ar an *urform* .i. an fhoirm bhunaidh, trí na leaganacha ar fad a chur i gcomparáid lena chéile. Is mar gheall air seo ar cuireadh an oiread béime ar chatagóiriú na dtíopaí agus na móitífeanna, ionas go bhféadfaí scéalta ó réigiún tíreolaíoch amháin a chur i gcomparáid le scéalta eile ó iliomad réigiún ar bhealach eolaíoch. Mar a d'aithin Linda Dégh, bhí teoricí an mhodha seo go mór faoi anáil na focleolaíochta:

The scholars of the philological school were for the most part concerned with finding a system for the classification of the mass of materials accumulated up to the beginning of the twentieth century – a system somewhat similar to that used by botanists in classifying plants – in order to gain access to the bewildering mass of types and motifs and make scientific evaluation possible. (Dégh 1989, 47)

Bhí tionchar nach beag ag modhanna taighde na Scoile Fionlannaí ar chur chuige an Choimisiúin i dtaca le rangú agus foilsiú na scéalta iontais. Tá an tionchar seo le haithint freisin sna staidéir anailíseacha a rinneadh ar scéalta béaloidis na hÉireann sa chéad leath den fhichiú haois. Ba scoláire eiseamláireach é Reidar Th. Christiansen sa chomhthéacs seo; chuir seisean roinnt de na sraitheanna scéalta ba mhó a raibh cáil orthu in Éirinn faoi anailís de réir teoricí an mhodha Fhionlannaigh agus tá a mhórsaothar *Studies in Irish and Scandinavian Folktales* (Christiansen 1959) bunaithe ar an anailís chomparáideach a rinne sé ar scéalta iontais na hÉireann agus scéalta ó na Críocha Lochlannacha.³ Ach an oiread le mórán dá chomhscoláirí béaloidis sa

³ Tá cur síos ar an tionchar a bhí ag Christiansen ar léann an bhéaloidis in Éirinn, maille lena chuid foilseachán sa réimse seo, sa nóta ómóis a scríobh Séamus Ó Duilearga dó tar éis a bháis sa bhliain 1971 (Ó Duilearga 1969/1970, 350).

tréimhse seo, shamhlaigh Christiansen gur bhain méid áirithe coimeádachais leis an scéal béaloidis: ‘Folktales are [...] the chief materials for a comparative study, and the justification for utilizing them is the extreme conservative continuity which is everywhere inherent in folk-tradition’ (Christiansen 1959, 6). Baineann luach as cuimse le saothair den chineál seo mar gheall ar an chúlra a chuireann siad ar fáil don taighdeoir i dtaca le scéalta béaloidis ar leith agus de bharr go ndéantar cur síos cuimsitheach iontu ar phlotaí agus mhóitífeanna na sraitheanna éagsúla. Bíodh sin mar atá, tá de laige ar na staidéir seo go ndéantar an insint a dheighilt ón chomhthéacs soch-chultúrtha inar cruthaíodh í ar mhaithe leis an leagan is sine den scéal a aimsiú. Tugann Ó Giolláin le fios gur ‘mhó ba spéis le scoláirí an bhéaloidis firinne “liteartha” an bhéaloidis ná firinne “shocheolaíoch” na ndaoine a raibh sé acu’ (Ó Giolláin 2005, 134). Mar a luann Stiofán Ó Cadhla agus innéacsú an bhéaloidis trí chéile i gceist aige: ‘Ní hann don scéal beag beann ar an seanchaí nó ar an saol. Nuair a scartar an scéal ón saol iompaíonn sé amach ina ornáid bhréagach’ (Ó Cadhla 2011, 159).

1.5 Athmhúnlú agus Athchóiriú

Cháin an scoláire béaloidis Sualannach Carl Wilhelm von Sydow scoláirí na Scoile Fionlannaí mar gheall gur theip orthu beocht an traidisiúin a thuiscint. Thuig von Sydow a thábhachtaí is a bhí sé comhthéacs cultúrtha an scéil a fhiosrú: ‘it is not enough to study folk-tales as tales only. It is also necessary to make oneself familiar with the use of folk-tales, their life in tradition, their transmission and spread’ (Von Sydow 1934, 344). D’fhorbair seisean coincheap an *oicotype*, téarma luibheolaíochta, mar bhealach le míniú a thabhairt ar an athrú a thagann ar scéal béaloidis de réir mar a bhogann sé ó cheantar go ceantar agus ó tír go tír. Trí chomparáid a dhéanamh idir na leaganacha éagsúla de scéal a bhaineann le ceantair éagsúla, is féidir tuiscint a fháil ar an fhorbairt a tháinig ar an chineál scéil sin taobh istigh de chomhthéacsanna cultúrtha ar leith: ‘If an item of folklore can be shown to have changed to conform with local aesthetics, ideology, values, and the like, then the establishment of an oicotype can be a vital datum for the identification of possible specific features of character or personality’ (Dundes 1999, 138). Is cinnte go raibh tuiscintí von Sydow ar an chultúr béil ceannródaíoch lena linn féin. San fhorbairt a tháinig ar léann an bhéaloidis ó dheireadh na 1960dí amach, faoi scáth an staidéir ar chúrsaí taibhléirithe, díriodh aird ar leith ar an chomhthéacs inar cuireadh an t-ábhar i láthair agus ar an ról a bhí ag an bhéaloideas laistigh den phobal, go sonrath.

D'fhorbair an béaloideasóir Fionlannach Lauri Honko cur chuige traidisiúneolaíoch a dhéanann cúram de na hathruithe nádúrtha a thagann ar thraidisiúin taobh istigh den chomhthéacs áitiúil: 'The keyword of tradition-ecological variation is adaptation. Tradition is seen in relation to its user, an individual and a group, and to its arena, the physical environment which moulds cultural and socioeconomic activities' (Honko 2000, 17). Ba phearsa lárnach é Honko i measc ghlúin nua scoláirí a d'áitigh gur ghá a cheart a thabhairt don bhéaloideas mar earra cultúrtha beo beathach a ndéantar athmhúnlú air de réir mar a athraíonn mianta agus riachtanais an phobail lena mbaineann sé. Seachas a bheith ag iarraidh scéal a rianú siar go dtí an leagan is sine, nó comparáid a dhéanamh idir na leaganacha éagsúla de scéal amháin a fhaightear in iliomad tíortha, d'aithin Honko go mbaineann tábhacht leis an bhéaloideas ar leibhéal logánta thar aon rud eile. Baineann Anna-Leena Siikala, scoláire Fionlannach a raibh tionchar láidir ag Honko uirthi, leas as an téarma 'treoshuíomh traidisiúin' (*tradition orientation*) chun cur síos a dhéanamh ar an tsuim a chuireann reacaire i móitífeanna ar leith agus chun tuiscint a fháil ar an úsáid a bhaineann an reacaire as na móitífeanna sin chun é/í féin a chur in iúl (Siikala 1990, 113). Sa staidéar cuimsitheach a rinne Juha Pentikäinen, béaloideasóir Fionlannach eile, ar shaol agus ar stór scéalta Marina Takalo, d'aithin sé gur athraigh *repertoire* scéalta na mná seo de réir mar a tháinig forbairt ar a pearsantacht agus ar thréimhsí éagsúla a saoil (Pentikäinen 1978, 331). Tagann sé seo go maith le hargóint Siikala go gcuimsítear téacsanna áirithe i *repertoire* an scéalaí mar gheall ar an luach sóisialta nó pearsanta a bhaineann leo (Siikala 1990, 89). Agus mionanailís á déanamh ar líon ionadaíoch de na scéalta a thiomsaigh Proinnsias de Búrca i nDúiche Sheoigheach sna 1930dí sna caibidlí amach anseo, mar sin de, ní miste na hinsintí uile a thuiscint mar chruthúcháin chultúrtha a raibh áit bainte amach acu i stór scéalta na scéalaithe aonair ar chúiseanna ar leith.

Míníonn Honko go raibh tionchar ollmhór ag an anailís ar chúrsaí taibhléirithe sa bhéaloideas ar choincheap an téacs béaloidis mar gur chuir sí ar a súile do scoláirí béaloidis nach bhfuil a leithéid de rud ann agus "téacs buan" sa chultúr béil (Honko 2000, 14). Lena chois sin, cheadaigh an staidéar ar chúrsaí reitriche agus brí sa bhéaloideas do scoláirí béaloidis léiriú as an nua a thabhairt ar an chumas reacaireachta agus ar láithreach an taighdeora sa chumarsáid idirchultúrtha (Honko 2000, 14). Toradh amháin den aird nua seo a díríodh ar chomhthéacs taibhléirithe agus cruthaithe

an bhéaloidis, go háirithe i measc scoláirí béaloidis sna Críocha Lochlannacha, ab ea gur ardaíodh ceisteanna faoin fhiúntas a bhain le taighde a dhéanamh ar chartlanna béaloidis. Mar a d'áitigh Honko in áit eile:

The key insight is that there is no natural existence for folklore beyond the performance. Folklore archives are nothing but collections of dead artefacts, arbitrarily limited texts, which came about under rather special, mostly non-authentic circumstances and were immediately placed outside of that living identifying system of communication which maintains folklore. (Honko 2013, 160)

Is cinnte nach ionann an bhrí a bhainfear as ábhar cultúrtha i gcomhthéacs beo an láithrithe is an bhrí a bhainfear as ábhar cartlainne, mar go mbíonn sonraí tábhachtacha faoin chur i láthair agus faoin phróiseas bailithe ceilte ar an taighdeoir go minic. Ina choinne sin, maítear go bhfuil eolas cultúrtha luachmhar ar buanchoimeád sa chartlann chultúrtha ar a ndírítear anseo, mar atá CBÉ, agus déantar iarracht blúirí den eolas sin a fhuascailt trí léamh cúramach, criticiúil a dhéanamh ar ábhar an chnuasaigh. In alt tábhachtach le hAnne O'Connor, meabhraíonn sí nach saothar in aisce é an taighde ar chnuasaigh bhéaloidis, d'ainneoin nach foirm "shoineanta" léirithe í an chartlann ach an oiread: 'with critical analysis of the process, and by taking the time and effort to understand the collectors and the people from whom they were collecting, insight may be gained' (O'Connor 2010, 87). Sula bhfiosraítear an ról a d'imir Proinsias de Búrca mar dhuine de "chruthaitheoirí" na cartlainne a ndéantar iniúchadh uirthi sa tráchtas seo, ní mór i dtosach báire comhthéacs bhailiúchán an Bhúrcaigh a leagan amach trí aeráid chultúrtha Dhúiche Sheoigheach i dtús an fichiú haois a fhiosrú.

1.6 Gnéithe de Chomhthéacs Cultúrtha Dhúiche Sheoigheach

Tá fianaise láidir ann go raibh Dúiche Sheoigheach báite sa chultúr béil le fada an lá agus go raibh gnéithe áirithe den bhéalaireacht go fóill á gcleachtadh sa cheantar seo i bhfad tar éis don athrú teanga iad a ruaigeadh as ceantair thuaithe eile i nGaillimh agus i Maigh Eo. Ba ghné lárnach de chultúr na Dúiche í an fhilíocht béil agus bhí eolas forleathan ar na hamhráin a chum filí pobail mar Mhícheál Mhic Shuibhne as Áth Choirce, Conga, Co. Mhaigh Eo agus Mícheál Ó Cadhain as Mullach an Droma, Corr na Móna, Co. na Gaillimhe. Tugadh ardán náisiúnta d'fhilíocht bhéil Dhúiche Sheoigheach sa bhliain 1905, nuair a d'fhoilsigh Conradh na Gaeilge an cnuasach ACG, a chuir na deartháireacha Tomás agus Mícheál Ó Máille in eagar (Ó Máille agus

Ó Máille 1905). Chuaigh na Máilligh, a rugadh agus a tógadh i Muintir Eoghain, in aice leis an Líonán, i mbun bailithe ó ealaíontóirí béil sna bailte fearainn mórthimpeall orthu i dtús an fichiú haois agus gan iad ach sna fichidí luatha. Murach a ndíograis agus a bhfadhbheathnaitheacht siúd, is baolach nach mairfeadh taifead cuimsitheach de mhórán den fhilíocht phobail a bhí chomh flúirseach folláin sin sa cheantar seo tráth dá raibh. Is léir go raibh na Máilligh go mór faoi thionchar náisiúnachas cultúrtha a linne agus gurbh í an sprioc a bhí acu ómós a bhaint amach don chultúr béil agus dóibh siúd a chleacht é:

Siad na hamhráin Ghaeilge an cruthú is iomláine ar fheabhas agus áilleacht intleachta agus dúchais na nGael. Agus má tá na hamhráin féin le moladh agus má tá onóir ag dul do lucht a ndéanta, ní lú an t-ómós atá dlíthe do na fearaibh agus do na seanchaidhibh agus do na héigsibh Gaeilge a choinnigh go glan ina meabhair iad le sult agus aobhneas do Chlannaibh Gael. (Ó Máille agus Ó Máille 1905, vii)

Tugann Ruairí Ó hUiginn suntas do na difríochtaí atá idir ACG agus saothair eile filíochta a foilsíodh sa 19ú haois, ina measc Abhráin Grádha Chúige Chonnacht (1895) a chnuasaigh Dubhghlas de hÍde: is í an Ghaeilge atá i lár an aonaigh in ACG agus ba ó fhoinsí béil, seachas lámhscríbhinní, a fuair na Máilligh na hamhráin a chuir siad i gcló; ina theannta sin, ‘ba de bhunadh na Gaeltachta, de bhunadh an cheantair inar bailíodh na hamhráin’, iad fir tiomsaithe an chnuasaigh seo, mar sin bhí siad fréamhaithe go dlúth sa phobal féin (Ó hUiginn 2010, 157). Ní féidir neamhaird a dhéanamh den tionchar a bhí ag Tomás Ó Máille agus Clann Uí Mháille i gcoitinne ar aeráid chultúrtha Dhúiche Sheoigheach i dtús an fichiú haois. Cailleadh Mícheál Ó Máille go tragóideach sa bhliain 1911 nuair a bhain timpiste rothair dó ach lean Tomás air ag bailiú béaloidis sa cheantar isteach sna 1930dí, le linn dó a bheith mar Ollamh le Gaeilge i gColáiste na hOllscoile, Gaillimh. Mar aon leis na cnuasaigh amhrán a luaitear thuas, bhain Tomás leas as taifid a rinne sé le healaíontóirí béil óna dhúiche féin agus ó chúige Chonnacht i gcoitinne ina shaothair *Urlabhraidheacht agus Graiméar na Gaedhilge* (Ó Máille 1927) agus *An Béal Beo* (Ó Máille 1936).

Tugadh ardán d’fhilí, d’amhránaithe, do scéalaithe agus do dhea-chainteoirí an cheantair seo i leathanaigh *An Stoc* chomh maith céanna. Bhí Tomás Ó Máille ar dhuine de bhunaitheoirí na hirise seo a foilsíodh go míosúil idir 1917-20 agus arís ó 1923-31. ‘[P]áipéar Gaeilge ar son Gaeil Chonnacht [...] le hábhar léitheoireachta a thabhairt do Ghaeilgeoirí na tuaithe’ ab ea *An Stoc* (Ó Máille 1918b, 4) agus bhí sé de

phríomhspríoc ag lucht a bhunaithe traidisiún béil an Chúige sin a chur i lár an aonaigh do lucht léitheoireachta na Gaeilge ar fud na tíre:

Píosa maith Gaeilge ar bith a chuirfear chugainn rachaidh sé isteach agus míle fáilte. Duine ar bith a bhfuil píosa den tsórt sin aige más scéal úr ná seanscéal é nó amhrán, cuireadh sé chugainn é agus beidh glacadh againn leis agus creidiúint dó féin dá réir. (Ó Máille 1918b, 4)

Chuir an Máilleach i gcló riar maith den fhilíocht agus de na hamhráin a bhailigh sé féin agus Mícheál in *An Stoc*, ina measc an dán ‘Toradh na Páise’, a breacadh ó bhéalaithe Dhonncha Uí Chatháin ón Chorr, an Mám (Ó Catháin agus Ó Máille 1918, 6-7) agus amhráin a thóg siad óna n-uncail, Tiobóid Seoighe, mar shampla ‘Amhrán Sheáin Uilleach’, ‘An Líonán’, agus ‘An Cnagaire’ (Seoighe agus Ó Máille 1920a, 1); (Seoighe agus Ó Máille 1920b, 2); (Seoighe agus Ó Máille 1925, 5). Is follasach gur spreag an ghníomhaíocht chultúrtha seo daoine eile sa cheantar le dul i mbun bailithe chomh maith, Bríd Ní Shithchearn san áireamh: bhailigh sí na scéalta ‘Giorria Leataobh an Óir agus Leataobh Airgid’ agus ‘Murchadh Mac Briain’ ó Phádraig Ó Caodháin as Dubhachta, Corr na Móna (Ó Caodháin agus Ní Shithchearn 1920b, 1-2); (Ó Caodháin agus Ní Shithchearn 1920a, 1-2). Bhreac Síle Nic Conrí cuntas pearsanta ó bhéalaithe Phádraig Uí Mhearaí, Gleann Sál, faoi mhisean a bhí ar siúl i dTuar Mhic Éadaigh (Ó Meadhraigh agus Nic Conrí 1920, 6-7). Is fiú aird a dhíriú ar an ról lárnach a bhí ag an ollscoil mar lárionad cultúrtha i gCo. na Gaillimhe i gcoitinne le linn na tréimhse seo. Ba i gColáiste na hOllscoile, Gaillimh a cuireadh *An Stoc* in eagar agus is léir go raibh an Máilleach faoi chomaoin ag na mic léinn dhíograiseacha a thug cuidiú dó agus é i mbun na hoibre seo. Cuireadh grianghraf i gcló in eagrán Mheitheamh 1928 de ‘scata beag de na mic léinn i CIG [.i. Coláiste na hOllscoile, Gaillimh] a chuireas *An Stoc* ’un bealaigh gach mí’ (Ó Máille 1928a, 5); i Nollaig na bliana céanna, chuir sé i gcló grianghraf eile de ‘G[h]aeilgeoirí blasta as an nGaeltacht atá ag staidéar i gCol na hOllscoile, Gaillimh’ (Ó Máille 1928b, 5). Ina theannta sin, is léir gur spreag an Máilleach roinnt dá chuid mac léinn a lorg féin a leanúint agus tabhairt faoin obair pháirce. Bhí Seán Ó Conaill as Mionlach, Mícheál Ó Cadhain as Maigh Culainn, Seán Ó Cathasaigh as Carna, Póilín Breathnach as Ros Muc agus Siobhán Ní Bhriain as an Chorr Riabhach, Fionnaithe i measc na scoláirí Gaeltachta ar foilsíodh béaloideas a bhailigh siad ina gceantair dhúchais in *An Stoc*.

Is follasach gur chuir deartháir eile de chlann Uí Mháille, is é sin Peadar Ó Máille, an-spéis sa ghníomhaíocht chultúrtha chomh maith: bhain seisean leas as *An Stoc* chun

ardán a chur ar fáil d'ealaíontóirí béil a cheantair dhúchais agus chun an ghlúin óg a spreagadh i mbun gníomhaíochta ar son na teanga freisin. Seasann scoil náisiúnta Chorr na Móna, a raibh Peadar mar oide scoile inti agus ar fhreastail Proinnsias de Búrca uirthi, amach i measc scoileanna uile Chonnacht ó thaobh ionadaíochta de in *An Stoc*. Is léir ón raidhse ábhair a chuir daltaí scoile Chorr na Móna ar fáil don iris thar na blianta gur spreag Peadar suim agus misneach ina chuid daltaí óga chun tabhairt faoin scríbhneoireacht go fonnmhar fuinniúil ar mhaithe lena gcultúr dúchais a chaomhnú agus a chur chun cinn. Tá líofacht teanga agus scoth na ceapadóireachta le sonrú i gcuntais mar 'Dúnadh Dorais', a bhreac Aindriú Breathnach, buachaill trí bliana déag d'aois as Páirc an Mhuilinn, Corr na Móna, faoi 'óinseach' de bhean a rinne dearmad an doras a dhúnadh; bhunaigh Breathnach a scéilín ar phictiúirí a línigh a oide, Peadar Ó Máille féin (Breathnach 1919, 7). Bhain Máirtín Ó Cadhain, stócach óg eile as Corr na Móna, tairbhe as an ardán a chuir a oide scoile ar fáil dó in *An Stoc* chun a chlaonadh polaitíochta a léiriú, sa chuntas a bhreac sé ar 'An Aimsir: 'Tá súil le Dia againn go dtiúbhrrfa siad rud is fearr dúinn ná aimsir bhreá, go dtabharfaidh siad Poblacht dúinn agus go ndíbreoimid an dream mallaithe Gallda amach as Éirinn go brách' (Ó Cadhain 1920, 7). Faightear fianaise in *An Stoc* de bheocht an chultúir bhéil i measc an dreama óig freisin. Cuireadh 'Amhrán an Ghabhair', píosa greannmhar faoi ghabhar le fear darbh ainm Séamus Philib a chuaigh ar seachrán ar Chnoc Dhubhachta, i gcló in eagrán Mhárta, 1928: buachaill scoile darbh ainm Máirtín Ó hEarbhard a chum an t-amhrán agus bhreac Séamus de Brún, comhdhalta leis i scoil náisiúnta Chorr na Móna, óna bhéalaithe é ar mhaithe lena sheoladh chuig *An Stoc* (Ó hEarbhard agus Brún 1928, 5).⁴

Is léir ón fhianaise thuas go raibh borradh mór i nDúiche Sheoigheach i dtús an fichiú haois i dtaca le caomhnú agus le cur chun cinn an chultúir dhúchais agus go raibh meas agus gradam ar leith á mbronnadh ar dhaoine a raibh an ealaín bhéil ar a dtail acu agus orthu siúd a ghlac de chúram orthu féin gnéithe den ealaín sin a thairfeadh agus a chraobhscaoileadh. Mar atá le nótáil i dtaca le scoil náisiúnta Chorr na Móna go sonrath, bhí ról ar leith ag an chóras bunscolaíochta agus ag oidí scoile go háirithe, i

⁴ Ba chol ceathrar é Séamus de Brún do Phroinnsias de Búrca. Ghlac sé páirt i scéim taifeadta Doegen nuair nach raibh ach naoi mbliana déag slánaithe aige. Bhí rún ag an Duileargach an Brúnach a fhostú mar bhailitheoir béaloidis ach níor éirigh leis an iarracht sin mar gur ghlac de Brún le post mar mhúinteoir Gaeilge i Sligeach (Comhfhreagras 07/12/1935). Tá cuntas ar shaol an Bhrúnaigh ar An Bunachar Náisiúnta Beathaisnéisí Gaeilge (Breathnach et al. 2017).

gcothú suime agus misnigh ina gcuid daltaí sa Ghaeilge agus in oidhreacht chultúrtha a dteanga dhúchais. Faightear fianaise láidir i Scéim Bhéaloideas na Scol, mar a cuireadh an scéim sin i bhfeidhm i nDúiche Sheoigheach i gcoitinne, gur ghníomhairí lárnacha iad múinteoirí scoile an limistéir seo i gcothú dea-thola agus ómóis don chultúr béil agus don Ghaeilge i measc na glúine óige. Cuireadh tús le Bailiúchán na Scol, mar a thugtar go minic ar an scéim, go hoifigiúil ar an 1 Iúil 1937 ach bhí iarrachtaí á ndéanamh scéim dá leithéid a chur ar bun sna blianta roimhe sin. Mar a mheabhraíonn Séamus Ó Catháin, seoladh leabhrán dar teideal *National Tradition and Folklore* chuig gach bunscoil i Saorstát Éireann in earrach na bliana 1934 agus tugadh cuireadh do mhúinteoirí na tíre cabhrú leis na hiarrachtaí a bhí á ndéanamh ar bhonn náisiúnta chun béaloideas a bhailiú, a chaomhnú agus a chraobhscaoileadh (Ó Catháin 1988, 20). Ba bheag rath a bhí ar an iarracht seo den chuid is mó áfach, de bharr easpa pleanála agus mar gheall nár tóraíodh dea-thoil na múinteoirí roimh ré.⁵

Glacadh leis an scéim luath bailithe sin go fonnmhar i mbunscoileanna áirithe, mar sin féin, agus bhí mórán de scoileanna Dhúiche Sheoigheach ina measc. I gClochar na Fairche, mar shampla, ghlac an t-oide scoile, an tSiúr Iarfhlaithe Ní Mhóráin, cúram an bhailithe uirthi féin agus chnuasaigh sí líon mór scéalta béaloidis ó scéalaithe sa cheantar mórthimpeall ar an bhaile sin. Thosaigh sí an bailiúchán ar an 18 Nollaig, 1934, agus bhí sé curtha i gcrích aici faoin 4 Bealtaine, 1935 (CBÉS 75, 349).⁶ Cuireadh tús le bailiú an bhéaloidis i Scoil Sheanadh Farracháin i mí Dheireadh Fómhair, 1935. Ba é Seán Mac an Ríogh as Baile Átha hÉin, Co. Mhaigh Eo, a bhí mar oide na scoile seo agus, ach an oiread leis an tSiúr Ní Mhóráin, chuaigh seisean i mbun bailithe béaloidis le díograis sa dúiche mórthimpeall air. Sa nóta *Finis* a chuir sé ag deireadh an chóipleabhair mhóir, thug Mac an Ríogh le fios gur mhór an taitneamh a bhain sé féin as a bheith ag bailiú agus ag breacadh síos na scéalta agus d'áitigh sé nach raibh 'teora leis an méid scéaltaí atá le fáil sa dúiche seo' (CBÉS 74, 255). Tosaíodh ar ábhar béil a chnuasach i scoil náisiúnta Chorr na Móna chomh le Bealtaine, 1934, áit a raibh Peadar Ó Máille mar oide. Chuaigh Peadar féin i mbun bailithe faoi scáth na Scéime seo freisin agus bhí scéalta dar teideal 'An Siógaí Suarach

⁵ Tá cur síos cuimsitheach ar Scéim na Scol le fáil in Briody (Briody 2007, 260-270) agus in Ó Catháin agus Uí Sheighin (Ó Catháin agus Uí Sheighin 1987. xvii-xxvii).

⁶ Thug an tSiúr Ní Mhóráin le fios go ndeachaigh sí i mbun bailithe scéalta den chéad uair sna 1920dí, ach b'éigean di éirí as an obair nuair a bhuaill tinneas í. Lean sí den obair sa bhliain 1934 agus bhí scéalta ón bhailiúchán luath sin mar chuid den bhailiúchán scéalta a sheol sí chuig Coimisiún Béaloideas Éireann i mí na Bealtaine, 1935 (CBÉS 75, 349).

nó an Cholainn gan Cheann' agus 'Na Seacht Seán' i measc an ábhair a sheol é chuig CBÉ (CBÉS 75, 171-183). Ba óna athair, Mícheál Ó Máille, a fuair sé na scéalta seo, ach is suntasach gur bhreac sé scéalta freisin ó bhéalaithris an ghabha Tomás Breathnach, príomhfhoinsé an chnuasaigh ACG, mar chuid de Bhailiúchán na Scol (CBÉS 75, 171-183). Tosaíodh ar an bhailiú i Meán Fómhair, 1934, i scoil náisiúnta Thír na Cille, faoi stiúir na n-oidí Seán Maguidhir agus Maighréad Bean de Buitléir agus cuireadh i gcrích é faoin 6 Nollaig, 1935 (CBÉ 75, 1a). Is léir gur chaith na hoidí scoile seo díograis agus dua leis an bhailiúchán chomh maith, nó is liosta le háireamh é an líon scéalta a cnuasaíodh, maille le hamhráin, tomhaiseanna, seanfhocail agus leigheasanna (CBÉS 75, 1a-169). Cuireadh eolas cuimsitheach ar fáil sa scoil seo freisin faoi na reacairí agus faoi na daoine ar shealbhaigh siadsan a gcuid scéalta uathu an chéad lá riamh. Ba i mí Iúil, 1936, a tugadh faoin obair bhailithe i scoil náisiúnta Dhriseacháin faoi stiúir Nóra Ní Mhaolchaoin. Is bailiúchán an-chuimsitheach é seo ina bhfaightear líon mór scéalta, maille le heolas luachmhar faoin stairsheanchas áitiúil (CBÉS 74: 400-668). Tugann Bailiúchán na Scol, mar a cuireadh i bhfeidhm sna scoileanna seo é, léargas den scoth ar a lárnaí is a bhí an cultúr béil i saol na ndaoine sa cheantar seo agus is fianaise é freisin den dearcadh fabhrach a bhí ag mórán daoine i nDúiche Sheoigheach ar thionscnamh náisiúnta an bhailithe agus ar an tréaniarracht a rinne siad lena chur i bhfeidhm go héifeachtach.

1.7 Múscailt Spéis an Duileargaigh i mBéaloideas Dhúiche Sheoigheach

Is furasta a shamhlú go raibh tionchar áirithe ag bailiúcháin agus ag foilseacháin na Máilleach, mar aon leis an raidhse ábhair a seoladh chuig Institiúid Bhéaloideas Éireann (Coimisiún Béaloideas Éireann ó 1935 i leith) ó scoileanna an cheantair ón bhliain 1934 ar aghaidh, ar mhian Shéamuis Uí Dhuilearga bailitheoir béaloidis a fhostú ar bhonn lánaimseartha i nDúiche Sheoigheach. Tá sé le tabhairt faoi deara go raibh ról áirithe ag Seán Mac Giollarnáth i dtaca le dearcadh fabhrach Uí Dhuilearga ar chontae na Gaillimhe ó thaobh an bhéaloidis de freisin: 'Táim fíor-bhuíoch díot i dtaobh caoi a thabhairt dom ar an nGaeltacht a fheiscint agus is cruinne anois mé i dtaobh béaloideas Chonnacht ná mar a bhíos roimhe seo' a scríobh an Duileargach chuig Mac Giollarnáth i mí na Bealtaine, 1930, tar éis dó cuairt a thabhairt ar an bhreitheamh ina chontae dúchais (Comhfhreagras 24/05/1930). Ba ar chósta thiar na Gaillimhe a bhí a dtriall an uair úd, ar scéalaithe cumasacha dála Pheadar Mhic

Thuathaláin as Cois Fharráige agus Sheáin Uí Bhriain as Cill Chiaráin.⁷ Ba sa bhliain 1932 a dhírigh Mac Giollarnáth a aird ar shléibhte Dhúiche Sheoigheach ó thaobh an bhailithe de agus casadh an scéalaí Mícheál Breathnach air an bhliain sin le linn dó a bheith i bhfeighil na cúirte ar an Mhám, baile dúchais an scéalaí. Bhailíodh Mac Giollarnáth scéalta ó Bhreathnach nuair a bhíodh dualgais chúirte an lae curtha i gcrích aige agus am aige díriú isteach ar an obair ab ansa leis, is é sin bailiú an bhéaloidis. Thug an breitheamh le fios gurbh iomaí tráthnóna pléisiúrtha a chaith sé in éineacht le Breathnach ‘sa teach beag cúirte go mbíodh diúin agus deire lae ann, go ndíbríodh an clapsholas muid’ (Breathnach agus Mac Giollarnáth 1943, 102). Tá bailiúchán béaloidis Mhic Ghiollarnáth ar buancoimeád in Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, Carna, agus tá sé ar fáil go leictreonach ar an suíomh Cartlann Sheáin Mhic Giollarnáth (Mac Giollarnáth 2017).

Casadh Mícheál Breathnach ar Shéamus Ó Duilearga den chéad uair i Meán Fómhair na bliana 1932 i mBéal Átha na mBreac. Is cosúil gurbh iad Seán Mac Giollarnáth agus Tomás Ó Máille as Béal Átha na mBreac a chuir an scéalaí in aithne dó: ‘I am indebted to the kindness of Seán Mac Giollarnátha of Galway and Tomás Ó Máille of Kilmilkin who made it possible for me to record this fine story’ (Breathnach agus Ó Duilearga 1936, 312). Col ceathar leis an Ollamh Tomás Ó Máille ab ea an Tomás eile seo; féach go n-ainmnítear é mar Tommy O’Malley sa ghrianghraf thíos.⁸ Ba é ‘Mac Dobharnáin, mac Rí na Beinne Brice’ an scéal a taifeadadh agus ba i mbóitheach taobh amuigh de theach an Tomáis Uí Mháille eile seo a rinneadh an taifead (CBÉ 286, 3). D’fhill an Duileargach ar Bhreathnach ar an Mhám dhá bhliain ina dhiaidh sin, i Meán Fómhair na bliana 1934, agus bhreac sé síos liosta a bhí trí leathanach lámhscríofa ar fhad de scéalta béaloidis uile an Bhreathnaigh. Is léir ón nóta a chuir an Duileargach

⁷ Ba é Tomás Ó Máille a chuir Mac Giollarnáth in aithne do Pheadar Mac Thuathaláin: ‘D’aithnigh an Máilleach an togha Gaeilgeora agus an scéalaí ann, agus chuir sé i mbun na scéalaíochta é san gColáiste Iolsgoile’ (Mac Giollarnáth 1930, 327). D’fhoilsigh Mac Giollarnáth cnuasach de scéalta Pheadair sa leabhar *Peadar Chois Fhairrge: Scéalta Nua agus Seanscéalta d’Innis Peadar Mac Thuathaláin nach Maireann* sa bhliain 1934, ceithre bliana tar éis bhás an scéalaí (Mac Thuathaláin agus Mac Giollarnáth 1934). Bhí meas mór ag Mac Giollarnáth ar chumas scéalaíochta Sheáin Uí Bhriain agus bhí seisean i measc na scéalaithe a bhronn ábair air agus le cur i gcló in *Loinnir Mac Leabhair agus Sgéalta Gaisgidh eile*, a foilsíodh sa bhliain 1936 (Mac Giollarnáth 1936).

⁸ Tá mé buíoch den Dr. Deirdre Ní Chonghaile as aitheantas an fhir seo a chur ar mo shúile dom. Is fiú a nótaíl go raibh aithne ag an Ollamh Ó Máille ar Mícheál Breathnach chomh maith, óir bhí Breathnach ar dhuine de na scéalaithe a thug an Máilleach a fhad le Coláiste na hOllscoile, Gaillimh, chun páirt a ghlacadh i scéim taifeadta Doegen.

le hinsint Bhreathnaigh den scéal ‘Seán an Droma’ go ndeachaigh an sárscéalaí seo agus ceantar an Mháma i gcoitinne i gcion go mór air:

The Mám district is rich in oral tradition: during a short holiday there in September, 1934, the Editor of this journal drew up a list of over 150 tales from a few local people; he hopes to have these written down during the course of this year. (Mac Giollarnáth 1934)

D’imigh Breathnach ar shlí na fírinne ar an 2 Márta, 1943 ach is léir ó litir a scríobh an Duileargach chuig Mac Giollarnáth dhá bhliain dar gcionn gur mhair sé beo ina chuimhneasan: ‘Is blasta agus is snasta an chaint atá ag M. Breathnach - tá draíocht na seanaimsire ag baint le chuile rud dá ndubhairt sé’ (Comhfhreagras 29/05/1945). Mar a phléifear sa chéad chaibidil eile, bhí Mícheál Breathnach i measc na scéalaithe ar thug an Duileargach Proinnsias de Búrca a fhad leo nuair nach raibh an Búrcach ach ag foghlaim ceird an bhailitheora. Mar sin ní mór suntas a thabhairt don tionchar a bhí ag an sárscéalaí seo agus ag scéalaithe eile nárbh é ar thuiscint an Bhúrcaigh ar an cheird agus ar an chineál ábhair ba cheart a thairfeadh agus a sheoladh chuig ceannoifig an Choimisiúin. Taobh amuigh den saibhreas scéalaíochta a bhí le haimsiú sa limistéar seo, is léir go bhfacthas don Duileargach go raibh leigheas iontach le fáil i sléibhte an Mháma ar chruóg na cathrach. Scríobh sé an méid seo a leanas chuig Mac Giollarnáth i Lúnasa na bliana 1934, coicís sular thug sé aghaidh ar Dhúiche Sheoigheach: ‘I am not feeling in very good form for the last few weeks, and I am thinking of going down to the West, taking a fishing-rod, and leaving the Ediphone behind. I was thinking of Maam’ (Comhfhreagras 17/08/1934).

1.8 Ceangal

Is léir ón phlé thuas nach féidir an béaloideas a scaradh ón timpeallacht chultúrtha ina gcleachtaítear é agus ina ndéantar é a thairfeadh. Is cúí, mar sin de, go bhfuil ceistiúchán domhain á dhéanamh ag scoláirí béaloidis comhaimseartha ar na comhthéacsanna inar bailíodh, inar caomhnaíodh agus inar cuireadh an cultúr dúchais i láthair ó tháinig léann an bhéaloidis ar an fhód cothrom is dhá chéad bliain ó shin. I gcás bhailiúchán béaloidis Choimisiún Béaloideas Éireann, ní mór a aithint gur thionscnamh ceannródaíoch é seo a raibh ceann de na cartlanna béaloidis is mó agus is cuimsithí san Eoraip mar thoradh air. Ní radharc go hathradharc mar sin féin, agus mar a aithníonn Diarmaid Ó Giolláin, tá bearnaí agus laigí sa bhailiúchán seo de bharr na srianta idé-eolaíocha, sóisialta, cultúrtha agus airgeadais faoinar fheidhmigh an

institiúid seo (Ó Giolláin 2012, 423). Cuirtear suim ar leith sna srianta idé-eolaíochas sa tráchtas seo, mar go nglactar leis go raibh tionchar nach beag ag dioscúrsaí an rómánsachais agus an náisiúnachais chultúrtha araon ar thuairim Shéamuis Uí Dhuilearga i dtaca leis an chineál ábhair ba cheart a bhailiú mar léiriú ar chultúr béil “barántúil” na hÉireann.

Is léir ón phlé a rinneadh thuas ar chomhthéacs cultúrtha Dhúiche Sheoigheach i mblianta tosaigh an tSaorstáit go bhfuil difríochtaí suntasacha le nótaíl idir an dearcadh a bhí ag leithéidí Thomáis agus Mhíchíl Uí Mháille i leith an chultúir dhúchais agus na tuairimí a ndearna an Duileargach craobhscaoileadh orthu ina chuid foilseachán. Murarbh ionann is an Duileargach, a d’áitigh gurbh í an litearthacht bithnamhaid an traidisiúin bhéil, chonacthas do na Máilligh gur ghné riachtanach agus rithábachtach é an léann i gcaomhnú na teanga agus i gcur chun cinn an chultúir atá fréamhaithe go dlúth inti:

An cainteoir Gaeilge is fearr níl aige ach an chloch bhuínn mura mbí léann agus foghlaim air [...]. Teastaíonn ón nGaeilge feabhas a chur uirthi mar is rófhada a bhí sí ar stad agus ní ar stad féin a bhí sí ach ag dul ar gcúl de bharr uireasba foghlama agus aineolais na ndaoine. (Ó Máille 1923, 4)

Is furasta a shamhlú gur eascair an dearcadh seo ón tuiscint dhomhain a bhí ag na Máilligh ar chultúr dúchais a gceantair féin. Cé go bhfuil gnéithe den chultúr sin fréamhaithe i dtraidisiún ársa, ba chultúr beo bríomhar é ag an am céanna agus bhí forbairt ag teacht air i rith an ama chun go mbeadh sé in oiriúint dá thimpeallacht shoch-chultúrtha.

Áitítear go dtagann gnéithe tábhachtacha den déscaradh idir fíis Choimisiún Béaloideas Éireann i dtaca leis an chultúr béil agus fírinne an chultúir, mar a cleachtaíodh sa phobal féin é, chun cinn sa bhailiúchán de scéalta béaloidis a thiomsaigh Proinnsias de Búrca i nDúiche Sheoigheach sna blianta 1935-37. Tríd an choimhlint sin a thabhairt chun solais, maítear go bhfaightear léargas ar ról agus ar thábhacht chomhaimseartha an bhéaloidis sa phobal seo sa tréimhse atá faoi chaibidil. Lena chois sin, áitítear go méadaítear ár dtuiscint ar thionscnamh bailithe an Choimisiúin i gcoitinne. Sula ndírítear aird ar an chnuasach féin .i. na scéalta béaloidis a bhailigh an Búrcach i mbailte fearainn áirithe i nDúiche Sheoigheach, déantar iniúchadh ar thaithí an Bhúrcaigh mar bhailitheoir a bhí lonnaithe ina cheantar dúchais

Caibidil 1: Cúlra agus Comhthéacs Cultúrtha an Tráchtais

trí chaidreamh an bhailitheora lena chuid faisnéiseoirí agus le lucht a mhaoirseachta a scrúdú.



Seán Mac Giollarnáth agus Mícheál Breathnach, an Mám, Aibreán 1932
Grianghrafadóir: Séamus Ó Duilearga. CBÉ M003.01.00112



Mícheál Breathnach agus Tommy Ó Máille, an Mám, Aibreán, 1932
Grianghrafadóir: Séamus Ó Duilearga. CBÉ M003.01.00177

Caibidil 2

Cruthú na Cartlainne: Gnéithe de Bhailiúchán Luath Phroinnsias de Búrca i nDúiche Sheoigheach

'We know you will do what you can to save what is still a remarkable body of traditional material'.¹

2.1 Réamhrá

Ó dhaoine agus iad i gcaidreamh le chéile a thagann an béaloideas. Is minic a deirtear gur grúpaí beaga daoine i gcaidreamh le chéile is fóirsteanaí má tá rath le bheith ar an chultúr béil. Is ar na daoine a chaithfear díriú mar sin agus sinn ag iarraidh teacht ar thuiscintí i dtaca leis an ábhar seo a bhfuiltear ag déanamh staidéir air. Sa chaibidil seo, déantar forbairt ar an phlé ar cuireadh tús leis i gCaibidil 1 trí mhionanailís a dhéanamh ar ghnéithe suntasacha de thaithí Phroinnsias de Búrca mar bhailitheoir lánaimseartha béaloidis le Coimisiún Béaloideas Éireann i mblianta bunaithe na heagraíochta sin. Is í príomhspríoc na caibidle seo ná léargas a fhorbairt ar chur chuige agus ar mheon an Bhúrcaigh i dtaobh an bhailithe agus ar an lorg a d'fhág seisean ar an bhailiúchán béaloidis a thiomsaigh sé ina cheantar dúchais. D'fhonn é seo a dhéanamh, déantar léamh criticiúil ar dhialanna luatha an Bhúrcaigh agus ar an chomhfhreagras a bhí idir é féin agus ceannoifig Choimisiún Béaloideas Éireann sna 1930dí. Cruthaíonn an fiosrúchán seo comhthéacs fóna don anailís a dhéanfar ar sciar beag de scéalta an chnuasaigh seo sna caibidlí amach romhainn.

2.2 Cuntais Chín Lae an Choimisiúin

Mar a pléadh i gCaibidil 1, ba cheannródaí é Carl Wilhelm von Sydow i léann an bhéaloidis mar gheall ar a mhian go ndíreodh bailitheoirí béaloidis aird ar leith ar chúinsí comhthéacsúla agus iad i mbun bailithe agus mar gheall ar a thuiscint ar an chaidreamh doscartha atá idir an bhéalaireacht agus an tírdreach cultúrtha lena mbaineann sé. Mar a mhíníonn Ríonach uí Ógáin, bhí tionchar láidir ag von Sydow ar fhorbairt léann an bhéaloidis in Éirinn (uí Ógáin 2000, 159-179). Is léir ón sliocht thíos as litir a sheol von Sydow chuig Séamus Ó Duilearga in Eanáir na bliana 1935, go bhfacthas don Sualannach go bhféadfadh an Coimisiún bailiúchán uathúil a chruthú ach modheolaíochtaí oiriúnacha a chur i bhfeidhm:

¹ Litir chomhfhreagrais ó Shéamus Ó Duilearga chuig Proinnsias de Búrca, 02/11/1937.

See to it that as many variants as possible are collected and gather as much information as possible not just about how each tradition bearer acquired his knowledge, but also how these traditions are distributed within communities. These are immensely important issues which have been neglected everywhere but which, if properly attended to in Ireland, will render even in this respect the work that is now to be done the best of its kind in the world. (uí Ógáin 2000, 161)

A bhuíochas leis an ról lárnach a d'imir von Sydow i bhforbairt na modhanna bailithe agus cnuasaithe a bhí mar bhunchloch an Choimisiúin, díríodh aird nach beag ar chúinsí comhthéacsúla ó tháinig an eagraíocht seo ar an fhód sa bhliain 1935 (uí Ógáin 2000, 160). Níor leor go gcruinneodh an bailitheoir béaloidis an iliomad leaganacha den aon scéal béaloidis amháin, dar le von Sydow, b'fhearr i bhfad dá bhfoghlaimedh sé faoi chlaochlú agus faoi scaipeadh na scéalta i gcomhthéacs nádúrtha a n-insinte. Ní fhéadfaí an tuiscint seo a fhorbairt gan an bailitheoir a bheith lonnaithe go daingean i bpobal an bhéaloidis: 'You should stress the importance of a collector living among the people and the opportunity this gives to get to know the people at close quarters and to study the living tradition' (uí Ógáin 2000, 161). Mar a chuireann uí Ógáin in iúl san alt thuasluaite agus ina saothar *Mise an Fear Ceoil* go háirithe (Ennis agus Uí Ógáin 2007), ba bhoichte i bhfad ár dtuiscint ar phróiseas bailithe an bhéaloidis in Éirinn agus ar na pobail ina raibh bailitheoirí an Choimisiúin lonnaithe murach an t-iallach a cuireadh ar na bailitheoirí lánaimseartha cín lae rialta a bhreacadh agus iad ag obair sa ghort. Mar a deir Briody, is iad dialanna na mbailitheoirí, seachas na cuntais bheathaisnéise a thiomsaigh bailitheoirí lánaimseartha an Choimisiúin faoi fhaisnéiseoirí ar leith, a chuireann le luach an bhailiúcháin agus a thugann doimhneacht dó nach bhfaightear i gcartlanna béaloidis eile a cruthaíodh sa tréimhse sin agus níos luaithe (Briody 2007, 434). Ní hamháin go bhforbraíonn na cuntais seo ár dtuiscint ar chomhthéacs insinte agus cruthaithe an bhéaloidis, ach cuireann siad ar ár gcumas na bearnaí a aithint i mbailiúcháin na mbailitheoirí éagsúla freisin (uí Ógáin 2000, 164).

Tá na mílte leathanach den ábhar comhthéascúil seo mar chuid de phríomhbhailiúchán lámhscríbhinní CBÉ. Is le gairid amháin atá luach na gcáipéisí seo ag teacht chun solais ámh, a bhuí leis an taighde fiúntach atá déanta ag scoláirí éagsúla sa ghort seo

le blianta beaga anuas.² Léiríonn na saothair agus na hailt seo, atá bunaithe ar chuntais chín lae bailitheoirí ar leith, a luachmhaire is atá an bailiúchán dialanna mar uirlis i ndíthógáil chartlann CBÉ agus i méadú ár dtuiscint ar phróiseas cruthaithe an bhéaloidis i gcoitinne. Saothar ceannródaíoch sa chomhthéacs seo is ea *Mise an Fear Ceoil* uí Ógáin, a chuir ar a súile do lucht béaloidis gur foinse an-tairbheach í an dialann don té ar mian leis/léi grinnscrúdú a dhéanamh ar ghnéithe tábhachtacha de thaithí an bhailitheora agus é i mbun a cheirde:

Tá cur síos sna dialanna seo ar an dul chun cinn a rinne siad, ar an rath nó a mhalairt a bhí orthu san obair, ar na daoine a casadh orthu agus ar bhailigh siad béaloideas uathu agus ar na fadhbanna a tháinig ina dtreo agus iad i mbun béaloideas a bhailiú. Ach tá ábhar eile sa dialann acu: cineál bailithe ann féin atá inti cé go bhfuil béim agus foirmle eile ar roinnt léi seachas mar a shamhlófaí leis an ngnáthbhealach bailithe. (Ennis agus Uí Ógáin 2007, 20)

Don scoláire béaloidis ar mian leis/léi tuiscint a fháil ar bhrí agus ar thábhacht an ábhair bhéil sa phobal inar bailíodh é, mar sin de, is cáipéis fhíorluachmhar í an dialann mar go bhfeidhmíonn sí mar fhuinneog a thugann sracfhéachaint dúinn ar dhomhan an bhailitheora agus ar dhomhan na ndaoine ar theagmhaigh sé leo agus é i mbun a cheirde. Ní hionadh é go raibh dialann dá chuid gníomhachtaí bailithe á breacadh go rialta ag an Duileargach féin ó shamhradh na bliana 1925 (Briody 2007, 434). Tá luach na ndialanna mar fhoinsé chomhthéacsúil le tabhairt faoi deara sna foilseacháin is iomráití a tháinig ó pheann Shéamus Uí Dhuilearga: GS (Delargy 1945), *Leabhar Sheáin Uí Chonaill* (Ó Conaill agus Ó Duilearga 1977) agus *Leabhar Stiofáin Uí Ealaoire* (Ó hEalaoire agus Ó Duilearga 1981).

Ní foinsí gan locht iad na dialanna, mar sin féin, agus is fiú a bheith airdeallach gur cáipéisí iad a chruthaigh na bailitheoirí ar mhaithe le coinníollacha an phoist a shásamh. Is féidir a áiteamh gurbh fheidhm mhaoirseachta a bhí ag na taifid seo ar shlí (Briody 2007, 440; 442) agus is cinnte go raibh na bailitheoirí airdeallach go léifí sa

² Féach an liosta de na saothair a théann i ngleic le dialanna bhailitheoirí an Choimisiúin ar bhonn anailíseach in alt Iain Uí Chatháin, ‘Proinnsias de Búrca - Bailitheoir Béaloidis ag Foghlaim na Ceirde’ (Ó Catháin 2012, 23). Ní mór na hailt ‘The Gaelic Undertow: Seán Ó hEochaidh’s Field Trip to the Bluestacks in 1947’ (Ó Laoire 2013, 73-89) agus ‘Tá Cuid de na Mná Blasta/Some Women are Sweet talkers: Representations of Women in Seán Ó hEochaidh’s Field Diaries for the Irish Folklore Commission’ (Ó Laoire 2017, 122-138) le Lillis Ó Laoire a chur leis an liosta seo, mar aon leis an alt ‘“Chuireag na Smóilíní a’ Scilimpireacht Istig in mo Chroí”: Athrú Teanga agus Íde-Eolaíocht Teanga i mBreac-Ghaeltacht na nDéise’ (Walsh 2016, 414-449). Féach freisin an plé tuisceanach a dhéanann Máirtín Verling ar dhialanna Thaidhg Uí Mhurchú ina shaothar *Gort Broc: Scéalta agus Seanchas ó Bhéarra* (Ó Murchú *et al.* 1996, xvii-xxix).

cheannoifig iad le súil ghéar. Tá gach seans ann go raibh tionchar aige seo ar stíl agus ar chur chuige na mbailitheoirí agus na cuntais dialainne á gcur ar phár acu. Ní fios dúinn, mar shampla, cé mhéad den fhéinchinsireacht ná den chumadóireacht a bhí i gceist. Sa chur síos a dhéanann Lillis Ó Laoire ar an chasadh cruthaitheach a bhain an bailitheoir Conallach, Seán Ó hEochaidh, as duartan sneachta a chuir bac air an baile a fhágáil in alt a d'fhoilsigh sé in éineacht le Heinrich Wagner sa bhliain 1964, deir an Laoireach: 'The augmentation serves to remind us that the Irish Folklore Commission and its workers generated their own imaginative narratives that often conformed to traditional models' (Ó Laoire 2013, 78-79). Tá difríochtaí suntasacha le nótáil ó bhailitheoir go bailitheoir i dtaca leis na dialanna, ó théagarthacht agus stíl an ábhair go dtí an tábhacht a bhronntar ar ghnéithe éagsúla den chultúr traidisiúnta. Mar a deir Briody:

The great variety of style found in the collectors' diaries is, to some extent, only to be expected when one considers that each of them was, of course, an individual. However, some collectors were no doubt more appreciative of the value of this sort of contextual information. (Briody 2007, 418)

Ag trácht di ar dhialanna luatha Michael J. Murphy, bailitheoir lánaimseartha leis an Choimisiún a chaith blianta fada ag obair i dTuaisceart Éireann, léiríonn uí Ógáin go bhfuil sé le tabhairt faoi deara ar chnuasach béaloidis an bhailitheora sin in áiteanna gurbh ábhar "tánaisteach" é ábhar comhthéacsúil na dialainne .i. gurbh é an "téacs" béaloidis féin an t-ábhar ba thábhachtaí (uí Ógáin 2000, 169). Ar a bharr sin, ba mhinic a scríobh na bailitheoirí an cuntas cín lae roinnt ama tar éis na hócáide bailithe féin: 'Inevitably, then, the documenting of context in the diary was [...] what might be called a "re-creation" based to some extent at least on a backward look' (uí Ógáin 2000, 169).

Ní mór a mheabhrú go mbíodh a seacht sáith de chúraimí ar na bailitheoirí lánaimseartha agus nárbh éasca i gcónaí an t-am a aimsiú le cuntas mionsonraithe a bhreacadh faoin ócáid scéalaíochta. Is cuí mar a mhíníonn Briody nach mór mionscrúdú a dhéanamh ar shaothar gach uile dhuine de bhailitheoirí an Choimisiúin chun a dtionchar ar an bhailiúchán a mheas:

The work of each [collector] needs to be assessed in detail to determine their strengths and weaknesses: to see how they developed as collectors, the range and scope of their work, and also to see if at times they took short cuts, and if they did, to understand why. (Briody 2007, 476)

Ina theannta sin, is fiú a bheith airdeallach ar an ghradam a bhronn ról an bhailitheora ar fhostaithe an Choimisiúin, d’ainneoin gur rugadh agus gur tógadh mórán díobh sna pobail ina raibh siad lonnaithe agus go raibh comhbhá láidir acu lena gcuid faisnéiseoirí: ‘even if the collector shares the life of the informant to some degree, the very existence of the term “collector” itself means that the collector is still an outsider’ (uí Ógáin 2000, 162). Ag trácht dó ar thaithí Sheáin Uí Eochaidh mar bhailitheoir béaloidis sna Cruacha Gorma, tugann Ó Laoire suntas don deighilt seo idir an bailitheoir agus an pobal ina raibh sé lonnaithe:

As someone who had escaped the poverty trap himself [...] Ó hEochaidh found himself in a unique position [...]. He did [...] have a position in society far beyond the means of most of those who supplied him with material. (Ó Laoire 2013, 87)

Ní hionann sin is a rá nach raibh Ó hEochaidh airdeallach ar an chéim in airde a bhí bainte amach aige féin áfach agus, mar atá pléite ag Ó Laoire, bhain sé leas as a stádas méadaithe féin chun pobal na gCruach a léiriú ar bhealach dearfach ina chuid scríbhinní (Ó Laoire 2013, 87). Meabhraíonn taighde uí Ógáin agus Uí Laoire, mar aon leis na scoláirí eile a théann i ngleic le dialanna bhailitheoirí an Choimisiúin ar bhonn anailíseach, a fhiúntaí is atá sé gloine mhéadaithe a chur i bhfeidhm ar an mhórbhailiúchán náisiúnta, d’fhonn an tionchar a bhí ag na fir seo ar thiomsú na gcnuasach béaloidis ina gceantair logánta féin a fhiosrú. Is áis fhíorluachmhar iad dialanna na mbailitheoirí i mbaint amach an chinn sprice seo mar go bhfaightear nasc spéisiúil iontu de phearsantacht agus de phroifisiúntacht lucht a gcumtha. Is cinnte go gceadaíonn na cuntais seo don taighdeoir miondealú a dhéanamh ar an bhailiúchán béaloidis agus ar na cúinsí éagsúla a mhúnlaigh é.

2.3 Dialanna Phroinnsiais de Búrca

Stíl ghonta a chleacht Proinnsias de Búrca ina chuid dialanna go minic. B’annamh leis dul i bhfad scéil le cur síos a dhéanamh ar an ócáid scéalaíochta agus is féidir a chur ina leith go ndearna sé neamart, in amanna, ar na sonraí comhthéacsúla a mbeifí ag súil leo i gcáipéis dá leithéid. Tá claonadh an Bhúrcaigh i dtreo na gontachta le nótáil go háirithe sna hiontrálacha luatha a bhreac sé agus é ag tosú amach i bpost an bhailitheora, mar shampla sa chuntas seo a bhreac sé ar an 18 Meán Fómhair 1935: ‘Ag scríobh amach ón *Ediphone* roinnt fiteán a d’fhan gan scríobh. Ag dul siar ar an obair. Thug mé cuairt ar an seanchaí Pádraig Ó Súilleabháin le roinnt fiteán a líonadh’

(CBÉ 343, 7); agus i gcuntas eile a bhreac sé an tseachtain dar gcionn: ‘Chuaigh mé go teach Liam de Búrca i Seanadh Farracháin agus thóg mé ocht gcinn d’fiteáin, insíodh go leor scéalta eile cois na tine’ (CBÉ 343, 9). Ba shaibhre i bhfad na cuntais seo, ar ndóigh, dá mbeadh an Búrcach tar éis trácht ar atmaisféar na hócáide, ar na daoine a bhí i láthair, ar na comhráití a bhí aige, ar insint na scéalta agus ar an dearcadh a bhí ag an lucht éisteachta agus ag na reacairí féin ar na hinsintí éagsúla. Ar na laethanta nach mbíodh Proinnsias amuigh sa ghort i mbun bailithe, ba mhinic nach scríobhadh sé ina dhialann ach ‘Chaith mé an lá seo ag scríobh’, rud a thug le fios gurbh i mbun tras-scríbhíne ó na fiteáin eideafóin a bhí líonta aige a bhíodh sé. Is léir nárbh iomlán sásta a bhí an Duileargach le gontacht na gcuntas a bhí á scríobh ag an Bhúrcach: ‘Maidir leis an gcuntas chinn-lae sgríobh go maith é agus ná bí sásta le líne nú dhó – leathanaigh atá uainn’ (Comhfhreagras 01/03/1938).

Ainneoin a loime is atá dialanna Phroinnsiais in áiteanna, déantar trácht iontu ar roinnt de na cúinsí ba láidre a raibh tionchar acu air agus é i mbun a chuid oibre sa ghort. Chomh maith leis sin, faightear léargas luachmhar sna cáipéisí seo ar dhearcadh an Bhúrcaigh i dtaca le ceird an bhailiúcháin agus ar an chaidreamh cómhalmartach a d’fhorbair go minic idir é féin agus ‘lucht na scéalta’. In alt fiúntach a dhéanann cur síos ar thaithí an Bhúrcaigh le linn dó a bheith ag dul i dtaithe ar cheird an bhailitheora den chéad uair, léiríonn Ian Ó Catháin go bhfaightear tuiscint chuimsitheach sna cuntais chinn lae ar na dúshlán éagsúla a casadh ar an bhailitheoir seo le linn dó a bheith ag dul i dtaithe ar an obair pháirce (Ó Catháin 2012, 23-37). Níor phost éasca é post an bhailitheora agus casadh a sciar féin de dheacrachtaí ar Phroinnsias sa tréimhse luath dá chonradh leis an Choimisiún. I measc na ndúshlán ba mhó a bhain don Bhúrcach bhí déine an Stiúrthóra, Séamus Ó Duilearga, maidir le caighdeán na hoibre; scéalaithe nár chloígh leis an socrú a bhí déanta ag an bhailitheoir bualadh leo; scéalaithe a raibh drogall orthu ábhar a roinnt leis; agus na drochbhóithre a bhíodh le trasnú aige chun tithe cónaithe scéalaithe áirithe a bhaint amach (Ó Catháin 2012, 27-32). Níorbh é an Búrcach an t-aon bhailitheoir a raibh deacrachtaí aige le hualach ná le huathúlacht na hoibre ar ndóigh: míníonn Briody go raibh ualach oibre an-trom ar bhailitheoirí uile na heagraíochta seo, go háirithe i mblianta luatha an tionscnaimh bhailithe (Briody 2007, 252). Mar a léireofar sa phlé thíos ar thaithí an Bhúrcaigh sna blianta tosaigh dá chonradh le CBÉ, ní mór suntas a thabhairt don treoir a chuir ceannoifig an Choimisiúin ar an bhailitheoir trí mheán an chomhfhreagrais, nó tugann

an chumarsáid seo spléachadh dúinn ar na modhanna trínar choinnigh an Stiúrthóir smacht ar an tionscnamh agus ar an chineál ábhair a bhí á chnuasach ag a fhoireann sna blianta cinniúnacha seo i stair na heagraíochta.

2.4 Ag Dul i mBun Bailithe

Casadh Séamus Ó Duilearga agus Proinsias de Búrca ar a chéile den chéad uair le linn don Duileargach a bheith ar cuairt i nDúiche Sheoigheach i Meán Fómhair na bliana 1934. Scríobh an Stiúrthóir an nóta seo a leanas in aice le dhá scéal a sheol Proinsias chuige i Márta, 1935, a bhailigh sé ó Phádraig Ó Súilleabháin as Baile an Tobair: ‘Fear óg é seo a ndeachaigh mé chuige [le] féachaint an mbaileodh sé aon ní (Sept 1934). Inniu (13.3.35) a fuair an dá scéal seo uaidh. Admháil curtha chuige’ (CBÉ 131, 360). Is léir go ndeachaigh an luatharracht bailithe seo i gcion ar an Duileargach, óir sheol sé cóipleabhar chuig an Bhúrcach níos lú ná dhá mhí ina dhiaidh sin ag iarraidh air ‘cuid desna scéalta atá ag Mac Uí Shúilleabháin a chur ann’ (Comhfhreagras 08/05/1935). Lón an Búrcach imleabhar go leith (c. 471 leathanach lámhscríofa) le scéalta Uí Shúilleabháin sna míonna ina dhiaidh sin, cé nár fostaíodh mar bhailitheoir oifigiúil é go dtí Meán Fómhair, 1935. D’fhéadfaí a rá gur thréimhse phromhaidh é an bailiúchán luath seo a chnuasaigh an Búrcach ón Súilleabhánach. Is léir go raibh aithne agus meas ag an Duileargach ar an scéalaí seo freisin, óir bhreac an Stiúrthóir síos liosta de na scéalta a bhí ar eolas aige agus mhínigh sé don Bhúrcach gurbh iad na scéalta a bhí ar an liosta sin ba cheart dó a thaifeadadh (Comhfhreagras 08/05/1935).

Chuir an Stiúrthóir in iúl don Bhúrcach i mí Bhealtaine 1935 go raibh post faighte aige mar bhailitheoir lánaimseartha leis an Choimisiún: ‘Is ana-mhaith liom tú a bheith id’ bhailitheoir faoin Choimisiún, agus beimid ag súil le hobair mhaith uait. Ní bheidh aon deacracht ann maidir leis an stuif. Tá sí go flúirseach thart timpeall ort’ (Comhfhreagras 08/05/1935). Níor chuir sé tús lena chonradh leis an Choimisiún go hoifigiúil go dtí an 1 Meán Fómhair 1935, mar sin féin.³ Ba é £150 in aghaidh na bliana an tuarastal a bhí aige agus ba é an limistéar fairsing ó Bhaile an Róba go dtí an Lónán a bhí faoina chúram (Comhfhreagras 22/08/1935). Tugann Briody le fios go

³ Bhí an Búrcach le tús a chur lena chuid cúraimí mar bhailitheoir lán-aimseartha ar an 1 Meitheamh, 1935, ach brúdh siar an dáta sin mar gheall ar mhíthuiscint idir é féin agus an Stiúrthóir. Bhí an Búrcach den tuairim nach mbeadh a chonradh leis an Choimisiún ag tosú go dtí an Fómhar agus ghlac sé le post teagaise sna Forbacha ar feadh an tsamhraidh san idirlinn (Comhfhreagras 29/06/1935).

raibh sé de bhuntáiste ag cainteoirí dúchais Gaeilge a bhailigh ábhar ina gceantair féin go raibh aithne orthu taobh istigh den phobal: ‘This made it easier for them to be accepted, and for less suspicion to adhere to them’ (Briody 2007, 231). I gcás an Bhúrcaigh, bheadh meas ar leith tuillte aige ina chontae dúchais mar gheall ar a chumas mar pheileadóir: bhí sé ar fhoireann shinsearach chontae na Gaillimhe sa bhliain 1934 nuair a bhuaigh siad cluiche ceannais na hÉireann agus bhí sé ar an phainéal arís an bhliain dar gcionn (Ó Catháin 2012, 25-26). Is furasta a shamhlú gur bhuntáiste é seo nuair a bhíodh an Búrcach ag tabhairt aghaidh ar cheantair níos faide i gcéin ná a bhaile dúchais féin, áiteanna nach mbeadh an aithne chéanna air agus a mbeadh baol ann nach mbeadh glacadh leis féin ná leis an obair a bhí ar bun aige.

Mar atá pléite ag Briody, níor cuireadh aon oiliúint chuimsitheach ar na bailitheoirí maidir lena ngairm nua mar go mbeadh costas mór ag baint leis an fhoireann uile a thabhairt go Baile Átha Cliath; thairis sin, ba amuigh sa ghort ab fhearr a rachadh na bailitheoirí i gcleachtadh ar an cheird (Briody 2007, 234). Is léir gur cuireadh méid áirithe oiliúna ar an Bhúrcach sular fostaíodh go hoifigiúil mar bhailitheoir é, mar sin féin. Tháinig Séamus Ó Duilearga ar cuairt chuige i gCorr na Móna i ndeireadh mhí Eanáir nó i dtús mhí Fheabhra 1935 agus d’fhill sé air arís i mí an Aibreáin an bhliain chéanna. Le linn an dara turas sin, chaith an Duileargach roinnt laethanta i nDúiche Sheoigheach agus bhailigh sé féin agus an Búrcach riar maith ábhair ó scéalaithe éagsúla sa cheantar. Chuaigh siad a fhad le teach tabhairne Uí Loingsigh ar an Fhairche ar an 26 Aibreán, áit a ndearna siad scéalta a thaifeadh ó Mháirtín Ó hEithir ón Choill Bheag, an Fhairche, ar an eideafón. An oíche dar gcionn, chuaigh siad go dtí teach Liam de Búrca i Seanadh Farracháin, Fionnaithe, chun roinnt scéalta a thógáil uaidhsean; agus chaith siad tráthnóna an 28 Aibreán i dteach Phádraig Uí Mhaolruaidh i dTír na Cille, an Mám, mar ar thóg siad ábhar ó fhear an tí agus ó Mhícheál Breathnach. D’fhill siad ar Mhícheál Breathnach ar an 30 Aibreán le riar eile scéalta a thógáil uaidhsean, agus rinne siad scéalta a thaifeadh ó Mhícheál Ó hOireabhard, Dubhachta le linn an turais seo chomh maith. Bhreac an Duileargach an nóta seo a leanas in aice le tras-scríbhinn an Bhúrcaigh den ábhar seo: ‘Na scéalta sa leabhar seo do chuireas féin, SÓD, ar an *ediphone* iad le linn dom a bheith ar an Mhám, Aibreán 1935’ (CBÉ 162, 260).

Is léargas é cuairt seo an Duileargaigh ar Dhúiche Sheoigheach ar a cheanúlacht ar an cheantar, ach is cinnte gur fheidhmigh an turas mar sheisiún oiliúna don Bhúrcach i

dtaca le húsáid an eideafóin agus le próiseas an bhailithe i gcoitinne. Cúpla seachtain ina dhiaidh sin, i mí an Mheithimh, scríobh an Duileargach chuig Proinnsias ag míniú dó go mbeadh an Dr. Åke Campbell as Uppsala na Sualainne, mar aon le Caoimhín Ó Danachair, a bhí ina mhac léinn i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath ag an am, ag teacht go Tuaim. D'iarr sé ar Phroinnsias a bheith in éineacht leo chun barr feabhais a chur ar a chuid oiliúna: 'I wish you to join the party for instruction purposes' (Comhfhreagras 12/06/1935). Thiomáin an Búrcach na cuairteoirí thart ar cheantar Thuama agus ar Dhúiche Sheoigheach i gcarr a dhearthár agus chuir sé in aithne do scéalaithe óna cheantar féin iad. Cé nár sheisiúin oiliúna "fhoirmeálta" iad na sealanna seo a chaith an Búrcach in éineacht le bailitheoirí béaloidis ní ba shinsearaí ná é féin, is féidir glacadh leis go raibh tionchar áirithe acu ar fhorbairt mheon an Bhúrcaigh i dtaca le nádúr agus le riachtanais an phoist.

Bhíodh an Duileargach ag súil le caighdeán ard oibre óna chuid fostaithe agus muna raibh an caighdeán sin á bhaint amach acu níor leasc leis litir fhógartha a chur chucu ón cheannoifig sa tsúil is go gcuirfí ar bhealach a leasa arís iad (Briody 2007, 240). Ba trí mheán an chomhfhreagrais a cuireadh in iúl don Bhúrcach nach raibh a thuiscint siúd ar cheird an bhailitheora ag teacht le tuiscint a mhaoirseora:

I find that you do not quite understand what is required. It would take a long time to explain in writing, and even then would not be satisfactory, so I have decided the best thing to do [...] is to get you up to Dublin for a day or two. I can then go over your material with you and explain fully what is required. (Comhfhreagras 22/10/1935)

Dhá lá tar éis dó an litir sin a fháil, thug Proinnsias cuairt ar an cheannoifig i mBaile Átha Cliath idir an 24 agus an 26 Deireadh Fómhair 1935 (CBÉ 343, 24). Cé nach ndearna Proinnsias aon chur síos ar an mhéid a bhí ar bun aige le linn na laethanta seo i mBaile Átha Cliath, is dócha gur tugadh chuig ceannoifig an Choimisiúin é agus gur chuir Séamus Ó Duilearga, nó ball eile den fhoireann, oiliúint air maidir le tras-scríobh na bhfiteán eideafóin. Ba i Meán Fómhair 1935, sna seachtainí tar éis dó a bheith fostaithe go hoifigiúil mar bhailitheoir, a rinne an Búrcach tras-scríobh foghrach ar na fiteáin a thaifead sé féin agus an Duileargach le linn chuairt an Stiúrthóra ar Dhúiche Sheoigheach i mí Aibreáin na bliana céanna. Tar éis don bhailitheoir na scéalta seo, maille leis na scéalta a thaifead sé ó Phádraig Ó Súilleabháin ó mhí an Mhárta amach, a sheoladh ar aghaidh chuig an cheannoifig, rinne an Duileargach iad a cheartú trí thras-scríbhinní an Bhúrcaigh a chur i gcomparáid leis na taifeadtaí fuaimne a rinneadh

ar na fiteáin eideafóin (CBÉ 161; CBÉ 162). Léiríonn na ceartúcháin seo nárbh éasca a tháinig an tras-scríobh leis an Bhúrcach agus nach róshásta a bhí an Duileargach leis seo, mar atá le sonrú ón nóta a bhreac sé in aice le taifead lámhscríofa amháin:

Tá a bhfuil sa leabhar seo curtha i gcomparáid agam leis na fiteáin. Ní cuid dem' ghnó é sin, agus tá mo chuid oibre féin imithe chun fáin agus chun deiridh de bharr easpa tuisceana agus míchúraim mhóir an bhailitheora seo. (CBÉ 162, 113)

Is léir go ndeachaigh an turas go Baile Átha Cliath chun sochair an Bhúrcaigh mar sin féin, nó ba lú i bhfad líon na gceartúchán sna cóipleabhair a líon sé ó lár mhí Dheireadh Fómhair 1935 amach; tháinig feabhas suntasach ar a chuid peannaireachta faoi dheireadh na bliana sin fosta.

2.5 ‘Scéalta a bhí uaim’: Aimsiú an Ábhair

Nuair a thug Proinnsias de Búrca faoin bhailiú i bhfómhar na bliana 1935, bhí an t-ádh air go raibh scéalaithe cumasacha ar leac an dorais aige i gCorr na Móna agus sna bailte fearainn máguaird. Bhí tith Phádraig Uí Shúilleabháin agus Liam Uí Dhúiche, go sonrach, i bhfoisceacht ‘mbeannaí Dia do theach an Bhúrcaigh agus bhídís isteach agus amach chuige go rialta. Ní nach ionadh, thacaigh na scéalaithe áitiúla go fonnmhar le tionscnamh an bhailithe agus leis an obair a bhí ar bun ag a gcomharsa. Ba mhinic do Phádraig Ó Súilleabháin a theacht ar cuairt chuig Proinnsias as a stuaim féin chun scéalta a bhronnadh air, mar a tharla ar an 27 Márta, 1936: ‘Tháinig Pádraig Ó Súilleabháin go dtí mé an lá seo. Bhí sé ag iarraidh píosa nó dhó a inseacht nuair a bheadh am agam ar a dtógáil’ (CBÉ 343, 120). Níorbh eisceachtúil an rud é go mbíodh faobhar chun taifeadta ar scéalaithe a ghlac páirt sa mhórbhailiúchán náisiúnta, ar ndóigh: ag cur síos dó ar Sheán Ó Conaill, mháigh Séamus Ó Duilearga gur thuig sé céard a bhí ag teastáil uaidhsean mar bhailitheoir: ‘Má bhí fonn ormsa chun a chuid seanscéalta a scríobh sula gcailltí iad, bhí fonn air féin dá réir iad a thabhairt dom, agus misneach a chur orm chun na hoibre’ (Ó Conaill agus Ó Duilearga 1977, xiv). Ní raibh na scéalaithe áitiúla dall ar an ghradam a d’fhéadfadh an bhéalaireacht a bhronnadh ar dhuine, ach an oiread. Ag cur síos dó ar an ghabha Tomás Breathnach, a bhain aitheantas amach mar phríomhfhaisnéiseoir na Máilleach nuair a bhí an cnuasach ACG á thiomsú acu, dúirt Liam Ó Dúiche go bhfaca sé féin Tomás ‘ag inseacht amhrán’ do Mhícheál Ó Máille, ‘agus má d’inis féin is maith a fuair sé íoctha’ (CBÉ 523: 77).

Tháinig treoir ón cheannoifig i dtaca le haimsiú na bhfaisnéiseoirí freisin. Sheol an Duileargach liosta chuig Proinnsias inar ainmnigh sé 37 scéalaí i gceantar an Mháma agus Chorr na Móna ar cheart dó dul a fhad leo le hábhar béaloidis a lorg. I measc na bhfoinsí féideartha seo bhí Mícheál Breathnach an Mháma, Máirtín Ó Ceárna ón Chamanach agus Séamus Breathnach as Baile an Tobair, triúr scéalaithe a bhí páirteach i scéim taifeadta Doegen sa bhliain 1930 agus ar bhailigh Tomás Ó Máille béaloideas uathu freisin.⁴ Taobh amuigh den treoir a fuair sé ón cheannoifig, bhí sé de dhualgas ar an bhailitheoir féin scéalaithe a aimsiú sa phobal ina raibh sé ag cur faoi agus bhíodh a shúile in airde ag Proinnsias le scéalaithe agus seanchaithe feiliúnacha a aimsiú. Ar theacht isteach i bparóiste nua dó, bhí sé de nós aige dul a fhad le múinteoir scoile áitiúil chun tuairisc a fháil ar bhéaloideas an cheantair agus ar dhaoine sa phobal a raibh scéalta acu. Láthair mhaith eile le scéalaithe a aimsiú ab ea an t-aonach mar go mbíodh mórán de na scéalaithe áitiúla ansin ag díol stoic. Ba le linn dóibh a bheith sa teach tabhairne ag aonach na Fairche i Meitheamh 1936 a rinne Proinnsias socrú scéalta a thaifeadadh ó Phádraig Ó Muireáin (CBÉ 343, 153-154) agus bhailigh sé scéalta ó Ruairí Ó Comair agus iad ar an aonach an mhí dar gcionn (CBÉ 343, 176). Mar a mhíníonn Ó Cadhla, ba imeacht lárnach é an t-aonach i bhféilire an phobail: ‘Tá fianaise ann a thugann leid dúinn gur stáitsí ba ea na pátrúin agus na haonaigh ar a gcuireadh an pobal mórimeachtaí na linne trína chéile i láthair an tsaoil mhóir’ (Ó Cadhla 2011, 96). Ní hionadh é mar sin go mbaineadh Proinnsias leas as laethanta aonaigh le castáil le scéalaithe a raibh seanaithne aige orthu agus le scéalaithe nua a earcú don bhailiúchán.

Ócáid chomhluadrach eile ina mbíodh an scéalaíocht á cleachtadh ab ea an tórramh. Tráthnóna amháin, chuaigh an Búrcach ar thórramh in éineacht le beirt scéalaithe agus tosaíodh ag insint scéalta i dteach an tórraimh: ‘bhí chuile dhuine ag inseacht scéalta as sin go maidin’ (CBÉ 343, 21). D’inis Proinnsias féin scéal chomh maith le duine agus d’éirigh leis aithne a chur ar scéalaithe nár casadh air roimhe sin. Mall san oíche, i dtreo an mheán-oíche nuair a bhíodh an Choróin Mhuire ráite agus formhór na

⁴ Féach ‘Survey of Dialects’ i miontuairiscí na hirise *Proceedings of the Royal Irish Academy: Archaeology, Culture, History, Literature* (Dillon 1929-31, 22). Gabhaim buíochas leis an Dr. Deirdre Ní Chonghaile, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, as liosta de na scéalaithe a ndearna an tOllamh Ó Máille taifeadadh orthu in OÉG a roinnt liom. Ba le linn do scéim taifeadta Doegen a bheith ar siúl san ionad seo i Meán Fómhair, 1930 a rinne an Máilleach na taifid dá bhailiúchán pearsanta féin. Tá na fiteáin seo ar coimeád in Ollscoil na hÉireann i láthair na huaire; tá tionscadal digitithe á bheartú chun a n-ábhar a scaoileadh agus a chur ar fáil don phobal.

ndaoinne imithe abhaile, a thosnaítí ar an scéalaíocht sa teach tórraimh, de réir Sheáin Uí Shúilleabháin: ‘Bhíodh an-fháilte ar thórramh roimh scéaltóir maith, mar chuirfeadh sé an oíche i ngiorracht don chomhluadar go maidín. Choinneodh na scéalta ina ndúiseacht iad, chomh maith céanna, go háirithe nuair a bheadh an oíche thar droim’ (Ó Súilleabháin 1980, 14). Tugann Máirtín Verling le fios go mbíodh éileamh mór ar scéalaithe maithe sna tithe tórraimh le linn do Phádraig Ó Murchú a bheith fostaithe mar bhailitheoir i mBéarra i ndeireadh na 1930dí (Ó Murchú *et al.* 1996, 258). Ó tharla gur ceantar mór iascaireachta é Dúiche Sheoigheach, ba cheird mhaith í an iascaireacht le haithne a chur ar lucht reacaireachta, chomh maith. Lá amháin dá raibh Proinnsias ag iascaireacht i bhFionnaithe, casadh Máirtín Ó Ceárna air, duine de na scéalaithe thuasluaite a ghlac páirt i Scéim Doegen. Bhí an bheirt ag comhrá agus Máirtín ag insint do Phroinnsias faoi na scéalta a bhí aige, nuair a casadh fear eile orthu a raibh seanchas aige agus d’aithris sé píosa dóibh óna bhád (CBÉ 343, 11). Is léir ó chuntas Stith Thompson ar a thuras go Dúiche Sheoigheach in éineacht leis an Duileargach sa bhliain 1937 gur cheird úsáideach í an iascaireacht chun lucht scéalaíochta a aimsiú: ‘Séamus had his fishing tackle along and I discovered that this hobby of his was a great assistance in his contact with people all through the district’ (Thompson *et al.* 1996, 137).

Tar éis don bhailitheoir aithne a chur ar scéalaí ar leith, níor mhór dó a chinntiú go raibh siad feiliúnach mar fhaisnéiseoirí agus go raibh a gcuid scéalta ag teacht lena chuid spriocannasa ó thaobh an bhailithe de; glactar leis go raibh tionchar áirithe ag an oiliúint a fuair an Búrcach sna míonna luatha den phost ar an chur chuige seo. Tagann sé chun solais óna dhialanna agus ón ábhar a chnuasaigh an Búrcach sna blianta tosaigh go raibh tóir thar an choitiantacht aige ar scéalta béaloidis idirnáisiúnta agus gur thug sé tús áite do reacairí a raibh ar a gcumas an cineál scéil sin a insint thar fhaisnéiseoirí féideartha eile. Thug Ríonach uí Ógáin suntas do chion Phroinnsias ar na scéalta fada béaloidis sa nóta ómóis a scríobh sí faoin bhailitheoir tar éis a bháis sa bhliain 1996:

Ach oiread le chuile bhailitheoir eile, bhí spéis aige i ngnéithe áirithe den seanchas thar a chéile, agus ina bhailiúchán toirtíuil tá sé le tabhairt faoi ndeara go mór go bhfuil saibhreas iontach scéalta ann thar aon ghné eile den bhéaloideas. (Uí Ógáin 1996/97, 354)

Sna dialanna, tá claonadh an Bhúrcaigh i dtreo na scéalta fada le sonrú sa dearcadh diúltach a léirigh sé ar ghnéithe eile den chultúr béil, an fhilíocht nuachumtha agus an

stairsheanchas san áireamh. Nuair a chuaigh an bailitheoir a fhad le ceantar Bhaile an Róba, Co. Mhaigh Eo in Aibreán na bliana 1937, mar shampla, bhí sé de rún aige ábhar a bhailiú ó Sheán de Búrca, a raibh cónaí air idir Baile an Róba agus Cill Mheáin, mar go raibh cloiste aige go raibh an fear seo ‘go maith le scéalta’ (CBE 500, 23). Ba shaothar in aisce é an turas seo dar leis an Bhúrcach, ámh: ‘Ní fhéadfainn maith ar bith fháil as ach stair. Bhí mé ag éirí tuirseach dó agus an t-am á chaitheamh. Ach faoi cheann tamaill d’fhág mé slán aige agus mé sách míshásta liom féin’ (CBÉ 500, 24). Siúd is go raibh amhráin agus dánta á gcumadh go flúirseach ag filí pobail áitiúla nuair a thosaigh an Búrcach ag bailiú, is cosúil gur bheag spéis a bhí ag Proinnsias i bhfilíocht nuachumtha: ‘ní raibh mórán maitheasa leis agus níor lig mé dó a rá ach cúpla píosa’ a scríobh sé faoi Sheán Ó Somacháin as Cill Bhríde, ar theastaigh uaidh amhráin a chum sé féin a thaifeadadh ar an eideafón (CBÉ 343, 102-3).⁵ Níor chlaonadh neamhchoitianta é seo i measc bhailitheoirí an Choimisiúin, mar a mhíníonn Stiofán Ó Cadhla: ‘Is fíorannamh a bailíodh, d’aon ghnó glan pé scéal é, nuachineálacha éadaigh, nua-airnéis, nua-nós ceoil, nuadhathúchán, nuadhamhsaí, nua-saoirsinn, nuathithe, nuaghnáis ná nuascéalta’ (Ó Cadhla 2011, 220). Ina dhiaidh sin féin, is léir gur thuig an Búrcach go raibh sé tábhachtach go gceadófaí do na scéalaithe an t-ábhar ba mhian leo féin a chleachtadh a chur i láthair. Mar a mhínigh sé don Stiúrthóir: ‘Is minic a chaithfeas seanchaí a thoil féin a fháil i dtaobh scéal a inseacht, nó mura bhfaighidh beidh fearg mhór air’ (Comhfhreagras 07/03/1941).

Is follasach go raibh ról lárnach ag an Bhúrcach mar “stiúrthóir” na hócáide bailithe agus gur ghá dó a bheith straitéiseach nuair ba mhian leis na scéalta a shantaigh sé a mhealladh ó reacairí nárbh éasca iad a fháil uathu, ar chúis amháin nó ar chúis eile. Tharla sé go minic go mbíodh am de dhíth ar na scéalaithe chun aithne a chur ar an bhailitheoir nó chun na scéalta a thabhairt ar ais chun a gcuimhne sula mbeidís sásta dul i mbun reacaireachta. Chonacthas do Phroinnsias le himeacht ama go bhféadfaí daoine a spreagadh lena gcuid scéalta a insint ach beagán ama a thabhairt dóibh nó iad a spreagadh chun insinte ar bhealach éigin eile. D’áitigh Mícheál Ó Loideáin as Tuar Mhic Éadaigh go raibh a chuid scéalta imithe óna chuimhne, mar shampla, ach bhí drogall ar an bhailitheoir filleadh ar an bhaile láithreach mar go raibh sé i bhfad ó Thír an Fhia. D’iarr sé ar an Loideánach deoch a ól leis agus faoin am a raibh cúpla gloine

⁵ Bhíodh Seán Ó Somacháin ag cumadh filíochta go rialta. Bhailigh an Búrcach na hamhráin ‘Cailleadh Loughrea’ agus ‘Cráin Pheigí a’Búrca’ uaidh ar an 3 Márta 1936 (CBÉ 188, 3-6); seans gur ar cheann de na hinsintí sin atá an iontráil dialainne seo, a breacadh ar an 4 Márta 1936, bunaithe.

fuisce ólta acu thosaigh an Loideánach ag casadh amhráin: ‘Dúirt sé amhrán agus nuair a chuala sé é féin ag caint dúirt sé go n-inseodh sé scéal’ (CBÉ 343, 274-275). D’éirigh leis an Bhúrcach ceithre scéal san iomlán a thaifeadadh uaidh an lá sin agus d’fhill sé air go minic ina dhiaidh sin lena chuid scéalta a thógáil. Chuaigh an Búrcach i dtaithí ar iompar den chineál seo agus tuigeadh dó gur ghá a bheith foighneach agus am a thabhairt do na scéalaithe dul i gcleachtadh air féin agus ar a chuid oibre. Ina staidéar cuimsitheach ar chleachtadh comhaimseartha na scéalaíochta in Éirinn, léiríonn Clodagh Brennan Harvey gur mhinic a spreag na bailitheoirí scéalaithe neamhghníomhacha i mbun insinte; ba é an toradh a bhí air seo, in amanna, go ndearnadh scéalaithe gníomhacha dóibhsean mar gheall ar an tsuim a léirigh na bailitheoirí iontu (Harvey 1992, 37). Deir Verling gurbh é caidreamh an scéalaí Pádraig Ó Murchú ón Ghort Broc, Béarra, Co. Chorcaigh leis an bhailitheoir béaloidis Tadhg Ó Murchú a spreag i mbun insinte arís é, cé go raibh cleachtadh na scéalaíochta imithe i léig sa phobal sin le fada an lá: ‘tháinig gnéithe áirithe den chultúr lenár tógadh é, a bhí ar snámh idir dhá uisce ina hinchinn, ar barra arís. ’Sé sin le rá gur cuireadh an díchultúrú, a bhí ag dul i bhfeidhm air le blianta, i leith a chúil ar feadh tamaill’ (Ó Murchú *et al.* 1996, 265). I gcás Stiofáin Uí Ealaoire, bhíodh sé de nós aigesean ‘fanacht ina dhúiseacht istoíche ag iarraidh scéalta a thabhairt thar n-ais chun a chuimhne chun go mbeidís aige le n-insint do Shéamus [Ó Duilearga]’ (Ó hEalaoire agus Ó Duilearga 1981, xxv).

Ar ndóigh, ba é an scéal béaloidis idirnáisiúnta bó bheannaithe léann an bhéaloidis san Eoraip i dtús an fichiú haois agus cuireadh béim ar leith ar bhailiú córasach na scéalta seo faoi scáth an Choimisiúin, mar a deir Briody:

although the Irish Folklore Commission collected a wide range of folklore genres, there is no doubt that right from the start it paid special attention to the systematic collecting of folktales as it was believed that Ireland had a special contribution to make to the advancement of the international study of the folktale in particular. (Briody 2007, 59)

Níl amhras ach go raibh an Búrcach ar an eolas faoi na treochtaí seo, treochtaí a raibh dlúthbhaint acu le forbairt léann an bhéaloidis ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta. Tuigeadh do Shéamus Ó Duilearga gurbh iad na scéalta fada béaloidis ab fhearr leis na scéalaithe féin. Ag scríobh dó chuig Seán Mac Giollarnáth chomh fada siar le mí Aibreáin, 1930, thug sé le fios nach mbronnfadh scéalaithe scéalta ní ba ghairide ar an bhailitheoir go dtí go mbeadh a stór scéalta gaisce agus scéalta Fiannaíochta ídithe:

‘[the storyteller] will pretend to despise the shorter tales and will give them usually when the longer ones are exhausted’ (Comhfhreagras 06/04/1930). D’áitigh an Búrcach gurbh iad na scéalta fada ab fhearr leis na scéalaithe a insint chomh maith. Lena chois sin, mhaígh sé gurbh fhearr a d’fheil na hinsintí eachtrúla seo don éideafón:

nuair a bhíos duine ag inseacht píosaí gearra níl sé chomh tapaidh leofa agus a bhíos sé [le] scéal fada a bhíos de ghlanmheabhair aige [...] Deir [na scéalaithe] féin nach fiú dóibh na rudaí fánacha seo a inseacht agus is doiligh iad a bhaint astu. (CBÉ 500, 88-89)

Bhí cúis eile arbh fhurasta scéalta seachas seanchas a bhailiú i nDúiche Sheoigheach sna 1930dí, mar a mhínigh an Búrcach i litir a sheol sé chuig an Duileargach sa bhliain 1939: ‘The *seanchas* of Joyce Country is hard to come at as it is connected with some of the people still living and is nothing to their credit’ (Comhfhreagras 14/11/1939). D’fhéadfadh sé gur seanchas faoi thragóid Mhám Trasna a bhí i gceist ag an Bhúrcach anseo, óir b’eachtra í seo a ghoill go mór ar an phobal seo thar na glúnta agus a chuir drogall ar dhaoine an stair shóisialta áitiúil a chíoradh go hoscailte.⁶

Cé acu arbh é claonadh na scéalaithe féin a chuir fonn orthu na scéalta fada a bhronnadh ar an bhailitheoir i dtús báire, nó arbh é luí na mbailitheoirí leis an ábhar seo a spreag i mbun reacaireachta iad, is cinnte go bhfaightear fianaise den chlaonadh i dtreo na scéalta béaloidis idirnáisiúnta i measc scéalaithe Dhúiche Sheoigheach sa tréimhse a ndírítear uirthi sa tionscnamh seo. Mar a sonraíodh cheana féin, ba é Pádraig Ó Súilleabháin an chéad scéalaí ar bhailigh an Búrcach ábhar uaidh; chnuasaigh an Búrcach líon mór scéalta uaidhsean sular fostaíodh go hoifigiúil mar bhailitheoir é. Bhí an-chuimse scéalta béaloidis idirnáisiúnta ag Pádraig agus cé gur bhailigh an Búrcach scéalta agus seanchas den uile chineál uaidh, ba iad na scéalta fada dúchasacha agus idirnáisiúnta a thairfeadh sé uaidh i dtosach báire (Aguisín 1). Níl amhras ach go ndeachaigh scil reacaireachta agus cuimhne chéadach Uí Shúilleabháin i gcion go mór ar an bhailitheoir ón chéad lá riamh agus glactar leis go raibh tionchar ag an scéalaí seo ar thuiscint an Bhúrcaigh ar thréithe na sárscéalaíochta: ‘Níl cur síos ar a bhfuil de scéalta ag an bhfear seo agus tá sé toilteanach ar a dtabhairt uaidh’ a scríobh Proinsias chuig an Stiúrthóir go luath tar éis dó scéalta a thairfeadh ó Phádraig den chéad uair (Comhfhreagras 17/03/1935). Thairis sin, ó tharla gur scéalta fada gaiscíocha ba mhó a thairfeadh an Búrcach agus an Duileargach ó scéalaithe na

⁶ Féach an plé tuisceanach a dhéanann Seán Ó Cuirreáin (Ó Cuirreáin 2016) agus Jarlath Waldron (Waldron 1992) ar an eachtra seo.

háite le linn don Stiúrthóir a bheith ar cuairt i nDúiche Sheoigheach in Aibreán 1935, ní deacair a shamhlú gur le taobh na scéalaithe sin a mheas an Búrcach gach scéalaí a ndeachaigh sé chomh fada leis ag lorg ábhair agus é ag tosú amach sa cheird.

Is fiú a nótáil gur dócha go raibh tionchar áirithe ag meon an Bhúrcaigh i leith an bhéaloidis ab fheiliúnaí don bhailiúchán ar na scéalaithe féin chomh maith céanna. Dar le hAnnikki Kaivola-Bregenhøj, ní i bhfad a thógann sé ar an reacaire dul i dtaithí ar spriocanna agus ar chlaontaí an bhailitheora ó thaobh ábhair de, le linn dóibh beirt a bheith ag obair as lámha a chéile (Kaivola-Bregenhøj 1989, 48). Is léir ó fhianaise na ndialanna go raibh an Búrcach soiléir go maith faoina chuid spriocanna agus faoin chineál ábhair a bhí á lorg aige le linn dó a bheith amuigh sa ghort: ‘D’inis mé dó cé mé agus an obair a bhí mé ag déanamh [agus] gur theastaigh scéalta uaim’, a scríobh sé faoin chéad chuairt a thug sé ar Phádraig Ó Conaola, a raibh cónaí air in aice leis an Chrois, Co. Mhaigh Eo (CBÉ 343, 228). B’fhurasta don bhailitheoir a chuid aidhmeanna a chur in iúl do na scéalaithe sin a raibh aithne mhaith aige orthu agus ar fhorbair dlúthchairdeas eatarthu thar am, ar ndóigh. Scéalaí eiseamláireach sa chomhthéacs seo ab ea Liam Ó Dúiche as Baile an Tobair, a théadh ar cuairt chuig an Bhúrcach go minic agus a thug cabhair fhóinteach don bhailitheoir thar na blianta. Scríobh an Búrcach faoi oíche amháin i mí an Mheithimh, 1939, ar tháinig Ó Dúiche chun tí chuige le scéalta a thaifeadadh ar an eideafón:

Bhí sé ag inseacht ná go raibh sé tar éis an dó dhéag a chlog san oíche agus bhí sé in am againn beirt a dhul a chodladh. Shiúil mé amach leis píosa den bhóthar ar a bhealach abhaile agus ba bhreá an oíche í. Bhí muid ag caint faoin seanchas agus mé ag inseacht dó an cineál a theastaigh. Dúirt sé go dtiocfadh sé tráthnóna éicint eile agus go mbeadh sé ag cur le chéile go dtí sin ach go raibh sé deacair an cineál sin a chur i ndiaidh a chéile, nár mhór dó am lena dhéanamh. (CBÉ 689, 280-281)

Ní raibh Ó Dúiche ach 46 bliain d’aois nuair a thosaigh an Búrcach ag bailiú uaidh agus is furasta a shamhlú gur chuidigh a ngiorracht in aois dá chéile leis an chaidreamh a bhí idir an bheirt fhear seo. Scéalaí óg eile a bhronn scéalta ar an Bhúrcach go fonnmhar ab ea Tomás Ó Cadhain. Thug an bailitheoir an Cadhnach óg in éineacht leis lá dá ndeachaigh sé amach ag foghlaim sna sléibhte: ‘chuaigh muid amach agus thug mé an gunna dó le hurchar a chaitheamh le préachán agus cúpla éan eile a tháinig romhainn’ (CBÉ 343: 44). An tráthnóna sin, tháinig an stócach a fhad le teach an Bhúrcaigh agus d’inis sé na scéalta draíochta ‘An tÉan Órga’ agus ‘Páid na

gCaorach’, rogha shuntasach nuair a mheabhraítear an spórt a bhí acu ar an sliabh an lá céanna!

Is beag an t-ionadh é go raibh dáimh láidir ag an Bhúrcach lena cheantar féin ó thaobh an bhailithe de nuair a mheabhraítear go raibh ealaíontóirí béil i bhfoisceacht urchair mhearóige dá theach a raibh ar a gcumas an cineál ábhair a bhí á lorg aige a bhronnadh air agus a rinne é sin go fonnmhar. Sna blianta luatha de bhailiúchán an Bhúrcaigh, tá fianaise áirithe ann go raibh drogall air dul i mbun bailithe níos faide i gcéin. Scríobh Stiúrthóir an Choimisiúin chuig Proinnsias i mí na Samhna, 1936 ag moladh dó an limistéar ina raibh sé i mbun bailithe a fhairsingiú:

Bhíos ag cuimhneamh le tamall gur mhithid duit dul go dtí áiteanna níos sia ó bhaile anois agus ba mhaith liom go ndéanfá é sin. Tá mórchuid bailithe agat id’ cheantar féin le breis agus bliain anuas, sé sin laistigh de dhó nó trí de pharóistí, ach caithfidimid cuimhneamh i gcónaí go bhfuil paróistí agus contaetha eile le déanamh chomh maith i ngorracht aimsire. (Comhfhreagras 11/11/1936)

I Lúnasa na bliana 1937, rinne an Stiúrthóir féin socruithe chun an Búrcach a chur i mbun bailithe i gceantar Iorrais, Co. Mhaigh Eo. Chuir an Duileargach in iúl dó gurbh éagsúil i bhfad an t-ábhar a bheadh á chnuasach aige sa cheantar sin: ‘You will find Erris very rich in *Senchus* and poor in *Seansgéalta*’ agus mhol sé do Phroinnsias dul i muinín *Lámhleabhar* Sheáin Uí Shúilleabháin (Comhfhreagras 18/08/1937). Ag scríobh dó chuig ceannoifig an Choimisiúin faoi pharóiste Chill Bhríde i gCo. Mhaigh Eo, ar thug sé aghaidh air den chéad uair i mí na Feabhra, 1936, d’áitigh an bailitheoir nach raibh ‘na seanchaithe chomh maith ann agus a bhí sa gceantar seo’ (.i. ceantar Chorr na Móna) agus nach raibh siad in ann ‘an oiread a líonadh leis na seanchaithe eile’ dá dheasca sin (Comhfhreagras 17/02/1936). Chuaigh Proinnsias a fhad le Tuar Mhic Éadaigh i mí Aibreáin 1937, agus chonacthas dó gurbh ‘aisteach’ an tír í sin:

Tá na daoine an-amhrasach agus níl aon trust acu as duine muna bhfuil an-eolas acu ort agus tá siad an-fhiosrach. Ní miste leo tú a dhul chucu chun tí agus tú a chur faoi chostas ar bith agus tú a ligean abhaile folamh. (Comhfhreagras 12/04/1937)

Mar a phléann Briody, ní i gcónaí a thuigfí obair an bhailitheora go héasca agus bhí an chontúirt ann go mbíodh daoine in amhras leis (Briody 2007, 256). B’fhíor é seo go háirithe sna ceantair níos faide i gcéin ó fhód dúchais an bhailitheora, ar ndóigh. Le linn dó a bheith i mbun bailithe i gceantar Thuar Mhic Éadaigh, shocraigh an Búrcach cuairt a thabhairt ar Phádraig Ó Mearaí, fíodóir a ghlac páirt i scéim Doegen

Caibidil 2: Cruthú na Cartlainne


agus a raibh súil ag Proinnsias roinnt scéalta a bhailiú uaidh. Ní raibh fonn dá laghad ar an fhear seo dul i mbun reacaireachta ar an lá áirithe seo áfach, de réir chuntas an Bhúrcaigh:

Bhí muid ag dul suas an garraí [go dtína] thigh agus chonaic muid an fear ag dul isteach an doras romhainn. Nuair a chuaigh muid isteach ní raibh istigh ach a bhean agus a bheirt iníonacha. D'fhiafraigh muid cé raibh fear an tí agus dúradh linn go raibh sé imithe amach, agus muid ag féachaint air ag dul isteach romhainn. Is dócha go raibh sé sa seomra i bhfolach. (CBÉ 343, 279)

Meabhraíonn eachtraí den chineál seo dúinn go raibh an bailitheoir ag brath go huile is go hiomlán ar dhea-thoil na bhfaisnéiseoirí. Bhí sé riachtanach go gcothódh an bailitheoir muinín sna faisnéiseoirí sula bhféadfadh sé tabhairt faoin taifeadadh, óir bhí baol láidir ann go dteipfeadh ar an iarracht dá mba rud é go raibh drogall ar an scéalaí a chuid saineolais chultúrtha a roinnt leis an bhailitheoir, mar a tharla sa chás thuas.



Pádraig Ó Súilleabháin, Baile an Tobair, Aibreán 1937
Grianghrafadóir: Séamus Ó Duilearga. CBÉ M.003.01.00124



Pádraig Ó Maolruaidh, An Mám, Samhain, 1937
Grianghrafadóir: Séamus Ó Duilearga. CBÉ M003.01.00298

2.6 Béaloideas na mBan

Tá an ról a d'imir an Búrcach i gcruthú an chnuasaigh a ndírítear air anseo le brath go láidir san ionadaíocht a dhéantar ar chultúr béil na mban sa bhailiúchán seo. Is léir ón chíoradh atá déanta ar mhodhanna bailithe an Bhúrcaigh go dtí seo nach raibh béaloideas na mban i measc an ábhair ar thug an Búrcach tús áite dó, ach an oiread le gnéithe eile den chultúr béil áitiúil. Ba lú i bhfad líon na mban ná líon na bhfear ar bhailigh an Búrcach béaloideas uathu sna blianta tosaigh dá chonradh leis an Choimisiún: ní raibh ach cúigear ban mar fhaisnéiseoirí ag an Bhúrcach sa tréimhse idir Meán Fómhair 1935 agus Nollaig 1937, cé gur tháinig ardú beag ar líon na mban a ndeachaigh sé chucu ón am sin amach. Is léir nár shamhlaigh Proinnsias go bhféadfadh mná a bheith i measc na scothscéalaithe a raibh tóir chomh mór sin aige orthu sa tréimhse seo; is follasach chomh maith gur bheag urraim a bhí aige do thraidisiún béil na mban i gcoitinne. Dar le Brennan Harvey, tá ról na mban i dtraidisiún scéalaíochta na hÉireann an-doiléir ar fad, ach léiríonn an fhianaise atá againn nach raibh mná chomh rannpháirteach céanna sa traidisiún scéalaíochta is a bhí fir agus gur sheanchas ba mhó a bhí ag na mná, seachas scéalta fada a raibh mórán eachtraí iontu (Harvey 1992, 12).

Faightear fianaise áirithe i gnuasach béaloidis an Bhúrcaigh go raibh claonadh ag scéalaithe ban i dtreo an tseanchais agus i dtreo scéalta níos giorra. Ach an oiread leis an fhilíocht agus le seanchas den uile chineál áfach, is léir nach raibh an Búrcach róthógtha le traidisiún béil na mban agus is cinnte nár mheas sé go raibh an fiúntas céanna ag na ‘mionrudaí’ seo is a bhí ag na scéalta fada gaisciúla. Scríobh sé faoi chuairt a thug sé ar Mháire de Búrca, Baile Inneonach, i Meitheamh 1937, mar shampla: ‘Ní bhfuair mé mórán uaithi ach cúpla píosa faoi shíoga (CBÉ 500, 71). Ag trácht dó ar chuairt a thug sé ar Bhríd Ní Mháille as Caisleán na hÉille⁷ i mí Feabhra 1938 dúirt sé: ‘d’fhiafraigh mé di an raibh scéalta aici agus dúirt sí liom nach raibh aici ach cúpla scéilín faoi shíoga a thug sí do na páistí. D’fhág mé slán aici agus tháinig mé abhaile’ (CBÉ 500, 189). Míníonn Aisling Ní Churraighín gur mar ‘mhionseanchas’ a shainigh Ó hEochaidh traidisiún béil na mban le linn dó a bheith i mbun cnuasaithe ó chlann Uí Bheirn i dTeileann, Co. Dhún na nGall (Ní Churraighín 2016). Ba shaineolaithe iad na mná tí Máire Ní Bheirn agus Máire Ní Cheallaigh ar eolas traidisiúnta faoi gach uile ghné de shaol na ndaoine agus théadh Ó hEochaidh ar cuairt chucu i rith an lae le taifeadadh uathu agus iad ar a suaimhneas (Ní Churraighín 2016). Is cuí mar a aithníonn Ní Churraighín nár shaothraigh ‘áirneál na mban’ an gradam céanna is a bhain teach áirneáil Uí Bheirn i gcoitinne amach in GS, cé go raibh Ó hEochaidh ag bailiú béaloidis ón ‘dá Mháire’ tráth ar bhreac sé cuntas cuimsitheach ar dheasghnáth an áirneáin do Shéamus Ó Duilearga (Ní Churraighín 2016). Sa chur síos a dhéanann Angela Bourke ar fhinscéalta osnádúrtha i dtraidisiún béil na hÉireann, míníonn sí go ndeirtí gur mhná ab fhearr a d’inis na finscéalta agus gurbh fhearr a d’fhóir insintí gairide den chineál seo do ghnáthchúrsa lae na mban, a raibh obair agus cúraimí an tí mar bhunús leis go minic (Bourke 2002, 1284). Dúirt Mairéad Breathnach (de Búrca roimh phósadh di), gariníon leis an scéalaí Liam de Búrca, go mbíodh scéalta á n-insint i measc na mban i mbaile fearainn s’aicise i Seanadh Farracháin le linn dóibh a bheith ag sníomh agus ag cardáil san oíche (Breathnach 2013). Ag tarraingt dó ar chuntais a bhailigh Seán Ó hEochaidh ó Niall Ó Dubhthaigh as Gort an Choirce i dTír Chonaill agus ó Shéamus Mac Amhlaoidh as Mín an Líonacháin, sna Cruacha Gorma, míníonn Briody go mbíodh an cleachtas céanna acu

⁷ Ní luaitear an logainm seo ar An Bunachar Logainmneacha, ach d’fhéadfadh sé gur Baile an Chaisleáin, nach bhfuil rófhada ón Éill, baile fearainn i bparóiste an Chalaigh, i mbarúntacht Chill Mheáin, Co. Mhaigh Eo, atá i gceist. Ba ar an Fhairche, Co. na Gaillimhe, a rugadh agus a tógadh Bríd sular phós sí isteach sa cheantar seo.

sa taobh sin tíre, cé gur beag cur síos a fhaightear sna cuntais seo ar an tsiamsaíocht a bhíodh ag na mná agus iad i mbun na hoibre seo (Briody 2015, 82).

Is léir go raibh deighilt shuntasach idir na scéalta fada agus an seanchas ó thaobh gradaim de i súile an Bhúrcaigh: ‘Ní mórán seanscéalta atá timpeall Uachtar Ard’, a chásaigh sé i litir chuig an cheannoifig sa bhliain 1939, ‘ach mionrudaí, agus níl na daoine [...] an-mhaith lena n-inseacht’ (Comhfhreagras 05/05/1939). Dealraíonn sé ón nóta a fuair an bailitheoir ón Duileargach i Meán Fómhair 1938 nach raibh an cur amach céanna aige ar ábhar seanchais is a bhí aige ar na scéalta fada: ‘Once again I must insist on you using the questions in the *Láimhleabhar Béaloideas* so as to furnish us with better *seanchas* material than you have done hitherto’ (Comhfhreagras 08/09/1938). Tá sé le nótáil freisin go dtugadh an Búrcach tús áite d’fhir seachas do mhná mar fhaisnéiseoirí nuair a bhí rogha aige idir an dá dhream. Nuair a bhí seanchas á lorg aige faoi bataí scóir, mar shampla, ba chuig na scéalaithe fireanna a raibh aithne aige orthu a chuaigh sé i dtús báire: Liam Ó Dúiche, Pádraig Ó Súilleabháin, Tomás Ó Mainnín agus Ruairí Ó Comair. Tharla sé faoi dhó gur trí sheans a d’éirigh leis eolas a fháil ó mhná agus seanchas faoi na bataí scóir á lorg aige: ní raibh aon eolas ag Mícheál Ó Máille as Dubhachta ar na bataí scóir nuair a cheistigh an Búrcach é ina dtaobh, ach bhí Bríd Ní Mháille (79), arbh as an Cheathrú Gharbh di ó dhúchas, ábalta ‘beagnach chuile shórt a bhí ag teastáil [uaidh]’ a thabhairt don bhailitheoir. Bhí an Búrcach ar cuairt ag seanfhear eile cúpla lá ina dhiaidh sin ach bhí seisean aineolach ar na bataí scóir chomh maith. Chuala a iníon ag caint iad ámh, ‘bean mheánaosta, [i] pósta agus clann aici’, agus bhí roinnt seanchais aici ar na bataí scóir mar go mbíodh a máthair ag cur síos orthu go minic agus thug sí tuairisc orthu don Bhúrcach (CBÉ 343, 116-117). Scríobh an bailitheoir chuig ceannoifig an Choimisiúin ag míniú an scéil seo dóibh: ‘Is ó na seanmhná atá mé ag fáil cébí tuairisc atá mé ag fáil faoi na bataí scóir. Chinn sé orm aon tuairisc a fháil ó lucht na scéalta ach fuair mé roinnt ó na seanmhná i nDubhachta’ (Comhfhreagras 23/03/1936).

Dealraíonn sé gurbh é claonadh an Bhúrcaigh i dtreo na scéalta fada béaloidis ba chúis leis an easpa airde a thug sé ar mhná mar fhaisnéiseoirí sa tréimhse luath seo. De réir thuiscintí na linne ar an bhéaloideas, glacadh leis gurbh fhir ba mhó a d’inis na scéalta

fada ar bhonn poiblí.⁸ Tá fianaise ann gur reacairí den chéad scoth iad mná áirithe sa cheantar seo áfach, cé nár shaothraigh siad an gradam céanna is a shaothraigh scéalaithe fireanna. Bhí ceathrar ban ainmnithe ar an liosta scéalaithe a sheol Séamus Ó Duilearga chuig an Bhúrcach lena threorú agus é ag dul i dtaithe ar cheird an bhailitheora. B'iad na mná sin Mrs Spelman (87), an Cloigeann, an Mám, Mrs. Holyon, Gort an Churraigh, Mary-Anne O'Brien as Seanadh Farracháin, agus Ellen Nic Con RAOI (85) as Doire Fhada. Ní cosúil go ndearna an Búrcach aon iarracht dul i dteagmháil le haon duine de na mná seo sna blianta tosaigh dá thionscnamh bailithe i nDúiche Sheoigheach. Thug an Stiúrthóir an fhaillí seo i dtraidisiún béil na mban faoi deara, óir sheol sé liosta chuig an Bhúrcach sa bhliain 1939 inar ainmnigh sé roinnt ban i measc na bhfaisnéiseoirí ar cheart dó dul a fhad leo, Máire Ní Shúilleabháin as Cluain Brón agus Máire Ní Chadhain as Dubhachta san áireamh (Comhfhreagras 1939).

Bailíodh na scéalta draíochta dúchasacha 'An Gearrán Bán' agus 'An Chailleach Bhéarra' ó Mháire Bn. Uí Bhriain faoi Scéim na Scol i Seanadh Farracháin le linn scoilbhliain 1935-6. Is díol suntais é nach ndeachaigh an Búrcach a fhad le Máire le linn dó a bheith sa cheantar sin, go háirithe nuair a mheabhraítear gur bhailigh sé ábhar ó Liam de Búrca agus ó Thomás Seoighe i Seanadh Farracháin ó fhómhar na bliana 1935 amach. Is cosúil gurb í an 'Mrs Spelman' atá i gceist ná Máire Ní Spealáin, a raibh 90 bliain slánaithe aici sa bhliain 1937 agus a bhí ina cónaí ar an Chloigeann. Tógadh trí scéal éagsúla uaithisi faoi Bhailiúchán na Scol i scoil náisiúnta na Ceathrún Gairbhe (CBÉS 76, 416-420; 422-423; 501-508).⁹ Faightear fianaise láidir i mBailiúchán na Scol, mar a cuireadh i bhfeidhm sa Dúiche seo i gcoitinne í, go raibh neart ban i nDúiche Sheoigheach a raibh scéalta den uile chineál acu.¹⁰ Dar le Mairéad Breathnach, ba scéalaí den scoth í Kit Laffey as Seanadh Farracháin freisin (Breathnach 2013). Thug Séamus Ó Duilearga suntas do shaibhreas an ábhair a cnuasaíodh i scoileanna an limistéir seo freisin mar sheol sé liosta eile chuig an

⁸ Féach cur síos an Duileargaigh in GS ar mhná a bheith i mbun scéalaíochta; ba chleachtas eisceachtúil é seo, dar leis an Duileargach: 'the evidence is unmistakable that the telling by women of Finn-tales was frowned upon by the men' (Delargy 1945, 7). Dar le hEilís Ní Dhuibhne, tá gach seans ann gur spreag an léacht chluíteach seo an dearcadh gur ar thaobh an mhionlaigh a bhí mná a raibh bua na reacaireachta ar a dtoil acu (Ní Dhuibhne 2002, 1216).

⁹ Ní thugtar le fios cérbh é/í an bailitheoir. Ba í Máire Ní Shionnacháin an t-oide scoile.

¹⁰ Féach bailiúchán na Siúrach Iarfhlaith Ní Mhóráin i gClochar na Fairche, mar shampla, ar tagraíodh dó i gCaibidil 1. Bhí Sorcha Ní Bhain (24) as Cill Bhríde; Bríd Ní Fhloinn (24) as Dúr Átha agus Áine Ní Mhaolruaidh (24) as Ceapach na gCapall i measc na mban óg ar bailíodh scéalta béaloidis uathu sa scoil seo.

Bhúrcach de na daoine ab fhearr ar bailíodh scéalta agus seanchas uathu le linn Bhailiúchán na Scol: bhí Máire Bn. Uí Bhriain as Seanadh Farracháin i measc na scéalaithe ban a ainmníodh ar an liosta seo. Trí fhaillí a dhéanamh i scéalta agus i dtraidisiún béil na mban, is cinnte gur laghdaigh an Búrcach scóip agus cuimsitheacht chnuasach an cheantair seo i mblianta luatha an bhailiúcháin.

Ní hamháin go bhfacthas d'fhoireann an Choimisiúin gur ghá do Phroinnsias an limistéar ina raibh sé i mbun bailithe a fhairsingiú, dealraíonn sé gur cuireadh iachall ar an bhailitheoir an réimse ábhair a bhí á chnuasach aige a mhéadú. Is cosúil go bhfacthas don Stiúrthóir go raibh Proinnsias ag díriú an iomarca airde ar bhailiú na scéalta fada agus go raibh réimsí tábhachtacha eile den bhéaloideas áitiúil á ligean chun dearmaid aige. Chuir sé iachall ar an Bhúrcach réimse níos leithne ábhair a thaifeadh: 'I urge you to collect as much as possible of the following material: fairy tales, ghost stories, traditions about families and placenames, and information regarding the social and economic life of the people in past times' (Comhfhreagras 25/03/1936). Is cosúil gurbh é an treoir seo a spreag an bailitheoir aghaidh a thabhairt ar mhná áitiúla a raibh cáil orthu ó thaobh an tseanchais. D'ainneoin nach raibh an Búrcach róshásta leis an chuairt a thug sé ar Mháire de Búrca i samhradh 1937, mar a dúradh thuas, d'fhill sé uirthi i Meán Fómhair na bliana dar gcionn agus bhí sé an-sásta lena cumas reacaireachta agus leis an saineolas a bhí aici ar ghnéithe áirithe den chultúr traidisiúnta: 'bean an-chairdiúil í agus tá an Ghaeilge thar cionn aice. Tá sí go maith freisin le seanamhráin Ghaeilge agus tá go leor acu aici' (CBÉ 689, 39-40). Ba í Máire a d'inis dó 'faoi ghiorriacha a bhí ag diúl beithíoch, bó a facthas tar éis a báis agus cuid den fheoil ite ag na daoine' agus faoin slua sí a bheith ag goid beithíoch agus ime (CBÉ 689, 53-54). Ba ar thóir Mháire a chuaigh sé chomh maith nuair a theastaigh 'Seanchas faoi chearca, géanna agus lachain' uaidh, mar go raibh go leor cearca ag Máire (CBÉ 689, 35) agus chuaigh sé chuici freisin nuair a bhí eolas á lorg aige faoi phisreoga (CBÉ 689, 39-40). Bhí 'go leor píosaí beaga gearra [...] agus seanchas faoin seansaol' ag Bríd Ní Mháille sa Cheathrú Gharbh. Thug an Búrcach cuairt uirthise i mí Iúil, 1938 agus bhí sí ábalta ceisteanna ón *Lámhleabhar* faoi 'rudaí mar a bhíodar fadó' a fhreagairt dó (CBÉ 689, 22-23). Chuaigh an tochailt seo a rinne an Búrcach i dtaobh an tseanchais i gcion ar fhoireann na ceannoifige. Fuair Proinnsias nóta molta ón Chláraitheoir cúpla mí ina dhiaidh sin inar dúradh go raibh an Stiúrthóir 'an-sásta ar fad leis an seanchas a bhí á bhailiú agat anois' (Comhfhreagras 16/11/1938).

2.7 ‘Airneán na Bailitheoireachta’

Baineann Ó Cadhla leas as an téarma ‘airneán na bailitheoireachta’ chun ról an bhailitheora i spreagadh na cuartaíochta agus na cumadóireachta i measc an phobail a shainiú agus míníonn sé gur fianaise é an cleachtas seo ‘ar cheapadóireacht agus ar bheocht ealaíona an dúchais’ (Ó Cadhla 2011, 210). Ar theacht isteach do Phroinnsias i dteach Phádraig Uí Shúilleabháin i mí na Samhna 1935, bhí ‘daoine den bhaile istigh ansin, mar nuair a chualadar go raibh mé ann leis an meaisín chruinníodar ar fad isteach’ (CBÉ 343, 27). B’amhlaidh an scéal nuair a chuaigh sé chuig teach Sheáin Bhreathnaigh ar an Bhaile Bacach breis is bliain ina dhiaidh sin: ‘Chruinnigh muintir an bhaile ar fad isteach nuair a chuala siad go raibh mé sa teach seo. Ní raibh áit sa teach acu faoi cheann uair an chloig’ (CBÉ 343, 258-259). Ba bheag laghdú a bhí tagtha ar dhraíocht an eideafóin faoin bhliain 1938, nuair a tháinig Proinnsias chuig teach Sheáin Uí Fhlatharta i nDoire Locháin, Co. Mhaigh Eo: ‘Bhí corrdhuine ag cruinniú taobh amuigh [...]. Chuala siad go raibh mé le theacht is dócha agus chuala siad faoin *Ediphone* agus bhíodar ar fad ag iarraidh a bheith ag éisteacht [...] ba ghearr go raibh an teach lán’ (CBÉ, 273-4). Mar a deir Ó Cadhla: ‘Ba é an t-eideafón féin an t-aoi speisialta nó an scéalaí ar na hócáidí seo. Ghiorraigh agus ghealaigh sé na hoícheanta lena chuid “cleasa lútha agus draíocht”’ (Ó Cadhla 2011, 211). Go deimhin, chuir Tomás Ó Mainnín as Cill Bhríde suntas mór sa mheaisín nuair a casadh isteach i dteach Mhíchíl Uí Shomacháin ar an bhaile sin é, le linn don Bhúrcach a bheith i mbun taifeadta ó fhear an tí: ‘Chuir sé ionadh mór sa meaisín nó cén asarlaíocht a bhí ann [ar] chor ar bith’ (CBÉ 500, 1-2).

Ar an láimh eile, chuir asarlaíocht an eideafóin eagla ar dhaoine go minic agus tharlódh sé ó am go chéile go ndiúltódh na scéalaithe a gcuid scéalta a thaifeadadh air. Bhí Antoine Breathnach ‘cúthail ar bhealach éicint a dhul ag caint ar chor ar bith’ isteach sa mheaisín (CBÉ 343, 48) agus bhí faitíos ar Sheán Ó Caomhánaigh ‘mar nach bhfaca sé an meaisín cheana riamh’, rud a thug air a bheith ‘ag labhairt róthapaidh ar fad’ (CBÉ 343, 60). Bhí Pádraig Ó Súilleabháin féin in amhras ‘gurbh é an meaisín a rinne tinn é an uair a bhí sé tinn’, cé go raibh taithí mhaith aigesean ar an eideafón óna chuid oibre leis an Bhúrcach agus ón pháirt a ghlac sé i scéim taifeadta Doegen (CBÉ 343, 42). Thuig an Búrcach an coimhthíos seo agus rinne sé iarracht amhras na scéalaithe a laghdú trí theicneolaíocht an mheaisín taifeadta a léiriú dóibh. Nuair a thug sé cuairt ar theach Ruairí Uí Chomair den chéad uair i mí na Nollag, 1935 mar shampla, sheinn

sé cúpla fiteán don scéalaí agus dá chlann chun go rachaidís i dtaithí ar oibriú an mheaisín: ‘fuair muintir an tí spóirt ar an bhfeairín, ’sé seo an meaisín, nuair a bhí sé á n-inseacht [.i. na scéalta] athuair’ (CBÉ 343, 53). Chuaigh daoine i gcleachtadh ar an fhearas thar am, ar ndóigh: dar le Mícheál Mac Guibhir as an Chloch Bhreac ‘gurb[h] é an t-ionadh ba mhó sa saol é agus séard a bhí dhá mharú nuair nach raibh níos mó scéalta aige le cur ann isteach, mar a dúirt sé féin’ (CBÉ 500, 91).

Ar ndóigh, bhí feidhm thábhachtach ag an teacht-le-chéile comhluadrach atá mar bhunús leis an chuartaíocht, ní hamháin ó thaobh na siamsaíochta de ach ó thaobh chothú aontacht an phobail chomh maith. Diomaite den dea-atmaisféar agus den fhleáchas a bhain leis na hócáidí seo ina mbíodh baill an phobail cruinnithe i bhfochair a chéile, is cosúil nár láthair fheiliúnach é an teach cuartaíochta do bhailiú an bhéaloidis go minic. Óna thaitheas leis an eideafón, thuig an Búrcach gur ghá ciúnas iomlán agus méid áirithe spáis chun go bhféadfaí scéalta an reacaire a thaifeadadh go cruinn. B’iomaí oíche a tháinig lagmhiseach air ar fheiceáil dó go raibh sruth daoine ag teacht chun tí: ‘is garr gur thosaigh daoine ag teacht isteach. Faoi cheann tamaill bhí an teach lán. Bhí a fhios agamsa ansin nach n-éireodh go rómhaith liom mar gheall air sin agus níor éirigh’ (CBÉ 343, 100). Tá déscaradh soiléir, mar sin, idir comhthéacs nádúrtha na scéalaíochta i measc chomhphobal an tí áirneáin agus riachtanais phraiticiúla an taifeadta mar a léiríonn an Búrcach iad. Níorbh é an bailitheoir amháin a gcuireadh an slua isteach air: bhíodh drogall ar scéalaithe áirithe dul i mbun reacaireachta i dteach a bhí ag cur thar maoil le daoine. Bhí slua cruinnithe i dteach Phádraig Uí Shúilleabháin oíche i mí na Nollag 1935, ach ‘níor mhaith leis an Súilleabhánach a bheith ag inseacht nuair a bhí daoine istigh ag éisteach leis’ (CBÉ 343, 41-42). Bhí an bailitheoir den tuairim gurbh iomaíocht idir scéalaithe ba chúis leis seo: ‘Sé mo thuairim nach maith leis duine ar bith a chuid scéalta a chloisteáil, mar tháinig Tomás Ó Cadhain isteach agus bhí a fhios aige go mbíodh sé ag inseacht scéalta agus ar an bpointe a tháinig sé isteach stop an Súilleabhánach’ (CBÉ 343, 42). Ba ón Chnoc Bán é Tomás Ó Cadhain,¹¹ agus ní raibh sé ach 24 bliain d’aois nuair a thosaigh an Búrcach ag bailiú uaidh sa bhliain 1935; ba gharmhac é leis an scéalaí sean-Phádraig Ó Cadhain agus bhí an scéalaíocht sa dúchas aige: ‘ní raibh sé ach ina ghasúr nuair a chuala sé na scéalta seo óna athair mór’ (CBÉ 313, 44). D’fhéadfadh sé

¹¹ Tá litriú an tsloinne seo neamhrialta go maith sna lámhscríbhinní. Malartaítear idir ‘Ó Coighin’, ‘Ó Cadhain’ agus ‘Ó Caodháin’. Cloítear leis an leagan caighdeánach ‘Ó Cadhain’ síos tríd.

go bhfaca an Súilleabhánach an Cadhnach óg mar iomaitheoir, mar sin de. Dúirt an Búrcach faoi ócáid eile nuair a bhí beirt scéalaithe istigh san aon teach amháin nár ‘rud maith beirt fhear a thabhairt i dteach ag inseacht scéalta, go mór mór nuair nach maith le ceachtar acu scéal an duine eile a chloisteáil’ (CBÉ 343, 237). Tugann Ó Giolláin le fios go mbíodh ‘cóipcheart’ ag scéalaithe áirithe ar scéalta ar leith (Ó Giolláin 2005, 103). Meabhraítear scéilín Uí Dhuilearga faoi fhear siúil a d’insíodh an scéal fada ‘Fáilte Uí Cheallaigh’ ar theacht isteach dó i dteach inar mhian leis lóistín a fháil don oíche: níor mhian leis go gcloisfeadh scéalaí as Dairbhre é i mbun insinte ar eagla go bhfoghlaimeodh an fear eile an scéal agus go mbeadh sé mar iomaitheoir aige (Delargy 1945, 26).

Is sna cuntais a thug an Búrcach ar scéalaithe a bheith i mbun reacaireachta ina dtithe cónaithe féin is fearr a fhaightear léargas ar bheocht na scéalaíochta sa limistéar seo agus ar a lárnaí is a bhí an ealaín bhéil i saol na ndaoine sna 1930dí. Ba ó chlapsholas amach an t-am ab fheiliúnaí do bhailiú scéalta mar go mbíodh obair an lae curtha díobh ag na scéalaithe faoin am seo agus ba mhó an seans go mbeadh fáil orthu agus fonn scéalaíochta orthu. Cois teallaigh sa chistin an láthair ba choitianta ina ndéantaí an bailiú agus ba ghnách go mbíodh teaghlach uile an scéalaí i láthair. Ba i dtithe beaga dhá nó trí sheomra a bhí cónaí ar thromlach de dhaonra na Dúiche san 1930dí agus ba í an tine lárionad an teaghlaigh. Faightear spléachadh sna dialanna ar an dea-atmaisféar a bhíodh i dtithe na scéalaithe agus ar an lúcháir a bhíodh ar mhuintir an tí an bailitheoir a bheith istigh ar cuairt. Ba áit fheiliúnach é teach cónaithe an scéalaí don bhailiú mar go mbíodh an reacaire ar a shuaimhneas agus chothódh an dream a bhí i láthair, mar aon leis an tine mhór mhóna, atmaisféar teolaí a d’fhóir go maith do nádúr fantaiseach na scéalta iontais. Mar a deir Briody: ‘the telling of tales in dimly-lit kitchens at night, with only the light of the fire to illuminate the scene, as was often the case, added greatly to the atmosphere of the stories, and most likely increased their appeal, as well as assisting in the transmission and acquisition of stories’ (Briody 2013, 22).

Ag cur síos dó ar a chuariteanna chuig Seán Ó Conaill i gCill Rialaigh, thug Séamus Ó Duilearga aitheantas do Cháit Ní Chorráin, bean chéile an scéalaí, agus don ról a d’imir sise i meabhrú na scéalta a bhí ar eolas aige dá fear céile: ‘Mura mbeadh í ní chuimhneodh Seán buí ná bán ar roinnt dosna heachtraithibh, agus dá dtéadh sé amú sa scéal – rud ab annamh dó – is í a chuireadh ar an mbóthar cheart arís é’ (Ó Conaill

agus Ó Duilearga 1977, xix). Tharla sé seo in amanna i dtaithí an Bhúrcaigh chomh maith. I gcás Phádraig Uí Ioláin as an Ghort Riabhach, a raibh an chuimhne ag teip air, bhí liosta ag a bhean chéile de na scéalta a bhíodh á n-insint aige dóibh sa teach agus bhaineadh sí úsáid as seo chun na scéalta a mheabhrú dó (CBÉ 689, 208-209). D'fhéadfadh páistí an scéalaí cur leis an ócáid trí na scéalta a thaitin leo féin a mheabhrú don fhear inste chomh maith, mar a tharla i gcás Mhíchíl Uí Shomacháin i gCill Bhríde, a raibh ochtar páistí aige: 'Fear mór scéalta [é] Mícheál agus rud eile de, tá muirín mór air agus is cosúil go mbíodh sé ag inseacht na scéalta dóibh, mar chomh luath agus a bhíodh scéal inste aige bhíodh cuimhnithe ar cheann eile ag an gclann' (CBÉ 500, 6). Lá eile dá raibh Proinsias ar cuairt chuig Mícheál, bhí an chuimhne ag cliseadh ar an scéalaí, ach tháinig mac leis isteach 'agus bhí sé sin ag cur na scéalta ina chluasa' (CBÉ 343, 101). I nóta a bhreac Seán Mac Giollarnáth in aice leis an scéal 'An tÁbhar Sagairt', a bhailigh sé ó Mhícheál Breathnach, thug sé le fios gur mhór an chabhair é mac Mhíchíl Bhreathnaigh, Pádraig, a bheith i láthair nuair a bhíodh sé ag bailiú ó Mhícheál, mar go meabhródh sé scéalta dá athair nach raibh inste aige go fóill (Mac Giollarnáth 2017). Cé gurbh fhurasta a shamhlú gurbh iad an scéalaí agus an bailitheoir *dramatis personae* na hócáide bailithe, mar sin de, is léir ó chuntais den chineál seo go mbíodh ról lárnach ag baill eile an tí agus an teaghlaigh maidir le rath na hócáide bailithe, go minic.



Mícheál Ó Somacháin, Cill Bhríde, An Fhairche, c. 1937
Grianghrafadóir: Séamus Ó Duilearga. CBÉ M003.01.00113

2.8 ‘Ní raibh aon mhaith ag bean an tí gur ól muid tae’: Fáilte agus Flaithiúlacht

Is traidisiún é bailiú an bhéaloidis a bhfuil a leanúnachas stairiúil féin aige, ionas nach féidir i ndairíre obair an bhailitheora a thuiscint mar ghníomhaíocht atá neamhspleách ar an traidisiún béil féin. I gcás na scéalta fada béaloidis go háirithe, dar le Brennan Harvey gur mhinic gurbh iad na bailitheoirí an *raison d'être* dá gcur i láthair: ‘The collectors “keep it all going” and provide various social incentives – formally and informally – for people to tell “the old stories”’ (Harvey 1992, 49). B’annamh a d’fhéadfaí luí isteach ar an scéalaíocht lom láithreach ar theacht isteach i dteach, go háirithe nuair a bhítí ag bailiú ó dhuine den chéad uair. Ba ghá an nuacht agus cúrsaí an tsaoil a chardáil le muintir an tí i dtosach báire ar mhaithe leis na scéalaithe agus muintir an tí a chur ar a gcompond: ‘Bíonn seandaoine mar sin ag iarraidh nuacht na háite ó dhuine ar bith a thioctas isteach’ (CBÉ 689, 208). ‘Seanchas’ an téarma a d’úsáid an Búrcach don réamhchaint seo a dhéantaí roimh insint na scéalta agus ba ghné riachtanach den phróiseas bailithe é: ‘chuamar ar an seanchas go ceann tamaill, ag caint faoi chuile shórt a bhain leis an aimsir agus leis an saol agus ag rá go raibh sneachta air. Faoi dheireadh thosaíomar ar na scéalta’ (CBÉ 343, 64). Míníonn Tomás Ó Broin gur ghné riachtanach den ócáid scéalaíochta í an réamhchaint chéanna: ‘Mar thús ar an gcomhrá, b’fhéidir go dtarnóchaí anuas ábhar fánach, an aimsir nó an talamh nó cúrsaí an lae, ach ní bheadh sé i bhfad go ndúiseodh duine éicínt sean-scéal’ (Ó Broin agus Ó Dúgáin 1955, xxiv). Scríobh an Duileargach faoin chéad chuairt a thug sé ar an scéalaí Pádraig Ó Murchú as Béarra: ‘Well, of course, following Irish and oriental custom, we first talked of many things which had no bearing on the purpose of my visit – the weather, the price of cattle, the wet harvest, politics, but eventually we came down to business’ (Ó Murchú et al. 1996, xviii). Ba ar an saol comhaimseartha, cúrsaí spóirt nó an dara cogadh domhanda mar shampla, a bhíodh aird na scéalaithe féin go minic. Ba ar an choraí iomráiteach Danno O’Mahoney agus ar an chogadh cathartha a bhí ag titim amach sa Spáinn ba mhian le Mícheál Ó Loideáin as Seanbhaile Chathail a bheith ag caint (CBÉ 500, 18); agus theastódh roinnt ama ‘le píosa cainte a dhéanamh faoin gcogadh agus faoi chúrsaí an tsaoil fré chéile’ ó Sheán Mac Aodhgáin i nGleann Gabhla, Uachtar Ard: ‘Nuair a bhí an saol curtha tríd a chéile againn agus an cogadh thart thosaíomar ar an seanchas [.i. an scéalaíocht]’ (CBÉ 689, 261).

Mar aon leis an chomhrá faoi chúrsaí an tsaol, gné lárnach eile de phróiseas an bhailithe ab ea an tae: ba mhinic a chuirtear tae ar fáil don bhailitheoir nuair a thagadh sé ar cuairt isteach i dteach áirithe. Thug an Búrcach an cur síos seo a leanas ar oíche a chaith sé i dteach Mhíchíl Uí Shomacháin i gCill Bhríde, ag bailiú scéalta ó fhear an tí:

Ní raibh aon mhaith ann nó go bhfanfainn le [haghaidh] tae. B'éigean dom suí síos agus fanacht ansin nó gur réitigh bean an tí tae dúinn. D'ól muid an tae agus shuíomar ag an tine ag caint agus ag comhrá nó go raibh sé tar éis an dó dhéag. (CBÉ 500, 7)

Is léir gur chuid riachtanach den oíche é an comhrá a bhí mar bhunús leis an chleachtas seo agus níl amhras ach gur chothaigh an tae an caidreamh idir an bailitheoir agus muintir an tí i gcoitinne; murarbh ionann is an próiseas bailithe féin, bhronntaí cead cainte ar bhaill eile an teaghlach le linn an bhéile seo. Tugann uí Ógáin suntas don chur síos a dhéantar ar dheasghnáth sóisialta an tae i ndialanna Michael J. Murphy:

This social ritual helped informants to get to know the collector and offered an opportunity for any suspicions they might harbour about him to be allayed. They would then feel more relaxed in the collector's presence and more at ease when the collecting of formal aspects such as tales or songs got under way. (uí Ógáin 2000, 170)

Tá coincheap na haíochta tábhachtach sa chomhthéacs seo, mar a mhíníonn uí Ógáin, mar gur dócha go raibh tionchar nach beag ag an fháilte a fuair an bailitheoir i dtithe áirithe ar an líon béaloidis a bhailigh sé sa teach áirithe sin (uí Ógáin 2000, 170). Cé go mbíodh an Búrcach breá buíoch tae a fháil tar éis na hoibre go minic, chonacthas dó níos minice ná a mhalairt gurbh ionann an tae céanna agus 'útamáil' a sheas idir é féin agus a chuid oibre. Dúirt sé faoi theach Sheáin agus Mháire Mhic Aodhgáin in Uachtar Ard, mar shampla, go raibh:

na scéalta agus an t-eolas le fáil sa teach seo ceart go leor ach go raibh go leor cainte sa teach, agus rud eile de, déantar tae faoi dhó an fhad agus [a] bhíos duine ansin agus tógann sé go leor den am mar níl aon mhaith ann nó go n-óltar tae. (CBÉ 689, 94-95)

Scríobh sé faoi chuairt a thug sé ar Phádraig Ó hIoláin ar an Ghort Riabhach in Eanáir 1939, go raibh 'an t-am dá chaitheamh gan an obair á déanamh' mar gheall gur ghá dóibh tae a ól agus is léir nár mhó ná sásta a bhí an bailitheoir féin faoi seo (CBÉ 689, 174-175). Is cinnte gur léargas sa bhreis é seo ar an fhuadar chun bailithe a bhíodh ar an Bhúrcach in amanna agus ar an fhrustrachas a thagadh air nuair nach n-éireodh leis líon sásúil ábhair a thaifeadadh ar ócáid ar leith. D'fhéadfaí boirbe agus easpa

comhbhá a chur i gcoinne an Bhúrcach agus ráitis den chineál seo á meas de réir thuiscintí an chultúir dhúchais sa lá atá inniu ann, ach is cinnte gur eascair frustrachas an fhir bhailithe ón bhrú mór a bhí air ábhar béaloidis a sheoladh chuig ceannoifig an Choimisiúin ar bhonn rialta. Faightear mórán samplaí sna dialanna den easpa misnigh a bhíodh ar an Bhúrcach nuair nach mbíodh rath ar a iarracht ábhar ‘ceart’ a chnuasach: ‘Ní raibh mé sásta [ar] chor ar bith mar bhí an mí-ádh ceart orm agus d’fhill mé abhaile gan blas déanta’ (CBÉ 343, 151).

Is féidir a áiteamh go dtagann ceist na hinscne chun cinn i gcuntais den chineál seo freisin. B’ionann an chistin agus fearann na mban sa tsochaí seo agus ba ar bhean an tí a thit an dualgas an tae a réiteach. Mar a nótáil an Búrcach faoi oíche a raibh sé ar cuairt chuig Pádraig Ó Driscín i nDúros: ‘Rinneadh braon tae dom féin agus don tseanfhear agus bhí píosa mór cainte agam leis faoin tseansaol’ (CBÉ 343, 178). D’ainneoin go ndéantaí freastal den chineál seo ar an bhailitheoir agus ar an scéalaí féin le linn na n-ócáidí seo, chuir an Búrcach in iúl in amanna nár láthair fhóirsteanach é fearann na mban do bhailiú an bhéaloidis. Lá dá raibh súil aige ábhar a bhailiú ó Mháire de Búrca, bhí sí ‘ag dul anonn agus anall ag réiteach do na fir oibre a bhí aici ag cur isteach an fhéir’, rud a chuir bac ar Phroinnsias ábhar a thairfeadh uaithe (CBÉ 689, 54). Dar le Brennan Harvey, chuir cúraimí na mban bac orthu ó bheith chomh rannpháirteach céanna leis na fir sa traidisiún scéalaíochta: ‘The preoccupation of women with their domestic responsibilities has been posited as one of the factors limiting their opportunities to hear and to learn new tales, and thus to participate more actively in the tradition’ (Harvey 1992, 12). Tugann Ó Laoire suntas don ghníomhaíocht sheasta a bhí mar bhunús le hobair na mná tí sa chur síos a dhéanann sé ar thráthnóna amháin a raibh Seán Ó hEochaidh ag bailiú béaloidis i dteach Anna Ní Eigheartaigh (Ó Laoire 2017, 127-128). D’ainneoin gur léir don bhailitheoir gur chuir Anna suntas mór sna scéalta a bhí á n-insint ag a deartháir, chuir a ról mar óstach bac uirthi scíste a ligean agus éisteacht ar a suaimhneas: ‘it is obvious that men had leisure to narrate, or listen, while women continued to work and, if they did enjoy listening to stories, they were still always occupied with some other task as well. The idea that “a woman’s work was never done” is borne out clearly’ (Ó Laoire 2017, 128).

Ba nós leis an Bhúrcach bronntanais bheaga a bheith ar iompar aige le bronnadh ar na scéalaithe a ndeachaigh sé ar cuairt chucu. Ba mhinic a cheannaíodh sé píosa tobac dóibh siúd ar thaitin sé leo agus dá mbeadh sé ag dul isteach i dteach ina raibh páistí

ann bhíodh milseáin aige le dáileadh amach orthu. Bhíodh buidéal beag fuisce ar iompar aige go minic agus bhíodh cúpla deoch aige féin agus ag an scéalaí: ‘Thug mé braon as an mbuidéal don tseanbhuachaill agus bhí milseáin agam do na gasúir’ (CBÉ 689, 175). B’iomaí scéalaí a mheall an Búrcach chun insinte trí bhraon den ‘stuif cruu’ a thabhairt dóibh. I gcás scéalaí amháin, cheannaigh an bailitheoir leathghalún leanna dó mar ‘nach raibh aon mhaith leis gan [é] a dhéanamh leathólta’ (CBÉ 343, 282-283). Tugann flaithiúlacht an Bhúrcaigh leis na scéalaithe féin agus le muintir an tí i gcoitinne léargas den scoth dúinn ar an nádúr a bhí ann mar dhuine agus ar an chómhartaíocht a bhí mar bhunús le ceird an bhailitheora. Trí bhronntanas dá chuid féin a bhronnadh ar na scéalaithe, d’fhéadfadh an bailitheoir a bheith ag dréim go ndéanfadh siadsan a ndícheall tacú leisean. Anuas air sin, is dóichí ná a mhalairt gur chuir an t-alcól agus an tobac dea-ghiúmar ar na scéalaithe agus gur spreagadh chun insinte iad gan mórán moille. Ag cur síos do Dhubhghlas de hÍde ar a thaithí bailithe féin i gConnachta ag deireadh an naoú haois déag, thug sé le fios gur trí ‘Half a glass of *ishka-baha*, a pipe of tobacco, and a story of one’s own’ a bhronnadh ar scéalaithe a d’éireodh leis iad a mhealladh chun insinte (Hyde 1890, xlvi). Thug an Duileargach le fios go raibh dea-thionchar ag an bhíotáille ar Mhícheál Breathnach an Mháma, an chéad uair ar bhailigh sé scéalta uaidh: ‘I brought him to the local pub first and stood him two whiskis [*sic*], which did him a lot of good. A very fine speaker and storyteller. Gave him also some tobacco’ (CBÉ 286, 6).

Ag trácht dó ar thaithí Sheáin Uí Eochaidh ag bailiú béaloidis sna Cruacha Gorma, míníonn Ó Laoire go raibh an chómhartaíocht mar bhunús le caidreamh an bhailitheora sin lena chuid faisnéiseoirí (Ó Laoire 2013). Dhéanadh an bailitheoir a mhaith ar na scéalaithe agus ar a gclanna nuair a gheobhadh sé an deis, trí shíob a thabhairt dóibh nó trí chabhrú leo ar bhealach éigin eile, lena bhflaithiúlacht a chúiteamh leo agus iad ag bronnadh a gcuid ama agus a gcuid saineolais chultúrtha airsean (Ó Laoire 2013, 83). Tá fianaise den chaidreamh cómhartaíochta a bhí idir an bailitheoir agus a chuid faisnéiseoirí ní hamháin sna bronntanais bheaga a bhronnadh Proinsias ar na scéalaithe ach sna garanna a dhéanadh sé dóibh chomh maith. Ba mhinic a bhíodh na scéalaithe i mbun oibre nuair a thagadh an Búrcach a fhad leo, go háirithe i rith mhíonna an tsamhraidh; thuig an Búrcach nach bhféadfaí cur isteach ar an obair agus d’ofráileadh sé lámh chúnta. B’amhlaidh an scéal lá dá ndeachaigh an Búrcach a fhad le Seán Ó Giobaláin i gCill Dhuinn, Conga, áit a raibh an scéalaí ag

déanamh coca féir amuigh sa ghairdín: ‘Chaith mé díom mo chasóg agus thosaigh mé ag déanamh an fhéir leis, mar bhí a fhios agam go maith nach raibh aon ghar agamsa tadaí a dhéanamh nó go mbeadh an féar déanta’ (CBÉ 343, 209-210). Ó tharla nach raibh carranna rófhairsing sa cheantar seo sna 1930dí, tharlaíodh sé in amanna go n-iarradh scéalaí áirithe ar Phroinnsias síob a thabhairt dó: ‘Lá saoire a bhí ann agus tháinig ceann de na seanchaithe chugam ag iarraidh orm [é] a thabhairt go dtí áit agus ó bhí mé faoi chomaoin aige b’éigean liom dul leis’ (CBÉ 343, 173). Nuair a tháinig Liam Ó Dúiche, dlúthchara leis an Bhúrcach ar bhailigh sé riar mór scéalta agus seanchais uaidh thar na blianta, chomh fada leis lá ag iarraidh air síob a thabhairt dó go Tuaim chun go bhfeicfeadh sé a iníon a bhí buailte tinn, thoiligh an bailitheoir é sin a dhéanamh ar an phointe boise mar go raibh go leor scéalta faighte aige ó Liam (CBÉ 343, 248).

Ina chuid taighde ar chuntais chín lae an bhailitheora Nioclás Breathnach i mBreac-Ghaeltacht na nDéise idir 1935-1937, aithníonn John Walsh gur fheidhmigh an té sin ‘mar idirghabhálaí idir an pobal ar de é agus an tionscadal stáit a raibh sé d’aidhm aige béaloideas an phobail sin a thairfeadh agus a chaomhnú’ (Walsh 2016, 424). Is féidir a mhacasamhail a rá faoin Bhúrcach agus tá stádas seo an bhailitheora le tabhairt faoi deara go háirithe sna hachainíocha a rinne sé ar son na scéalaithe ó am go chéile. Siocair nach raibh léamh ná scríobh ar a gcumas ag mórán de na scéalaithe, scríobhadh Proinnsias litreacha ar a son go minic.¹² Bhí sé de rún ag Tomás Ó Cadhain, scéalaí óg an Chnoic Bháin, dul isteach sna gardaí agus scríobh an Búrcach chuig an Duileargach ag iarraidh air tacú le cás an ógfhir (Comhfhreagras 20 Aibreán 1936). Sa chuntas dialainne a bhreac sé ar an 12 Nollaig 1935, thug an Búrcach le fios go raibh an bád bán ag bagairt ar an Chadhnach óg muna n-éireodh leis san iarracht sin: ‘sé mo bharrúil go bhfuil sé ag cuimhneamh ar imeacht go Sasana agus má imíonn cuireann [sé] sin deireadh leis na scéalta’ (CBÉ 343: 43-4). D’fheidhmigh Proinnsias mar idirghabhálaí idir na scéalaithe agus an Stát arís eile nuair a scríobh sé chuig an Duileargach ar son Mhíchíl Uí Loideáin as Seanbhaile Chathail, a raibh teach nua de dhíth go géar air:

Tá drochttheach agus rí-dhrochttheach ag Mícheál Ó Loideáin agus níl aige ach acra talún agus tá sé an-bhocht. Tá sé féin agus a bhean agus

¹² Níorbh annamh le bailitheoirí cúraimí den chineál seo a chomhlíonadh do na scéalaithe: chuidigh an bailitheoir amhrán Séamus Ennis le Colm Ó Caodháin as Glinsce foirmeacha rialtais a líonadh, mar shampla (Ennis agus Uí Ógáin 2007, 159).

a bheirt mhac sa teach. Fear an-deas é agus scéal ar bith atá aige tabharfaidh sé uaidh é. Meas tú arbh fhéidir aon cheo a dhéanamh dó? (Comhfhreagras 03/04/1937)

Rinne sé amhlaidh do Liam Ó Dúiche, nuair a bhí deontas á lorg aigesean do theach nua (Comhfhreagras 5/6/1936). Mar a tharla, bhí aithne agus mórmheas ag an Duileargach ar na scéalaithe seo agus thoiligh sé cuidiú leo. I dtaca le hiarratas Thomáis Uí Chadhain, sheol an Duileargach freagra ar ais chuig Proinnsias ag míniú dó go seolfadh sé litir chlúdaithe chuig an Roinn rialtais cuí ar a shon: ‘I am most anxious to help him because he was so decent in helping you with your work and naturally he is not under any compliment to me’ (Comhfhreagras 25/03/1936). Ar an drochuair, níor éirigh leis an iarracht seo (Comhfhreagras 20/04/1936). Sheol an Duileargach an freagra seo chuig Proinnsias i dtaca le Liam Ó Dúiche:

Do labhraíos an lá faoi dheireadh le duine áirithe anseo i dtaobh an tí úd a bhí á thógáil ag Liam Ó Dúiche, Baile an Tobair. Dheineas mo dhícheall sa chás agus tá súil agam go socrófar an scéal dó. Inis é sin dó le’ thoil. (Comhfhreagras 06/06/1936)

Meabhraíonn fianaise den chineál seo an deighilt a bhí idir an bailitheoir agus ‘lucht na scéalta’ ó thaobh stádais agus pribhléide de, go minic. Ina ainneoin sin, is léir gur tuigeadh an deighilt seo don Bhúrcach agus gur bhain sé leas as a ghradam mar fhostaí in eagraíocht stáit chun a bhflaithiúlacht a chúiteamh leis na scéalaithe nuair a d’fhéadfadh sé é sin a dhéanamh. Tá comhbhá an bhailitheora lena mhuintir féin le haithint go tréan sa chuntas a thug sé ar bhó bhainne le Liam Ó Dúiche a bhí i mbaol báis:

Fear bocht é Liam Ó Dúiche nach bhfuil tadaí lé roic aige ar an saol seo, ag duine bocht mar sin bíonn an oiread suim beagnach i mbó bhainne agus a bhíos i nduine, go mór mór an áit a bhfuil muirín lag. ‘Séard a déarfais siad leat faoi bhó “Sí an rud is gaire don duine í” (CBÉ 689: 299-300)

Chuaigh Proinnsias go dtí an Fhairche le purgóid a fháil don bhó mar go raibh an cúnadh sin ‘dlite amuigh’ ag Liam, ó tharla gurbh ‘iomaí uair a tháinig sé le scéalta agus seanchas a inseacht dom cébí cruóg a bhíodh air’ (CBÉ 689: 300). Cailleadh an bhó taobh istigh de chúpla lá, mar sin féin.

2.9 Ceangal

Ón anailís a dhéantar sa chaibidil seo ar thaithí bailithe Phroinnsias de Búrca i nDúiche Sheoigheach sna blianta luatha dá chonradh mar bhailitheoir lánaimseartha le

Coimisiún Béaloideasa Éireann, tagann sé chun solais go raibh tionchar láidir ag dearcadh an bhailitheora maidir le cultúr béil a cheantair dhúchais ar na tuiscintí a d'fhorbair sé faoi chéard ba bhéaloideas “fiúntach” ann sa tréimhse áirithe seo. Cé nach ndeachaigh an Búrcach i bhfad scéil leis na sonraí comhthéacsúla a mbeifí ag súil leo i ndialanna na mbailitheoirí, faightear léargas cuimsitheach ina chuntais chinn lae ar ghnéithe tábhachtacha den bhailiúchán a thiomsaigh sé ina cheantar dúchais. Cuireann na cuntais seo ar ár súile dúinn an brú agus an frustrachas a bhain le ceird an bhailitheora nuair a bhíodh ag teip air a chuid oibre a chur i gcrích go sásúil, ar chúis amháin nó ar chúis eile. Ar an dul céanna, is sna dialanna a fhaightear léargas ar an sásamh agus ar an luach saothair a bhí le fáil ón obair bhailithe nuair a d'aimseodh an bailitheoir na cúinsí taifeadta cuí. Léirítear fosta an dlúthchaidreamh a d'fhorbair an bailitheoir le scéalaithe áirithe agus an ról tábhachtach a d'imir siadsan agus a dteaghligh i dtiomsú an bhailiúcháin a mhaireann anois mar an taifead is cuimsithí atá againn de thraidisiún scéalaíochta Dhúiche Sheoigheach.

Is furasta dúinn an easpa ionadaíochta a thug an bailitheoir seo do ghnéithe áirithe de chultúr béil Dhúiche Sheoigheach a thuiscint mar laigí sa lá atá inniu ann, ar ndóigh, agus an bailiúchán seo á iniúchadh againn le súil chriticiúil agus le teoiricí béaloidis a bhfuil forbairt mhór tagtha orthu le tamall de bhlianta anuas. Mar gheall ar neamhshuim an bhailitheora i ghnéithe ar leith den chultúr béil, ní bhfuair lucht a n-insinte an t-ardán ba dhual dóibh, go minic. Ceadáíonn an t-amharc criticiúil dúinn na gnéithe is láidre de chnuasach luath an Bhúrcaigh i nDúiche Sheoigheach a aithint chomh maith céanna, mar sin féin. Mar gheall ar an tsuim ollmhór a chuir an Búrcach sna scéalta draíochta agus mar gheall ar an dlúththuiscint a bhí aige ar an seánra seo go sonrach, tá bailiúchán scéalta den scoth againn ón cheantar seo a thugann léargas suaithinseach dúinn ar a bheo is a bhí an scéalaíocht i measc ealaíontóirí béil na dúiche seo sna 1930dí. Is féidir a áiteamh gur mar gheall ar chur amach an Bhúrcaigh ar nádúr na scéalaíochta mar a bhí sí á cleachtadh go comhaimseartha ina cheantar dúchais féin a sheasann an bailiúchán seo amach ó thaobh na scéalta draíochta de go sonrach, cé go mb'fhéidir nach dtugtar an ionadaíocht atá dlite dóibh do ghnéithe eile den chultúr béil. Sa chéad chaibidil eile, fiosraítear tábhacht an scéil dhraíochta i nDúiche Sheoigheach agus déantar múnla anailíse a fhorbairt a chuirfeas ar ár gcumas mionanailís a chur i bhfeidhm ar rogha de na scéalta seo.

Caibidil 3

Scéalta Draíochta na Dúiche

Respect for the tacit pact made by all those who have perpetuated the memory of the single fairy tale, both in the oral and written contexts, allows for the preservation of a piece, small or large, of that often extremely fragile mosaic that is the identity of a human community.¹

3.1 Réamhrá

Sa chaibidil seo, féachtar leis an cheangal idir comhthéacs cultúrtha Dhúiche Sheoigheach agus cnuasach béaloidis Phroinnsias de Búrca a dhaingniú trí na scéalta draíochta a bhailigh an Búrcach i mbailte fearainn ar leith i nDúiche Sheoigheach a shuíomh sa chomhthéacs cultúrtha áitiúil. Is í an aidhm atá leis an phlé seo ná léargas a fhorbairt ar an tóir a bhí ar an scéal draíochta i measc scéalaithe sa limistéar seo. Ag deireadh na caibidle, déantar múnla anailíse a fhorbairt a réiteoidh an bealach le hanailís shoch-chultúrtha a chur i bhfeidhm ar rogha eiseamláireach de na scéalta draíochta a bhailigh an Búrcach ó scéalaithe a raibh suim agus scil ar leith acu in insint an chineál scéil seo.

3.2 Feidhm na Fantaisíochta: Ról an Scéil Dhraíochta sa Chomhphobal

Mar a pléadh i gCaibidil 1, tá an bhéim ag athrú ó “théacs” go dtí “próiseas” i léann an bhéaloidis le fada an lá. Sainghné den athrú béime seo is ea go ndíríonn scoláirí béaloidis na linne seo aird nach beag ar an ról a chomhlíonann an cultúr béil sa phobal comhaimseartha. Bhí tuiscint ghrinn ag Tomás Ó Máille ar an fheidhm atá ag an ealaín bhéil agus ag an traidisiún scéalaíochta, go sonrath, sa chomhphobal. Ag scríobh dó in *An Stoc* i Meitheamh, 1926, dúirt sé faoi sheanscéalta Chonnachta go raibh ‘maith éigin iontu nó ní sheasfaidís an fhad seo’ (Ó Máille 1926b, 4). Is ráiteas é seo a léiríonn tuiscint an Mháilligh ar a riachtanaí is a bhí sé go nglacfaí leis an ealaín bhéil de réir shlata tomhais an phobail chun go mairfeadh sí beo i dtimpeallacht chultúrtha ar leith. Gné eile d’fheidhm na healaíne béil ar dhírigh an Máilleach aird uirthi ina chuid scríbhneoireachta is ea ábaltacht uathúil an scéalaí domhan fantaiseach a chur os comhair a lucht éisteachta trí mheán an fhocail:

¹ Vito Carrassi, *The Irish Fairy Tale: A Narrative Tradition from the Middle Ages to Yeats and Stephens* (2012, 190).

Nuair a bheifeá ag éisteacht leis an scéal a d'inseodh [scéalaí an rí] shílfeá go mba léir duit le do shúile gach a mbeadh sé ag cur síos air idir ghníomh agus iontas. Shílfeá go mbeifeá ag éisteacht leis na daoine ag caint le chéile agus go mbeifeá ag breathnú orthu de réir mar a bheadh seisean ag cur síos orthu. Shílfeá go bhfeicfeá na héadaí agus gléas a bheadh orthu. Shílfeá go bhfeicfeá an aghaidh a bhéarfaidís ar a chéile nuair bheidís ag caint, dá mba aghaidh charaid í nó aghaidh namhad. De bhua na scéalaíochta a bheith in ann scéal a insint ar an mbealach sin, agus ní gach uile dhuine atá in ann a dhéanta. Níor mhór do dhuine an scéalaíocht a bheith de cheird aige sula mbeadh sé in ann a cheapadh amach ar an gcaoi sin. (Ó Máille 1918a, 4)

De réir na tuisceana seo, ba phearsa é an t-ealaíontóir béil a cheadaigh dá lucht éisteachta éalú ó leimhe agus ó liostacht an tsaoil laethúil ar feadh thréimhse an scéil. Ar ndóigh, tá an ionramháil a dhéanann an scéalaí ar an teanga riachtanach i gcruthú domhan “eile” seo na fantaisíochta. Mar a deir Louis de Paor agus ceird na scéalaíochta faoi chaibidil aige: ‘Oibríonn samhlaíocht an scéalaí sa spás idir an saol nithiúil agus múnlaí a theanga dhúchais, idir focail agus na nithe a thuigtear a bheith i gceist leo de réir nósmaireachtaí aitheanta’ (de Paor 1998, 9). Tá bua an fhocail agus cumas an scéalaí múnlaí traidisiúnta na béalairachta a chur in oiriúint dá stíl, dá phearsantacht agus dá lucht éisteachta féin an-ábhartha sa chomhthéacs seo: ‘cóirítear guth an scéalaí as stóras fairsing foirmlí agus téamaí nósúla a bhfágann sé/sí a c(h)ló féin air sa tslí go gcloistear guth comóna an traidisiúin agus guth an scéalaí ag labhairt as béal amháin i gcaitheamh an scéil’ (de Paor 1998, 12).

Is beag an t-ionadh é go raibh meas thar an choitiantacht orthu siúd a raibh bua na scéalaíochta acu i nDúiche Sheoigheach i dtús an fichiú haois, óir is é bun agus barr na ceirde seo go gcuirtear mórcheisteanna saoil an duine i bhfocail ar bhealach taitneamhach, tuisceanach, a spreagann domhainmhachnamh ag an am céanna. Tá éalúchas na fantaisíochta go mór chun cinn i dtuiscint Jack Zipes ar cheird an scéalaí; maíonn Zipes go cuirtear an saol i láthair i scéalta béaloidis mar phróiseas míorúilteach ar féidir é a athrú chun an easpa cumhachta, maoine agus sásaimh a ghoilleann ar an ghnáthdhuine a chúiteamh:

Lack, deprivation, prohibition and interdiction motivate people to look for signs of fulfilment and emancipation. In the wonder tales, those who are naïve and simple are able to succeed because they are untainted and can recognize the wondrous signs. They have retained their belief in the miraculous condition of nature and revere nature in all its aspects. They have not been spoiled by conventionalism, power, or rationalism. (Zipes 2006, 51)

De réir na tuisceana seo, seasann laoch nó banlaoch an scéil dhraíochta mar ionadaí an ghnáthdhuine sa phobal; tugann a g(h)níomhartha gaisciúla siúd misneach don éisteoir gur féidir leis an té is mó atá buailte faoi chois éirí in airde, ach dóchas a choinneáil i bpróisis chlaochlaithe nádúrtha an tsaoil. Is maith mar a dhéanann Bengt Holbek cur síos ar fheidhm seo na fantaisíochta:

The tales were escape fantasies in which wrongs were righted and the poor and powerless justly recognized for their true worth. They thus kept alive a keen sense of justice and rightness [...]. They depicted a true world, i.e., the world as it should be. (Holbek 1987, 406)

Tá acmhainn an scéalaí réaltacht mhalartach a chur ar a súile dá lucht éisteachta le haithint sa chuntas a thug Stith Thompson ar scéal draíochta a d'inis Mícheál Breathnach an Mháma dó le linn dó a bheith ar cuairt sa cheantar sin le Séamus Ó Duilearga: '[the tale] was worked out with the greatest elaboration. Every situation was dramatized, conversations were given in full, and every character properly visualized [...]. The wonder that immediately strikes the hearer is the careful elaboration of the narrative' (Thompson 1938, 55). Mar a phléifear go mion amach anseo, tá an t-éalúchas le brath go háirithe sa léargas a fhaightear ar an choimhlint idir na haicmí sna scéalta seo agus is beag an t-ionadh é go bhfreagraíonn mianta an laoch, laistigh d'fhearann fantaiseach an scéil, do mhianta a shamhlaítear leo siúd atá faoi smacht réimis chumhachtaigh d'aon chineál.

De réir mar a bhíonn grúpa daoine ag maireachtáil i réigiún ar leith, déantar na nósanna atá ábhartha don ghrúpa a chothú go leanúnach trína gcur i láthair i múnlaí éagsúla scéalaíochta, d'fhonn saol na ndaoine a dhaingíú agus d'fhonn luachanna an ghrúpa a chur ar aghaidh go dtí an ghlúin óg, ionas go mbuanófar an córas creidimh (Zipes 2006, 230). Chuige sin, is féidir nasc a tharraingt idir na dúshláin a bhíonn le sárú ag laoch/banlaoch an scéil dhraíochta agus dúshláin réadúla a bhí le sárú ag baill an phobail agus iad ag maireachtáil sa limistéar sin. Tá an cinneadh a dhéanann an scéalaí scéal ar leith a chur i láthair an-ábhartha sa chomhthéacs seo, mar go nglactar leis go bhfuil dlúthcheangal idir siombailí fantaiseacha an scéil dhraíochta agus domhan iarbhír an scéalaí agus a lucht éisteachta:

the contents of the tales are related to the living conditions of the narrators and their audiences. When applied to the "marvellous" elements of the fairy tales, this leads to the theoretical premise that *all such elements refer to features of the real world as experienced by members of the storytelling communities*. (Holbek 1987, 408-409)

Ní hionann an plé a dhéantar ar cheisteanna saoil éagsúla i ngach scéal draíochta ar ndóigh: braitheann na teachtaireachtaí a chuirtear i láthair in aon insint ar bhunstruchtúr an scéil féin. Ó tharla go gcuirtear carachtair, téamaí agus móitífeanna éagsúla i láthair ó scéal go scéal, ní mór na siombailí fantaiseacha a fhaightear sna hinsintí éagsúla a scaoileadh chun tábhacht an scéil sa chomhthéacs soch-chultúrtha a thabhairt chun solais.

Cé go dtarraingíonn reacairí ar an stór téamaí, móitífeanna agus carachtar a thagann anuas chucu le hoidhreacht ón traidisiún béil dúchasach, ní hionann sin is a rá go bhfuil siad go hiomlán faoi smacht an traidisiúin ina bhfuair siad a n-oiliúint. Dar le hAnnikki Kaivola-Bregenhøj, is annamh a ghlacann scéal gnáthfhoirm dhaingean mar go mbíonn ar chumas an reacaire mionsonraí a chur isteach agus a bhaint amach de réir mar a chuirtear an insint in oiriúint don lucht éisteachta (Kaivola-Bregenhøj 1996, 20). Ní mór gach scéal béaloidis a thuiscint mar chruthúchán cultúrtha uathúil dá bhrí sin, a bhfuil dlúthcheangal idir é agus an timpeallacht chultúrtha lena mbaineann sé agus leis an té a chuir i bhfocail é. Mar a deir Henry Glassie:

You live in a cultural environment, and the air you breathe circulates through you to emerge in actions that are yours alone but can be called traditional because you created them out of the general experience of life in some place. (Glassie 1993, 528)

Is tuiscint í seo a chuir Linda Dégh chun cinn ina staidéar ceannródaíoch ar scéalaithe agus a gcuid scéalta i bpobail thraidisiúnta san Ungáir, áit ar mheabhraigh sí nach mór pearsantacht, cúinsí sóisialta agus taithí saoil an reacaire a chur san áireamh agus iniúchadh á dhéanamh ar scéal:

The narrator weaves his own person into the tale, he imparts his own point of view when he tells the tale. His own fate is involved in all the situations of the tale; he identifies himself with the tale action; and he interprets all the life expressions of his people. Every narrator does this, but the means depend on his personality. (Dégh 1989, 182)

Léiríonn an staidéar atá déanta ar scéalaithe aonair agus ar a gcuid scéalta go nuige seo go raibh tionchar láidir ag pearsantacht an scéalaí ar a chaidreamh leis an traidisiún. Sa chur síos a dhéanann Cathal Póirtéir ar an sárscéalaí Micí Sheáin Néill as Rann na Feirste, Tír Chonaill, mar shampla, tugann sé suntas do dhílseacht Mhicí do na scéalta a tháinig anuas chuige le hoidhreacht (Póirtéir 1993, xviii). Aithníonn Póirtéir, mar sin féin, go raibh stíl Mhicí mar scéalaí bunaithe ar a phearsantacht féin agus ar an tuiscint a bhain seisean, mar ealaíontóir cruthaitheach, as traidisiún béil a

mhuintire (Póirtéir 1993, xviii). Ag déanamh cur síos dó ar Éamon a' Búrc as Carna, Co. na Gaillimhe, is maith mar a aithníonn Peadar Ó Ceannabháin a éifeachtaí is a bhíonn pearsantacht an scéalaí, chomh maith lena acmhainn chruthaitheach, ar an chraiceann a chuirtear ar chnámha an scéil:

Nuair a insíonn sé scéal, go mór mór na scéalta fada gaisce, bíonn a phearsantacht féin brandáilte ar an scéal ón tús [...] Éiríonn leis an mBúrcach, é féin agus an scéal, chomh maith leis an lucht éisteachta, a nascadh le chéile ar chomhfhuaim – tréithe a chuireann ina luí orainn gur fíorcheardaí mothaitheach a bhí ann. (Ó Ceannabháin 1983, 17-18)

Gné bhunaidh de cheird an scothscéalaí is ea an lorg pearsanta seo a fhágann sé ar an insint, maille leis an dáimh láidir a bhíonn aige le príomhphearsa an scéil. Agus na scéalta draíochta a bhailigh an Búrcach i nDúiche Sheoigheach á scagadh mar sin de, is fiú aird a dhíriú ar na scéalta ba mhó a raibh tóir orthu i measc na scéalaithe, mar go nglacaimid leis go nochtann an t-éileamh a bhí ar charachtair agus ar mhóitífeanna áirithe eolas tábhachtach faoi fheidhm agus faoi thábhacht an mhúnla reacaireachta seo i gcomhthéacs cultúrtha an cheantair i gcoitinne.

3.3 An Scéal Draíochta i nDúiche Sheoigheach: Cnuasach an Bhúrcaigh

Mar a pléadh i gCaibidil 2, bhí tóir ar leith ag Proinnsias de Búrca ar scéalta iontais idirnáisiúnta agus é i mbun bailithe sna bailte fearainn mórthimpeall ar Chorr na Móna, a fhód dúchais féin. Tá claonadh an Bhúrcaigh i dtreo scéal draíochta, go sonrach, le haithint sa bhailiúchán béaloidis a thiomsaigh sé sa tréimhse 1935-37: 165 scéal draíochta san iomlán atá sa chnuasach seo (Aguisín 1). Trí na hinsintí seo uile a rangú i sraitheanna sainiúla de réir chóras rangaithe na catalóige ATU, feicimid gurbh iad na sraitheanna thíos ba mhó a raibh tóir orthu i measc na scéalaithe ar bhailigh an Búrcach uathu:²

ATU 300 <i>The Dragon-Slayer</i>	18 leagan
ATU 313 <i>The Magic Flight</i>	16 leagan
ATU 650 <i>Strong John</i>	12 leagan
ATU 330 <i>The Smith and the Devil</i>	6 leagan
ATU 613 <i>The Two Travelers</i>	6 leagan

² Agus na scéalta á rangú, cuirtear san áireamh scéalta a bhfuil eilimintí de na sraitheanna ATU a luaitear anseo iontu, mar aon le scéalta a bhfuil nasc idir an tsraith ATU áirithe sin agus sraith éigin eile.

Tá comhaontú áirithe idir an liosta seo agus cur síos Sheáin Uí Shúilleabháin ar na scéalta ba mhó a raibh ráchairt orthu i dtraidisiún scéalaíochta na hÉireann i gcoitinne (Ó Súilleabháin 1973).³ Is léir ón chur síos a dhéantar ar na sraitheanna thuas in ATU agus in HIF araon gur scéalta iad ina bhfuil laoch fireann i lár an aonaigh. Baintear leas as idirdhealú Holbek idir scéalta fireanna agus baineanna agus scéalta an chnuasaigh seo á bhfiosrú:

The tales in which the hero plays the active part [...] whereas the heroine is passive, will now be defined as masculine tales, fairy tales of masculine gender. The tales where these roles are reversed will be defined as feminine tales. (Holbek, 1987: 161)

Is minic a shamhlaítear “fulangacht” le banlaochra na scéalta béaloidis i gcoitinne, mar is léir ón chur síos a rinne Simone de Beauvoir ar iompar na mná i scéalta agus in amhráin: ‘the young man sets off to seek the woman; he fights against dragons, he combats giants; she is locked up in a tower, a palace, a garden, a cave, chained to a rock, captive, put to sleep: she is waiting’ (De Beauvoir 2011, 305). Ag cur síos dó ar na scéalta ab ansa leisean, thug Seán Ó Conaill le fios gurbh iad na scéalta ‘go mbíonn *action* muar [ionnta] – marú age gaisgíoch á dhéanamh’ na hinsintí ab fhearr ‘chun uíhe a chur i ngiorracht i gcuileachtain’ (Ó Conaill agus Ó Duilearga 1977, xxviii-xxix).

Is beag an t-ionadh é gur príomhphearsana fireanna atá sa bhailiúchán seo nuair a mheabhraítear gur thug an bailitheoir tús áite d’fhaisnéiseoirí fireanna, mar a míníodh i gCaibidil 2. Ní miste plé Lillis Uí Laoire agus Sean Williams ar choincheap an ghaisce, mar atá sé le sonrú i saol agus i saothar an amhránaí sean-nóis Seosamh Ó hÉanaí, a lua anseo (Williams agus Ó Laoire 2011). Bhí dlúthcheangal idir an fhearúlacht agus an urrúntacht i nGaeltacht Chonamara le fada an lá agus bhí ómós ar leith dlite don té a chothaigh a chlann, a chomhlíon a chuid dualgas i leith an chomhphobail agus a sheas an fód dó féin gan buntáiste a bhreith ar aon duine eile (Williams agus Ó Laoire 2011, 158). Diomaite den ghaisce fisiciúil, bhí gradam i ndán d’fhir agus do mhná a raibh ar a gcumas gaisce a dhéanamh trí mheán na healaíne chomh maith céanna: ‘Men and women who danced and sang well performed their gender according to community norms and also showed their physical strength in a

³ Is iad seo a leanas na cúig shraith ba mhó a raibh tóir orthu i dtraidisiún scéalaíochta na hÉireann i gcoitinne, dar leis an Súilleabhánach: ATU 300; ATU 313; ATU 326 *The Youth who Wanted to Learn what Fear is*; ATU 330 (a nasctar go minic le ATU 332 *Godfather Death*); ATU 650 (Ó Súilleabháin 1973, 16-17).

sublimated, aestheticized display of skill and deportment, making them more attractive as marriage partners' (Williams agus Ó Laoire 2011, 158). Sa chomhthéacs seo, is furasta a thuiscint go raibh tóir ar scéalta draíochta a cheadódh don scéalaí dul i muinín na culaithe gaisce chun a scil sa teanga a nascadh le gníomhartha gaisciúla an laoi. Tá an cónascadh idir ábhar an scéil agus stíl na hinsinte le haithint sa chur síos a dhéanann Eilís Ní Dhuibhne ar an luí a bhíonn ag scéalaithe fireanna le scéalta ina bhfuil laoch fireann i lár an aonaigh:

men who had status and reputations to protect, and performed their stories for audiences of other men, favoured stories of a heroic nature, told at awe-inspiring length and embellished with rhetorical flourishes designed to impress, rather than feminine stories about fragile girls like "Snow White" or "Sleeping Beauty" or "Cinderella". (Ní Dhuibhne 2012, 19-20)

Ar ndóigh, is mó luí a bhíonn ag mná le téamaí agus le tréithe a mbaineann ábharthacht leo i saol laethúil na mban, mar a mheabhraíonn Pentikäinen agus *repertoire* scéalta draíochta Marina Takalo faoi chaibidil aige: 'it can be seen that Marina Takalo observed the world from a woman's point of view in her fairy tales, allowing her personal interests to be reflected in the characteristics and fates of the heroes' (Pentikäinen 1978, 286). D'ainneoin go ndéantar ionadaíocht i bhfad níos láidre ar na laochra fireanna ná na banlaochra i gcnuasach an Bhúrcaigh agus i dtraidisiún scéalaíochta na hÉireann i gcoitinne, ní hionann sin is a rá nach n-éiríonn le banlaochra an chnuasaigh seo a ngaiscí féin a bhaint amach. Mar a léireofar i gCaibidil 4 agus i gCaibidil 5 faoi seach, faightear banlaochra sna scéalta fireanna agus baineanna araon a thugann a ndúshlán don íomhá sheanchaite, steiréitipiciúil den ógbhean "fhulangach" a fhaightear i mórán de scéalta canónta an bhéaloidis agus is mithid a nglórtha siúd, mar aon lena ngníomhartha, a chíoradh.

3.4 'Scéalta, Scéalta, Scéalta': Scaipeadh agus Seachadadh an Traidisiúin

Ón fhianaise atá againn d'insint "bheo" na scéalta i nDúiche Sheoigheach sna 1930dí, tá sé soiléir go raibh ról tábhachtach ag traidisiún na cuartaíochta i seachadadh na scéalta go dtí an chéad ghlúin eile sa tréimhse seo. Thug Mícheál Breathnach le fios do Sheán Mac Giollarnáth gurbh ó na reacairí a thagadh ar cuairt chuig teach a athar le bheith 'ag seachas agus ag scéalaíocht' a d'fhoghlaim sé féin a chuid scéalta (Breathnach agus Mac Giollarnáth 1943, 105). Sa chuntas a thug Liam Ó Dúiche ar

an fhile Tomás Breathnach as Baile an Tobair, a raibh scil aige sa scéalaíocht mar aon le bheith ag cumadh dánta agus amhrán, dúirt sé an méid seo a leanas:

Bhíodh muide inár stócaigh bheaga cruinnithe thart ar an tine aige, b'fhéidir dhá dhuine dhéag againn ná mar sin agus é ag inseacht scéalta chuile oíche dúinn agus ag seanchas, agus má bhí féin bhí sé in ann agus is iomaí scéal a d'fhan againn dá bharr, agus go dtugáí Dia a luach dó. (CBÉ 523: 83)

Ag cuimhneamh siar di ar na hoícheanta scéalaíochta a mbíodh sí i láthair acu i Seanadh Farracháin ina hóige, dúirt Mairéad Breathnach: 'Bhí cáil na scéalaíochta ar m'athair mór, dearfa. Scéalta, scéalta, scéalta [a bhíodh aige]' (Nic Giolla Chomhail 2016a, 25). Bhailigh Mairéad agus a deirfiúr Eibhlín flúirseacht mhór ábhair ó Liam de Búrca faoi Bhailiúchán na Scol agus thug Eibhlín le fios nár mhór an saothar é sin mar gur chuala sí tromlach na scéalta i gcomhthéacs nádúrtha na cuartaíochta, 'ó mhuintir na háite cois teallaigh, óir gach oíche gheimhridh bíonn siad ag cur síos ar sheanchas agus ar eachtraí an tsaoil' (Nic Giolla Chomhail 2016a, 29). Bhain teach Liam áit amach i scoláireacht idirnáisiúnta an bhéaloidis mar gheall ar an léargas a thug an mórscoláire Stith Thompson ar ócáid chuartaíochta ar fhreastail sé féin uirthi agus é sa cheantar in éineacht lena bhean chéile Louise, le Myles Dillon - scoláire clúiteach na Ceiltise - agus leis an Duileargach: 'As we sat around the turf fire of his thatched cottage listening to his tales, fifteen people dropped in, a custom when tales are being told' (Thompson *et al.* 1996, 138). Thug Thompson suntas do scéalaí óg a bhí i measc na gcomharsan agus a raibh cluas ghéar á tabhairt aige do na scéalta:

One of the most eager of these [listeners] was a young boy of twelve, who was himself learning to be a *shannecha*. Hardly a phrase of the old man's tale escaped him. Little by little he is working up a repertory [...] If he has his way about it, the art of tale-telling in Ireland will not perish. (Thompson 1938, 56)

Léiríonn Briody go raibh sé coitianta go maith go ndéanfaí sóisialú ar scéalaithe ó aois óg i mórán ceantar Gaeltachta. Ba ghné thábhachtach í seo i leanúnachas an traidisiúin agus is beag an t-ionadh é go mbíodh deis ní b'fhéarr ag páistí áirithe na scéalta a shealbhú: 'the children or grandchildren of accomplished narrators most likely enjoyed more exposure to [storytelling] than did other children' (Briody 2015, 68). Sa phlé a dhéanann Gearóidín Nic Cárthaigh ar an dóigh ar shealbhaigh an scéalaí Duibhneach Bab Feiritéar a cuid scéalta, míníonn sí gur chéimeanna tábhachtacha sa

phróiseas sealbhaithe iad an tsíoréisteacht agus an aithris ar scéalaithe fásta (Nic Cárthaigh 2007, 38-60).

Faightear fianaise i mBailiúchán na Scol go mbíodh páistí á n-oiliúint sa scéalaíocht ó aois óg. Suntasach go leor, bhí idir bhuachaillí agus chailíní i mbun na ceirde seo agus bhí tóir ar leith ar an scéal draíochta i measc na glúine óige. Thug an t-oide scoile Seán Mac an Ríogh suntas don sealbhú cultúrtha sa chur síos a rinne sé ar an scéal ‘An Chailleach Bhéarra’, a bhailigh Máirtín Ó Cadhain (15) as Seanadh Farracháin ó Mháire Bn. Uí Bhriain ón bhaile fearainn céanna: ‘An-scéalaí is ea [Máirtín] do mharlach óg’ (CBÉS 74, 124). Gan ach cúpla sampla eile ó scoileanna an cheantair a lua, bailíodh scéal draíochta dar teideal ‘An Bhaintreach agus a Mac’ ó Nóra Ní Chatháin ón Mhám, Co. na Gaillimhe, i scoil náisiúnta Thír na Cille i mí Dheireadh Fómhair 1934: d’fhoghlaim Nóra an scéal óna hathair, Marcas Ó Catháin (CBÉS 75, 26-29). Tógadh líon mór scéalta draíochta ó scéalaithe óga i gClochar na Fairche, áit a raibh an tSiúr Iarfhlaith Ní Mhóráin mar oide scoile. I measc na scéalaithe óga seo bhí Bríd Ní Fhloinn (24) as Dúráithe (CBÉS 75, 351-359; 418-426); Áine Ní Mhaolruaidh (24) as Ceapach na gCapall (CBÉS 75, 360-363; 367-369); agus Mícheál Ó Maolruaidh (26) as an Cheathrú Chaol (CBÉS 75, 465). Dealraíonn sé ón fhianaise seo nach ndearna múinteoirí scoile an cheantair seo, oidí ban agus fear san áireamh, aon idirdhealú idir fir agus mná agus faisnéiseoirí á lorg acu do Scéim na Scol.

Is díol suntas é nár leasc le Proinnsias de Búrca ardán a bhronnadh ar scéalaithe óga, sa chás ina raibh na scéalta a bhí acusan ag teacht leis na haidhmeanna a bhí aige féin ó thaobh an bhailithe de. I measc na reacairí óga a shaothraigh áit i mbailiúchán an Bhúrcaigh bhí Tomás Seoighe (12) agus Antaine Seoighe (12) as Seanadh Farracháin. Chuir an bailitheoir aithne ar an bheirt ghearrstócach seo nuair a chuaigh sé a fhad le scoil náisiúnta Sheanadh Farracháin i mí Dheireadh Fómhair 1936, le hiarraidh ar Sheán Mac an Ríogh, an t-oide scoile, faisnéis a thabhairt dó faoi scéalaithe áitiúla. Chuir Tomás agus Antaine ionadh ar an bhailitheoir nuair a d’inis siad scéal draíochta an duine dó a bhí ar chaighdeán den chéadscóth:

Dúirt ceann de na gasúir go raibh scéal aige féin agus go n-inseodh sé é. Thug mé isteach an meaisín agus d’inis sé faoi fhear a bádh i bPoll Tíche Labáin. Dúirt gasúr eile ansin go n-inseodh sé féin scéal agus d’inis sé faoi eascann. Ní raibh an dá ghasúr ach dhá bhliain déag an

duine agus d'inis siad chomh maith iad agus dá mbeidís leathchéad bliain (CBÉ 343: 234).⁴

D'inis Antaine leagan den scéal draíochta ATU 460 *The Journey to the Deity for Advice or Repayment* dar teideal 'Eascann a bhí san Abhainn' agus d'inis Tomás 'Poll Tighe Lábáin', scéilín teagascach dúchasach i dtraidisiún béil na hÉireann (Ó Súilleabháin agus Ó Catháin 2014, 654). Ba scéalta iad seo a bhí coitianta go maith sa Dúiche agus tá teachtaireacht mhorálta láidir iontu. Sa chur síos a rinne Séamus Ó Duilearga ar scéalaithe óga a bheith á n-oiliúint sa cheird in GS, thug sé aitheantas do 'one boy of 9 whom I met in a house in the Joyce Country, Co. Galway, [who] was remarkably good [at storytelling]' (Delargy 1945, 23). Measaim gurbh é Tomás Seoighe an buachaill a bhí i gceist ag an Duileargach. D'fhill an Búrcach ar Thomás i Seanadh Farracháin i Meitheamh na bliana 1937 chun scéal cráifeach dar teideal 'Cailín Óg' a thaifeadadh uaidh (CBÉ 363, 235-237).

Tá an claonadh a bhí ag scéalaithe Dhúiche Sheoigheach i dtreo na scéalta draíochta le tabhairt faoi deara san ábhar a bhailigh an Búrcach ó stócaigh óga chomh maith. Bhronn Tomás Ó Cadhain 15 scéal draíochta ar an Bhúrcach idir Deireadh Fómhair 1935 agus Eanáir 1936. Ba óna sheanathair, seanPhádraig Ó Cadhain, a chuala an t-ógfhear seo a chuid scéalta (Aguisín 2). Bhí sé scéal draíochta i measc an bhéaloidis uile a bhailigh an Búrcach ó Antoine Breathnach idir Nollaig 1935 agus Eanáir 1936, na teidil 'Mac na Baintrí', 'Jackín Mám Trasnaí' agus 'Fear Bocht a Bhí in Éirinn Fadó' san áireamh (CBÉ 166: 332-338; 367-390; 471-483). I measc na stócaigh óg eile ar bhailigh an Búrcach scéalta draíochta uathu le linn na tréimhse seo bhí Proinsias Seoighe (21) as An Charraig Láir, a d'inis 'An Fear a Chuaigh ar Thóir Thrí Ribe as Féasóg an Diabhail' agus 'Mac a Mharaigh a Athair agus a Phós a Mháthair' (CBÉ 166, 504-516); agus Peadar Ó Cathasaigh (26) as Baile Dhú Locha, a thug scéal Fiannaíochta dar teideal 'Cath Mór Pholl na mBroc' agus an scéal draíochta 'Claíomh Solais Fathach Uí Dhúdáis' don Bhúrcach (CBÉ 167, 369-409). Níor ghnách go ndéanfaí scéalta draíochta a thaifeadadh ó scéalaithe óga, mar is léir ón phlé a rinneadh i gCaibidil 1 ar chur chuige an Choimisiúin i dtaca le tréithe "idéalacha" an scéalaí Ghaelaigh. Lena cheart a thabhairt don Bhúrcach, is cinnte go raibh tuiscint ar leith aigesean ar bheocht na healaíne béil i measc óg agus aosta sa cheantar seo de bharr gurbh ón tírdhreach cultúrtha seo a fáisceadh é féin.

⁴ Féach Ó Catháin (2012, 33) agus Nic Giolla Chomhaill (2016a, 3-4).

3.5 Athmhúnlú an Traidisiúin: Cumas Cruthaitheach na Scéalaithe

Sainchomhartha eile de bheocht na scéalaíochta i nDúiche Sheoigheach sa tréimhse atá faoi chaibidil againn is ea an tsaoirse a bhí ag reacairí áirithe athmhúnlú a dhéanamh ar an stór dúchasach scéalta a shaothraigh siad le hoidhreacht. Ní gach scéalaí a mbíonn ar a c(h)umas seilbh den chineál sin a ghlacadh ar an traidisiún, mar a mhíníonn Dégh:

such free handling of the folktale tradition is only possible for the consciously creative storytellers, and this only in storytelling communities where the traditional tale is not treated as holy writ. Tradition must not be a frozen thing but must still be living. (Dégh 1989, 83)

Níor chleachtas neamhchoitianta é i measc scéalaithe an cheantair seo craiceann uathúil a chur ar scéal agus a gcuid féin a dhéanamh de. Sampla eiseamláireach den chleachtas seo is ea an scéal ‘Cailleach an Oileáin Ghlais’, a ndéanfar mionléamh air i gCaibidil 5. Bhailigh an Búrcach an scéal seo, atá 35 leathanach lámhscríofa ar fhad, ó Ruairí Ó Comair i dteach cónaithe an scéalaí ar an Chloch Bhreac ar an 23 Nollaig 1935. Is cumasc uathúil é idir ATU 313 *The Magic Flight*, ceann de na scéalta ba choitianta sa cheantar, agus ATU 510B *Peau d’Asne*, foshraith den tsraith *Cinderella*, mar a phléifear amach anseo. Is é seo an t-aon sampla den chónascadh seo a ndéantar tagairt dó in TIF, rud a thugann le fios gur dócha gur sa cheantar seo a cumadh é agus go bhféadfaí fiú gurbh é Ó Comair féin fear a cheaptha. Bailíodh leagan malartach den scéal céanna, a dtugtar an teideal ‘Cailleach Mhór an Oileáin Ghlais’ air, i Scoil na Cloiche Brice faoi Scéim na Scol, i Meán Fómhair 1938 (CBÉS 74, 760-770). Ba í Eibhlín Ní Mhuráin a bhailigh an scéal ach, ó tharla nach dtugtar ainm an scéalaí i gcóipleabhar beag s’aicise ná i gcóipleabhar mór an mhúinteora, ní fios cé uaidh nó uaidh ar bhailigh sí é.⁵

Sampla eile de scéal béaloidis a d’fhorbair craiceann uathúil sa limistéar seo is ea ‘Saighdiúirí an Bhoiscín’, a d’inis Mícheál Ó Somacháin (58) as Cill Bhríde don Bhúrcach ar an 18 Feabhra 1936 (CBÉ 167 296-308). Is mar scéal réadúil a rangáítear

⁵ Ar an drochuair, críochnaíonn an scéal go tobann i gcóipleabhar beag Eibhlín agus i gcóipleabhar mór an mhúinteora araon, cé go bhfuil leagan an chóipleabhair bhig níos faide. Níl críoch an scéil le fáil sa dara cóipleabhar a líon Eibhlín. Tá gach seans go raibh an tríú cóipleabhar aici ach níl aon fhianaise de i measc na gcóipleabhar eile (Mac Cárthaigh 2015). Cé nach luaitear aon fhaisnéiseoir le taifead Eibhlín den scéal seo ina cóipleabhar beag ná sa chóipleabhar mór, bhailigh an dalta seo ábhar béaloidis eile ó Mícheál Ó Muráin agus ó Thomás Ó Muráin mar chuid de Bhailiúchán na Scol, mar sin tá seans ann gur ó dhuine dóibhsean a fuair sí an scéal seo.

an cineál insinte seo sa chatalóg ATU agus is leagan é den tíopa ATU 910, a raibh eolas forleathan air i dtraidisiún béil na hÉireann agus a dtugtar an teideal ‘Na Trí Chomhairle’ air go minic. Faightear buneilimintí na sraithe sin in insint Uí Shomacháin ach déantar an insint seo a fhorbairt trína nascadh leis an scéal draíochta ATU 326 *The Youth who Wanted to Learn what Fear is*, sraith eile a bhí ar eolas go forleathan i dtraidisiún béil na hÉireann. Is é an t-aon sampla eile de chónascadh idir ATU 326 agus 910, de réir fhianaise TIF, ná an scéal ‘Fear na nOcht mBliana Déag ar Aimsir’, a bhailigh Máirtín Ó Somacháin, dalta scoile i scoil náisiúnta na mbuachaillí, an Fhairche, ó Phádraig Ó Somacháin (60) as Cill Bhríde, mar chuid de Bhailiúchán na Scol (CBÉS 76, 303-313). Ní fios arbh iad na scéalaithe ar bhailigh an Búrcach uathu nó scéalaithe a tháinig rompu a chum na hinsintí sainiúla seo trí shraitheanna a bhí coitianta sa traidisiún béil áitiúil a nascadh lena chéile. Dá ainneoin sin, áitítear go dtugann an cleachtas seo ann féin léargas maith ar chumas an scéalaí aonair a chuid féin a dhéanamh d’ábhar béil traidisiúnta, a fhad is go nglactar le toradh a chruthaitheachta sa phobal éisteachta. Ag tarraingt dó ar Roman Jakobson agus Petr Bogatyrev, míníonn Ó Giolláin gur de réir shlata tomhais an phobail a glacadh nó nár glacadh le cruthaitheacht an duine aonair: ‘Ní raibh aitheantas ag cruthaitheacht an duine aonair ach a fhad is a chuir sí luachanna agus mianta an phobail in iúl agus a fhad is a ghlac an pobal léi’ (Ó Giolláin 2005, 105). Tugann an scéalaí aonair foirmeacha nua don traidisiún trí chloí le rialacha a tháinig anuas chuige/chuici le hoidhreacht agus trína phearsantacht agus a chruinneshamhail féin a chur i bhfeidhm ar an ábhar (Pentikäinen 1978, 333).

Faightear fianaise níos láidre fós sa chorpas scéalta seo nár samhlaíodh athnuachan an traidisiúin mar rud diúltach. Ní hamháin go ndearna scéalaithe áirithe insintí nua a cheapadh trí shraitheanna a bhí fréamhaithe sa traidisiún áitiúil a fhí le chéile, chuaigh roinnt scéalaithe i muinín foinsí níos faide i gcéin chun a stór scéalta a mhéadú agus a fhorbairt. Ní mór aird a dhíriú ar ghné na litearthachta i gcnuasach an Bhúrcaigh, mar tá sé le tabhairt faoi deara sa bhailiúchán seo gur tharraing scéalaithe áirithe ar théacsanna ó thraidisiún scéalaíochta na hEorpa chun cur leis an líon scéalta a d’fhéadfaidís a insint. I measc na scéalta draíochta a bhailigh an Búrcach ó Thomás Ó Cadhain, mar shampla, bhí insintí dar teideal ‘An Caisleán a Chodail Céad Bliain’ agus ‘Fear na Féasóige Óir’. Is scéalta iad seo nach bhfuil a bhfréamhacha i dtraidisiún scéalaíochta na hÉireann agus ar féidir a mbunús a rianú go dtí cnuasaigh liteartha a

foilsíodh san Eoraip i dtús an fichiú haois. Is leagan é ‘An Caisleán a Chodail Céad Bliain’ den tsraith ATU 410 *Sleeping Beauty*. Tá insint Uí Chadhain bunaithe ar an scéal ‘The Sleeping Beauty in the Wood’ a chuir Andrew Lang i gcló sa chnuasach *The Blue Fairy Book* (Lang 1921, 44-51). Is aistriúchán é scéal Lang den scéal Francise ‘La Belle au Bois Dormant’ a d’fhoilsigh Charles Perrault sa chnuasach *Histoires ou Contes du Temps Passé, avec des Moralitéz* (Perrault 1697). Maidir le ‘Fear na Féasóige Óir’, is scéal Ungárach é seo a cuireadh i gcló sa chnuasach *Ungarische Volksmärchen* mar ‘Der goldbärtige Mann’ (Sklarek 1901, 114-130). D’aistrigh Lang é mar ‘The Gold-Bearded Man’ agus chuir sé i gcló é sa chnuasach *The Crimson Fairy Book* (Lang 1903, 198-212).

Ní mó ná sásta a bhí an Duileargach nuair a chonacthas dó go raibh bunús liteartha le scéal eile a bhailigh an Búrcach ón Chadhnach óg, mar is léir ón litir a scríobh sé chuig an Bhúrcach tar éis dó an scéal a léamh:

Do thógais scéal síos [ar an] 19.12.35 ó Thomás Ó Cadhain. “Súil an Gháire” ab ainm don scéal. Tá sé sa bhileog gur chuala Tomás an scéal ó Phádraig Ó Cadhain (86) 15 bliana ó shin. Bhí seisean ina chónaí i nDubhachta. Cuir ceist ar Thomás, led’ thoil, ina thaobh arís agus fiafraigh de an uaidh sin a fuair sé an scéal nó ar léigh sé i leabhar é. Má fuair sé ó Phádraig Ó Cadhain é, ceistigh é [le] féachaint an raibh an fear sin in ann leabhair a léamh. Tá amhras orainn gur as leabhar a tháinig sé uair éigin. (Comhfhreagras 21/10/1936)

Chuir an Búrcach an freagra seo a leanas ar ais chuig an Cheannoifig an mhí dar gcionn: ‘Chuir mé tuairisc le Tomás Ó Cadhain faoin scéal sin Súil an Gháire agus dúirt sé liom nach i leabhair a fuair sé é ach óna athair mór Pádraig Ó Cadhain as Dubhachta’ (Comhfhreagras 02/11/1936). Tá ‘Súil an Gháire’ bunaithe ar an scéal ‘Laughing Eye and Weeping Eye, or the Limping Fox’ atá i gcló ag Lang sa chnuasach *The Grey Fairy Book* (Lang 1905, 293-299). D’aistrigh Lang é ón scéal Francise ‘L’Oeil qui Pleure et l’Oeil qui Rit’, scéal béaloidis ón tSeirb a fhaightear sa chnuasach *Recueil de Contes Populaires Slaves, Traduits sur les Textes Originaux*, a chuir Louis Léger in eagar sa bhliain 1882 (Léger 1882, 165-171). Is fiú a nótaíl nach bhfuil an scéal seo ach sé leathanach ar fhad sna cnuasaigh liteartha thuasluaite, ach go bhfuil 41 leathanach lámhscríofa san insint a thaifead an Búrcach ón Chadhnach (CBÉ 166, 88-129). Ní hionadh mór é gur síleadh nasc áirithe a bheith idir an óige agus tionchar an traidisiúin liteartha. Bhreac Séamus Ó Duilearga an nóta seo a leanas leis an scéal ‘Curadh Glas gan Eolas’, a scríobh mac léinn dá chuid féin ó bhéalaithe Sheáin Mhic

Dhonnchadha as an Ard Thoir, Carna sa bhliain 1931: ‘this to be derived from the tale printed with same title: note the age of the storyteller – 38 – which is suspicious’ (CBÉ 74, 169).⁶

Is díol suntais é go mbíodh ealaíontóirí béil níos sine, a raibh gradam acu sa cheantar mar scéalaithe, ag tarraingt ar fhoinsí liteartha lena stór scéalta a fhorbairt agus a mhéadú, chomh maith le stócaigh óga dála Thomáis Uí Chadhain. Bhí scéalta draíochta a raibh a mbunús le fáil i gnuasaigh liteartha mar chuid den stór ollmhór scéalta a bhí ag Mícheál Breathnach an Mháma agus Pádraig Ó Súilleabháin Bhaile an Tobair, beirt scéalaithe a raibh tionchar acu ar fhorbairt thuiscint an Bhúrcaigh ar thréithe na sárscéalaíochta, mar a míníodh i gCaibidil 2. Bhí scéal dar teideal ‘An Muilleoir a d’Fhág Cat ag a Mhac’ i measc na chéad scéalta a bhailigh an Búrcach ón Súilleabhánach i samhradh na bliana 1935. Is leagan é seo de ATU 545B *Puss in Boots*, scéal atá daingnithe i gcanóin chultúrtha an Iarthair le fada an lá agus ar chuir scríbhneoirí mar Giambattista Basile, Charles Perrault agus na deartháireacha Wilhelm agus Jacob Grimm, a ggraiceanann féin air thar na blianta.⁷ Bhailigh an Búrcach scéal dar teideal ‘An Bhanríon a Chodail Céad Bliain’ ó Phádraig Ó Súilleabháin i mí na Samhna, 1935, chomh maith (CBÉ 164, 528-533). Is leagan eile é seo den scéal clasaiceach *Sleeping Beauty* a luadh thuas. Tá difríochtaí suntasacha idir an insint seo agus an leagan den scéal a bhailigh an Búrcach ó Thomás Ó Cadhain, mar sin ní dócha gurbh ón bhunfhoinsé chéanna a thóg an bheirt reacairí seo a n-inspioráid. Is fiú a nótáil áfach go ndeachaigh an bheirt scéalaithe seo i muinín teicnící reacaireachta éagsúla chun cló “dúchasach” a chur ar a gcuid insintí féin de na scéalta “eachtrannacha” seo. Sampla den scoth de bhreithmheas an scéalaí maidir le teachtaireacht a scéil is ea an nóta clabhsúir a chuir Pádraig Ó Súilleabháin ag deireadh a insintse de ‘An Muilleoir a d’fhág Cat ag a Mhac’, mar shampla:

Níl aon mhaith do dhuine ar bith a rá nach dtiocfaidh an fear bocht suas in am éicint ach am a thabhairt dó. Nuair a bheas fear bocht ann ceapfaidh chuile dhuine nach ndéanfaidh [sé] aon cheo maitheasa go deo agus ní dócha sin ná éirí suas ón mbochtaineacht nó go mbeidh sé chomh hard le duine ar bith. (CBÉ 161, 260)

⁶ Is dócha gurb é an scéal clóite atá i gceist ná ‘Curadh Glas an Eolais’, a bhailigh an tAthair Seaghan Maolmhuire Ó Raghallaigh ó Thomás “Tommy” Bhid as Cluain Cearbhán, Co. Maigh Eo, agus a cuireadh i gcló sa bhliain 1905 (Ó Raghallaigh 1905).

⁷ Féach na leaganacha éagsúla de ATU 545B a chuireann D.L. Ashliman ar fáil ar an bhunachar *Folklore and Mythology Electronic Texts* (Ashliman et al. 2016).

Thug Mícheál Breathnach le fios gur léigh sé an cnuasach *Favourite Stories from Grimm*, athmhúnlú Edward Shirley ar rogha scéalta as KHM (Shirley G/D), le linn dó a bheith ag obair i gclós loinge in Jarrow ag tús an fichiú haois. Dála Uí Shúilleabháin agus Uí Chadhain, ba nós le Breathnach na “nuascéalta” seo a insint i nGaeilge sa stíl reacaireachta a bhfuair sé oiliúint inti ó bhí sé ina ógánach. Cuireadh ceithre scéal draíochta de chuid Mhíchíl Bhreathnaigh, a raibh a mbunús i gcnusaigh litríochta, i gcló in *Béaloides*.⁸ Tá sé suntasach gur thug an Duileargach féin moladh do chumas an Bhreathnaigh athmhúnlú a dhéanamh ar na scéalta seo ar bhealach “dúchasach”:

he can now re-tell the stories in inimitable style, and in such excellent Irish that one hopes all these tales will be recorded from him and published. It would be of great interest to see what form the Grimm tales would take, re-told by a real Irish storyteller. (Breathnach *et al.* 1937, 167)

Ní hamháin go raibh Breathnach ar a chompond ag insint scéalta liteartha ina theanga dhúchais, bhí sé breá ábalta iad a chur i láthair i mBéarla chomh maith céanna. Léiríonn eachtra ghreannmhar a thit amach idir Breathnach agus Stith Thompson le linn do Thompson a bheith ar cuairt sa cheantar, an déscaradh a d’fhéadfadh a bheith idir tuiscint an scéalaí féin ar an chultúr béil agus tuiscint na scoláirí béaloidis a raibh teagmháil aige leo. D’inis Breathnach scéal fada draíochta, i mBéarla i dtosach agus ansin i nGaeilge, don Duileargach agus dá chuaríteoir Meiriceánach le linn don triúr acu a bheith ag dul ón Mhám go dtí an Fhairche i gcarr beag *Ford* an Stiúrthóra. Cé gur lig Breathnach air féin i dtosach báire gur scéal draíochta dúchasach a bhí á chur i láthair aige, cuireadh ar a shúile do Thompson tar éis tamaill go raibh an scéalaí tar éis dallamullóg a chur ar a chuaríteoir gradamach agus go raibh an Duileargach ar an eolas faoin chleas chomh maith:

I found to my surprise that [Breathnach] and Séamus were playing a game on me. I had remarked how extraordinary it was to hear a tale so much like a German tale here in Ireland [...] We had heard one of Grimm’s folktales which he had changed only a little bit. He was amused at how easily I was fooled. (Thompson *et al.* 1996, 138)

⁸ Bhí ‘Muilleóir a bhí i n-Éirinn Fadó’, athinsint Bhreathnaigh den scéal *Das Mädchen ohne Hände* .i. ATU 706 *The Maiden without Hands*, agus ‘Rí na hÉireann’, athinsint ar *Sneewittchen* .i. ATU 709 *Snow White*, i measc ‘Trí Sean-Sgéalta ó Dhúthaigh Sheoigheach’ a chuir an bailitheoir béaloidis Éamonn Ó Tuathail in eagar i Nollaig 1937 (Breathnach *et al.* 1937); chuir Ó Tuathail ‘An Ceannaí Siopa agus an Fathach’, athinsint Bhreathnaigh ar an scéal *Jack and the Beanstalk* .i. ATU 328 *The Boy Steals the Ogre’s Treasures*, i gcló i Nollaig 1939 (Breathnach agus Ó Tuathail 1939).

Caibidil 3: Scéalta Draíochta na Dúiche

Tugann an eachtra seo spléachadh maith ar acmhainn ealaíne Bhreathnaigh – bríonna ilchineálacha an fhocail “ealaín” san áireamh – agus léiríonn sí cé chomh bródúil is a bhí an scéalaí seo as a *repertoire* fairsing scéalta agus as a chumas tarraingt ar an stór scéalta sin de réir mar a d’fheil sé don chomhluadar agus don ócáid insinte.



Mícheál Breathnach agus Stith Thompson ar an Mhám, 1937
Grianghrafadóir: Seán Mac Giollarnáth. CBÉ M013.01.00006⁹

Ní miste saothar iomráiteach Albert Lord ar an amhránaíocht eipice a lua sa chomhthéacs seo: ag cur síos dó ar an cheoltóir Avdo Međedović, an t-amhránaí ba chumasáí ar thóg Lord agus a mheantóir Milman Parry amhráin uaidh, shonraigh Lord go raibh sé de bhua ag Međedović amhráin a chuala sé ó fhilí béil eile a chur i láthair ina stíl shainiúil féin: ‘Avdo has not only lengthened the theme [...] but he has also put on it the stamp of his own understanding of the heroic mind’ (Lord 1960, 79). Ba é an cleachtas céanna a bhí ag Međedović agus amhráin á gcanadh aige a chuala sé á léamh os ard ó leabhair; ba mar fhoinsé eile dá *repertoire*, seachas mar “théacs buan” a shamhlaigh sé amhráin a seachadadh chuige trí mheán na litearthachta: ‘He did not consider the text in the book as anything more than the performance of another singer; there was nothing sacred in it’ (Lord 1960, 79). Dá ainneoin ghradam Mhíchíl

⁹ 1934 a thugtar mar dháta don ghriangraf seo ar bhunachar CBÉ, ach ba sa bhliain 1937 a thug Thompson cuairt ar an Mhám.

Bhreathnaigh i súile an Duileargaigh agus Thompson araon, is suntasach an rud é nár luaigh an Duileargach an scéalaí seo sa phlé a rinne sé ar scéalta béaloidis a bheith á n-insint i mBéarla in GS. Ba bhocht an bhail a bhí ar scéalta béaloidis a aistríodh ón Ghaeilge go Béarla, de réir an Duileargaigh:

the Anglo-Irish wonder-tale of the international type compares very unfavourably both as to style and content with similar tales in Irish. I have known story-tellers in Clare who could tell folk-tales (*märchen*) in both Irish and English, but it was quite evident that they told them much better in the Irish language in which they first had heard them (Delargy 1945, 6-7).

Is beag an t-ionadh é nár róshásta a bhí an Duileargach le hábhar a raibh lorg na leabhar air a fháil ó na bailitheoirí a bhí faoina stiúir, go háirithe nuair a mheabhraítear go raibh béim láidir á cur ar bharántúlacht an bhéaloidis faoi scáth an Choimisiúin agus faoi scáth léann an bhéaloidis araon sa tréimhse seo. Mar a pléadh i gCaibidil 1, saintuiscint den staidéar ar an chultúr béil ab ea gur “iarsma” é an béaloideas d’ábhar ársa agus gur mar thaifead téacsúil de thraidisiún dúchasach an náisiúinstáit ba mhó a samhlaíodh tábhacht leis an chultúr dúchais. Ba thromchúiseach an choir í an athinsint ar scéalta a dtugtaí an téarma díspeagúil *Buchmärchen* (‘scéalta draíochta na leabhar’) orthu, de réir na tuisceana seo. Is téarma é *Buchmärchen* a cumadh chun idirdhealú a dhéanamh idir scéalta béaloidis “barántúla” (*Volksmärchen*) agus scéalta liteartha (*Kunstmärchen*), a raibh a mbunús sa traidisiún béil ach a ndearna na bailitheoirí iad a chur in eagar de réir a mbuanna ealaíona féin (Zipes agus Gonzenbach 2006, xxv). Tá an dearcadh gur chúinse fabhrach í an neamhlitearthacht chun an traidisiún béil a chaomhnú le tabhairt faoi deara sa chur síos a rinne an Duileargach ar an seanchaí Mícheál Turraoin ón Rinn, mar shampla: ‘He is a cultured man in oral letters, unspoiled by books – which he cannot read – and by the laboured commentaries of the learned’ (Delargy 1945, 14). Mar a léiríonn Ó Cadhla áfach, ‘Ní raibh seanchaithe ar aon fhocal le béaloideasóirí i gcónaí’ agus tá fianaise ann go raibh dúil sna leabhair ag Turraoin féin (Ó Cadhla 2011, 116).

Bhí dlúthcheangal idir idéalú na neamhlitearthachta agus an tuiscint gurbh “iompróir traidisiúin” é an scéalaí, seachas ceardaí cruthaitheach a raibh ar a c(h)umas a c(h)uid féin a dhéanamh den chultúr a raibh sé/sí fréamhaithe ann. Mhol an Duileargach cuimhne ghrinn Sheáin Uí Chonail mar bhua a cheadaigh dó a bheith dílis d’oidhreacht scéalaíochta na sean, mar shampla: ‘Ní chuirfeadh sé canúin dá laghad

ar scéal, ach é a rá sa tslí a insíodh do féin é, gan faid a chur leis ná oiread na fríde a bhaint de’ (Ó Conaill agus Ó Duilearga 1977, xviii-xix). Mar a phléann Dan Ben-Amos, déanann tuiscintí den chineál seo “d’íonghlaineacht” an chultúir bhéil díobháil de scoláireacht an bhéaloidis mar go ndéantar neamhshuim den chómhlaire shóisialta agus liteartha a thiteann amach idir an cultúr béil agus meáin éagsúla ealaíne agus cumarsáide (Ben-Amos 1971, 14). Sa phlé a dhéanann Lillis Ó Laoire ar shealbhú na n-amhrán ar Oileán Thoraí, tugann sé suntas don ‘tsní chultúrtha’ atá mar bhunús le próiseas an tseachadta agus an tsealbhaithe, ‘agus foirmeacha difriúla á dtabhairt isteach sa stór amhrán – foirmeacha nach mbaineann leis na tuiscintí ba mhaith linn bheith againn ar chultúr íonghlan “traidisiúnta”’ (Ó Laoire 2002, 91). Ag tarraingt dó ar scoláireacht Ruth Finnegan ar an fhilíocht bhéil, tugann Ó Laoire a dhúshlán don dearcadh rómánsach gur le hinstinn a thagann an ealaín bhéil ar an fhód agus don tuairim a bhí i réim le fada an lá i measc lucht béaloidis nach raibh baint dá laghad ag cinneadh comhfhiosach, breithiúnas, ná fiú ealaín le seachadadh na béalaireachta (Ó Laoire 2002, 99). Dar le Walter Ong, ní staid idéalach í an bhéalaireacht agus níorbh í riamh, óir cuireann an litearthacht féidearthachtaí nua ar fáil don fhocal agus don bheatha dhaonna nach bhféadfaí iad a shamhlú gan an scríbhneoireacht (Ong 2002, 171). Mar a míníodh ag deireadh Chaibidil 1, ba smaoinemh í seo a chuir Tomás agus Mícheál Ó Máille chun cinn go mór ina saothar, óir thuig siadsan gurbh ionann an t-oideachas agus uirlis a chuirfeadh ar chumas na nGael a bhféiniúlacht agus a dteanga a thabhairt slán: ‘Níl duine dá fheabhas nach fearrde oideachas a fháil’, mar a scríobh Mícheál Ó Máille in *An Claidheamh Soluis* sa bhliain 1903 (Ó Máille agus Ó Máille 1936, 25).

Cé gur cháin an Duileargach an Búrcach níos mó ná uair amháin as scéalta a raibh anáil liteartha orthu a thaifeadadh agus a sheoladh chuig ceannoifig an Choimisiúin, is féidir a rá i bhfabhar an Bhúrcaigh gur thaifead dílis den ghné seo den chultúr béil a bhí á chnuasach aige, d’ainneoin nach raibh an taifead sin ag teacht le tuiscintí na linne den bhéaloideas “feiliúnach”, de réir chritéir léann an bhéaloidis. Bunaithe ar an fhianaise seo go léir, is é a áitímse ná go dtugann cleachtas seo an aistrithe agus an athmhúnlaith grinnléargas ar sholúbthacht an traidisiúin agus ar chumas na scéalaithe ionramháil a dhéanamh ar a n-oidhreacht dhúchasach lena chur in oiriúint don saol agus don tsochaí chomhaimseartha. Treisíonn an cleachtas seo, maille leis an líon ard

scéalaithe óga a raibh scil acu in insint an scéil dhraíochta, an argóint go raibh feidhm thábhachtach ag múnla insinte an scéil dhraíochta sa chomhthéacs cultúrtha seo.

3.6 Fuascailt Bhrí na Scéalta: Forbairt an Mhúnla Anailíse

Agus tús á chur leis an taighde seo, bhí sé beartaithe na scéalta ba mhó a raibh tóir orthu sa cheantar a roghnú ó thaobh na hanailíse de, ach tugadh faoi deara go ndéanfadh an cur chuige seo neamart iomlán sna scéalta baineanna. D'fhonn léargas cuimsitheach a thabhairt ar thraidisiún an scéil dhraíochta i gceantar dúchais Phroinnsias de Búrca i gcoitinne, mar sin de, cinneadh deighilt chothrom a dhéanamh idir líon na scéalta fireanna agus baineanna a ndéantar cíoradh orthu. Chomh maith leis sin, socraíodh ardán a thabhairt do scéalaithe ar léir go raibh cleachtadh maith acu ar an chur i láthair poiblí agus a chuaigh i gcion ar an bhailitheoir mar gheall ar a mbua mar ealaíontóirí béil. Is léir ó fhianaise na ndialanna agus ó cháil na scéalaithe a luaitear thíos i gceantair Chorr na Móna agus Fhionnaithe go raibh dáimh láidir acu leis an scéalaíocht agus gur scoth na reacairí iad. Níl sna hinsintí a roghnaíodh ach sciar beag den ábhar béil a bhronn na fir seo ar an Bhúrcach thar na blianta, ach meastar go gcuimsíonn na scéalta seo meascán fóna de phlotaí, de mhóitífeanna agus de charachtair agus gur sampla ionadaíoch iad de thraidisiún an scéil dhraíochta i nDúiche Sheoigheach sna 1930dí. Cuirtear gearrchuntas beathaisnéiseach de na scéalaithe ar fáil in Aguisín 2.

Sula bhféachtar le brí na scéalta ar bhonn soch-chultúrtha a fhuascailt sna caibidílí amach romhainn, ní mór sainaithint a dhéanamh ar na scéalta a roghnaíodh ó thaobh na hanailíse de. Tá tíopaí na bplotaí bunaithe go scaoilte ar na tíopaí plota a ndearna Satu Apo sainaithint orthu ina staidéar cuimsitheach ar scéalta béaloidis ó thraidisiún béil na Fionlainne (Apo 1995, 54-58). Luann Apo ceithre phríomhchineál plota agus déanann sí sainaithint orthu mar seo a leanas: *saothraíonn an laoch/banlaoch céile* (A1), *saothraíonn an laoch/banlaoch maoin* (A2), *tagann an laoch/banlaoch saor ó bhagairt arrachtaigh* (B1), *bíonn an bua ag laoch/banlaoch a bhí mar íobartach i gcoir* (B2). Déanann Apo sainaithint ar fhothíopaí éagsúla taobh istigh de na príomhthíopaí seo, mar shampla: *saothraíonn an laoch bean chéile trí thascanna an tsuirígh a chur i gcrích* (A1.1) agus *tagann an laoch slán ó iarracht é a chur chun báis* (B2.3) (Apo 1995, 54-58). Ó tharla gur ar líon beag scéalta a dhírítear san anailís seo, seachas ar na scéalta draíochta uile a bailíodh sa limistéar taighde, cinneadh gurbh fhearr simpliú a dhéanamh ar mhúnla Apo ar mhaithe lena chur in oiriúint don ábhar.

Caibidil 3: Scéalta Draíochta na Dúiche

Mar a mholann Apo a dhéanamh, bunaítear tíopa an phlota ar an phríomhspríoc a mheastar a bheith ag an laoch nó ag an bhanlaoch san insint. Is iad seo a leanas na tíopaí a ndéantar sainaitheint orthu:

- 1. Saothraíonn an Laoch/Banlaoch Céile trí Arrachtach a Shárú*
- 2. Saothraíonn an Laoch/Banlaoch Céile trí Thascanna/Thuras Achrannach(a) a chur i gCrích*
- 3. Bíonn an Bua ag Laoch/Banlaoch ar Imríodh Feall air/uirthi*
- 4. Éiríonn le Laoch/Banlaoch Glic Arrachtach a Shárú*

Déantar sainaitheint thíos ar na scéalta a chuimsítear san anailís de réir thíopa an phlota, de réir an scéalaí a chuir a láthair don Bhúrcach iad agus de réir an rangú a dhéantar ar an insint seo sa chatalóg ATU. Ina dhiaidh sin, leagtar amach an cur chuige a leantar agus léamh anailíseach á dhéanamh ar na scéalta sna caibidlí amach anseo.

SCÉALTA NA LAOCHRA FIREANNA

	Tíopa Plota	Teideal Scéil	Scéalaí	Rangú ATU
1.	<i>Saothraíonn an Laoch Bean Chéile trí Arrachtach a Shárú</i>	‘Mac Bhaintreach Chill Ghlasáin’	Pádraig Ó Súilleabháin	300 <i>The Dragon-Slayer</i>
2.	<i>Saothraíonn an Laoch Bean Chéile trí Thascanna a chur i gCrích</i>	‘Scológ na Féasóige Liath’	Mícheál Ó Somacháin	313 <i>The Magic Flight</i>
3.	<i>Bíonn an Bua ag Laoch ar ar Imríodh Feall</i>	‘Mac Bhaintreach Loch Coirib’	Pádraig Ó Súilleabháin	650 <i>Strong John</i>
4.	<i>Éiríonn le Laoch Glic Arrachtach a Shárú</i>	‘Seán an Ghabha’	Tomás Ó Cadhain	332 & 330 <i>Godfather Death & The Smith and the Devil</i>

SCÉALTA NA MBANLAOCHRA

	Tíopa Plota	Teideal Scéil	Scéalaí	Rangú ATU
1.	<i>Saothraíonn an Banlaoch Fear Céile trí Thascanna a chur i gCrích</i>	‘Cailleach an Oileáin Ghlais’	Ruairí Ó Comair	510B & 313 <i>Peau d’Asne & The Magic Flight</i>
2.	<i>Saothraíonn an Banlaoch Fear Céile trí dhul ar Thuras Achrannach</i>	‘Cú Bán an tSléibhe’	Pádraig Ó Muireáin	425A <i>The Animal as Bridegroom</i>
3.	<i>Éiríonn le Banlaoch Glic Arrachtach a Shárú</i>	‘Baintreach agus a Triúr Iníonacha’	Antoine Breathnach	327 & 328 & cf. 510 <i>The Children and the Ogre & The Boy Steals the Ogre & cf. Cinderella</i>
4.	<i>Bíonn an Bua ag Banlaoch ar ar Imríodh Feall</i>	‘Triúr Deirfiúracha a bhí ag Imirt Cáirtaí’	Mícheál Ó Somacháin	707 <i>The Three Golden Children</i>

Mar a dúradh thuas, saintuiscint de chuid Holbek agus scoláirí béaloidis eile nach é is ea go bhfuil dlúthnasc idir siombailí draíochta an scéil iontais agus an domhan ina maireann an scéalaí agus a lucht éisteachta: ‘Symbols [...] seem to convey *feelings* rather than thoughts [...] they convey vivid emotional impressions. But these impressions refer to beings, events and phenomena of the real world’ (Holbek 1987, 409). Ina shaothar ceannródaíoch *The Interpretation of Fairy Tales*, baineann Holbek leas as réimse teoiricí d’fhonn brí na siombailí a scaoileadh i rogha de na scéalta draíochta a bhailigh Evald Tang Kristensen sa Danmhairg sa naoú haois déag. Tá eilimintí den mhúnla anailíse seo an-úsáideach faoi chomhair aidhmeanna an tráchtais seo, go háirithe an bhéim a leagann Holbek ar an dlúthcheangal atá idir an fhantaisíocht, mar a chuirtear i láthair i scéalta den chineál seo í, agus miansásamh an phobail éisteachta. Níl múnla anailíse Holbek iomlán fóirsteanach chun anailís a dhéanamh ar scéalta nach bhfuil pósadh an laoch nó an bhanlaoich mar phríomhspríoc an scéil, ámh. Mar is léir ó na scéalta ba mhó a raibh tóir orthu le linn don Bhúrcach a bheith i mbun bailithe in 1935-37, níl tábhacht théamúil ag pósadh an phríomhcharachtair i ngach scéal draíochta. Ní mór don mhúnla anailíse a mbaintear leas as sa tráchtas seo a bheith oiriúnach le léamh a dhéanamh ar scéalta draíochta den uile chineál.

Chuaigh Apo i ngleic leis na scéalta draíochta a bailíodh i bpobal logánta ar leith ó thaobh fhuascailt bhrí na scéalta de, chomh maith. Dála Holbek, dar le Apo gur fiú go mór na scéalta a neadú sa chomhthéacs cultúrtha ónár eascair siad:

Examination of the problems characteristic of different plot types reveals the duality of fairy tales: they deal with the hopes and fears, often of a universal nature, encountered by their users and thus tie in with reality. The second link with reality is displayed in the surface contents of the tales, in the descriptions of people, environments and customs. (Apo 1995, 160-161)

Ina staidéar cuimsitheach ar scéalta iontais a bailíodh i réigiún Satakunta na Fionlainne sa naoú haois déag, a foilsíodh mar *The Narrative World of Finnish Fairy Tales*, chuir Apo roimpi anailís struchtúrtha shoiléir, shothuigthe d’ábhar na scéalta draíochta a nascadh le hanailís chultúrtha de bhríonna féideartha na scéalta, trí na scéalta a léamh trí lionsaí na heitneolaíochta agus na staire sóisialta (Apo 1995, 20). Buntuiscint de chuid Apo is ea nach féidir dul i ngleic le míniú scéil go dtí go ndéantar sainaitheint ar

a chomhpháirteanna, tuiscint atá lárnach sa struchtúrachas agus sa staidéar ar chúrsaí reacaireachta i gcoitinne.

Ar ndóigh, ba cheannródaí é an scoláire Rúiseach Vladimir Propp i gcur chun cinn an struchtúrachais mar mhodh anailíse i léann an bhéaloidis. Sa saothar *The Morphology of the Folktale* (1968), d'aithin Propp go raibh patrún comónta mar bhunús leis na scéalta iontais uile a d'fhiosraigh sé. Cé go n-athraíonn ainmneacha agus tréithe na gcarachtar agus na heachtraí a thiteann amach, is ionann an ról a chomhlíonann siad i ngach scéal (Propp 1968). Rinne Propp anailís ar 100 scéal béaloidis a bailíodh sa Rúis trína mbriseadh síos go dtína gcodanna bunúsacha (ar bhaist sé 'feidhmeanna' orthu): 'For the sake of comparison we shall separate the component parts of fairy tales by special methods; and then, we shall make a comparison of tales according to their components' (Propp 1968, 19). Ba chlochmhíle é an saothar seo i léann an bhéaloidis mar gur dheimhnigh sé a riachtanaí is atá sé tuiscint a fhorbairt ar bhunstruchtúr an scéil sula ndéantar iarracht dul i ngleic leis ar leibhéal níos doimhne. Ina dhiaidh sin féin, tá sé le rá i gcoinne mhúnla Propp nach modh iontaofa é chun anailís a dhéanamh ar scéalta draíochta nach bhfuil bunaithe ar thóraíocht agus nach bhfuil laoch fireann mar phríomhcharachtar iontu.³⁵ Ina theannta sin, tógann an modh anailíse seo an scéal béaloidis amach as an chomhthéacs nádúrtha inar cuireadh i láthair é lena fhiosrú ar bhealach fuarchúiseach, eolaíoch.

Is pointe imeachta fóna é an struchtúrachas agus scrúdú á dhéanamh ar scéalta draíochta de chineálacha éagsúla, mar sin féin, mar go gceadaíonn sé don taighdeoir na príomhthéamaí, na carachtair agus na móitífeanna a thagann chun cinn ó scéal go scéal, agus taobh istigh den aon scéal amháin, a chur i gcomparáid lena chéile. Mar a léiríonn Apo, ní mór an múnla anailíse a chur in oiriúint don ábhar atá faoi chaibidil, seachas iarracht a dhéanamh scéalta draíochta den uile chineál a bhrú isteach san aon mhúnla amháin ó thaobh a struchtúir de: 'it is difficult to classify folk tales "deductively" by choosing criteria that are relevant to all plots and by applying them systematically to the entire material' (Apo 1995, 54). Molann Apo idirdhealú a dhéanamh idir na scéalta a chuirtear faoi anailís trí shainithint a dhéanamh orthu de réir thíopa an phlota (Apo 1995, 54), mar a rinneadh thuas agus na scéalta fireanna

³⁵ San anailís a rinne Apo ar 13 scéal béaloidis a d'inis Marina Takalo sa bhliain 1974, léirigh sí nach bhféadfaí ach scéalta iontais fireanna a rangú de réir scéim shiontagmach Propp; ní fhéadfaí scéalta bainneanna nó scéalta atá bunaithe ar an choir a rangú de réir na scéime sin go nádúrtha (Apo 1995, 130).

agus baineanna á leagan amach. Bua eile a bhaineann le múnla anailíse Apo is ea go ndéanann sí iarracht an deighilt idir an scéal agus an saol a laghdú trí na scéalta a léamh mar tháirgí cultúrtha a tháinig ar an fhód i dtimpeallacht chultúrtha ar leith: ‘I try to understand the recurring features of narrative portraits by means of the information at my disposal on the background culture of the narrators and listeners of the stories’ (Apo 1995, 149). Treoraíonn cur chuige Apo, mar a chuirtear i láthair é san alt ‘Analysing the Contents of Narratives: methodical and technical observations’ (1992) agus go háirithe in *The Narrative World of Finnish Fairy Tales* (1995), an léamh anailíseach a dhéantar ar scéalta draíochta ó chnuasach an Bhúrcaigh sna caibidlí amach romhainn.

Ag tús Chaibidil 4 agus 5 faoi seach, déantar na scéalta thuas a bhriseadh síos go dtí na mbunchreatlach trí chur síos gonta a dhéanamh ar phríomheachtraí an scéil de réir mar a bhogann an laoch nó an banlaoch ó ghluaiseacht go gluaiseacht. Mar a míníodh thuas, is céim í seo a chuireann ar chumas an taighdeora bunstruchtúr an scéil a aithint agus is bealach furasta é chun comparáid a tharraingt idir na sraitheanna éagsúla i dtaca le príomhghníomhaíochtaí a bplotaí. Ina theannta sin, is féidir na móitífeanna a thagann chun cinn i ngach scéal le linn an díchonstráidithe seo a shainaithint ag úsáid innéacs idirnáisiúnta Stith Thompson de mhóitífeanna an bhéaloidis (Thompson 1955-8). Déantar príomhcharachtair na scéalta éagsúla a ainmniú bunaithe ar an ról a chomhlíonann siad sa scéal, chomh maith céanna. Is iad seo a leanas na príomhróil a fhaightear sa rogha scéalta a ndírímid orthu anseo, cé go n-athraíonn an líon ról agus an líon carachtar ó scéal go scéal:

1. An (ban)laoch
2. An té a phósfaidh an (ban)laoch
3. Namhaid/naimhde an (bhan)laoich
4. Deontóir(í) an (bhan)laoich
5. Cuiditheoir an (bhan)laoich
6. Athair an té a phósfaidh an laoch³⁶

³⁶ D’aithin Propp na *dramatis personae* seo a leanas sna scéalta draíochta a ndearna sé scagadh orthu sa saothar thuasluaite: namhaid, deontóir, banphrionsa agus a hathair (mar aon aonad amháin), seoltóir (*dispatcher*), laoch, laoch bréige (Propp 1968, 79-80). Is iad seo a leanas na sé ról bhunúsacha a ndearna Apo sainaithint orthu: 1) (ban)laoch, 2) céile comhraic an laoich, 3) iomaíoch an laoich, 4) deontóir, 5) cuiditheoir, 6) an té a phósfaidh an laoch (Apo 1995, 163).

Tar éis na réamhchéime seo, tarraingítear ar scoláireacht an scéil dhraíochta chun plé a dhéanamh ar na saintréithe a bhaineann le struchtúr agus le carachtair na scéalta éagsúla i dtéarmaí ginearálta.

Is í príomhspríoc na hanailíse ná léargas a fháil ar bhrí na scéalta sa chomhthéacs soch-chultúrtha áitiúil. Is iad na critéir a threoraíonn an t-iniúchadh a dhéantar ar chaidreamh an laoch le carachtair eile an scéil, mar sin de, ná an inscne, an caidreamh clainne agus an choimhlint aicmeach. Is mar seo a leanas a mhíníonn Apo oiriúnacht na gcritéir sin:

because so many fairy tales deal with the transfer of the individual from the childhood family to the family by marriage, it is worth examining fairy-tale characters as representing family roles and generations; since most fairy tales deal with the process of finding a partner, it is natural to examine fairy-tale characters as representing the different sexes; since the hero or heroine of most tales transfers from the lowest estate in society to the highest, it may be concluded that the narrators of the stories also visualised their characters as representatives of different social classes. (Apo 1995, 147)

Ceadaíonn na critéir seo don taighdeoir taithí an (bhan)laoich mar ionadaí an scéalaí agus an phobail éisteachta laistigh de dhomhnán an scéil a mheas i gcomhthéacs mhórstruchtúr na sochaí. Trí na ceistanna sóisialta a ghoilleann ar laoch nó ar bhanlaoch an scéil dhraíochta a fhiosrú mar léargas ar eispéireas an duine dhaonna, áitítear go bhfuasclaítear eolas luachmhar faoin tionchar a bhí ag struchtúir chumhachta na sochaí ar bhail na sochaí sin. Rud eile de, maítear gur mheán é an scéal draíochta chun na struchtúir chumhachta sin a cháineadh agus a cheistiú ar bhealach a mbeadh tuiscint ag an lucht éisteachta air agus glacadh acu leis. Tarraingítear ar réimse foinsí san iniúchadh a dhéantar ar na critéir anailíse seo, stairsheanchas agus finscéalta osnádúrtha ó chnuasach béaloidis an Bhúrcaigh agus eolas beathaisnéiseach faoi scéalaithe ar leith san áireamh. Ceadaítear scoláireacht náisiúnta agus idirnáisiúnta a dhíríonn ar scéalta draíochta sainsiúla mar fhoinsí chomh maith, chun tuiscint níos doimhne a fhorbairt ar an rogha scéalta a ndírítear uirthi. Cé go bhfuil sé taobh amuigh de scóip na hanailíse comparáid chuimsitheach a dhéanamh idir scéalta éagsúla ón aon sraith amháin, aithnítear gur minic a mhéadaíonn leaganacha éagsúla d'aon scéal ár dtuiscint ar théama, ar charachtar nó ar mhóitíf ar leith sa chomhthéacs logánta. Mar a deir Apo: 'Certain concepts and ideas which seem to be enigmatic in a particular story or poem, may have been expressed more clearly

in some other texts, and even in other genres' (Apo 1992, 70). Tarraingítear ar leaganacha malartacha de na scéalta thuas mar is cuí, mar sin de, chun breis léargais a fhorbairt ar théamaí agus ar mhóitífeanna ar leith.

Tugtar suntas ar leith don léiriú a dhéantar ar thuras an phríomhcharachtair go dtí an domhan fantaiseach, mar go n-aithnítear gur sa limistéar éiginnte seo a léiríonn an laoch nó an banlaoch tréithe atá riachtanach dá t(h)eacht in inmhe agus dá c(h)umas a ról mar bhall inniúil den tsochaí a chomhlíonadh ar fhilleadh ar an domhan iarbhrí dó/di. Gné thábhachtach eile a thacaíonn le mionléamh na scéalta is ea an lorg a d'fhág na reacairí, mar ealaíontóirí béil cruthaitheacha, ar na scéalta a bhronn siad ar an bhailitheoir. Is maith mar a dhéanann Vito Carrassi cur síos ar chumas an scéalaí aonair ionramháil a dhéanamh ar phlota traidisiúnta de réir a t(h)ola féin:

What is important to notice is how, using a pre-established structure, individual innovation has a wide margin of liberty. The deep nature and sense of the tale do not change; rather, its *exterior* characteristics, those within the power of the single recreator/beneficiary, change. (Carrassi agus Wren 2012, 117)

Sa léamh a dhéantar ar scéal ar leith, mar sin de, ní mor suntas a thabhairt do na heilimintí aeistéitiúla a dhéanann idirdhealú idir an insint áirithe sin agus an “bunleagan” den scéal, mar a fhaightear sa chultúr béil áitiúil é. Is sa mhaisiú a dhéanann an scéalaí ar bhunchreatlach an scéil a fhaightear léargas ar bheocht agus ar nádúr athraitheach an traidisiúin agus ar thuairim an scéalaí féin faoi bhunbhrí an scéil. Ar an dul céanna, is fiú aird a dhíriú ar na leideanna a fhaightear san insint faoi mheon an reacaire i dtaca leis an phlota. I measc na n-uirlisí reitriciúla a mbaineann reacairí úsáid astu go rialta, dar le Siikala, tá ráitis dhíreacha a dhéanann an scéalaí agus eachtra sa scéal á míniú aige/aici, an charachtracht a dhéanann an scéalaí ar phearsana an scéil; agus focail ar leith a ndéantar athrá orthu san insint chun aird a dhíriú ar ghné ar leith den phlota (Siikala 1990, 91-92). Trí bhéim a leagan ar cheardaíocht reacaireachta an scéalaí mar ealaíontóir béil comhfhiosach, féachtar le léargas a thabhairt ar an léamh a rinne an scéalaí ar phlota an scéil agus chuige sin le brí an scéil, mar a chonacthas dósan é, a fhuascailt.

3.7 Ceangal

Mar a míníodh ag tús na caibidle seo, tuiscint bhunaidh de chuid an tráchtais seo is ea go raibh riachtanais ar leith á gcomhlíonadh ag múnla reacaireachta an scéil dhraíochta

Caibidil 3: Scéalta Draíochta na Dúiche

i gcomhphobal Dhúiche Sheoigheach sa chéad leath den fhichiú haois. Dá thairbhe sin, maítear go raibh na scéalta a ndírítear orthu anseo beo beathach i gcultúr na ndaoine nuair a chuaigh an Búrcach i mbun bailithe sna 1930dí. Tá na hinsintí a ndéantar scagadh orthu anseo i measc na scéalta ba mhó a raibh tóir orthu le fada an lá i dtraidisiún béil na hÉireann; ní hionadh é, mar sin de, go bhfuil cosúlachtaí suntasacha le nótáil idir na scéalta seo agus scéalta eile ón traidisiún béil dúchasach agus ó thraidisiúin níos faide i gcéin. Ní i mbunfhoirm na scéalta ná sna naisc a d'fhéadfaí a aimsiú idir na hinsintí seo agus scéalta eile dá macasamhail is mó a chuirtear suim sa tionscamh seo, mar sin féin, cé go n-aithnítear a fhiúntaí agus a thairbhí is atá taighde den chineál sin i bhforbairt ár dtuiscint ar mhúnla reacaireachta an scéil dhraíochta. Mar a pléadh go mion cheana, is iad na naisc is féidir a aimsiú idir an scéal agus an saol is mó a mhúsclaíonn ár suim agus is chuige sin a dhéantar mionchíoradh ar na scéalta seo, ag úsáid an mhodh anailíse thuasluaite mar chrann taca.

Caibidil 4

Scéalta na Laochra Fireanna

4.1 Réamhrá

Sa chaibidil seo, déantar mionanailís ar na scéalta fireanna a ndearnadh sainaitheint orthu i gCaibidil 3 trí fheidhm a bhaint as an mhúnla anailíse a leagadh amach ag deireadh na caibidle sin. Is í sprioc na hanailíse seo ná tuiscint chomh domhain agus is féidir a fháil ar na hinsintí seo ó thaobh a struchtúir de chomh maith leis an bhrí is féidir a bhaint astu trína suiteáil sa chomhthéacs soch-chultúrtha. I dtús báire, fiosraítear bunstruchtúr an scéil trína phríomhghluaiseachtaí a chur i láthair ar bhealach gonta, simplí: baintear leas as ceanteidil mar ‘Ríocht an Laoich ag Tús an Scéil’, ‘Sroicheadh an Limistéir Osnádúrtha’ agus ‘Pósadh’ sa chéim seo den anailís. Déantar na móitífeanna a thagann chun cinn sna gluaiseachtaí éagsúla seo a shainaitheint ag úsáid córas rangaithe idirnáisiúnta na móitífeanna, nuair is féidir é sin a dhéanamh, ionas gur féidir na hinsintí saineiúla seo a shuíomh sa chomhthéacs idirnáisiúnta. Ina dhiaidh sin, téitear i muinín scoláireacht an scéil dhraíochta chun saintréithe an struchtúir agus na bpríomhcharachtar a mhíniú i dtéarmaí ginearálta. Réitíonn an réamhullmhúchán seo an bealach don mhionléamh a dheántar ar na scéalta sa chomhthéacs soch-chultúrtha sa dara cuid den chaibidil.

4.2 Cuid 1: Rangú, Struchtúr agus Príomhphearsana na Scéalta

4.2.1 ‘Mac Bhaintreach Chill Ghlasáin’

Tá scéal clasaiceach Pherseus agus Andromeda mar bhunús leis an tsraith ATU 300 *The Dragon-Slayer* agus tá tóir ollmhór air ar fud an domhain. Is é seo an scéal draíochta is cáiliúla i dtraidisiún scéalaíochta na hÉireann (Ó Súilleabháin 1973, 16). Tá tagairt in TIF do na céadta insintí éagsúla a bailíodh ar fud na tíre (Ó Súilleabháin 1963, 58-62). Tá tóir ollmhór ar an scéal ar fud an domhain agus dar le Propp gurb é an scéal seo an fhréamhshamhail is gaire do thraidisiún an tseanscéil i gcoitinne (Propp 1968, 114). Bhí an nasc idir *The Dragon-Slayer* agus an fhosraith fhireann de ATU

510A *Cinderella* an-choitianta in Éirinn; is minic a thugtar ‘An Tarbh Breac’ ar an chónascadh sin.¹

Riocht an Laoich ag Tús an Scéil

Bíonn aonmhac bhaintreach Chill Ghlasáin ag fás aníos ina fhear láidir ach bíonn sé sáite cois teallaigh sa luaith agus ní bhíonn blas maitheasa á dhéanamh aige.² Nuair a bhíonn bliain is fiche d’aois slánaithe aige, éiríonn sé amach as an luaith agus deir sé lena mháthair culaith a fháil ón tiarna talún le go gcuirfidh sé cuma agus crot air féin. Faigheann sé é sin. Fágann sé slán ag a mháthair agus imíonn sé ar thóir aimsire.³

Sroicheadh an Limistéir Osnádúrtha

Faigheann mac na baintrí aimsir ag cumhdach beithíoch do thiarna talún a bhfuil cónaí air i dteach mór. Cuireann an tiarna fainic air gan na beithígh a ligean isteach ar thalamh an triúr fathach a bhfuil cónaí orthu i gcaisleán atá trasna na teorann óna theach féin. Téann mac na baintrí amach leis na beithígh. Socraíonn sé iad a scaoileadh isteach ar thalamh na bhfathach mar go bhfuil flúirse féir ansin. Tagann an chéad fhathach agus bíonn comhrac idir é féin agus an laoch. Éiríonn leis an laoch claíomh an fhathaigh a shaothrú agus baineann sé an cloigeann dá chéile comhraic. Maraíonn mac na baintrí an bheirt fhathach eile ar an chuma chéanna agus glacann sé seilbh ar a gcaisleán, a gcultacha agus a n-eacha.⁴

Dúshlán

Cuireann an tiarna talún in iúl don laoch go ndéanfaidh ollphéist a bhfuil trí chloigeann uirthi iníon Rí an oileáin a shlogadh an lá dar gcionn.⁵ Gléasann an laoch é féin i gculaith na bhfathach, tógann sé an t-each caol dubh agus téann sé go dtí an cladach. Ag deireadh an chéad lae, éiríonn le mac na baintrí cloigeann amháin a bhaint den

¹ Féach Christiansen (1937, 13-14); (1950, 101; 104).

² L101. *Unpromising hero (male Cinderella)*. L131. *Hearth abode of unpromising hero*.

³ L133. *Unpromising son leaves his home and goes into the world*.

⁴ F628.0.1. *Precocious strong hero as mighty slayer*; F628.2.3. *Strong man kills giant*. Faightear an dá mhóitíf seo i mórán scéalta de chuid na seanlitríochta Gaelaí, féach *Motif-index of Early Irish literature*, mar shampla (Cross 1952, 288-289).

⁵ H335.3.1. *Suitor task: to kill dragon to whom the princess is to be sacrificed*.

ollphéist, tar éis dó an lá iomlán a chaitheamh i mbun troda léi. Tar éis trí lá troda, baineann mac na baintrí na trí chloigeann den ollphéist agus titeann sí marbh.

Aithint an Laoich

Sciobann iníon an Rí an bhróg de chos an laoich. Ligeann fir eile orthu féin gurbh iadsan a mharaigh an ollphéist. Deir iníon an Rí nach bpósfaidh sí aon fhear ach an fear a bhfeilfidh bróg an ghaiscígh dá chos. Tagann fir mhóra láidre ag ligean orthu féin gurbh iadsan a rinne an beart ach ní fheileann an bhróg dóibh. Aimsíonn airm an Rí mac na baintrí ar thalamh na bhfathach. Tagann a aitheantas mar ghaiscíoch chun solais nuair a thagann sé a fhad le caisleán an Rí i gculaith na bhfathach agus nuair a fheileann an bhróg dá chos.⁶

Pósadh agus Filleadh ar an Mháthair

Pósann mac na baintrí iníon an Rí. Ofrálann an Rí leath a oidhreachta dó ach diúltaíonn seisean mar go bhfuil tailte agus saibhreas dá chuid féin aige.⁷ Tugann sé a mháthair a fhad lena chaisleán agus bíonn sise mar bhean uasal a fhad is a mhaireann sí.

Carachtair

An laoch

Mac na Baintrí

An té a phósfaidh an laoch

Iníon an Rí

Naimhde an laoich

Na Fathaigh; An Ollphéist

Deontóirí an laoich

An Tiarna Talún; Na Fathaigh

Athair an té a phósfaidh an laoch

An Rí

⁶ H36.1. *Slipper test.*

⁷ L161. *Lowly hero marries princess.*

4.2.2 ‘Scológ na Féasóige Liath’

Tá ATU 313 *The Magic Flight* bunaithe ar thraidisiún atá an-ársa ar fad. Faightear leagan de i mochlitríocht na Gréigise i scéal Jason agus Medea, ina dtarraingíonn Medea ar a cumhacht dhraíochtach d’fhonn cuidiú le Jason na tascanna dodhéanta a thugann athair s’aicise dó a chur i gcrích (Ó hÓgáin 2000, 69). Faightear fianaise d’úsáid an scéil bhéaloidis i mochlitríocht na Gaeilge in *Tochmarc Étaíne*; scríobhadh an téacs seo chomh luath leis an ochtú haois agus rinne an scríbhneoir an scéal a nascadh le téamaí a bhí fréamhaithe i ndeasghnátha ríogacht Theamhrach (Ó hÓgáin 2000, 69). Tar éis ATU 300, is é seo an dara scéal draíochta is cáiliúla i dtraidisiún scéalaíochta na hÉireann; bailíodh an t-iliomad leaganacha de ó cheann ceann na tíre (Ó Súilleabháin 1963, 68-71).

Ríocht an Laoich ag Tús an Scéil

Téann mac an Rí síos go dtí bruach na farraige, áit a gcastar an draíodóir osnádúrtha Scológ na Féasóige Liath air. Imríonn siad cluiche cártaí. Castar an bheirt ar a chéile san áit chéanna ar feadh ceithre lá as a chéile. Bíonn an bua ag mac an Rí sa chéad trí chluiche agus faigheann sé achainíocha éagsúla ón Scológ. Bíonn an bua ag an Scológ ar an cheathrú lá agus cuireann sé mac an Rí faoi gheasa a theacht chomh fada lena theachsa sa Domhan Thoir.⁸

Sroicheadh an Limistéir Osnádúrtha

Bronnann máthair an laoich cáca air agus deir sí leis dul a fhad le teach a dearthársa. Bronnann an laoch an cáca ar mhadra a uncail ar theacht chun tí dó agus faigheann sé lóistín ón uncail. Tugann an t-uncail cáca eile dó agus cuireann sé go dtí teach a dhearthár eile é. Bronnann an dara huncail each ar an laoch a iompraíonn go dtí an Domhan Thoir é.⁹

⁸ C650 *The one compulsory thing*. Is móitíf Éireannach é cluiche na geise, dar le Christiansen (Christiansen 1959, 101). Cé gur minic a bhíonn an chiall ‘toirmeasc’ léi sa tseanlitríocht Ghaelach, cuireann an gheis oibleagáid in iúl sna scéalta draíochta agus is seift chliste í le tús a chur le hinsint an scéil (Christiansen 1959, 17).

⁹ H1235. *Succession of helpers on quest*.

Tascanna Dúshlánacha

Tagann an laoch chomh fada le teach Scológ na Féasóige Liath sa Domhan Thoir. Tugann an Scológ drochbhia agus leaba mhíchompordach dó. Ar feadh dhá lá as a chéile, tugann an Scológ tascanna don laoch a bhfuil cuma dhodhéanta orthu; ní mór dó stábla lán aoiligh a chartadh go dtí go n-aimseoidh sé fáinne a chaill máthair mhór na Scolóige seacht gcéad bliain ó shin agus nead atá istigh ar oileán a choilleadh chun na huibheacha atá istigh ann a thabhairt chuig an Scológ.¹⁰

Comhlíonadh na dTascanna

Déanann an laoch iarracht na tascanna seo a chomhlíonadh as a stuaim féin ach teipeann air agus tagann lagmhisneach air. Tagann iníon na Scolóige chuige lena dhinnéar. Baineann sí úsáid as píce draíochtach chun an stábla a chartadh. Déanann sí bád amach as sliseog agus téann sí féin agus mac an Rí isteach ar an oileán, ansin cuireann sí iachall ar mhac an Rí a cuid méar a ghearradh di chun go mbeidh ar chumas s'aigesean staighre a dhéanamh astu chun dreapadh suas i gcrann agus an nead a choilleadh.¹¹

Fágáil an Domhain Osnádúrtha

Tagann iníon na Scolóige chuig an laoch i lár na hoíche agus deir sí leis nach mór dóibh éalú ó theach a hathar sula maraítear iad. Teitheadh siad ar dhroim eich. Cumann an ógbhean seifteanna a cuireann moill ar an Scológ agus a bhean chéile agus iad ag teacht sa tóir uirthi féin agus mac an Rí. Cuireann sí trí cháca dhraíochtacha a bhfuil caint acu isteach i leaba mhac an Rí agus tugann sí ar mhac an Rí nithe draíochtacha a tharraingt amach as cluas an eich chun constaicí a chur os comhair na Scolóige agus a mhná céile.¹² Maraíonn an ógbhean an Scológ an tríú huair a thagann sé féin agus a bhean chéile sa tóir orthu trí úll a chaitheamh ina choinne.

¹⁰ H310. *Suitor tests*. Tá na tascanna seo i measc na dtascanna is coitianta a fhaightear sa leagan Éireannach agus sna leaganacha idirnáisiúnta de ATU 313 (Christiansen 1959, 103).

¹¹ G530.2. *Help from ogre's daughter*.

¹² D1611.8. *Magic cakes answer for fugitive*; D672. *Obstacle flight*.

Tástáil an Chaidrimh

Déanann an laoch dearmad glan d'iníon na Scolóige nuair a líonn madadh a bhéal i dteach a thuismitheoirí.¹³ Bíonn sise taobh amuigh den chaisleán ina haonar agus téann sí ar foscadh thuas i gcrann. Tagann an bhean óg a raibh cleamhnas déanta idir í féin agus mac an Rí le heisean a phósadh. Faigheann iníon na Scolóige lóistín i dteach caibléara agus téann sí in éineacht leis an chaibléir go dtí bainis mhac an Rí.

Aithint na Brídeoige agus Pósadh na Lánúine

I dteach na bainise, cumann iníon na Scolóige seifteanna cliste chun an caidreamh a bhí aici le mac an Rí a chur i gcuimhne dósan. Gléasann sí putóg álainn agus fágann sí lorg a méar uirthi, ansin cuireann sí coileach agus cearc i mbun cainte chun na hÍobairtí a rinne sí ar son mhac an Rí a mheabhrú dó.¹⁴ Aithníonn mac an Rí faoi dheireadh í agus baineann sé úsáid as tomhas na n-eochracha chun a fhiafrú den dream atá i láthair cén bhean ar cheart dó a phósadh: iníon na Scolóige nó an bhean a raibh a chleamhnas déanta léi sular fhág sé an baile in aon chor. Deir an dream atá i láthair gurbh fhearr an tseaneochair .i. iníon na Scolóige a choinneáil agus is í sin an bhean a phósann sé.

Carachtair

An laoch

Mac an Rí¹⁵

An té a phósfaidh an laoch

Iníon Scológ na Féasóige Liath

Namhaid an laoich

Scológ na Féasóige Liath

Deontóir(í) an laoich

Máthair an Laoich; Uncailí an Laoich

¹³ D2003. *Forgotten fiancée.*

¹⁴ D2006.1.7. *Forgotten fiancée remembered by means of bird.*

¹⁵ Cé go mbronnar ról an laoich ar fhear sa tsraith seo de ghnáth, dar le Holbek gur scéal baineann é i ndáiríre mar gurb í an banlaoch an phearsa ghníomhach síos tríd (Holbek 1987, 161). Is cinnte gurb í iníon Scológ na Féasóige Liath príomhphearsa an scéil seo ón ghluaiseacht ‘Tástáil an Chaidrimh’ amach óir is ó dhearcadh s’aicise a chuireann an reacaire eachtraí an scéil i láthair. Dar le hIsabel Cardigos, is ionann móitíf na brídeoige dearmadta agus eachtra a bhfuil malartú na ról agus na spásanna sa scéal mar fheidhm leis (Cardigos 1996, 172).

4.2.3 ‘Mac Bhaintreach Loch Coirib’

Bhí ráchairt mhór ar an tsraith ATU 650 i dtraidisiún scéalaíochta na hÉireann, mar aon leis na sraitheanna thuas. Dar le hAlan Bruford, ba é an scéal rómánsach ‘Eachtra an Amadáin Mhóir’ an bunús do na scéalta béaloidis faoi mhac baintrí nach bhfuil ag déanamh aon mhaitheasa, ach a léiríonn láidreacht as cuimse nuair a thagann sé in aois (Bruford 1969, 148). Is féidir comparáid a tharraingt idir an scéal seo agus ‘The Story of the Lay of the Great Fool’, a d’fhoilsigh John Francis Campbell in *Popular Tales of the West Highlands* sa bhliain 1892 (Campbell 1892, 160-167). Dar le Gerard Murphy, tá gaol idir an scéal áirithe sin agus an traidisiún Artúrach faoi Sir Perceval, maille leis an traidisiún liteartha agus béil faoi Fhionn Mac Cumhaill (Murphy 1948, 369). Is minic a nasctar an tsraith seo le ATU 300 i dtraidisiún béil na hÉireann agus níl amhras ach go bhfuil cosúlachtaí suntasacha le tabhairt faoi deara idir carachtracht an laoi seo agus carachtracht mhac na baintrí in MBCG.

Riocht an Laoich ag Tús an Scéil

Tá mac amháin ag baintreach Loch Coirib. Ní bhíonn blas maitheasa á dhéanamh aige, ach é sáite sa luaith a fhad is a bhíonn a mháthair ag obair go crua lena thógáil.¹⁶

Fágáil an Bhaile & Dul ar Aimsir

Éiríonn mac na baintrí amach as an luaith nuair a bhíonn fiche bliain d’aois slánaithe aige. Iarrann sé ar a mháthair culaith éadaigh a fháil dó ó fhear siopa, ansin níonn sé é féin agus gearrann sé anuas crann le húsáid mar mhaide láimhe. Fágann sé an baile. Faigheann sé lóistín i dhá theach éagsúla ar a bhealach agus ar an trú lá tagann sé chomh fada le Cúige Mumhan. Faigheann sé aimsir ó dhuine uasal sa Dúiche sin.¹⁷

¹⁶ Féach fonóta 2, Caibidil 4.

¹⁷ Féach fonóta 3, Caibidil 4.

Bagairt Bháis

Is é an cheád tasc a thugann an duine uasal do mhac na baintrí ualach beag broсна a chruinniú le haghaidh tine. Tugann an stócach an oiread sin adhmaid isteach ón choill go dtagann eagla ar an duine uasal go scriosfaidh mac na baintrí é.¹⁸ Iarrann sé ar mhac na baintrí tarbh confach a shríanadh lena thabhairt chun aonaigh, le súil is go maróidh an tarbh é. Cuireann mac na baintrí an tasc i gcrích gan aon stró mar go mbíonn an oiread sin eagla ar an tarbh roimhe.

Saothrú Iníon an Rí

Is é an tríú tasc a thugann an fear uasal don laoch ná páirc coirce a bhualadh. Buailéann mac na baintrí an pháirc iomlán roimh luí na gréine. Bronnann an fear uasal a iníon ar mhac na baintrí mar go mbíonn an oiread sin eagla air féin agus a bhean chéile go scriosfaidh an t-ógfhear a dteach agus a dtailte agus go maróidh sé iad ar fad.

Pósadh & Filleadh ar an Mháthair

Bíonn bainis mhór ag mac na baintrí agus iníon an duine uasail. Filleann an laoch ar a mháthair agus tugann sé ar ais go teach an duine uasail í. Íocann sé as an lóistín a fuair sé ar fhágáil an bhaile dó.

Carachtair

An laoch

Mac na Baintrí

An té a phósfaidh an laoch

Iníon Duine Uasail i gCúige Mumhan

Namhaid an laoich

Duine Uasal i gCúige Mumhan

Deontóir(t) an laoich

Fear an tSiopa; Fir a Thugann Lóistín dó

¹⁸ H1562. *Test of strength.*

4.2.4 ‘Seán an Ghabha’

Bhí ráchairt mhór ar scéalta faoin choimhlint idir an gnáthdhuine agus an diabhal i dtraidisiún béil na hÉireann. Dar le Christiansen go bhfuil tionchar liteartha le sonrú go láidir ar an scéal seo, mar aon le dearcadh níos sofaisticiúla ná mar a fhaightear i scéalta béaloidis eile, ach d’admhaigh sés gur dheacair aon leabhar nó lámhscríbhinn a aithint mar fhréamhshamhail fhéideartha den scéal, mar a insítear sa traidisiún béil é (Christiansen 1953, 79). Bhí an nasc idir ATU 332 *Godfather Death* agus ATU 330 *The Smith and the Devil* an-choitianta i measc scéalaithe na hÉireann, mar is léir ón 79 n-insint a dtagraítear dóibh in TIF a bhfaightear eilimintí den dá scéal sin iontu (Ó Súilleabháin 1963, 81-85). Mar a d’aithin Christiansen, tá difríochtaí suntasacha le nótáil idir an dá shraith scéalta seo ó thaobh meoin agus atmaisféir de: tá meascán den ghreann agus den ghaisce mar bhunús le ATU 330, ina n-éiríonn le pearsa chliste an bua a fháil ar an Diabhal; ar an lámh eile, tá ATU 332 níos dairíre mar scéal, ‘pointing out the inevitability of death, and of strict justice being meted out to all’ (Christiansen 1953, 77-78).

Margadh leis an Bhás

Tar éis dá athair agus dá mháthair bás a fháil, socraíonn Seán an Ghabha go bhfuil sé in am aige pósadh. Bíonn mac óg aige féin agus ag a bhean chéile agus téann Seán ar thóir charas Críost don leanbh. Castar Dia air agus deir seisean le Seán go seasfaidh sé leis an leanbh. Deir Seán nach caras Críost feilúnach eisean ámh, mar nach dtugann sé cothrom na Féinne do gach duine. Castar an Diabhal air ina dhiaidh sin ach ní dóigh le Seán go bhfuil seisean fóirsteanach don ról ach an oiread. Is é an Bás an tríú pearsa a chastar ar Sheán; roghnaíonn Seán eisean le seasamh lena mhac mar nach ndéanann sé aon idirdhealú idir ard agus íseal.

Saothrú na mBronntanas Draíochtach

Bronnann an Bás fáinne agus buidéilín ar Sheán a chuirfeas ar a chumas daoine atá ar leaba an bháis a thabhairt slán, ar an choinníoll go mbeidh an Bás ag seasamh ag ceann leapa an duine thinn.

Méadú Maoine

Leigheasann Seán fear saibhir atá ar leaba an bháis agus saothraíonn sé airgead mór. Téann sé go dtí fear eile atá ag saothrú an bháis agus leigheasann sé é, d'ainneoin go mbíonn an Bás ag seasamh ag cosa an fhir thinn. Tógann an Bás na bronntanais dhraíochta ar ais ó Sheán, ach bronnann sé trí achainí air mar sin féin. Is iad na hachainíochta a iarrann Seán air ná draíocht a chur ar a mháilín, ar an chrann úll atá ina ghairdín agus ar an ord atá ina cheárta ionas go mbeidh an chumhacht aigesean aon duine a bhíonn ag goid uaidh a ghabháil i ngaiste.

Margadh leis an Diabhal

Téann Seán abhaile agus bíonn sé ag caitheamh leis go mbíonn an t-airgead a shaothraigh sé ón Diabhal ídithe. Aimsíonn sé bonn airgid ar an talamh agus cuireann sé ina phóca é ach bíonn an Diabhal i bhfostú sa pháosa airgid. Tairgeann sé seomra lán airgid do Sheán má gheallann Seán go rachaidh sé in éineacht leis an Diabhal faoi cheann seacht mbliana. Glacann Seán leis an tairscint sin.

Éalú ón Diabhal

Ní fada go mbíonn an t-airgead caite ag Seán mar go bhfuil sé tugtha don ólachán. Nuair a bhíonn seacht mbliana istigh, filleann an Diabhal ar Sheán lena thabhairt in éineacht leis go hifreann. Tugann an Diabhal breis ama do Sheán go dtí go mbeidh an choinneal atá lasta sa teach caite, ach múchann Seán an choinneal. Tar éis cúpla bliain, aimsíonn bean Sheáin an choinneal agus í ag glanadh an tí agus caitheann sí sa tine í, áit a dhóitear láithreach í. Filleann an Diabhal ar Sheán an athuir ach úsáideann Seán na gaistí uile a bhronn an Bás air chun dallamullóg a chur ar an Diabhal agus saothraíonn sé seomra lán airgid uaidh trí huairé i ndiaidh a chéile.¹⁹ Caitheann Seán an t-airgead go fánach gach uile uair, ansin faigheann sé bás.

¹⁹ K210 *Devil cheated of his promised soul*. Deir Stith Thompson: 'The idea of Death sticking to a tree or to a stool can be traced back to antiquity, where it is found in both Greek and Hebrew originals' (Thompson 1946, 46).

Damnú Síoraí

Téann Seán a fhad le geataí na bhFlaitheas ach diúltaíonn Naomh Peadar é a ligean isteach. Diúltaíonn an Diabhal cead isteach go hifreann dó chomh maith ach bronnann sé dhá splanc dhearga ar Sheán lena choinneáil te. Fághtar Seán mar ainsprid fhiáin ar a dtugtar “Giolla na Béice” ar feadh na síoraíochta.²⁰

Carachtair

<i>An laoch</i>	Seán an Ghabha
<i>Namhaid an laoi</i>	An Diabhal
<i>Deontóir an laoi</i>	An Bás

4.2.5 Struchtúr agus Príomhcharachtair Scéalta na Laochra: Saintréithe

Trí na scéalta draíochta seo a bhriseadh síos de réir bhunghluaiseachtaí a bplotaí, feictear go mbraitheann bunstruchtúr an scéil ar an chineál plota atá i gceist agus ar phríomhaidhmeanna an laoi laistigh den scéal. Tá teacht in inmhe an ógfhir go mór i gceist sa chéad trí scéal thuas .i. MBCG, SFL agus MBLC. Buneispéireas i saol an duine is ea an claochlú ó riocht an pháiste go dtí riocht an duine fhásta agus ní hionadh é go bhfuil an chéim saoil seo i lár an aonaigh sna scéalta draíochta. Deir Maria Tatar:

Fairy tales chart the rise of a single, central hero as he moves through a magical foreign realm from an oppressed condition in the drab world of everyday reality to a shining new reality. The hero of such tales is a “traveler between two worlds”, a secular pilgrim on the road to wealth and marriage. (Tatar 2003, 61)

Is i dtéarmaí an turais a mhíníonn Diarmaid Ó Giolláin claochlú saoil an laoi sna scéalta seo fosta: ‘Triail is ea an turas dainséarach a thugann [an laoch] air féin agus a

²⁰ Móitíf F491. *Will-o'-the-Wisp*. (Jack o’Lantern.) Tá an phearsa mhí-ámharach seo bunaithe ar an fheiniméan *Ignis Fatuus* (*foolish fire*). Tugtar ‘tine ghealáin’ nó ‘Seán na Gealaí’ ar an fheiniméan seo go minic, ach bhí an téarma ‘Giolla na Béice’ coitianta go maith i nDúiche Sheoigheach. Bhailigh Proinnsias de Búrca cuntas ar an phearsa seo ó Thomás Ó Súilleabháin, Baile an Tobair, i mí Dheireadh Fómhair, 1935: ‘séard a bhí ann fear an-mhór [...] a raibh cosa bó air agus gan chloigeann ar bith [air]’ (CBÉ 164: 149).

chruthaíonn go bhfuil sé in inmhe fir' (Ó Giolláin 2005, 54). Tríd an bhaile a fhágáil, cuireann an laoch tús le turas meafarach a bhfuil a theacht in aibíochta féin mar cheann scríbe. Sa trí scéal seo, léiríonn an laoch a thoilteanas muinín a chur i bhfórsaí atá níos cumhachtaí ná mar atá seisean agus é féin a oiliúint i scileanna a bheas riachtanach dá fhorbairt phearsanta. Is cuma an de bhunadh ríoga nó dearóil é an t-ógfhear, a fhad is a bhíonn sé toilteanach próiseas athraithe nádúrtha an tsaoil a choinneáil ag imeacht. Ní mór dó tabhairt faoi na dúshláin a chastar air go fonnmhar, freisin. Meabhraítear tuiscint Zipes ar an chlaochlú nádúrtha mar a chuirtear i láthair é sa mhúnla scéalaíochta seo: 'The marvelous protagonist wants to keep the process of natural change flowing and indicates possibilities for overcoming the obstacles that prevent other characters or creatures from living in a peaceful and pleasurable way' (Zipes 2006, 51).

Tá codarsnacht láidir idir an chéad trí scéal agus SG ó thaobh a mbunstruchtúir de mar go ndíríonn SG ar phríomhphearsa níos sine atá tagtha in aois faoin am a thiteann príomhimeachtaí an scéil amach. Tá teachtaireacht shoiléir san insint seo faoi chathuithe an diabhair agus faoin mheathlú atá i ndán don té a ghéilleann don chathú agus nach n-iompraíonn é/í féin de réir shuílce morálta an phobail. Ina dhiaidh sin féin, níl amhras ach go bhfuil an greann le brath go tréan sna hiarrachtaí áibhéileacha a dhéanann Seán an Ghabha an Diabhal a chur ar seachrán trí mheán na cleasaíochta. Mar a léireofar thíos agus na scéalta á gcíoradh sa chomhthéacs soch-chultúrtha, cuireann na tréithe a léiríonn laoch an scéil dhraíochta i limistéar na tairseachúlachta teachtaireachtaí tábhachtacha chun cinn faoi ról agus iompar inmholta an duine ag leibhéal an phobail.

Tá nasc soiléir idir an teacht in inmhe agus bunú an chumainn ghrámhair in MBCG agus SFL. Trí ainnir de shliocht uasal a mhealladh agus a phósadh, cuireann an t-ógfhear bailchríoch ar phróiseas na haibíochta agus daingíonn sé a stádas sa tsochaí. Is sa domhan osnádúrtha a chastar an laoch agus a bhrídeog ar a chéile den chéad uair agus is furasta an ceangal idir tairseachúlacht an limistéir seo agus neamhbhuaine an chumainn sa tréimhse idir dáil is pósadh a aithint. Is ar an chladach a chastar an laoch agus iníon an Rí ar a chéile in MBCG, mar shampla, agus is i gcúirt athair an chailín sa Domhan Thoir a thagann an lánúin i dteagmháil lena chéile den chéad uair in SFL. Mar a phléann Nicolaisen, is meafar é an cladach den teorainn idir an domhan so-

aitheanta agus an domhan do-aitheanta: ‘the firm land, on the one hand, and the *threatening* or at least *unpredictable* other, the infirm sea, on the other. It is a *place of ambiguities*’ (Nicolaisen 1983). Ó tharla gurb é bunú chaidreamh na lánúine príomhspríoc na heachtra seo, is beag an t-ionadh é go mbíonn bunús gnéasúil leis na siombailí a thagann chun cinn inti go minic (Holbek 1987, 424). Tá an fhantaisíocht go mór chun cinn sa léiriú a dhéantar ar an chaidreamh grámhar agus ar charachtracht na hógmhna, mar a phléifear go mion ar ball. Ag trácht dó ar na scéalta draíochta a bhailigh Evald Tang Kristensen sa Danmhairg, d’áitigh Holbek gurb í an bhainis buaicphointe an scéil dhraíochta: ‘The wedding is the peak, the apotheosis of the narrative discourse in fairy tales and the storyteller has this aim firmly in mind from the beginning’ (Holbek 1987, 411). Ní hamhlaidh an cás in MBLC agus SG ámh. Cé go bpósann mac na baintrí ag deireadh MBLC, ní téama lárnach é an pósadh agus ní gníomh riachtanach é de réir bhunstruchtúr an scéil.²¹ Níl tábhacht théamúil ag an phósadh in SG ach an oiread. Póstar Seán an Ghabha ag tús na hinsinte ach ní fhaightear aon léargas ar an chaidreamh idir é féin agus a bhean chéile agus níl ceangal dá laghad idir an pósadh agus an teacht in inmhe.

Tá an léiriú a dhéantar ar an chuidiú draíochtach sna scéalta seo go mór i dtuilleamaí na fantaisíochta. Mar a mhíníonn Max Lüthi, ní éireodh le laoch an scéil dhraíochta a chuid spriocanna a chur i gcrích murach an cuidiú a shaothraíonn sé ó phearsana éagsúla an scéil:

The heroes of the folktale meet the right helpers and press the right button to obtain help, whereas the antiheroes frequently do not encounter any helper, and if they do, they react wrongly and forfeit the gift. The hero is the lucky one. (Lüthi 1982, 57)

Aithníonn Lüthi gur móitíf lárnach é an bronntanas sna scéalta seo, freisin (Lüthi 1982, 56). Cé nach dtagann cuiditheoir osnádúrtha sa tóir ar an ógfhear i ngach insint, tá an tacaíocht a shaothraíonn an laoch ó fhórsaí fantaiseacha riachtanach dá dhul chun cinn i ngach scéal. Is léir gur deontóirí iad na fathaigh in MBCG mar shampla, mar gur uathusan a shaothraíonn an laoch na claimhte, na cultacha agus na heacha a

²¹ Go deimhin, ní phósann an laoch in aon chor in insintí áirithe de ATU 650. Sa scéal ‘Mac Baintrí’, a d’inis Tomás Ó Loideáin as Bun an Bhuacáin do Phroinnsias de Búrca in Aibreán, 1936, filleann Jack, laoch an scéil, ar a mháthair lena mhaoín nuashaothraithe agus maireann sé go sócúlach in éineacht léi (CBÉ 232, 7-14). Is amhlaidh an cás in ‘Mac na Baintrí’, a d’inis Pádraig Ó Muireáin as Cill Bhríde don Bhúrcach i mBealtaine, 1936 (CBÉ 232, 162-167).

cheadaíonn dó bogadh ar aghaidh go dtí an chéad ghluaiseacht eile agus an ollphéist a mharú. In MBLC, is ionann an chulaith éadaigh a shaothraíonn an laoch ó fhear an tsiopa agus bronntanas draíochtach, mar go gcinntíonn an gifte seo go mbíonn ar chumas an stócaigh tabhairt faoin chéad chéim eile dá thuras go misniúil, muiníneach. Dearbhaíonn an cuidiú agus na bronntanais dhraíochtacha a shaothraíonn an stócach a oiriúnacht do ghradam an laoich ach ní mór na hacmhainní seo as a úsáid ar bhealach a rachaidh chun leasa an phobail i gcoitinne. Dar le Lewis Hyde, is maith a fhóireann coincheap Eacnamaíocht an Bhronntanais chun síorghluaiseacht na maoin sa scéal draíochta a thuiscint: ‘the gifts in fairy tales may, at one level, refer to real property, but at another they are images in the psyche and their story describes for us a spiritual or psychological commerce’ (Hyde 2006, xvii). Faoi scáth na tuisceana seo, is beag rath a bheidh ar an té a dhéanann iarracht gluaiseacht nádúrtha an bhronntanais a shrianadh. Faightear cruthúnas de seo i dtéarmaí diúltacha in SG. Seachas na hacmhainní draíochtacha a shaothraíonn sé ón Bhás a choinneáil ag gluaiseacht trína ndáileadh go neamhleithleasach ar phearsana eile an scéil, déanann Seán an Ghabha iarracht brabús a bhaint astu ar a shon féin. Déanfar plé níos cuimsithí ar na mórthéamaí seo, mar atá an teacht in inmhe, an caidreamh grámhar agus an cuidiú draíochtach, sa chíoradh a dhéanfar ar na scéalta sa chomhthéacs soch-chultúrtha anseo thíos.

4.3 Cuid 2: Anailís Shoch-Chultúrtha

Cé gur furasta an tóir a bhí ar na scéalta draíochta seo i bpobal traidisiúnta Dhúiche Sheoigheach sna 1930dí a thuiscint ón bhriseadh síos struchtúrach a rinneadh orthu thuas, ní thugann an cur síos gonta sin aon mhionléargas dúinn ar an lorg a d’fhág na scéalaithe féin ar na scéalta, ná ar an léargas a fhaightear ar cheisteanna sóisialta éagsúla sna hinsintí sainiúla seo. Mar a nótáladh i gCaibidil 3, glacaimid leis gur chéadaigh an múnla reacaireachta seo don scéalaí agus dá phobal éisteachta ceisteanna a bhfuil dlúthbhaint acu le heispéireas an duine a chíoradh i dtéarmaí an mheafarachais. Sa chuid eile den chaibidil seo, mar sin de, déantar caidreamh an laoich fhirinn le carachtair eile an scéil a chíoradh trína suíomh i gcomhthéacs phobal Dhúiche Sheoigheach sna 1930dí. Mar a sainíodh i gCaibidil 3, is iad an inscne, an caidreamh clainne agus an choimhlint aicmeach na critéir a threoraíonn an anailís seo.

4.3.1 Cúrsaí Inscne

Míníonn Carol Mitchell gur chruthaigh idé-eolaíocht phatracach an Iarthair lionsaí cultúrtha a chuireann béim ar fhir, ar an chéimlathas, ar an déachas agus ar bhealaí líneacha agus loighciúla tuisceana; is lionsaí iad seo a fhágann dall muid ar ghnéithe eile den domhan agus ar ghrúpaí focheannasacha, go háirithe (Mitchell 1993, 281). Dar le Mitchell, cuireann an scoláireacht fheimineach agus gluaiseacht na mban i gcoitinne lionsaí nua ar fáil chun an neamhionannas sin a thuiscint, lionsaí a chuireann béim ar mhná, ar chothromaíochas, ar iolracht agus ar bhealaí eile tuisceana (Mitchell 1993, 281). Is cinnte go gcuireann léann na hinscne uirlisí luachmhara ar fáil don taighdeoir chun léamh níos doimhne a dhéanamh ar na ceistanna faoin inscne a thagann chun cinn sna scéalta draíochta. Anseo thíos, déantar carachtracht an laoich a fhiosrú i dtéarmaí ár n-eolais faoi thaithí saoil na scéalaithe agus faoin phobal inar mhair siad; déantar iniúchadh fosta ar bhunú an chumainn ghrámhair idir an laoch agus an ógbhean agus ar na tréithe “idéalacha” a léiríonn brídeog an laoich i sraitheanna áirithe scéalta.

4.3.1.1 Carachtracht an Laoich

Mar is léir ó struchtúr na scéalta, tagann athrú suntasach ar thréithe an laoich a luaithe is a thugann sé faoin aistear go dtí an domhan osnádúrtha. Sa dá scéal ina bhfuil mac baintrí mar phríomhcharachtar, cuireann an scéalaí béim ar easpa torthúlachta agus ar mheatacht an ógfhir ag tús an scéil. Maille leis na ‘seanghiobail’ a chaitheann mac na baintrí, is siombail í an luaithe ina mbíonn sé sáite i dtús a shaoil dá easpa gníomhaíochta. Cuirtear an nasc daingean idir an luaithe agus an leisciúlacht i gcultúr béil na Gaeilge in iúl sna nathanna ‘cam na luatha’, ‘camán na luaithe’, ‘leadaí na luath’ agus ‘lúircín cheann an teallaigh’, a chuireann an fhalsacht agus an spadántacht in iúl. Léiríonn an liosta a thionsaigh Tomás Ó Máille d’fhocail a chuireann an leisciúlacht i leith duine gur dhímheas a bhí i ndán don té a bhí díomhaoin, ina measc ‘codaí: duine mall gan ghearradh nach ndéanann mórán maitheasa ach ag righneáil thart’; ‘scrataí: duine bog leisciúil gan gníomh ná obair ann’; ‘leadaí: duine leisciúil nach bhfuil aon fhíriúlacht chun na hoibre ann. Duine a bhíos ag striollachas é’; ‘scaiste: duine leisciúil gan mhaith’; ‘ríste: [...] Ní bhíonn aon mhaith leis ag obair. Duine righin é. Bíonn sé ag leargaireacht nó ag leadaíocht thart’ (Ó Máille agus Ó

Caibidil 4: Plé agus Anailís ar Scéalta na Laochra

hUiginn 2003, 220).²² Is léir go ngoilleann leisciúlacht a mic ar an bhaintreach in MBCG; ‘ríte’ a thugann sí air agus deir sí go bhfuil sé ‘gar a bheith in am aige’ dul ar aimsir. Ar ndóigh, ba bheag meas a bhíodh ar ghiolla na leisce i sochaí ina raibh an acmhainneacht agus an dianobair dhúthrachtach riachtanach do mharthanacht an teaghlaigh. Ag cur síos dó ar na cluichí a bhíodh á n-imirt aige féin agus ag ógánaigh eile a cheantair dhúchais ina óige, dúirt Pádraig Ó Súilleabháin: ‘Dá mbíodh siamsa féin againn bhíodh orainn obair a dhéanamh ar a shon’ (CBÉ 1105: 140). Ba í an obair a bhíodh ar bun aigesean agus é ina stócach ná ‘ag imeacht i ndiaidh caoirigh agus beithígh sa gcnoc agus ag baint ualaigh mion-fraoigh’ (CBÉ 1105, 138; 140). Mhínigh Liam de Búrca as Seanadh Farracháin go mbíodh seisean ‘ag obair láí [...] ag cur fhataí agus coirce [...] agus ag breathnú i ndiaidh caorach agus beithícoh’, ón uair a d’fhág sé an scoil agus gan é ach aon bhliain déag d’aois (CBÉ 1105, 194).



Ag Tarraingt Uisce, Corr na Móna, Samhain 1955
Grianghrafadóir: Leo Corduff. CBÉ F020.01.00001

²² Féach FGB: ‘Bheith sáite sa luaith: *to be stuck in the ashes, to be a sit-by-the-fire*’ (Ó Dónaill 1977). ‘Scrataí an Teallaigh’ is ainm don laoch sa leagan de ATU 300 a bhailigh Proinnsias de Búrca ó Sheán Ó Gionnáin as Droim Sí, Conga, i mí na Samhna, 1936 (CBÉ 258, 344-354).

Sa dá insint seo, tarraingíonn Pádraig Ó Súilleabháin nasc soiléir idir cuma fhisiciúil mhac na baintrí agus an staid ag a bhfuil sé ina shaol. Cuma shalach, mhíshlachtmhar a bhíonn ar an stócach agus é ag fás aníos, é ag slúisteoireacht in aice na tine gan cíós ná cathú air. Tuigtear don éisteoir go bhfuil athrú saoil suntasach i ndán do mhac na baintrí sa dá scéal seo ón uair a éiríonn sé amach ón teallach agus a chroitheann sé an luaith de féin. Cuirtear an ceangal idir culaith nua an ógfhir agus a ardú meanma in iúl go soiléir in MBLC:

Tháinig an chulaith éadaigh chuig [mac na baintrí] agus bhuail sé air í. Shiúil sé amach agus bhí sé ag féachaint air féin. B'fhacthas dó go raibh sé ag féachaint i bhfad Éireann ní b'fhearr ná [mar a] bhí sé i gcaitheamh an ama roimhe sin, ar chuma ar bith. Bhí sé nite glanta, culaith nua éadaigh air.

Treisítear tábhacht an éadaigh i gcarachtracht an laoch in MBCG nuair a ghléasann mac na baintrí é féin i gcultacha na bhfathach sula dtéann sé chun troda leis an ollphéist:

D'imigh sé chun an chaisleáin agus ghléas sé suas é féin i gculaith an chéad fhathaigh a mharaigh sé. Tharraing sé amach an t-each caol dubh, thug sé leis an claíomh solais agus thug sé aghaidh ar an bhfarraige an áit a raibh an cruinniú.

Ní miste an nasc atá idir an tsraith scéalta seo agus an tsraith ATU 510 *Cinderella*, ar tagraíodh dó thuas, a lua arís anseo, nó is féidir a mhaíomh gurb ionann cultacha na bhfathach sa scéal fireann agus na gúnaí áille ar móitíf lárnach iad den scéal baineann ó thaobh feidhme de. Sa tsraith ATU 510A *Cinderella*, is ionann na gúnaí áille a shaothraíonn an banlaoch agus uirlis dhraíochtach a chuireann ar a cumas fear uasaicmeach a phósadh d'fhonn a dul chun cinn féin a chinntiú. Mar a léireofar i gCaibidil 5 agus insint Ruairí Uí Chomair den scéal 'Cailleach an Oileáin Ghlais' á scagadh, cuireann na cultacha áille béim ar mhealltacht na hógmhna i súile an fhir agus dearbhaíonn siad a hoiriúnacht mar chéile collaí, ag an am céanna. Is fiú a nótáil gur inis Ruairí Ó Comair leagan den scéal 'An Tarbh Breac', a rangáitear mar ATU 300 & 510A (Aguisín 1). Mar a tharlaíonn in MBCG, treisíonn cultacha na bhfathach gaisciúlacht an ógfhir sa scéal sin freisin agus is furasta a shamhlú go ndearbhaíonn sé oiriúnacht an ógfhir mar fhear céile an bhanphrionsa, chomh maith céanna.

Saintréith eile den ghaisciúlacht is ea an láidreacht fhisiciúil agus téann an Súilleabhánach i muinín na háibhéile chun aird a tharraingt ar fhortúlacht mhac na baintrí sa dá insint seo. Tagann urrúntacht mhac na baintrí chun solais in MBCG nuair a leagann sé an balla atá idir teorainn an fhathaigh agus teorainn an tiarna le buille dá ghualainn. Is tréith riachtanach í an láidreacht sa chomhrac leis an triúr fathach; éiríonn le mac na baintrí na fathaigh a bhrú go dtí an talamh as a stuaim féin sula mbaineann sé a gcloigne díobh leis na claimhte a sciob sé uathu. Téann an scéalaí i muinín an ghrinn chun béim a leagan ar choscairt na bhfathach: “‘Is mór an gar dom anois [...] an bealach breá atá déanta agam’”, a deir sé tar éis dó cloigeann an trú fathach a chur síos sa talamh agus cosán a thógáil dá chuid eallaigh. Cuirtear an neart colainne in iúl ar bhealach áibhéileach in MBLC freisin, mar shampla nuair a théann an stócach ag gearradh adhmaid don tine:

D’fháisc sé faoin gcrann agus bhí sé leis ariamh ariamh go dtug sé an crann leis as an talamh agus rúta talún aníos in éineacht leis. Bhuail sé faoi bhun an chrainn agus chuir sé bun an chrainn ar a ghualainn agus dheasaigh sé leis trí bhallaí agus trí gheataí. Ní raibh sé ag fágáil balla ná geata dá raibh ag teacht roimhe nach raibh sé ag leagan agus ag réabadh, go dtáinig sé amach sa *yard*.

Tá cuimse mhór scéalta áitiúla faoi throideanna, faoi chomhraic agus faoi éachtaí lúthchleasaíochta agus láidreachta i dtraidisiún béil na hÉireann, ina mbaineann curadh de chuid an cheantair clú amach dó féin agus dá bhaile dúchais mar gheall ar a ghaisciúlacht (Ó Súilleabháin agus Ó Catháin 2014, 194). Bhí Máirtín Uileach, fear mór láidir nach raibh a shárú le fáil ó thaobh na curatachta de, ar dhuine de na spalpairí fir sin i dtraidisiún béil Dhúiche Sheoigheach. De réir chuntas Phádraig Uí Shuilleabháin ar an phearsa seo, cuireadh fios ar Mháirtín lá ar tháinig na Seoighigh fhíochmhara le creach mhór a dhéanamh i nDúiche Sheoigheach. Nuair nach nosclódh na Seoighigh an doras do Mháirtín Uileach, chuaigh seisean de léim suas ar an lota agus thosaigh sé á n-ionsú:

Chuir sé a ghualainn le taobh an tí agus chuir sé idir adhmaid agus scraith agus díon amach trí chéile. Chuir sé a chloigeann amach go dtína dhá ghualainn ar thaobh an tí. Tar éis do Mháirtín an dáréag Seoigheach a cheangal, bhain sé geallúint astu nach bhfillfidís ar an Dúiche sin arís. (CBÉ 188, 382-383)

Dearbhaítear tábhacht na láidreachta i gcarachtracht an laoi ch na gluaiseachtaí deireanacha den dá scéal seo freisin. Tar éis trí lá crua a chaitheamh ag troid ina

héadan, éiríonn le laoch MBCG an ollphéist a mharú ar bhealach drámatúil tríd an chloigeann a bhaint di agus píosaí a dhéanamh dá colainn. Dearbhaíonn an ‘gháir mholtaí’ a thagann ón slua atá i láthair ar an chladach gaisce an ghnímh seo i limistéar fantaiseach an scéil agus i súile an scéalaí, araon. In MBLC, is tar éis do mhac na baintrí dhá iomaire dhéag de choirce a bhaint i bpáirc an duine uasail a shaothraíonn sé iníon a fhostóra mar bhean chéile. D’ainneoin an eagla a chuireann mac na baintrí ar an fhear uasal agus ar a bhean chéile, deir an bhean uasal nach n-aimseoidh siad “fear ar bith [dá n-iníon] is fearr ná é”, ráiteas a dhearbhaíonn an gradam a bhaineann leis an neart colainne i gcomhthéacs na fearúlachta idéalaithe sa phobal traidisiúnta. In insint Mhíchíl Bhreathnaigh de ATU 650, dar teideal ‘An Peata a Chaith i bhfad ar a Mhaim’, ní mór don laoch páirc iomlán arbhair a bhualadh roimh dheireadh an lae, ag úsáid crann a ghearr sé ón choill mar bhualteán; lena chois sin, tugtar ar laoch an scéil sin dul síos go hifreann chun sinseanathair a mháistir a thabhairt aníos as (Breathnach *et al.* 1937, 164-165). Tugann Ó hÓgáin le fios go bhfuil tionchar nach beag ag an tsraith ATU 650 ar charachtar Oscair sna scéalta Fiannaíochta: ‘Such influence of the international folktale would have been attracted by the common situation (hell) the common image (strong man), and the occurrence of the flail as a weapon of war in Fenian literature’ (Ó hÓgáin 1986, 236). Fiosrófar an sárú cumhachta sna scéalta seo agus coimhlint na n-aicmí faoi chaibidil ar ball.

Is mór an difríocht idir na pearsana thuas agus laoch SFL i dtaca lena n-aistear go dtí an domhan osnádúrtha. Is léir ón dúbhrón a bhíonn ar mhac an Rí nuair a chuireann an Scológ faoi gheasa é teacht a fhad lena theachsa sa Domhan Thoir gur beag fonn a bhíonn air compord agus sábháilteacht an bhaile a fhágáil chun tabhairt faoin turas achrannach seo: ‘Chuir sé osna as agus bhris sé trí easna sa teach’. Nuair a dhéanann an Rí iarracht plean a cheapadh a cheadóidh dá mhac geis na Scolóige a eiteach ámh, tugann an t-ógfhear le fios nach bhfuil an dara rogha aige ach dul i mbun an aistir go dtí an Domhan Thoir: “Níl aon mhaith ansin, a athair”, a deir sé, “ós liom imeacht, caithfidh mé imeacht”. Míníonn Philip O’Leary go bhfuil institiúid na geise nasctha go dlúth le tuiscintí cultúrtha i dtaobh an oinigh agus an laochais i dtraidisiún liteartha na Gaeilge: ‘Early Irish literature depicts a heroic warrior society for which honour was a virtually absolute value, providing a universally accepted and shared standard of ideals and behaviour and serving as a profound emotional force for social cohesion’

(O'Leary 1988, 93). Tuigtear don éisteoir go mbeadh ceo ar chúl an laoi dá n-eiteodh sé an oibleagáid seo trí fhanacht sa bhaile lena thuismitheoirí, mar sin de.

Sainghné d'aistear an laoi sa tsraith ATU 313 is ea go maolaítear a chumhacht agus go bhfulaingíonn sé cúinsí anróiteacha, drochbhia agus drochleaba san áireamh. Tugann Scológ na Féasóige Liath 'trí ghreim den arán donn agus trí dheoch den tríú lionn dó, a dhul a chodladh ar leaba chaol chrua iarainn, súsa riabhach thairis, tua na béile móire ag béal na tairsí leis an gcloigeann a bhaint ar maidin dó'. Is í feidhm an drochoinigh seo meanma mhac an Rí a laghdú trí chur in iúl dó nach ar a chúilín seamhrach a bheas sé, ná baol air, le linn na tréimhse sa domhan osnádúrtha. Is í an sprioc chéanna atá mar bhunús leis na tascanna a bhronnann an Scológ ar an laoi. Nuair a thugann mac an Rí faoin chéad tasc díobh seo .i. fáinne a chaill máthair mhór na Scolóige seacht gcéad bliain ó shin a aimsiú i stábla, is léir don éisteoir gur ag lorg forais i bhfodhomhain a bhíonn sé. Thairis sin, samhlaítear gurb ionann 'caoineadh agus deoiríneacht' an ógfhir agus comhartha dá easpa aibíochta:

Níl aon phíce a chaithfeadh sé amach nach dtiocfadh seacht bpíce isteach ina aghaidh. Thosaigh sé ag caoineadh agus ag deoiríneacht [...] Shuigh sé síos agus níor rinne sé punt ar bith, bhí sé sáraithe. Bhí sé ag caoineadh nuair a tháinig iníon an Rí isteach lena dhinnéar chuige.

Tagann laghmhisneach air arís eile nuair a chuireann an Scológ iachall air dul amach go dtí an t-oileán agus uibheacha na neide a thabhairt a fhad leis: 'D'fhan sé ansin go ham dinnéir agus bhí sé ag caoineadh go dtáinig iníon an Rí lena dhinnéar aige'. Murab ionann is comhrac mhac na baintrí i gcoinne na bhfathach, is féidir a áiteamh gurb é príomhspríoc na trialach seo ná tástáil a dhéanamh ar bhuanseasmhacht agus ar láidreacht mhothúchánach an laoi seachas ar a fhortúlacht fhisiciúil. Is fiú an méid a deir Ó Giolláin faoi thuiscint Mircea Eliade ar choincheap na péine sa tsochaí thraidisiúnta a nótáil anseo: 'glactar leis an bpian go morálta mar go bhfuil treoir laistiar di. Deirtear gur cheann de bhuanna na Críostaíochta ná gur thug sí luach don phian: an phian agus an fhulaingt a iompó ina dtaithí dhearfa spioradálta' (Ó Giolláin 2005, 77). Cé nach gceadaíonn na tascanna a chuirtear os comhair an laoi sa scéal seo don ógfhear gaisce a dhéanamh ó thaobh fortúlacht a cholainne de, mar sin de, is le linn na dtascanna seo a léiríonn sé a bhuanseasmhacht os comhair a bhrídeoise agus, níos tábhachtaí fós de réir thuiscint an scéil b'fhéidir, os comhair a hathar.

Trí thaithí an laoch sa limistéar osnádúrtha sna scéalta thuas a chur i gcomparáid le próiseas sóisialaithe an ógfhir i nDúiche Sheoigheach i ndeireadh an naoú haois déag agus i dtús an fichiú haois, meabhraítear tábhacht na scéalta seo i seachadadh teachtaireachtaí faoi thréithe agus faoi iompar innholta an duine go pearsanta agus ag leibhéal na sochaí. De réir fhianaise an eolais bheathaisnéisigh a bailíodh ó Phádraig Ó Súilleabháin, Liam de Búrca agus Mícheál Breathnach, ba chloch mhíle thábhachtach í fágáil an bhaile i saol an ógfhir sa Dúiche seo. Bhí an triúr scéalaithe seo i measc an líon mór d'fhir na Dúiche a chuaigh ag obair ar an líne iarnróid a bhí á tógáil idir Gaillimh agus an Clochán sna 1890dí. Is dearfa gur obair í seo a théigh an craiceann: d'fhágadh na fir an baile tráthnóna Dé Domhnaigh agus shiúlaidís go dtí teach lóistín a bhí ag crosbhóthar an Mháma, ansin chaithidís an tseachtain ag obair go dian go dtí go bhfillidís ar an bhaile arís tráthnóna Dé Sathairn. Ba mhaslach an obair í ar bheagán pá, mar a mhínigh Pádraig Ó Súilleabháin: 'Trí [scilling] déag sa tseachtain ba í ár bpáighe agus ba shuarach an pháighe í, ag obair go cruá, thíos i ndraintrachaí agus ag *wheeláil* lé barraí' (CBÉ 1105: 157).²³ Níor bheag líon na dtimpistí agus tionscnaimh den chineál seo á gcur i gcrích, ach an oiread: bhí scéal ag Mícheál Breathnach faoi 'bheirt driothár a bhí ag obair ar an mbóthar nua ar an Mám ar cailleadh duine acu. Do chuir an driotháir eile é é féin'; mhol Séamus Ó Duilearga do Sheán Mac Giollarnáth an cuntas seo a bhailiú ó Bhreathnach sa bhliain 1942 ach níor éirigh liom aon taifead de a aimsiú go nuige seo (Comhfhreagras 04/05/1942).

Ba ar éigean a mhaolaigh an obair fóirithinte seo an dianbhochtaineacht a bhí á fulaingt ag teaghlaigh an cheantair agus ní raibh an dara rogha ag mórán d'fhir na háite ach dul ar imirce go Sasana nó go Meiriceá chun a dteaghlaigh a chothú. Mar a dúirt Pádraig Ó Súilleabháin: 'Dúirt mé nach raibh aon mhaith dom a bheith ag iarraidh aon cheo a dhéanamh don *railway* [...] fuair mé faoi réir le haghaidh Sasana' (CBÉ 1105: 158). Chuaigh mórán d'fhir an cheantair seo, Pádraig Ó Súilleabháin ina measc, níos faide i gcéin go Meiriceá tar éis seal a chaitheamh i Sasana. Ba mhaith an taithí a bhí le fáil ar dhiansaothrú na tionsclaíochta ar an choigríoch, mar ar fostaíodh mórán fear de

²³ Cuireadh an scéim tógála seo ar bun chun fostaíocht a chur ar fáil i gceantar Chonamara i dtréimhse nuair a bhí cúinsí maireachtála na ndaoine an-bhocht ar fad. Thug an rialtas deontas de £264,000 don chomhlacht *Midland Great Western Railway* chun an líne traenach a thógáil agus chun an tseirbhís a reáchtáil. Fostaíodh 500 fear faoi dheireadh mhí Eanáir, 1891 le draenacha a thochailt agus leis an talamh portaigh a réiteach do thógáil na líne. Bhí 1500 fear fostaithe faoin scéim seo faoi Shamhain, 1893. Dhá scilling déag sa tseachtain an meánphá agus bhíodh na fir ag obair ón 6r.n. go dtí 6i.n. (Villiers-Tuthill 1995).

bhunadh an cheantair seo i gclóis loinge nó faoi thalamh i mianaigh guail. Rinne Ó Súilleabháin cur síos don Bhúrcach ar an seal a chaith sé i mbun mianadóireachta in Scranton, Pennsylvania, ceird a raibh an bhuaire colainne agus an teacht aniar riachtanach don té a bhí ina bun:

Thagadh crapachaí láidir guail amach nuair a chaithfí an *blast*. Chaithfeá a dhul ansin le do phiocóid agus an *rock* a bhaint amach den ghual, a dhul tríd an ngual agus an *rock* a bhaint amach fré chéile agus an *rock* a chaitheamh ar leath-taobh in áit dó féin ar an taobh eile, a dhul le do shluasaid ansin agus an carr a líonadh suas go dtí uachtar an chairr, a dhul ansin agus an tsluasaid a chaitheadh uait, breith ar na píosaí láidre guail agus iad a chur thart le huachtar an chairr ina seasamh. (CBÉ 1105: 160)

Ba shaothar den chineál seo a chleacht tromlach na bhfear óg a chuaigh ar imirce go Meiriceá nó go Sasana ó cheantair thuaithe na hÉireann agus níl amhras ach gurbh anróití agus gur chontúirtí é ná an fheirmeoireacht sléibhe a raibh taithí acu uirthi sa bhaile. Cé gur beag cur síos a rinne na scéalaithe ar chleachtadh na scéalaíochta nó na healaíne béil i gcoitinne le linn dóibh a bheith ar an choigríoch, is furasta a shamhlú go raibh dóchas ar leith le haimsiú in insintí den chineál seo, nó meabhraíonn siad don éisteoir go bhfuil faoiseamh i ndán don té is cruá a bhailtear faoi chois, ach misneach a choinneáil agus muinín a chur sa tacaíocht a thagann ina threo.

Mar a dúradh thuas, seasann Seán an Ghabha amach ó laochra eile na scéalta seo ó thaobh na carachtrachta de. Is mar ghnáthbhall den phobal a chuirtear i láthair ag tús an scéil é: ‘bhíodh sé ag obair leis an athair sa gceárta, ag foghlaim a cheirde ar nós fear ar bith ariamh’. Cuireann Seán cos as bealach nuair a dhiúltaíonn sé glacadh le Dia mar charas Críost dá mhac áfach, mar gheall nach dtugann seisean ceart is cóir do na bochtáin: “tugann tú dhá mhuintín den saol do chuid do na daoine agus fágann tú dream eile agus iad ag tóraíocht na déirce”. Is meon é seo a théann i gcoinne theagasc na Críostaíochta gur cheart glacadh le toil Dé agus nár cheart ár n-easnaimh sa saol seo a chásamh mar go gcúiteofar sna Flaithis iad. Ó thús an scéil mar sin, tuigtear don éisteoir gur beag rath a bheas ar an “fhrithlaoch” seo mar gheall go dtéann a dhearcadh ar an saol i gcoinne an dearcaidh inghlactha sa chomhphobal. Is féidir a áiteamh go bhfuil ceangal idir neamh-chomhréireacht Sheáin agus ceird na gaibhneachta, mar go samhlaítear gaol idir í agus an t-osnádúr:

Possibly because of the comparatively new metal (iron) which was his medium, [the blacksmith] was looked upon as a man of extraordinary

powers [...]. He could banish evil spirits too. Above all, his curse was feared; woe betide anyone against whom the smith “turned the anvil”. (Ó Súilleabháin 1967, 27-28)

Má ghlaictar leis go raibh cos ag an ghabha idir an domhan iarbhír agus an fearann osnádúrtha, luíonn sé le réasún gur phearsa fhoirfe é an té seo chun dúshlán a thabhairt do thuiscintí reatha an chomhphobail. Dá ainneoin an drochrath a bhíonn ar Sheán an Ghabha ag deireadh an scéil, tá an greann go smior san insint seo agus dealraíonn sé go raibh bá áirithe ag Tomás Ó Cadhain lena phríomhphearsa dhamanta chomh maith. Cuirtear gliceas an laoch in iúl ar bhealach greannmhar sna heachtraí ina n-éiríonn leis dallamullóg a chur ar an Diabhal:

Dhearg Seán píosa iarainn sa tine. Nuair a bhí an t-iarann dearg, dúirt sé leis an Diabhal: “Beir ar an ord sin”, ar seisean, “go mbuailfidh tú an t-iarann seo dom. Tá mé ag ceapadh gur tú an lámh is fearr ina éadan, mar bhí tú cleachtach ar thine ariamh”.

Ba chumasach an fear grinn é an Cadhnach óg agus is cinnte gur bhain sé féin agus a lucht éisteachta pléisiúr as eachtraí den chineál seo, ina bhfeidhmíonn an chlisteacht agus an cheardaíocht focal chun an laoch a tharrtháil ón chruachás ina bhfuil sé.

Cé go dtéann a chaidreamh leis an Bhás chun sochair do Sheán mar go mbronnar cumhacht dhraíochtach air, bíonn tionchar díobháileach ag an ghaol seo air i ndeireadh na dála mar gheall ar an bhlaiseadh a fhaigheann Seán den mhaoine: ‘Bhí Seán ag fáil an airgid ach ní raibh a fhios aige cé as a raibh sé ag teacht, agus ní raibh sé ag rá smid ar bith faoi’. Cuireann an tsuim mhór maoiné atá á saothrú aige cathú ar Sheán níos mó airgid a aimsiú, mian a fhágann leochaileach d’ansmacht an Diabhail é:

Bhí sé lá ag siúl an bhóthair, agus céard a gheobhadh sé ach píosa airgid ar an mbóthar. Phioc sé suas an t-airgead agus chuir sé síos ina phóca é. Nuair a bhí sé thíos ina phóca aige, labhair an guth aníos as a phóca: “Há,” a deir sé, “tá an Diabhal i do chreataí,” arsa an píosa airgid, “mar is mise an Diabhal, ach más mé féin,” arsa an Diabhal, “tabharfaidh mé lán an tseomra d’ór duit, má gheallann tú dom go dtiocfaidh tú liom tar éis seacht mbliana”.

Tá an Diabhal agus an t-airgead fite fuaite lena chéile, de réir thuiscint an scéil seo. Mar gheall ar an mhian síoraí a bhíonn ag Seán breis maoiné a ghnóthú, cailleann sé a chuid smachta ar a cholainn agus titeann sé i dtuilleamaí an ainspioraid. Is ar chomhchéim a chuirtear an andúil san ól agus san airgead i láthair mar go bhfuil laghdú na féinchumhachta mar bhunús leo araon: ‘bhí an seomra beag lán le hór. Nuair a chonaic sé an t-ór, mar bhí sé gointe ag an ól, ní i bhfad a chaith lán an tseomra bhig

dó ná go raibh sé caite aige’. Sa staidéar a rinne William Wells Newell ar choincheap an *Ignis Fatuus* sa bhéaloideas, d’áitigh sé go raibh nasc láidir idir pearsana mar *Will-o’-the-Wisp* agus *Jack-o’-the’-Lantern* agus an andúil san ólachán, mar go raibh an cháil ar na pearsana seo go gcuiridís an té a lean iad ar seachrán:

Experience showed that those who followed the lanterns of the sprites and were lost in the bog were likely to be persons fond of the bowl; as like seeks like, this led to the conclusion that the ghost was that of a drunken person; thus Will-o’-the-wisp is said to have a face like a brandy-bottle. (Newell 1904, 49)

Tá an t-ólachán, an tine agus meathlú an duine fite lena chéile sa scéal cráifeach ‘An Gabha agus Fionnbarra’, a bhailigh an Búrcach ó Liam Ó Dúiche as Baile an Tobair. Diúltaíonn gabha crú a chur ar chapall Naomh Fionnbarra, nach mbíonn air ach trí chos, ach fágtar drochbhail ar an ghabha ina dhiaidh sin mar go dtiteann sé isteach i dtine i dteach ósta tar éis dó a bheith ag ól (CBÉ 232, 535-536).

Murab ionann is na scéalta thuas, ina gcuireann an seal a chaitheann an laoch san fhearann osnádúrtha oiliúint air don ról a bheidh le comhlíonadh aige mar bhall aibí den phobal, tagann meathlú ar Sheán an Ghabha ón uair a bhíonn teagmháil aige leis an fhearann osnádúrtha. Meabhraíonn scéalta den chineál seo go bhfuil gradam agus freagracht an duine i saol sóisialta an phobail fite fuaite le dea-bhéasa agus le comhlíonadh an róil atá leagtha amach dó/di de réir a stádais, mar a phléann Arensberg agus Kimball (Arensberg agus Kimball 1968, 210). Cé go saothraíonn Seán an Ghabha maoin shaolta, ídítear an mhaoín i ndeireadh na dála mar gheall ar na hiarrachtaí a dhéanann Seán a shaibhreas a mhéadú. Ó tharla go ndéanann Seán an Ghabha faillí ar a chlann agus ar a ról mar bhall den chomhphobal, fágtar ina scraiste truamhéalach é ar feadh na síoraíochta, cinniúint a shamhlaítear a bheith níos measa ná an Bás féin: ‘Beireann Seán ar an dá splanc agus chomh luath in Éirinn agus a rug d’éirigh sé ina shórt rud fiáin sa spéir agus bhí sé ag imeacht ag béiceach ar fud na spéire’. Ba mhór an buaireamh a bhíodh ar dhaoine nach n-éireodh leo na flaithis a bhaint amach tar éis a mbáis. Mhínigh Liam Ó Dúiche go mbíodh an phaidir seo a leanas á haithris ag an té a bhíodh ar leaba an bháis, le súil is ‘nár bhaol dó pianta Ifrinn agus [go] [m]beadh flaithis Dé le fáil aige’: “Is maireg a chreach agus is maireg a chraigh; is maireg a sheasfadh ar an gcnoc úd thall, ag éisteacht leis an gclog binn atá ag bualadh go teann” (CBÉ 232: 457).

4.3.1.2 An Laoch agus an Bhean a Phósfaidh sé

Is léir ón ról údarásach, ceannasach a chomhlíonann iníon na Scolóige in SFL gurb í an ógbhean an phearsa is gníomhaí ar fad sa tsraith scéalta seo. Trí dhul i muinín na cumhachta draíochtaí, cinntíonn iníon na Scolóige go n-éiríonn le mac an Rí sa tástáil a dhéantar air agus daingnítear caidreamh na lánúine óige dá thairbhe sin. Ón uair a shroicheann an laoch cúirt na Scolóige, cinntíonn iníon an draíodóra a mharthanacht trína chothú agus trí na tascanna a thugann an Scológ dó a chur i gcrích. Tá an fhantaisíocht lárnach sna nithe draíochtacha atá ina seilbh ag an ainnir: éiríonn léi stábla lán aoiligh a ghlanadh d'aon bhuille dá píce agus déanann sí long amach as sliseog a bhí ina póca. Tagann ceannasaíocht na hógmhna chun solais nuair a thagann sí a fhad le seomra an laoch san oíche chun comhairle a chur air faoin tasc a chuirfear os a chomhair an lá arna mhárach: “gheobhaidh tú *job* agus ná déan aon cheo agus ná cuireadh sé aon inní ort [...] go dtéigh mise le do dhinnéar chugat”. Tugann an stócach neamhaird ar a comhairle agus tugann sé faoin tasc dá dheoin féin, gníomh a chuireann fearg uirthise nuair a thagann sí a fhad leis agus é ag caoineachán. Cothaíonn an scéalaí nasc soiléir idir cumhacht dhraíochtach na hógmhna agus a caint údarásach chun pearsantacht láidir a bhronnadh uirthi: “Ara, a amadain”, a deir sí, “nár dúirt mé sin leat. Cén chiall duitse”, a deir sí, “tada a dhéanamh go dtagainnse go dtí thú?” Cruthaíonn frásaí den chineál seo codarsnacht idir clisteacht agus ceannasaíocht na hógmhna agus laige agus meathlóireacht an laoch, ionas nach mbíonn aon amhras ar an éisteoir ach gurb í an ógbhean a stiúran imeachtaí an scéil san fhearann osnádúrtha. Is carachtracht í seo a thugann dúshlán don rangú a rinneadh ar bhanlaoch na sraithe ATU 313 mar “chuiditheoir géilliúil” le fada an lá i léann an bhéaloidis.²⁴

Ní hamháin go mbaineann údarás agus diongbháilteacht le hiníon na Scolóige, tréithe atá le moladh i gcomhthéacs an mháithreachais agus thógáil na clainne, léiríonn sí scileanna eile a mbaineann tábhacht ar leith leo i gcomhthéacs an teaghlaigh feirme. Sula dtéann sí féin agus mac an Rí ar a dteitheadh ó theach na Scolóige, déanann an ógbhean trí ‘shíodóg cáca’ a bhácáil; cuireann na cácaí seo dallamullóg ar an Scológ nuair a thagann sé ar thóir na lánúine. Léiríonn na cácaí draíochta acmhainn cócaireachta agus cainte na hógmhna agus léiríonn siad freisin cumas s’aicise eachtraí

²⁴ Dar le Torborg Lundell go rangáítear an banlaoch mar bhean fhulangach, íochtaránach, den chuid is mó: tá sí tacúil seachas tionscnach, lag seachas láidir, de réir innéacs Aarne-Thompson de scéalta an bhéaloidis (Lundell 1986, 161).

an scéil a stiúradh ar mhaithe léi féin agus lena grá geal. Cuireann an scéalaí béim ar chumas cócaireachta na hógmhna i gcistin theach an Rí nuair a ghléasann sí putóg do lucht na bainise a mbíonn blas agus cuma álainn uirthi: ‘nuair a bhí an phutóg réidh ní raibh aon cheann le dul go barr an tí ba bhreátha ná í’. Ar ndóigh, ba í bean an tí a bhí freagrach as baill uile an teaghlach a bheathú sa teaghlach feirme agus d’oiltí cailíní i ngnóthaí na cistine ó aois óg. Is deimhin gurb í acmhainneacht na hógmhna atá mar bhunús le móitíf na brídeoige dearmadta chomh maith:

Chaith [iníon na Scolóige] gráinne eile [cruithneachta] chuige. Sciob an coileach ón gearc é.

“Shoraidh dhíot,” a deir an chearc, “níor chóir díot sin a dhéanamh liomsa, agus ní chuimhníonn tú ar an lá,” a deir sí, “a chuaigh tú isteach ar an oileán agus arbh éigean duit a dhul,” a deir sí, “agus cúig staighre,” a deir sí, “a dhéanamh de mo chúig mhéar suas sa gerann agus tú ag coilleadh nead an iolair.

Ba í an bhean a bhí i gceannas ar an éanlaith sa teaghlach feirme freisin ar ndóigh, agus is iomaí nath dúchasach a chuireann an ceangal siombalach idir an bhean agus an éanlaith in iúl.²⁵ Cé go bhfuil an fheartaisíocht go mór chun cinn sa charachtracht a dhéantar ar bhanlaoch na sraithe seo, mar sin de, is féidir nasc soiléir a tharraingt idir a dea-thréithe agus tréithe banúla a raibh meas orthu i bpobail inste na scéalta. Déanfar plé níos mine ar mhóitíf na brídeoige dearmadta i gCaibidil 5 agus insint Ruairí Uí Chomair de ATU 313 á cíoradh.

Is minic a bhíonn dlúthnasc idir an aire a thugann an bhean don fhear agus an ghnéasúlacht i scéalta ina bhfuil an pósadh mar phríomhsprioc. In insint Phádraig Uí Shúilleabháin de ATU 313, dar teideal ‘Curadh Glas an Eolais’, mar shampla, réitíonn an banlaoch an ‘suipeár ba bhreátha a leagadh faoi ariamh’ do mhac an Rí agus cuireann sí a chodladh é i leaba a chóiríonn sí féin. Níl an siombalachas gnéasach chomh soiléir céanna in SFL Mhíchíl Uí Shomacháin, ach ní miste a mheabhrú (mar a nótáladh i gCaibidil 2) go mbíodh an scéalaí seo i mbun reacaireachta dá chuid páistí go minic agus go mb’fhéidir go ndearna sé eilimintí gnéasúla a cheansú dá bharr sin. Cuirtear béim nach beag ar an ghrá láidir atá ag na leannáin dá chéile san insint seo,

²⁵ Mar shampla ‘Scata ban nó scata géanna’; ‘Coileach bán ar chearca nó réadóir mná i mbaile’; ‘Fead ghlaice aige mnaoi nó glao aige circ’ (An Seabhad; Ua Maoileoin 1984, 3-5). Ag trácht di ar an dearcadh diúltach a léirigh Tomás Ó Criomhthain ar na cearca ina chuid saothair fhoilsithe, míníonn Angela Bourke gur shiombail iad na cearca de neamhspleáchas na mban, ó tharla gurbh iad na mná a dhíol na huibheacha agus a bhí i gceannas ar airgead na n-uibheacha (Bourke 1998, 113-114).

mar sin féin. Tugann an laoch aitheantas don chuidiú a thug iníon na Scolóige dó nuair a dhiúltaíonn sé na méara a ghearradh di: “Sin rud nach ndéanfaidh mé go brách muise”, a deir sé, “bean a chruthaigh chomh maith dom leatsa. Níl mé ag dul á dhéanamh”. Léiríonn iníon na Scolóige a dílseacht don chaidreamh nuair a thugann sí le fios gur san aon bhád amháin atá sí féin agus mac an Rí:

“*Well* anois”, a mhic an Rí, a deir sí, “tá sé chomh maith domsa”, a deir sí, “agus duitse a bheith ag glanadh. Gabhfaidh an bhail chéanna ormsa”, a deir sí, “a ghabhas ortsa”, a deir sí, “má tá i ndán is”, a deir sí, “go marófar duine againn, marófar an bheirt. Bhí sé chomh maith dúinn glanadh linn”, a deir sí.

Dearbhaíonn an scéalaí oiriúnacht agus grá na lánúine dá chéile ag deireadh an scéil nuair a thugann mac an Rí le fios gurbh í iníon na Scolóige ‘a sheas go maith [dó] agus a rinne go maith [dó]’. Deir sé, ina theannta sin, go ndéanfaidh sé a mhíle dícheall don ógbhean a fhad is a mhaireann sé, ráiteas a mheabhraíonn don éisteoir nach mór don lánúin a bheith iomlán tiomanta dá chéile chun go mbeidh rath ar a gcumann; is coinníoll tábhachtach é an grá rómánsach de réir thuiscint an scéil seo, mar sin. Treisítear idéal an ghrá rómánsaigh i scéalta réadúla agus i bhfinscéalta osnádúrtha a bailíodh sa cheantar seo chomh maith: is iomaí cuntas a dhéanann cur síos ar lánúin atá i ngrá lena chéile ach nach mian le tuismitheoirí an fhir nó na mná go bpósfaidís. I dtromlach na scéalta seo, éiríonn leis an lánúin an pósadh a chur i gcrích d’ainneoin drochthoil na dtuismitheoirí.²⁶

In MBCG, ní thagann iníon an Rí i láthair go dtí deireadh an scéil agus is beag páirt a ghlacann sí i bpríomhimeachtaí an phlota i gcodarsnacht le hiníon na Scolóige. Ní hionann sin is a rá gur ógbhean shoineanta, leochaileach í iníon an Rí, mar sin féin. Is féidir a rá go bhfuil a ceannasaíocht le sonrú agus fear céile á roghnú aici di féin: ‘Dúirt an bhanríon óg nach bpósfadh sí aon fhear choíche ach an fear a bhfeilfeadh an bhróg é’. Cuirtear a bríomhaireacht in iúl nuair a chuirtear aitheantas an laoch in iúl di den chéad uair: ‘Bhuail sí a dhá lámh thart air. “Gairim go deo thú”, a dúirt sí, “bhí a fhios agam gur Éireannach a shábháil mé.”’ Deimhníonn an ráiteas seo oiriúnacht mhac na baintrí mar fhear céile mar gheall ar na gníomhartha gaisciúla atá curtha i gcrích aige.

²⁶ Féach, mar shampla, na scéalta réadúla ‘Bean a bhí ag dul ag pósadh’, a d’inis Pádraig Ó Súilleabháin (CBÉ 1105, 207-209) agus ‘Mac an Gharraíodóra’, a d’inis Ruairí Ó Comair (CBÉ 166, 304-313), mar aon leis an fhinscéal osnádúrtha ‘Beirt a bhí i nGrá le chéile’, a d’inis Micheál Ó Somacháin (CBÉ 919, 165-167).

Sainmhóitíf den tsraith ATU 510A *Cinderella* is ea teist na bróige, móitíf a bhfuil an siombalachas gnéasach le léamh go soiléir inti. Tá nasc siombalach idir na cosa agus an coisbheart agus an bhanúlacht agus an mheallacht ghnéasach, dar le Tatar (Grimm *et al.* 2004, 125). I staidéar iomráiteach Sheáin Uí Thuama, *An Grá in Amhráin na nDaoine*, mhínigh an t-údar go bhfuil na bróga mar chuid de *lingua franca* an ghrá agus go bhfuil na bróga i measc na dtéarmaí sin a luaitear i leith mhaighdeanas an chailín agus i leith chailleadh an mhaighdeanais, go sonrath (Ó Tuama 2001, 88). Féach go mbíonn trácht go minic in amhráin ghrá na Fraincise ar *les souliers* (na bróga) a bheith ‘briste nó leáite, mar chomhartha ar an ngníomh collaí a bheith déanta’ (Ó Tuama 2001, 90). Is iondúil gur bróg bheag bhídeach a fheileann do bhanlaoch ATU 510A, ach cuirtear béim ar mhéid ábhalmhór na bróige san ionramháil a dhéantar ar an mhóitíf in MBCG: ‘Na fir ba mhó ar bith a bhí ag teacht ghabhfadh a dhá chois in éineacht síos sa mbróg’. Is suntasach mar a thiontaítear bunoscionn an mhóitíf i gcás an laoch fhirinn ionas go léiríonn méid na bróige fortúlacht ghnéasach an stócaigh agus a oiriúnacht mar fhear céile, i gcontrárthacht leis na fir eile a dhéanann iarracht iníon an Rí a shaothrú.

Ba sprioc phraiticiúil é an pósadh i saol an duine óig sa tsochaí thraidisiúnta. Sa chuntas a thug Pádraig Ó Súilleabháin don Bhúrcach ar a bheatha, mhínigh sé gurbh é an pósadh an cheád chéim loighciúil eile ina shaol nuair a bhí sé in inmhe fir agus nuair a bhí sé in am aige a thuismitheoirí a fhágáil:

Chaith mé liom mar sin anseo le mo mhuintir nó go raibh mé sé bliana fichead d’aois. Bhí mé ag cuimhneamh ansin go raibh sé in am agam pósadh [...] Shíl mé nach mbeadh aon bhochtú orm ach pósadh a dhéanamh (CBÉ 1105: 156).

Dearbhaíonn an ráiteas seo an bunús eacnamaíoch a bhí leis an pósadh sa teaghlach traidisiúnta, óir b’ionann an chéim saoil seo agus gealltanais ón bheirt pháirtithe go dtacóidís lena chéile agus go bhfeidhmeodh siad mar aonad teaghlaigh as a stuaim féin. Ní hionadh mór é, mar sin de, go gcuirtear béim nach beag ar chomhoibriú na lánúine agus ar a n-oiriúnacht dá chéile sna scéalta ina bhfuil an pósadh mar théama lárnach. Mar a léirigh Arensberg agus Kimball, bíonn obair na mban agus na bhfear ag brath go hiomlán ar a chéile agus tá lánchead ag an dá dhream a bheith ag dréim go gcomhlíonfaidh an páirtí eile a d(h)ualgais ina leith féin agus i leith na clainne i gcoitinne (Arensberg agus Kimball 1968, 47). Tagann comhoibriú na lánúine i gceist

ar bhealach suimiúil i gcomhthéacs na himirce séasúraí chomh maith. Nuair a d'fhág scéalaithe mar Liam de Búrca, Mícheál Breathnach agus Pádraig Ó Súilleabhain an baile le dul ag saothrú i Sasana ar feadh tréimhsí fada ag an am, d'fhan a mná céile sa bhaile chun an chlann óg a thógáil agus chun an fheirm a choinneáil ag imeacht. Tugann Ann O'Dowd suntas don ról tábhachtach a d'imir mná céile na n-imirceach séasúrach: 'Their contribution was invaluable in allowing the men the freedom to leave on such a regular basis and, in many cases, for more than six months of each year' (O'Dowd 1991, 263). Maidir le fóirsteanacht na lánúine dá chéile i dtéarmaí na collaíochta, is amhlaidh go bhfuil an ghné seo den scéal bunaithe ar an dóchas gur cumann torthúil a bheadh i gceist; déanfar plé níos mine ar an cheist áirithe seo i gCaibidil 5.

Tá feidhm phraiticiúil an phósta le haithint in SG: is mar gheall go gcailltear a bheirt tuismitheoirí a shocraíonn Seán an Ghabha bean chéile a aimsiú dó féin, seachas de bharr go bhfuil sé splantha i ndiaidh a bhrídeoige: 'Nuair a cailleadh an mháthair, dúirt Seán seo leis féin go raibh sé in am aige pósadh agus phós'. Is ar éigean a fhaightear léargas ar thréithe na mná seo, ná ar an mhac a bhíonn ag Seán in éineacht léi, ar feadh na hinsinte. Ní dhéantar aon fhorbairt ar charachtar iníon an Rí in MBLC ach an oiread. Is ar bhonn straitéiseach a shocraíonn tuismitheoirí an chailín an cleamhnas idir í féin agus mac na baintrí: "Tá sé chomh maith dúinn an iníon a thabhairt dó le pósadh, nó mura dtabharfaidh, ní imeoidh sé choíche go maróidh sé muid féin chomh maith leis an iníon". Murab ionann is MBCG agus SFL, is ar bhealach fuarchúiseach a chuirtear pósadh an laoi in iúl sa scéal seo agus níl cead cainte dá laghad ag an ógbhean sa chinneadh a dhéantar ar a son. Is macalla é seo den mheon patrarcach atá mar bhunchloch le formhór na scéalta draíochta i dtraidisiún béil na hÉireann agus na hEorpa i gcoitinne. Meabhraítear a thairbhí is atá sé idirdhealú a dhéanamh idir tíopaí na bplotaí ó thaobh na hanailíse de, nó athraíonn ról agus caidreamh na bpríomhcharachtar go mór ag brath ar an tsraith scéalta atá i gceist.

4.3.2 Caidreamh Clainne

Is beag an t-ionadh é gur gné lárnach den scéal draíochta é an caidreamh clainne, óir is trína theaghlach féin a fhágáil agus teaghlach dá chuid féin a bhunú a chuireann an laoch próiseas an teacht in inmhe i gcrích. Is ionann limistéar seasta, socair an bhaile agus an teaghlach núicléach, ach tagann coimhlint éigin chun cinn i bhfearann an

teaghlaigh a chuireann brú ar an laoch an domhan sin a fhágáil, mar a mheabhraíonn Tatar: ‘Home, normally the locus of stability and security, comes to figure as the abode of powers at once hostile and sinister’ (Tatar 2003, 72). Sa léamh a dhéantar ar chaidreamh an laoch lena theaghlach, díritear aird ar leith ar an ghaol atá ag an ógfhear lena theaghlach féin ag tús an scéil agus fiosraítear an choimhlint a thagann chun cinn i saol an teaghlaigh a chuireann brú air an baile a fhágáil. Sna scéalta ina bpósann an laoch a bhrídeog tar éis dó í a shaothrú óna hathair, faightear léargas ar an teannas a thagann i gceist nuair a thagann beirt daoine aonair ó chlanna agus ó chúlraí éagsúla le chéile san aon chumann amháin. Ní miste, mar sin de, aistriú dílseachta na hógmhna ón teaghlach ar fhás sí aníos ann go dtína cumann nuabhunaithe leis an laoch a fhiosrú.

4.3.2.1 *An Laoch agus a Theaghlach féin*

Sa dá scéal ina bhfuil mac baintrí mar phríomhphearsa, níl ag an laoch ach a mháthair agus níl aicise ach é. Tá grá agus dílseacht láidir mar bhunús leis an chaidreamh seo, ach cothaíonn cleithiúnas an mhic ar a mháthair teannas eatarthu. In MBCG, bíonn an bhaintreach ‘ag obair go cruaidh, ag imeacht chuile lá ag iarraidh rud a fháil le n-ithe dóibh’, a fhad is a bhíonn seisean ‘sinte sa teallach ó mhaidin go hoíche’. Is ar acmhainneacht agus ar bhuanseasmhacht na baintrí a dhírítear aird an éisteora ag tús an scéil, mar sin de, i gcodarsnacht le falsacht an laoch. Cé gur ‘ríste’ a thugann an bhaintreach ar a haonmhac, léiríonn sí a dílseacht agus a dúthracht mháithriúil trí chulaith nua a fháil dó ón tiarna talún agus trí uisce a sholáthar dó chun é féin a ní. “Má éiríonn an saol liomsa fillfidh mé ort go fóill”, a deir an laoch lena mháthair agus é ag imeacht ar thóir aimsire, ráiteas a léiríonn an cion dílis atá aige uirthi. Diomaite de leisciúlacht an laoch, is féidir a áiteamh go dtreisíonn móitíf na luaithe gaol an stócaigh lena mháthair agus le fearann na mná i gcoitinne i dtús an tsaoil, óir ba í an tine cúram bhean an tí sa tsochaí thraidisiúnta (Arensberg agus Kimball 1968, 35). Thug an scéalaí Seán Ó Conaill le fios go mbíodh seisean i bhfeighil na tine tar éis dá mháthair imeacht ar shlí na firinne: ‘Chaithinn éiriú ar maidin agus tine adú ó cailleadh mo mháthair, agus mé nae nú deich do bhlianaibh’ (Ó Conaill agus Ó Duilearga 1977, xxix). Cé gur féidir easpa forbartha a chur i gcoinne an laoch agus é sa limistéar “banúil” seo, léiríonn a mhéid agus a láidreacht áibhéileach ar fhágáil an bhaile dó go ndéanann an tréimhse tógála cois teallaigh maitheas as cuimse dó. Chuir an scéalaí féin .i. Pádraig Ó Súilleabháin, béim ar mhianach cothaithe agus neartaithe

Caibidil 4: Plé agus Anailís ar Scéalta na Laochra

fhearann na luatha san fhocal scoir a chuir sé le MBLC: ‘tá mise ag rá leatsa gur maith a chuir mac na baintrí a shaol na fiche bliain a chaith sé sa luaith ar chuma ar bith’. Sa chomhrac idir laoch MBCG agus na fathaigh, tugann sé le fios go mbíodh sé ‘ag coraíocht ar leacracha dearga [...] nuair a bhí sé sa bhaile ag a mháthair’, ráiteas a dhearbhaíonn an teallach mar limistéar oiliúna i saol an ógfhir.



An Chistin i dTeach Mhíchíl Bhreathnaigh, an Mám, 1935²⁷
Grianghrafadóir: Åke Campbell. CBÉ A015.01.00686

Sainghné den tsraith ATU 650, mar a fhaightear i dtraidisiún béil na hÉireann í, is ea go bhforbraíonn an t-ógfhear láidreacht áibhéalach mar gheall ar thógáil a mháthar. In insintí eile den tsraith seo, beathaíonn an bhaintreach a mac le bainne a cíche go dtí go mbíonn sé in aois fir agus go mbíonn ar a chumas an crann a chuir a athair sa talamh a tharraingt aníos. Faightear eilimint den mhóitíf sin sa scéal seo nuair a tharraingíonn an laoch crann fuinseoige ón ghairdín a bhíonn mar mhaide láimhe aige. Cuirtear béim ar leith ar ghrá na máthar agus an mhic dá chéile in ‘An Buachaill do bhí a bhfad ar a Mháthair’, an leagan de ATU 650 a bhailigh Dubhghlas de hÍde ó ‘fhear darb ainm Bláca’, a raibh cónaí air in aice le Baile an Róba, Co. Mhaigh Eo: “Grádh mo chroidhe thú [...] is fiú cíoch bliadhain agus fiche thú”, arsa an mháthair lena mac ar fhágáil an bhaile dó agus léiríonn freagra an laoch gur caidreamh cómhalmartach atá i gceist: “A mháthair [...] d’oibrigh tú go cruaidh le biadh agus deoch do thabhairt damh-sa ó

²⁷ Féach nach n-ainmnítear an bhean seo agus gur faoin rannóg *Settlement and Dwelling* (HIF) a dhéantar catagóiriú air. Measaim gurb í Úna Bhreathnach, bean chéile Mhíchíl Bhreathnaigh, an bhean atá sa ghrianghraf seo.

rugadh mé, agus tá sé in am dam anois rud éigin do dheunamh duit-se in do sheanlaethaibh” (Hyde 1906, 18). Is furasta nasc a aithint idir an tsraith scéalta seo agus an scéal clasaiceach *Oedipus*, ar ndóigh. Cuirtear an ceangal sin in iúl go soiléir in insint Mháire Nic Fhionnlaoich as Machaire Loisce, Gaoth Dobhair, Co. Dhún na nGall de ATU 650, scéal dar teideal ‘Éamonn an Ubhla Dheirg’: tar éis do mháthair an laoch bliain is fiche a thabhairt dá mac ar a brollach, deir sé leis nach mó dó ‘tuairisc [a] athar a fháil agus éiric a bhaint amach as’ ar son s’aicise (Nic Fhionnlaoich 2007, 107). Déanann laoch an scéil sin rud ar a mháthair trína athair - Fathach Mór an Domhain - a mharú; filleann sé ar an bhaile ag deireadh an scéil ‘go dtí go bhfeicfeadh sé a mháthair agus go n-inseodh sé daoithe caidé an gníomh a bhí déanta’ aige ar a son (Nic Fhionnlaoich 2007, 113).

Ag deireadh MBCG, coinníonn an laoch a fhocal nuair a fhillteann sé ar Chill Ghlasáin ‘i gcoinne a mháthar’ chun bean uasal a dhéanamh di ar feadh an chuid eile dá saol. In MBLC, deir an laoch leis an tiarna go gcaithfidh sé a theacht abhaile ar cuairt chuig a mháthair: tugann sé leis í go dtína bhean chéile nua ansin. Thug Arensberg agus Kimball suntas don dlúthchaidreamh a bhíonn idir máthair agus a mac sa teaghlach feirme:

Throughout the years of the son’s full activity in the farm economy under the father’s headship, the mother still remains the source of comfort and the preparer of food and is still infinitely solicitous of his welfare [...]. When one goes home, it is to see one’s mother (Arensberg agus Kimball 1968, 58).

Is beag cur síos a fhaightear ar an chaidreamh a bhí idir na scéalaithe féin agus a máithreacha, ar an drochuair, ach is léir ón fhianaise atá againn gur chaidreamh anláidir é an caidreamh máthair-mac i dteaghlaigh an cheantair seo. Thug Pádraig Ó Súilleabháin le fios go dtéadh sé in éineacht lena mháthair go dtí an Clochán chun bréidín a dhíol nuair a bhí sé ina stócach (CBÉ 1105, 140). De réir dhaonáirimh 1901, bhí tuismitheoirí Phádraig Uí Shúilleabháin, Mícheál agus Eibhlín, ina gcónaí in éineacht lena mac Pádraig, a mbranchliamhain Máire agus a gcúigear páistí; bhí Nóra Ní Shúilleabháin, deirfiúr le Pádraig, ina cónaí leis an teaghlach chomh maith (Daonáireamh 1901). Faoin bhliain 1911, bhí Mícheál Ó Súilleabháin imithe ar shlí na fírinne ach bhí Eibhlín fós ar marthain (bhí dhá bhliain le cois na ceithre scór slánaithe aici faoi seo) agus bhí sí ag cur fúithi sa teach céanna; bhí naonúr páistí ag

Pádraig agus Máire faoin tráth seo (Daonáireamh 1911). Ba nós coitianta é seo sa teaghlach traidisiúnta, go háirithe i gcás an mhic a shaothraigh teach na dtuismitheoirí; níl amhras ach go raibh ról tábhachtach ag máthair an fhir i dtógáil chlann na lánúine óige agus i mbainistiú gnéithe éagsúla de shaol an teaghlaigh. Fiosrófar an choimhlint a d'fhéadfadh a theacht chun cinn idir máthair an fhir agus a banchliamhain sa chéad chaibidil eile.

Ba chóras docht é an teaghlach patrarcach a dhearbhaigh forlámhas an athar mar cheann urra an tí agus bhí umhlaíocht bhail uile an teaghlaigh don athair clainne riachtanach do mharthanacht an réimis seo. Níl amhras ach go bhfuil an t-ómós mar bhunús le caidreamh an laoch lena thuismitheoirí in SFL. Iarrann mac an Rí ar Scológ na Féasóige Liath talamh a athar a bheith lán stoic, mar shampla, iarratas a chuireann dílseacht an mhic dá athair agus don oidhreacht phatrarcach in iúl. Mar a chonaiceamar ó bhriseadh síos na scéalta, feidhmíonn máthair an laoch mar dheontóir trí cháca a bhronnadh ar a mac a thabharfaidh chomh fada le teach a dearthársa é, gníomh a bhfuil an cheanúlacht mháithriúil mar bhunús leis agus a dhearbhaíonn ról na máthar i gothú an pháiste. Treisítear an dlúthchaidreamh atá idir mac an Rí agus a thuismitheoirí ag deireadh an scéil, nuair a fhilleann seisean abhaile tar éis dó féin agus d'iníon na Scolóige éalú ó áitreabh na Scolóige sa Domhan Thoir: ‘Ara rug an mháthair agus an t-athair air abhus agus thall agus thosaigh siad ag iarraidh [é] a phógadh’. Ag an phointe seo sa scéal, ámh, ní mór do mhac an Rí é féin a fhuascailt ó smacht na dtuismitheoirí más mian leis an chéad chéim eile dá shaol a bhaint amach. Tar éis don bhanlaoch dul i muinín sheift na n-éan chun a cumann leis an laoch a mheabhrú dó, glacann mac an Rí freagracht as a chinniúint féin faoi dheireadh; ceadaíonn móitíf na heochrach dó a chaidreamh le hiníon na Scolóige a chur i láthair i dtéarmaí an mheafarachais:

“*Well,*” a deir sé, “*tá anseo,*” a deir sé, “*anois,*” a deir sé, “*seaneochair,*” a deir sé, “*a bheadh agat agus an eochair ab fhearr a fuair tú ariamh,*” a deir sé, “*agus a bhainfeadh chuile ghlas duit,*” a deir sé, “*dá bhféachfá léi é. Dá gcaillfeá an eochair,*” a deir sé, “*agus go gceannófá eochair nua agus nach mbeadh aon cheo millte faoin eochair nua agat,*” a deir sé, “*ach an t-airgead íoctha uirthi, an n-iompófá thart,*” a deir sé, “*agus an gcaithfeá an tseaneochair uait,*” a deir sé, “*ar an eochair nua?*”

Dála theist na bróige, is follasach go bhfuil an siombalachas gnéasach le sonrú go láidir sa mhóitíf seo. Is féidir ceangal a tharraingt idir an cur i láthair a dhéantar ar an

mhóitíf san insint áirithe seo agus an cleamhnas traidisiúnta. Ní fhéadfaí tarraingt siar ón chleamhnas a luaithe is a bhí an pósadh curtha i gcrích; ach ó tharla nach bhfuil ‘aon cheo millte’, tá cead ag an stócach an ruaig a chur ar an ógbhean a roghnaigh a thuismitheoirí dó agus an bhean is ansa leis a phósadh. Sa phlé a dhéanann Ó Tuama ar Amhrán an Chailín Tréigthe i dtraidisiún béil na hÉireann, léiríonn sé gur minic a bhaintear úsáid as meafair an dúlra chun an gníomh collaí idir an cailín agus a leannán a chur in iúl; is gníomh é seo a mbíonn an “fhoghail” nó an “milleadh” mar bhunús leis i súile an té a bhfuil a maighdeanas caillte aici (Ó Tuama 2001, 89). Trí chur in iúl dá thuismitheoirí nach raibh caidreamh collaí idir é féin agus an bhean óg a roghnaigh siadsan dó, diúltaíonn an laoch d’údarás na dtuismitheoirí agus d’institiúid shriantach an chleamhnais agus dearbhaíonn sé a smacht féin ar a shaol.

Mar a mhínigh Conrad Arensberg ina shaothar clasaiceach ar shaol an fhir thuaithe Éireannaigh, *The Irish Countryman*, is ball é an páiste d’aonad táirgthe a theaghlach agus déantar é a oiliúint le linn a óige ar an ról a ghlacfaidh seisean mar bhall dá aicme shóisialta, mar fhear céile agus mar athair teaghlach (Arensberg 1988, 63-64). Tá oibleagáid an laoch i dtaca lena theaghlach le haithint go láidir in SG, cé gur ar theip an laoch an oibleagáid a chomhlíonadh a leagtar an bhéim. Tá trí ghlúin éagsúla i gceist sa scéal seo agus is léir gurb éard atá i ndán don laoch ná ceird a athar a fhoghlaim agus lorg na nglún a chuaigh roimhe a leanúint ina shaol féin. Bíonn oibleagáid ar an athair i leith a mhic ina theannta sin, agus bíonn Seán an Ghabha teann ar an oibleagáid sin a chomhlíonadh nuair a théann sé sa tóir ar charas Críost oiriúnach dá mhac. D’ainneoin dhílseacht an laoch dá aonmhac ag tús an scéil, ligeann sé an caidreamh sin i léig de réir mar a dhéanann sé neamart ina dhualgaisí i dtaca lena bhean chéile agus lena mhac i gcoitinne. Ní deir Seán ‘smid ar bith’ lena bhean faoin tuarastal atá á fháil aige ón Bhás agus is léir nach bhfeiceann sise scéal ná scuan ar an airgead mar go mbíonn Seán á chaitheamh dá hainneoin. Tá teachtaireacht shoiléir sa scéal seo maidir leis an díobháil a dhéanann andúil d’aon chineál, ní hamháin don andúileach féin ach dóibh siúd a bhíonn mórthimpeall air. Déantar an nasc idir an alcólacht, an mhímhoráltacht agus an neamart i ndualgais an athar clainne a cháineadh go géar sa scéal draíochta ‘An Fáth go bhfuil Salann san Fharrage’, a d’inis Mícheál Breathnach: tagann oíche Nollag agus ní bhíonn greim le cur sa phota dá chlann ag Pádraig, príomhcharachtar an scéil. Bíonn a bhean chéile anuas air mar gheall go mbíonn sí féin agus an mhuirín mhór atá orthu stiúgtha leis an ocras: “Nár dhúirt mise

leat go mb'fhearr duit cuid dar ól tú a fhágáil i do dhiaidh agus go mbeadh rud éigin agat le haghaidh na Nollag” (CBÉ 163, 25-32). Mar a míníodh i gCaibidil 3, is féidir go leor a fhoghlaim ó ráitis den chineál seo faoi mheon na scéalaithe i leith ceisteanna sóisialta éagsúla. Cé gur i mbéil charachtair “fhicseanúla” na scéalta a chuirtear iad, áitítear gur sampla den scoth iad na ráitis seo den chraiceann uathúil a chuireann an scéalaí ar a insint ionas go mbeidh an scéal intuigthe agus inghlactha de réir mheon agus nósmaireachtaí an chomhphobail.

4.3.2.2 An Laoch agus Muintir a Chéile

Sna scéalta inar gá don laoch an ógbhean a shaothrú óna hathair trí thascanna a chur i gcrích, ní mór dó an gaol daingean atá idir an cailín agus a teaghlach a bhriseadh chun go mbeidh ar chumas na lánúine teaghlach nua dá cuid féin a bhunú. Is beag an tionadh é mar sin de gur mar phearsa bhagarthach a chuirtear athair an chailín i láthair. Mar a míníodh thuas, déanann Scológ na Féasóige Liath cumhacht agus stádas mhac an Rí a bhrú faoi chois i limistéar an Domhain Thoir trí dhrochoineach a thabhairt dó. Ar bhronnadh an chéad tasc do mhac an Rí, cuireann an Scológ in iúl don ógfhear go mbainfidh sé a chloigeann de muna n-éiríonn leis an dúshlán atá roimhe a chur i gcrích. Aithnítear drogall an athar a sheilbh ar a iníon a scaoileadh nuair a deir sé leis an laoch gur gá dó a iníon “a shaothrú tuilleadh beagán eile”. Maidir leis an Teitheadh Draíochtach, is é bunús na móitífe seo gur gá don laoch agus dá bhrídeog dul ar a dteitheadh ó thuismitheoirí na brídeoige agus constaicí éagsúla a chur sa chosán orthu. Ar chomhairle na hógmhna, caitheann mac an Rí braon uisce, cipín maide agus snáthaidín beag taobh thiar díobh. Déantar constaicí tíreolaíocha as na rudaí seo agus ní mór don Scológ agus dá bhean chéile seifteanna a chumadh le dul tharstu. Téann an scéalaí i muinín an ghrinn sa léargas a thugann sé ar chaidreamh na seanlánúine sa chuid seo den scéal:

“Well imigh anois a chailleach,” a deir sé leis an gcailligh, “agus tabhair chugainn na bróga. Ar imigh tú a chailligh?” a deir sé.

“M'anam gur imigh,” a deir an chailleach, “agus go dtáinig.”

“Leath luach do shláinte, a chailligh, nár fhaighe tú, murar áibhéil an coisí tú.”

Níl amhras ach go rachadh greann na móitífe seo i bhfeidhm ar éisteacht an scéil. Ar leibhéal níos doimhne, ámh, meabhraíonn an caidreamh seo a láidre is atá an smacht

patarcach sa mhúnla scéalaíochta seo mar go dtreisítear an dearcadh gurb é príomhdhualgas na mná sa chumann pósta ná freastal ar riachtanais a fir céile. Léiríonn an iníon nach éasca an rud é éalú ó lainsí a hathar: “*Well, féach anois*”, a deir sí, “*is doiligh domsa m’athair a mharú duitse*”, a deir sí, “*agus b’fhéidir nach ndéanfá domsa*”, a deir sí, “*dá maróinn m’athair duit*”. Is léiriú soiléir é an gníomh seo ar athrú dílseachta na mná óna hathair go dtí an fear a phósfaidh sí. Mar a deir Isabel Cardigos, ag cur síos di ar ATU 313 i dtraidisiún béil na Portaingéile: ‘[Branca Flor] now physically wrenches herself from her father and her kin, leaving her territory in order to enter that of her husband’s. And he reaches the end of his adventure by leaving the alien territory of adventure and returning home’ (Cardigos 1996, 192). Bíodh is go n-éalaíonn iníon na Scolóige ó smacht plúchtach an athar, meabhraíonn caidreamh na seanlánúine go bhfuil smacht an fhir chomh tréan céanna laistigh den chumann phósta is atá sé sa teaghlach núicléach. Ag tarraingt di ar anailís struchtúrach Michèle Simonsen ar an scéal, míníonn Cardigos go bhfuil sé intuigte go ndéanfaidh an fear a bhean chéile a cheansú ionas nach mbeidh ar a cumas a cumhacht osnádúrtha a chleachtadh a thuilleadh: ‘As if in the married sphere there is no longer place for the feminine ‘magical’ capacity for transformations’ (Cardigos 1996, 195).

In MBCG, is tar éis don laoch iníon an Rí a tharrtháil ón ollphéist mharfach a thiteann sise i ngrá leis, mar a pléadh thuas. Mar a léirigh Daithí Ó hÓgáin, ámh, bhí ‘eachtra na péiste i gceist go fíorchoitianta i mbeathaí na naomh Gaelach a scríobhadh i Laidin agus i nGaeilge sa 12ú agus sa 13ú céad, rud a thaispeánann go raibh an mhóitíf go mór chun tosaigh i gcultúr na tréimhse úd’ (Ó hÓgáin 1983, 101). D’fhéadfaí dul i muinín na síceolaíochta Freudaí chun an eachtra seo a thuiscint ach an oiread, mar a dhéanann Holbek agus an ollphéist á léamh aige mar shiombail d’athair an chailín: ‘The dragon expresses one aspect of her father, the protector turned possessor; his dominance may be sexually triggered, but first and foremost, he is a threat to her life’ (Holbek 1987, 503). Dar le Holbek gurb é athrú dílseachta an chailín óna hathair go dtí na fear céile an bunús atá le heachtra na hollphéiste (Holbek 1987, 504). Trí na cloigne a bhaint den arrachtach, is amhlaidh a sháraíonn an laoch an Rí i dtéarmaí na fearúlachta agus luíonn sé le réasún go gcinneann an banphrionsa a hathair a fhágáil agus a saol a chaitheamh leis an ghaiscíoch óg a choinneoidh saor ó bhaol í. Tairgeann an Rí leath a ríochta don laoch, ach diúltaíonn seisean don cheangal a chruthódh a leithéid de bhronntanas eatarthu agus dearbhaíonn sé an stádas agus an saibhreas a

shaothraigh sé as a stuaim agus as a neart féin: ‘Dúirt [mac na baintrí] leis nach nglacfadh sé tada uaidh, go raibh caisleán aige féin chomh breá agus a bhí sa ríocht agus níos mó óir agus airgid ná bhí aigesean’. Mar a dúradh thuas, is féidir a mhaíomh gurb í fearúlacht áibhéileach mhac na baintrí in MBLC is cúis le cinneadh an fhir uasail agus a mhná céile a n-iníon a bhronnadh air, óir feictear dóibh nach n-aimseoidh siad “fear ar bith is fearr ná é”. Cé go léiríonn an fear uasal agus a bhean chéile drochmheas ar an laoch síos tríd an scéal, deir an fear uasal gur ‘maith an fear’ é mac na baintrí le haghaidh na hiníne agus is léir, mar sin de, gur ar bhonn straitéiseach a eagraítear an cleamhnas seo. Treisíonn an gníomh seo an dearcadh gurbh ionann an bhean agus “maoin” a tuismitheoirí laistigh den chóras patrarcach, nó ba mhínic nach raibh an dara rogha aici ach géilleadh dá rogha siúd i dtaca le fear céile oiriúnach.

4.3.3 Cúrsaí Aicmeachais

Mar a pléadh i gCaibidil 3, tréith shainiúil de chuid an scéil dhraíochta is ea go gceadaíonn an fhanaisíocht don reacaire agus dá lucht éisteachta frithdhomhan a chruthú ina dtugann an laoch, mar ionadaí an chomhphobail, a dhúshlán do na fórsaí sriantacha a bhí á chloí agus ina n-éiríonn leis ceart is cóir a bhaint amach faoi dheireadh. Baineann Jack Zipes leas as teoiric an útóipeachais, mar a d’fhorbair Ernst Bloch í, chun a mhíniú go ndúisíonn na híomhánna fantaiseacha agus an draíocht sna scéalta seo comhfhiosacht útóipeach sa té atá brúite faoi chois (Zipes 2002, 158). Ní hamháin go mbíonn an scéal draíochta ag brath ar an dóchas agus ar an mhianchumha, bíonn sé ag brath fosta ar mhíshástacht na scéalaithe agus a n-éisteoirí le cúinsí a saoil: ‘The fairy tale gives full expression to the dissatisfactions of average people, and this is why it remains such a powerful cultural force among them’ (Zipes 2002, 158). Ní hiontas mór é gur téama lárnach í an choimhlint idir na haicmí sa scéal draíochta, mar sin de. Mar a deir Ó Giolláin: ‘tá an bhéim sa scéal ar an troid idir aicmí – na huaisle agus na tuathánaigh – nó ar mhaithe leis an gcumhacht idir na huaisle féin’ (Ó Giolláin 2005, 107). Sa chíoradh a dhéanfar ar cheist na haicme sna scéalta seo, mar sin de, déanfar iniúchadh ar an choimhlint idir uasal agus íseal, mar a thagann sí chun cinn sna hinsintí seo. Ina theannta sin, ó tharla go bhfuil saol ‘saibhir sáthach’ ar cheann de phríomhspríocanna an laoch sna scéalta seo, fiosrófar an léiriú a fhaightear ar an athrú ón bhochtaineacht go dtí an saibhreas, freisin.

4.3.3.1 *An Choimhlint idir Uasal agus Íseal*

Tagann an streachailt idir an gnáthdhuine agus an aicme cheannasach chun cinn go láidir sna scéalta inar gá don laoch dul ar fostú le hionadaí den uaisleacht ar mhaithe le stádas a bhaint amach dó féin. Mar a nótáladh cheana, cuirtear béim láidir ar bhochtaineacht an laoch ag tús an scéil in MBCG agus MBLC. Bíonn máthair an ógfhir ‘ag obair go cruaidh, ag imeacht chuile lá ag iarraidh rud a fháil le n-ithe’ di féin agus dá mac, rud a thugann le tuiscint nach bhfuil acu ach ón lámh go dtí an béal. Carachtar coitianta is ea mac na baintrí i dtraidisiún scéalaíochta na hÉireann agus cuireann sé an t-anás in iúl go soiléir, nó ba bhocht an bhail a bhíodh ar bhaintreacha i sochaí thraidisiúnta na tíre seo.²⁸ Ainneoin gur fhulaing baintreacha cora crua an tsaoil, ba mhór an teacht aniar a bhí iontu, mar a mhíníonn Maureen Langan-Egan ina staidéar ar mhná na Gaillimhe sa naoú haois déag (Langan-Egan 1999, 75). Is iomaí cuntas a mhaireann sa bhéaloideas faoi éagóir a bheith á déanamh ar bhaintreacha. I bhfinscéal osnádúrtha a bhailigh an Búrcach ó Liam Ó Dúiche as Baile an Tobair dar teideal ‘Baintreach Bhocht’, cuir i gcás, déantar cur síos ar bhaintreach a raibh cónaí uirthi i dTuar Mhic Éadaigh, ar chuir tiarna talún cruálach í féin agus a mórshéisear clainne amach ar an bhóthar mar go raibh ag teip uirthi an cíos a íoc (CBÉ 232: 475-477). D’fhill an tiarna talún ar an saol nithiúil mar thaibhse míshuaimhneach tar éis a bháis de bharr na drochíde a thug sé don bhean seo. Léirigh Ó Dúiche tuairim láidir faoi theachtaireacht mhorálta na heachtra seo sa chlabhsúr a chuir sé lena scéilín:

bhí drochshaol aigesean ar an saol eile ar chuma ar bith agus ar ndóigh 'sé a thuill sé. Is mairg a níos an drochbheart. Deir siad más feall go bhfillfear. Más moch mall a éiríos an ghrian is mar is toil le Dia a bhíos an lá. (CBÉ 232: 477)

Is féidir a áiteamh gur fianaise é an léiriú dearfach a dhéantar ar phearsa na baintrí i dtraidisiún béil Dhúiche Sheoigheach de thuiscint agus de chomhbhá an phobail leo siúd a bhí ar íochtar na sochaí ó thaobh stádais agus maoinne de, eispéireas a raibh taithí phearsanta ag mórán de na scéalaithe féin air.

²⁸ Ina staidéar ar mhná na hÉireann sa naoú haois déag agus i dtús an fichiú haois, tagraíonn Maria Luddy do thuarascáil a scríobhadh don Choimisiún Ríoga ar staid na mbocht in Éirinn, inar tugadh suntas do bhochtaineacht na mbaintreach: ‘They are in general very wretched, and their food is of the worst kind, and often insufficient [...]. It is perfectly impossible that they could subsist without assistance from charity’ (Luddy 2006, 48).

Cuirtear an deighilt atá idir na haicmí ó thaobh na cumhachta de in iúl go soiléir in MBCG nuair a théann an bhaintreach a fhad leis an tiarna talún ar thóir culaithe dá mac, rud a thugann sé di láithreach: “Tabharfaidh mise sin duit”, arsa an tiarna, “agus fáilte. B’fhéidir go ndéanfaidh sé sin fear maith go fóill”. In MBLC, is ó fhear siopa a fhaigheann máthair an stócaigh an chulaith, mar sin is féidir nasc a tharraingt idir an siopadóir agus an tiarna sna scéalta seo i dtaca lena stádas sa phobal.²⁹ Is pearsa dheamhíniúil, fhlaithiúil é an tiarna a dtéann mac na baintrí ar aimsir leis in MBCG: tugann sé flúirseacht bia don stócach gach maidin agus tráthnóna agus cuireann sé leaba ar fáil dó le dul a chodladh inti san oíche.³⁰ Diomaite den ‘teach mór’ agus den ‘leathscór bó’ atá i seilbh an tiarna, is léir ón eagla a bhíonn air roimh na fathaigh nach eisean an té is mó a bhfuil cumhacht aige sa dúiche seo. Agus é amuigh ag buachailleacht, dar le mac na baintrí ‘go mba mhór an feall é na ba a bheith ar áit lom agus féar fada an taobh eile’ ar thalamh na bhfathach, rud a léiríonn dlúthpháirtíocht an charachtair seo leis an té atá brúite faoi chois. D’fhéadfaí caint mhaslach na bhfathach a chur i mbéal tiarna talún neamhthrócairigh: “A Éireannaigh bhig ghránna cén fáth ar chuir tú [na beithígh] isteach ar mo chuid féir?” Is furasta ceangal a tharraingt idir na fathaigh agus lucht an rachmais in Éirinn sa naoú haois déag: bíonn cónaí orthu i dtithe breátha agus bíonn tailte fairsinge, eacha luatha agus cultacha áille ina seilbh.³¹ Tá an tsaint mar shaintréith de chuid na mbrúideanna seo chomh maith: “Rud ar bith”, a dúirt an fathach, “a gheobhas mise ar mo chuid talún is liom féin é”.

Trí na beithígh a thiomáint isteach ar thalamh na bhfathach, cuireann an laoch ina luí ar na bithiúnaigh seo nach ngéillfidh sé don easpa cothromaíochta: “Ithigí bhur sáith anois [...] agus tig libh é”, a deir sé leis na beithígh agus iad istigh i ngarraí na bhfathach. Is ar éigean a bhíonn an t-eallach ábalta siúl nuair a thiomáineann mac na baintrí abhaile iad: ‘Bhí sé ag dul crua go leor leo siúl leis agus na húthanna bainne a bhí acu’. I dtéarmaí na fantaisíochta, is ionann an fhlúirseacht bainne agus an fómhar fairsing a mbíodh an feirmeoir sléibhe ag féachaint go crua leis gach bliain. Tar éis

²⁹ Thug Micil Chonraí le fios gurbh ionann ‘an múinteoir agus an siopadóir agus na gardaí agus an dochtúir’ agus ‘lucht an airgid’ i sochaí thraidisiúnta Chonamara (Chonraí agus Ó Giollagáin 1999, 66).

³⁰ Is mar oide a léirítear an máistir in ‘An Tarbh Breac’ le Ruairí Uí Chomair: “Is tusa an máistir is fearr,” a deir an laoch, “a chuaigh os cionn aon ghasúr ariamh. Tháinig mise lag lúbach [...] go dtí tú [...] agus is maith an chomhairle a chuir tú orm” (CBÉ 166, 225).

³¹ Cf. Holbek: ‘The troll probably represents a powerful farmer, perhaps a squire. In tales of this kind, the troll possesses fields, horses and cattle and the hero’s tasks are characteristic of what farmhands were ordered to do in traditional farming communities’ (Holbek 1987, 503).

don laoch an triúr fathach a mharú, glacann sé seilbh ar a gcaisleán, a bhfuil ‘seomra lán le hór, seomra lán le hairgead geal agus seomra lán le *diamond*’ ann. Trí na fathaigh a mharú, cuireann mac na baintrí deireadh le réimeas na ngruagach gránna seo a raibh an timpeallacht áitiúil faoina slat. Mar aon lena ghradam féin a mhéadú, téann éachtaí an laoch chun sochair don phobal i gcoitinne mar gur féidir le muintir na háite maireachtáil go suaimhneach ón am sin amach, saor ó bhagairt na bhfathach agus na hollphéiste araon. Tá an choimhlint aicmeach lárnach in MBLC chomh maith. Sa scéal seo, ní bhíonn pingin rua ag mac na baintrí nuair a thosaíonn sé amach ar a aistear agus bíonn sé ag brath ar charthanacht na ndaoine a thugann lóistín dó, go dtí go n-éiríonn leis dul ar aimsir le duine uasal i gCúige Mumhan. Is léir ón chur síos a dhéantar ar theach mór agus ar thailte fairsinge an duine uasail gur ball den chinsealacht é. Bíonn an fear uasal ag iarraidh mac na baintrí a chur chun báis mar go bhfuil eagla air roimh a mhéid agus a láidreacht ollmhór: “‘Á’, a deir [an duine uasal], ‘is aisteach an buachaill é seo a fuair muid, mura gcuirfidh muid deis éigin air lena chur chun báis, bainfidh sé an teach mór agus a bhfuil ann dinn ar deireadh’”. Is sainchomhartha é míshuaimhneas an duine uasail i dtaobh mhac na baintrí mar gheall ar a “aisteacht” den easpa tuisceana idir an aicme cheannasach agus an íosaicme.

Ní hábhar iontais é go mbeadh tóir ar scéalta den chineál seo, ina n-éiríonn leis an laoch an deighilt chumhachta idir é féin agus a namhaid a iompú bun os cionn, i gcomhthéacs na himirce agus go háirithe i dtaca leis an imirce shéasúrach agus fhadtéarmach go Sasana. Mar a deir Patrick O’Sullivan: ‘To be ‘Irish’ within the British Empire was to inhabit, maybe even to be confined within, a certain narrative space [...]. To migrate is to enter another’s narrative, and very likely, within that narrative, become a ‘symbolic other’ (O’Sullivan 1997, 3). Is furasta a shamhlú gur mheán cumarsáide í an scéalaíocht a cheadaigh do na scéalaithe a chaith tréimhsí ar imirce agus ag obair ar an iarnród domhan “naimhdeach” na tionsclaíochta a cháineadh agus a bhforlámhas féin ar an domhan sin a dhearbhu. Trí chumhacht, láidreacht agus údarás a bhronnadh ar ionadaí an phobail, is cinnte gur ardaigh scéalta den chineál seo meanma lucht a n-éisteachta agus, thairis sin, go ndearna siad dlisteanú ar a ndearcadh agus ar a dtaithí saoil siúd. Ní miste plé Dhaithí Uí Ógáin ar charachtar an mheirligh i gcultúr traidisiúnta na hÉireann a lua sa chomhthéacs seo: ‘People do not make heroes of characters unless they feel some empathy with these characters, nor do they enjoy telling stories which involve definite social forces unless these

stories embody some of their own desires and hopes' (Ó hÓgáin 1985, 307). Treisíonn an tóir a bhí ar scéalta faoi Mhac na Mara i dtraidisiún béil Dhúiche Sheoigheach an dearcadh sin: ba ghaiscíoch áitiúil é Mac na Mara a bhíodh ag robáil ó dhaoine saibhre.³² Tríd an cheann is fearr a fháil ar an namhaid, ní hamháin go mbaineann an laoch neamhspleáchas amach dó féin, ach léiríonn sé freisin gurb insroichte an sprioc é an claochlú cumhachta. Mar a deir Glassie faoi mhúnla reacaireachta an *bid*: 'When bids pit a local person against an outsider, characters are subtly defined to embody the great world's power relations. Wit overturns strength. The local person, weaker and poorer, the ceilier's representative, proves intellectually superior and emerges victorious' (Glassie 1995, 48). Tá bua an íochtaráin ar an aicme cheannasach mar bhunús le scéalta béaloidis a bailíodh i dTalamh an Éisc san fhichiú haois freisin: samhlaíonn Martin Lovelace go mbaineann faoiseamh nach beag le bualadh faoi chois na bhfathach i gcomhthéacs an chur síos a rinne oibrithe feirme ar aighnis a bhí acu lena bhfostóirí ina saol féin (Lovelace 2001, 161).

4.3.3.2 Ó Dhaibhreas go Saibhreas

Tá an deighilt idir na haicmí sóisialta le sonrú go láidir ag deireadh SFL mar go bhfilléann an laoch ar dhomhan an rachmais a fhad is a fhágtar iníon na Scolóige ar an trá fholamh taobh amuigh den teach mór. Tugtar le fios go bhfuil cleamhnas socraithe idir an laoch agus '*lady óg*' uasaicmeach agus go bhfuil ceiliúradh mór ar an bhaile de bharr an chumainn nuabhunaithe idir dhá theaghlach mhóra: 'D'imigh craoltaí amach ar gach taobh ag an Rí, ag tabhairt cuireadh chun bainise do chuile dhuine dá bhfaca sé ná a raibh eolas ariamh aige air. Ní raibh aon spáráil ar airgead ann ó tháinig an mac abhaile'. Murab ionann is na laochra eile, is ball den uasaicme é laoch an scéil seo. Is féidir a áiteamh gur gá dósan ísliú stádais a fhulaingt sular féidir leis próiseas an teacht in inmhe a chur i gcrích, mar sin de, rud a spreagann an drochíde a thugtar dó le linn na tréimhse a chaitheann sé i gcúirt Scológ na Féasóige Liath. Dála na bhfathach sa scéal thuas, tuigtear don éisteoir go mbaineann cumhacht, ardstádas agus saibhreas neamhtheoranta leis an draíodóir seo. Sainghné den tréimhse a chaitheann an laoch i limistéar athair an chailín sa tsraith scéalta seo is ea an

³² Bhailigh Áine Nic Allmhúráin ón Chloch Bhreac leagan de 'Mac na Mara' ó Mhaoilsheachlainn Ó hAllmhúráin mar chuid de Bhailiúchán na Scol i Scoil Náisiúnta Dhrioseacháin: 'Robálaí a bhí ann ach níor thóg sé aon rud ó dhuine ariamh nuair a bheadh fhios aige go raibh an duine ina chall' (CBÉS 74, 473). D'inis Pádraig Ó Súilleabháin leagan eile den scéal seo don Bhúrcach ar an 23 Márta, 1937 (CBÉ 188, 82-88).

drochoineach a fhaigheann sé óna óstach, mar a míníodh thuas. Is léir gurb í an fheidhm atá ag an mhaslúchán seo ná an chumhacht a sciobadh den ógfhear agus íobartach a dhéanamh de. Déanann an Scológ iarracht stádas an laoch a íslíú trí mheán an chomhrá, freisin:

Well,” a deir an fathach, a deir sé, “*tá job* anseo agam duit,” a deir sé, “agus caithfidh tú é a dhéanamh nó mura mbí [sé déanta],” a deir sé, “beidh do chloigeann bainte díot. Beidh do cheann agus do choimeád beatha agamsa,” a deir sé, “mura ndéanfaidh tú é.”

Is féidir na cúinsí diana maireachtála seo a thuiscint i gcomhthéacs eispéireas na himirce chomh maith. Mar a deir Anne O’Dowd i dtaca leis an imirce shéasúrach, mheas mórán fostóirí gur leor dóibh drochbhia agus drochlóistín a thabhairt dá n-oibrithe Éireannacha mar gur ó cheantair bhochta a tháinig siad, mar sin shamhlaí go raibh caighdeáin chompoird agus ghlaineachta ní b’íse acu (O’Dowd 1991, 129).

Ó tharla ról na hógmhna a bheith i lár an aonaigh sa tsraith scéalta seo, ní haon údar iontais é go bhfulaingíonn iníon na Scolóige íslíú cuimsitheach stádais sa chuid seo den scéal agus gur gá di dul i muinín na seiftiúlachta chun a haitheantas agus an cumann grámhar a bhí eatarthu a chur i gcuimhne do mhac an Rí. Ar theacht isteach go teach na bainise di, bíonn an ógbhean ‘ag imeacht ar fud na cistine mar a d’fheicfeá bean bhocht, an créatúr, í féin go cúthail’. Tugtar drochíde di sa teach mór mar go meastar gur bochtán í. Nuair a iarrann sí cead ar dhuine de na cócairí putóg a ghléasadh mar shampla, deir an cócaire ‘go mbuailfeadh sí siar ar an mbéal í, ag dul ag réiteach a leithéid do dhaoine móra’. Dála an chaibléara sa scéal céanna, a shaothraíonn meas i measc na n-uaisle mar gheall gur ‘damhsóir agus fear mór amhráin’ é, tugtar cead cainte don ógbhean nuair a théann sí i mbun chleas na n-éan, móitíf a léiríonn éifeacht na healaíne agus na héirimiúlachta i scriosadh na dteorainneacha idir saibhir agus daibhir agus i saothrú ceart is cóir don té atá thíos. Faoi dheireadh MBCG, SFL agus MBLC araon, éiríonn leis an laoch éalú ó anró na bochtaineachta agus maoin agus tailte dá chuid féin a shaothrú, beag beann ar charachtair eile an scéil. Ní maoin shaolta amháin atá i gceist ar ndóigh, nó is léir gur shaibhrigh na laochra seo a dtréithe pearsanta trí theacht slán ó na cruatain éagsúla nár mhór dóibh a fhulaingt le linn an aistir.

Sainghné den cheathrú sraith scéalta is ea go n-éiríonn leis an laoch maoin as cuimse a bhaint amach trí mheán na cleasaíochta agus na caimiléireachta. Cuireann na huirlisí draíochtacha a bhronnann an Bás ar Sheán an Ghabha i dteagmháil é leis na huaisle céanna a cháin sé ag tús an scéil. Roghnaíonn sé lucht an rachmais lena scil nuashaothraithe a chleachtadh orthu mar go dtuigtear dó go n-íocfaidh siad go maith é: ‘[chonaic] sé sa bpáipéar go raibh a leithéid seo d’fhear mór go dana agus go raibh an oiread seo céadta punt geallta d’fhear ar bith a leigheasfadh é’. Is léargas réadúil é seo ar na hacmhainní agus ar na seirbhísí a bhíonn ar fáil don mheán- agus don ardaicme, cé nach mbíonn an dara rogha ag an dream is boichte ach déanamh dá nuireasa. Is léir ó na searbhóntaí agus ón líon mór dochtúirí a bhíonn ag freastal ar na fir uaisle a dtéann Seán an Ghabha chucu lena leigheas nach bhfuil teorainn dá laghad le saibhreas s’acusan: “‘Íocaigí é seo anois go maith”, a deir an chéad fhear a leigheasann Seán, “tá mise leigheasta agus tá mé in ann éirí agus a dhul amach ar fud mo chuid talún”’.

Cé go léiríonn Seán an Ghabha comhbhá áirithe leis an té atá buailte faoi chois ag tús an scéil san eiteach a thugann sé do Dhia, ní fada go mbíonn athrú poirt air nuair a fhaigheann sé féin blaiseadh ar an saibhreas. Cuirtear saint agus suarachas Sheáin in iúl go soiléir sna hachainíochta a dhéanann sé ar an Bhás. Ó tharla go mbíonn úlla á ngoid óna chrann úll, iarrann sé go ngreamófaí lámh an ghadaí don chrann; mar gheall go mbíonn daoine ag úsáid na hinneonach ina cheárta agus eisean as baile, iarrann sé go ngreamófaí lámh an té sin den uirlis sin go dtí go socraíonn seisean iad a scaoileadh saor. Cé go bhfuil an greann le brath sna móitífeanna seo mar gheall ar an riocht leochaileach ina bhfágтар an Diabhal, is féidir a rá ina choinne sin go dtéann suarach den chineál seo go hiomlán i gcoinne mheon na sochaí traidisiúnta i dtaobh dháileadh cothrom na n-acmhainní agus na maoin. Faightear fianaise láidir den mheon sin sna finscéalta sí, scéalta a d’fheidhmigh thar aon rud eile mar chóras smachta an phobail air féin (Bourke 2002, 1285). Tá caidreamh an duine aonair lena chomhphobal agus lena thimpeallacht mar théama lárnach sna finscéalta sí agus is iondúil go bhfaightear teachtaireachtaí soiléire iontu faoi iompar inmholta agus inghlactha an duine i dtaca leis an chaidreamh sin. De réir thuiscint Uí Ghiolláin ar na scéalta seo, is ionann an comhphobal agus limistéar ina bhfuil ord agus eagar i réim; d’fhéadfaí nasc a tharraingt idir neacha a chuireann isteach ar an ord nádúrtha seo agus fearann bun os cionn an mhí-eagair (Ó Giolláin 1991, 201). Ó tharla go bhfuil an cineál scéil seo

bunaithe ar an bhuntuiscint go bhfuil teorainn le hacmhainní an nádúir agus nár cheart don duine daonna níos mó a thógáil ná mar atá dlite dó (Bolstad Skjelbred 1991, 215), is féidir a áiteamh go dtéann claonadh Sheán an Ghabha i dtreo an chaipitleachais i gcoinne ghnáthmheon an phobail agus gur mar gheall air seo a fhágtar i limistéar an mhí-eagair é go deo na ndeor.

4.4 Ceangal

Léiríonn an briseadh síos a rinneadh ar na scéalta sa chéad chuid den chaibidil seo a thairbhí is atá sé idirdhealú a dhéanamh idir scéalta draíochta de réir tíopa a bplota sula bhféachtar le léargas a thabhairt ar na teachtaireachtaí sóisialta atá i bhfostú iontu. Trí shainaithint a dhéanamh ar thíopaí na bplotaí, tagann sé chun solais go bhfuil dlúthcheangal idir eachtraí an scéil agus bunstruchtúr an tíopa lena mbaineann sé. Cé go bhfuil méid áirithe leanúnachais idir an ceithre scéal a ndéantar scagadh orthu anseo i dtaca lena struchtúr, braitheann iompar an laoich, maille leis na dúshláin a bhíonn le sárú aige, ar phatrún réamhshocraithe an tíopa atá i gceist. Mar is léir ón phlé a rinneadh thuas ar an chomhrá agus ar na huirlisí reitriciúla éagsúla a mbaineann an scéalaí úsáid astu, is sa chraiceann a chuireann an scéalaí aonair ar a insint uathúil féin is fearr a fhaightear léargas ar bhrí an scéil sa chomhthéacs cultúrtha áitiúil.

Tagann sé chun solais ón anailís shoch-chultúrtha gur féidir nasc daingean a tharraingt idir eachtraí na scéalta agus taithí saoil an phobail insinte agus éisteachta. Tá an móradh a dhéantar ar an láidreacht mar shaintréith de chuid na gaiscíochta ag teacht go maith leis an mheas a bhí dlite don té a bhí lúbach láidir sa phobal traidisiúnta agus tá nasc soiléir idir an fhortúlacht agus an fhearúlacht, dá thairbhe sin. Is iomaí cló a bhíonn ar an láidreacht, mar sin féin, agus ní mór suntas a thabhairt don léiriú a dhéantar ar an laoch sa dara sraith scéalta ba mhó a raibh tóir uirthi sa cheantar seo .i. ATU 313. Cuirtear teachtaireacht shoiléir chun cinn in SFL nach mbaineann aon náire leis an bhrú faoi chois, ach ní mór don té atá thíos glacadh go fonnmar leis an tacaíocht a thagann ina threo agus misneach a bheith aige go dtiocfaidh cor sa saol i ndeireadh na dála. Taobh amuigh de na dúshláin a bhí le sárú ag an ghnáthdhuine sa phobal traidisiúnta ar bhonn laethúil, áitítear go raibh ábharthacht ar leith ag teachtaireacht dhóchasach na scéalta seo i gcomhthéacs chruatan na himirce agus na hoibre tionsclaíche, chomh maith. Murab ionann is na scéalta eile, a bhfuil an teacht in inmhe mar bhunús leo agus ar gá do na príomhphearsana iad féin a oiliúint sna

tréithe a bheas riachtanach dóibh mar bhail dá gcomhphobal, léiríonn an drochbhail ina bhfágtar frithlaoch SG nach bhfuil ach doilíos i ndán don té nach n-iompraíonn é/í féin de réir shuílce morálta an phobail.

Sna scéalta ina bhfuil saothrú na hógmhna uaisle mar phríomhspríoc an laoich, ní mór don ógfhear dul i gcomhraic le pearsana ollchumhachtacha a bhfuil de rún acu é a chur chun báis sular féidir leis a leannán a phósadh agus saol saibhir a bheith aige mar bhall dlísteanaigh den tsochaí. Is furasta an choimhlint fhantaisiúil seo a léamh mar mheafar de na deacrachtaí éagsúla ar ghá do lánúineacha dul i ngleic leo agus iad ag aistriú ó aonad teaghlaigh amháin go dtí aonad eile. Ba spríoc phraiticiúil é an pósadh sa tsochaí thraidisiúnta ar ndóigh, ach cuireann an dá scéal seo in iúl gurbh é an cumann grámhar an pósadh idéalach mar gur mhó seans a bhí ann go mbeadh rath agus bláth air. Is féidir móitíf na bróige in MBCG a léamh mar shiombail d'oiriúnacht na lánúine dá chéile i dtéarmaí na collaíochta agus níl amhras ach go bhfuil an torthúlacht mar bhunús léi. Maidir le carachtar bhrídeog an laoich, is dea-thréithe iad an t-údarás, an cumas cócaireachta agus an acmhainneacht, tréithe a bhí le moladh i dtaca le tógáil na clainne sa tsochaí thraidisiúnta, go háirithe.

Is díol suntais é go bhfilléann an laoch fireann ar fhearann an teaghlaigh ag deireadh na scéalta faoin teacht in inmhe; is féidir a áiteamh gur léargas réadúil é seo ar an pósadh traidisiúnta, nó ba í an bhean a phós isteach i dteaghlach agus i bpobal an fhir níos minice ná a mhalairt. Tá an bhéim láidir a leagtar ar an chaidreamh ceanúil atá idir an laoch agus a mháthair ag teacht go maith le stair shóisialta an cheantair freisin: ba mhíne go mbíodh máthair an fhir ina cónaí lena mac agus lena theaghlachsa agus bhí freagrachtaí orthu beirt i leith a chéile. Murab ionann is na scéalta eile, a bhfuil dualgais an laoich i leith a theaghlaigh le brath go tréan iontu, is é meathlú an chaidrimh chlainne atá faoi chaibidil in SG, scéal a bhfuil lorg an fhinscéil osnádúrtha le brath go láidir air. Is ionadaí é Seán an Ghabha de phearsa thairseachúil a chinneann maireachtáil ar imeall an phobail seachas ina fhochair, trína mhianta pearsanta a chur chun tosaigh ar a chuid dualgas mar fhear céile, mar athair clainne agus mar bhall den ghrúpa sóisialta dar de é.

Tá an fhantaisíocht go mór chun cinn san ardú stádais a éiríonn le laoch an scéil dhraíochta a bhaint amach sa mhúnla scéalaíochta seo i gcoitinne agus samhlaítear go raibh tionchar láidir ag mianach útóipeach na scéalta ar an ráchairt a bhí orthu i measc

daoine a bhí ag maireachtáil ar bheagán de mhaoin an tsaoil. Ní hionann sin is a rá nach féidir an léiriú utóipeach a dhéantar ar chlaochlú na cumhachta a thuiscint i dtéarmaí thaithí an phobail seo ar an neamhionannas sóisialta, mar sin féin. Is ionann an tiarna talún agus an phearsa is airde stádas sa tsochaí, de réir loighic na scéalta seo. Cé acu an mar phearsa fhlaithiúil nó mar phearsa bhrúidiúil a dhéantar é a léiriú, is follasach gurb í an aicme lena mbaineann seisean an aicme cheannasach agus gur le haicme an phobail a bhaineann an laoch. Is minic a chuirtear an choimhlint idir an gnáthdhuine agus an aicme cheannasach i láthair ar bhealach binbeach trí mheán an chomhrá: is beag meas a bhíonn ag ceachtar dream ar a chéile agus eascraíonn frustrachas agus foréigean óna n-easpa tuisceana ar a chéile.

Is téama lárnach é an claochlú cumhachta sna scéalta uile agus is ionann na tréithe a léiríonn an laoch agus é sa domhan osnádúrtha, cé acu an láidreach fhisiciúil, gliceas, nó buanseasmhacht in aghaidh na hanachaine atá i gceist, agus na huirlisí a chuirfidh ar chumas an té atá thíos éalú ó bhraighdeanas na bochtaineachta, de réir dhearcadh idéalaíoch an scéil. Saothraíonn ionadaí an phobail saibhreas neamhtheoranta i ndeireadh na dála, ach aithnítear gur saibhreas siombalach atá i gceist leis an mhéadú maoiné seo i ndairíre, óir léiríonn céim síos Sheáin an Ghabha nach ionann an saibhreas saolta agus an sonas síoraí, a bheag ná a mhór. Is mithid dúinn anois na scéalta baineanna a fhiosrú de réir na creatlaí seo, d'fhonn na cosúlachtaí agus na héagsúlachtaí idir taithí an laoich agus taithí an bhanlaoich a thabhairt chun solais.

Caibidil 5

Scéalta na mBanlaochra

5.1 Réamhrá

Tá an léiriú a dhéantar ar an bhanlaoch sna scéalta draíochta ina chnámh spairne ag scoláirí béaloidis le fada an lá. Tá suntas mór á thabhairt don cheist seo ó na 1960dí go háirithe, nuair a chuir an léann feimineach uirlisí nua ar fáil chun cúrsaí inscne a mheas i réimsí uile an chultúir. Tharraing Marcia Lieberman aird ar a laghad cailíní gníomhacha, acmhainneacha a fhaightear sna scéalta béaloidis is fearr atá ar eolas ag páistí san Iarthar; ina staidéar ar charachtair bhaineanna sa chnuasach *The Blue Fairy Book* le hAndrew Lang, mar shampla, d'áitigh Lieberman gur mná fulangacha, géilliúla agus anbhanna iad tromlach de bhanlaochra an chnuasaigh sin (Lieberman 1972, 387). Tá an tóir a bhí ar an bhanlaoch ceansa, neamhghníomhach i seánra an scéil dhraíochta trí chéile le tabhairt faoi deara sa chlaonadh a bhí ag eagarthóirí na gcnuasach liteartha na banlaochra a cheansú nó a chur ina dtost. Léiríonn Ruth Bottigheimer go ndearnadh ciúnú córasach ar bhanlaochra KHM mar gheall ar chleachtas eagarthóireachta Wilhelm Grimm, mar shampla (Bottigheimer 1987). Aithníonn Kay Stone go bhfuil a leithéid de rud ann agus banlaochra gníomhacha, mná a thugann a n-aghaidh ar an domhan seachas a bheith ag brath ar an rath a theacht chomh fada leo, ach admhaíonn sí nach bhfaightear líon rómhór díobh i scéalta béaloidis agus nach ann ar chor ar bith dóibh i scéalta na ndeartháireacha Grimm ná i scannáin Walt Disney (Stone 2008, 19).¹ Ní miste a nótáil gur ar chnuasaigh scéalta a tháinig go mór faoi anáil na heagarthóireachta liteartha a dhírigh mórán de scoláirí feimineacha an scéil dhraíochta a n-aird, go háirithe sna Stáit Aontaithe. Mar a mhíníonn Zipes, bhí íomhá steiréiticipiciúil den bhanlaoch á cur chun cinn i gcnuasaigh scéalta an naoú haois déag mar gheall ar mheon patrarcach, meánaicmeach a rinne sainaitheint ar mhná mar ‘domestics and breeders, born to serve the interests of men’ (Zipes 2012, 80).² San iniúchadh a dhéantar ar rogha scéalta as cnuasach an Bhúrcaigh

¹ Ba í Alison Lurie a chuir na hargóintí seo chun cinn an chéad lá riamh, sna haistí ‘Fairy Tale Liberation’ (Lurie 1970) agus ‘Witches and Fairies’ (Lurie 1971). Bhí Lurie den tuarim go bhféadfadh na scéalta iontais tacú le fuascailt na mban, ó tharla go bhfaightear banlaochra láidre, acmhainneacha mar phríomhcharachtair iontu (Haase 2000, 15).

² Déanann Zipes iarracht an scéal seo a chur ina cheart in *The Irresistible Fairy Tale* trí cheithre scéal neamhaithnide a chur i gcló a tháinig ó bhéalaithe ban, a bhfuil mná óga láidre,

ina bhfuil banlaoch mar phríomhphearsa mar sin de, díritear aird ar leith ar iompar inmholta na mná agus ar a stádas i bhfearann an phobail agus an teaghlaigh.

5.2 Cuid 1: Rangú ATU, Struchtúr agus Príomhphearsana na Scéalta

5.2.1 ‘Cailleach an Oileáin Ghlais’

Tá clú agus cáil ar an scéal *Cinderella* i gcanóin chultúrtha an Iarthair ach, mar atá pléite ag Armando Maggi, is ionann an leagan a shamhlaítear go minic mar insint “cheart” an scéil seo agus plota teibí, ar nasc é de na leaganacha a d’fhoilsigh Charles Perrault agus na deartháireacha Grimm, mar aon leis an athmhúnú a rinne Walt Disney ar an scéal i bhfoirm scannáin (Maggi 2015, 150). Mar a léirigh Anna Brigitta Rooth ina staidéar ollmhór ar an tsraith scéalta *Cinderella* go hidirnáisiúnta, níl sa scéal a shamhlaítear mar an insint “cheart” de *Cinderella*, ach foshraith amháin den mhórshraith scéalta a aithníonn sise mar *The Cinderella Cycle* (Rooth 1951, 15).³ Is leagan den foshraith ATU 510B *Peau d’Asne* é ‘Cailleach an Oileáin Ghlais’. Mar a míníodh i gCaibidil 3, seasann insint Ruairí Uí Chomair amach i dtraidisiún béil na hÉireann mar gur cónascadh uathúil é idir an tsraith áirithe sin agus ATU 313, a ndearnadh cur síos uirthi i gCaibidil 4. Níor shaothraigh an foshraith ATU 510B an aird chéanna i gcanóin na scéalta draíochta is a shaothraigh ATU 510A (Goldberg 1997, 29) agus is léir ó TIF nach raibh an tsraith scéalta seo chomh cáiliúil céanna in Éirinn is a bhí ATU 510A (Ó Súilleabháin 1963, 106-108).

Riocht an Bhanlaoich ag Tús an Scéil

Agus í ar leaba a báis, deir banríon lena fear céile gan aon bhean a phósadh ach an bhean a bhfeilfidh a fáinne féin di. Cuireann an banlaoch fáinne a máthar ar a méar agus ní féidir léi é a bhaint di. Deir a hathair go mbeidh uirthi eisean a phósadh.⁴

ceannairceacha mar phríomhcharachtair iontu (Zipes 2012, 80-108). Féach freisin an cnuasach *Beautiful Angiola: The Great Treasury of Sicilian Folk and Fairy Tales*, atá bunaithe ar na scéalta béaoidis a bhailigh Laura Gonzenbach sa tSicil ag deireadh an naoú haois déag agus ina bhfaightear an t-iliomad banlaochra a thugann a ndúshlán don íomhá steiréiticipiciúil úd (Zipes agus Gonzenbach 2006).

³ Cf. *Cinderella: a Folklore Casebook* (Dundes 1982) *Cinderella Across Cultures: New Directions and Interdisciplinary Perspectives* (Dutheil de la Rochère et al. 2016), mar aon le staidéar Christiansen ar *Cinderella* i dtraidisiún béil na hÉireann (Christiansen 1950).

⁴ T411.1. *Lecherous father*.

Fágáil an Bhaile

Iarrann an banlaoch trí achainí ar a hathair: cuan a ghearradh i mballa an chaisleáin ionas go mbeidh an fharraige ag teacht isteach chomh fada leis, bád pléisiúir agus trí chulaith áille. Bronnann an Rí na hachainí seo uirthi agus éalaíonn sí ón bhaile sa bhád pléisiúir. Tagann sí isteach i ngleann sléibhe, áit a ndéanann sí cóta amach as luachair.⁵ Castar maor uirthi agus tugann sé an óghbhean abhaile chuig a bhean chéile. Tagann an *landlord* agus a mhac isteach lá amháin agus réitíonn an banlaoch béile dóibh. Bíonn an béile chomh blasta sin go bhfostaíonn an *landlady* an banlaoch mar chócaire.

Forbairt an Chaidrimh Ghrámhair

Sa teach mór, éiríonn leis an bhanlaoch mac an *landlord* a mhealladh trí na gúnaí áille a chur uirthi féin agus iad a bhaint di os a chomhair.⁶ Tagann laige airsean nach mbíonn aon leigheas uirthi ach an banlaoch a phósadh.⁷ Póstar an bheirt.

Fulaingt Drochíde

Bíonn cailíní eile an tí in éad leis an bhanlaoch. Éiríonn leo dul isteach sa seomra ina bhfuil sí agus caitheann siad amach san fharraige í. Sciobann seanchailleach as *Green Island* isteach ina bád í agus tugann sí an ógbhean in éineacht léi go dtí an t-oileán sin.

Dúshláin

Téann mac an *lanlord* sa tóir ar a bhean chéile. Imríonn sé cluiche cártaí le Cailleach an Oileáin Ghlais agus cuireann sise faoi gheasa é teacht chuig an Oileán. Ar shroicheadh an Oileáin dó, cuireann an Chailleach sraith tascanna os a chomhair: fáinne a seanmháthar a aimsiú i stábla lán aoiligh; cúirt bhreá a thógáil in aon lá amháin;⁸ trí bhromach fhiáine a ghabháil ar Shliabh Bán an Dubháin;⁹ an banlaoch a roghnú i measc dáréag ban;¹⁰ agus an banlaoch a roghnú i measc dhá thurcaí dhéag.

⁵ K521.4.3. *Escape in humble disguise.*

⁶ D658.3.1. *Transformation to seduce man.*

⁷ T24.1. *Love-sickness.*

⁸ H1104.1.1. *Task: in one day feathering a barn, each feather from different bird.*

⁹ H336.2. *Suitor required to catch wild animals.*

¹⁰ H324. *Suitor test: choosing princess from others identically clad.* Féach an cur síos a dhéanann Ó hÓgáin ar an mhóitíf seo, mar a thagann sé i gceist in *Tochmharc Étaíne* (Ó hÓgáin 2000, 69).

Cuidíonn an banlaoch leis an ógfhear na tascanna seo uile a chur i gcrích;¹¹ ansin cuireann sí trí cháca dhraíochtacha ina leaba chun dallamullóg a chur ar an chailleach.¹² Éalaíonn an lánúin ón chailleach ach tagann sise sa tóir orthu. Cuireann an lánúin moill ar an chailleach trí chrathanna a chaitheamh ina ndiaidh. Nuair a thagann sí a fhad leo arís, caitheann an t-ógfhear úll le sciathán na caillí agus déantar cith luatha di.¹³

Tástáil an Chaidrimh

Ag teach an *landlord*, déanann an t-ógfhear dearmad den bhanlaoch nuair a líonn madadh beag a bhéal.¹⁴ Faigheann an banlaoch lóistín le Cailleach na gCearc. Tá cleamhnas socraithe idir mac an *landlord* agus bean óg eile. Bronnann Cailleach na gCearc coileach agus cearc ar an bhanlaoch agus téann sí ar an bhainis in éineacht léi. Cuireann an banlaoch na héin chun cainte chun í féin a thabhairt ar ais chun cuimhne dá leannán.¹⁵

Réiteach

Cuimhníonn mac an *landlord* ar an bhanlaoch. Cuireann an banlaoch culaith álainn uirthi féin agus nochtar a haitheantas ríoga.

Carachtair

<i>An banlaoch</i>	Cóitín Luachra
<i>An té a phósfaidh an banlaoch</i>	Mac an <i>Landlord</i>
<i>Deontóirí</i>	An Rí; Cailleach an Oileáin Ghlais; Cailleach na gCearc
<i>Naimhde</i>	An Rí; Cailíní an Chaisleáin; Cailleach an Oileáin Ghlais

¹¹ H335.0.1. *Bride helps suitor perform his tasks.*

¹² D1611. *Magic object answers for fugitive.*

¹³ D672. *Obstacle flight.*

¹⁴ D2004.2.1. *Dog's licking of man produces forgetfulness.*

¹⁵ D2006.1.7. *Forgotten fiancée remembered by means of bird.*

5.2.2 ‘Cú Bán an tSléibhe’

Is leagan é CBS den tsraith idirnáisiúnta ATU 425 *The Search for the Lost Husband*, a chuimsíonn scéalta cáiliúla mar *Beauty and the Beast* agus *East o’ the Sun and West o’ the Moon*. Tá sé bunaithe ar an scéal clasaiceach *Cupid and Psyche*, a scríobh an t-údar Rómhánach Lucius Apuleius sa dara haois. Is é bunús na sraithe ATU 425A *The Animal as Bridegroom* ná go bpósann an banlaoch grúm ainmhíoch agus go dtugann sí turas anróiteach uirthi féin ar mhaithe lena aimsiú nuair a imíonn sé uaithi. Is iondúil gur briseadh geise is cúis le himeacht an ghrúim ainmhíoch, mar a mhíníonn Jan-Öjvind Swahn ina mhórstaidéar ar ATU 425 (Swahn 1955, 18).¹⁶ Tá an grá rómánsach go mór chun cinn sa chur síos a dhéanann Éilís Ní Dhuibhne ar ATU 425: ‘Among all the fairytales, [this] is the best tale of a woman’s obsessive love for a man and has one of the most active, stubborn and assertive heroines one could encounter’ (Ní Dhuibhne 2002, 1219). Tá ‘Cú Bán an tSléibhe’ coitianta go maith mar theideal an scéil i dtraidisiún béil na hÉireann.¹⁷

Riocht an Bhanlaoich ag Tús an Scéil

Tá cathaoir dhraíochtach ag an Rí a thabharfaidh aon achainí don té a iarrfaidh í.¹⁸ Suíonn triúr iníonacha an Rí sa chathaoir duine ar dhuine. Iarrann an bhean is sine Rí na Fraince a phósadh; iarrann an dara hiníon Rí na Spáinne a phósadh; agus iarrann an iníon is óige Cú Bán an tSléibhe a phósadh.

Fágáil an Bhaile

Tagann mic Rí na Fraince agus na Spáinne agus pósann siad deirfiúracha an bhanlaoich, ansin tagann Cú Bán an tSléibhe agus tógann sé an banlaoch in éineacht leis go dtína bhothán.¹⁹

¹⁶ Cf. Ó hÓgáin (1991, 424).

¹⁷ Féach, mar shampla, an insint a bhreac Mícheál Ó Tiománaidhe ó bhéalaithe Antoine Shirín as Poll an tSómais, Béal an Mhuirthead, Co. Mhaigh Eo, sa bhliain 1903 (Sirín agus Ó Tiománaidhe 1929); an insint a bhailigh an tAthair Con Mac an Ghirr ó Chaitlín Nic Eoghain as Creagán Íochtarach, Co. Thír Eoghain, sa bhliain 1908 (Mac Airt 1950, 6); agus insint Sheáin Uí Bhriain as Carna, a bhailigh Séamus Duilearga sa bhliain 1932 (Ó Briain agus Ó Duilearga 1962). Chuir Kuno Meyer scéal dar teideal ‘Cú Bán an t-Sléibhe’, a sheol Domhnall Ó Foharta chuige, i gcló sa chéad eagrán de *Zeitschrift für celtische Philologie* (O’Foharta 1897, 146).

¹⁸ D1151.2. *Magic chair*.

¹⁹ B620. *Animal suitor*; B640.1. *Marriage to beast by day and man by night*.

Forbairt an Chaidrimh Ghrámhair

Bíonn cónaí ar an lánúin i mbothán beag an Chú. Beirtear triúr mac dóibh thar thréimhse naoi ráithe.

Fulaingt Drochíde

Tagann lámh anuas sa simléar agus sciobann sí triúr leanbh nuabheirthe an bhanlaoich go gairid tar éis a mbreithe. Ansin fágann Cú Bán an tSléibhe an banlaoch le filleadh ar Thír na hÓige, áit a bhfuil sé pósta ar bhean eile.

Dúshláin

Téann an banlaoch sa tóir ar an Chú.²⁰ Faigheann sí buidéilín íocshláinte, siosúirín draíochtach agus tuáille draíochtach óna deirfiúracha.²¹ Tagann sí go dtí bun sléibhe a bhfuil sioc agus sneachta ar a bharr. Fanann sí seacht mbliana in éineacht le caibléir a fhad is a dhéanann seisean péire bróg di a chuireann ar a cumas an sliabh a thrasnú.²²

Tástáil an Chaidrimh

I dTír na hÓige, faigheann an banlaoch lóistín le Cailleach na gCearc. Cuireann sí cuma shlachtmhar ar chailín na caillí, Máirín Cúl Carrach, leis an siosúirín draíochtach.²³ Saothraíonn sí trí oíche codlata in éineacht le Cú Bán an tSléibhe mar go santaíonn bean an Chú na huirlisí draíochtacha. Tugann bean an Chú deoch dhraíochtach don fhear an chéad dá oíche ionas nach ndúisíonn sé nuair a thugann an banlaoch cuairt air. Ar mholadh a ghéimánaigh, ní bhlaiseann sé den deoch an tríú hoíche agus cloiseann sé faoin anró a ndeachaigh a bhean chéile tríd le linn a turais go Tír na hÓige.

²⁰ H1385.4. *Quest for vanished husband.*

²¹ D815.4. *Magic object received from sister.* Tá deirfiúr sa bhreis tagtha i gceist sa chuid seo den insint: níor casadh orainn ach beirt deirfiúracha an bhanlaoich ag tús an scéil.

²² H1114. *Task: climbing glass mountain.*

²³ Aistrítear ‘carrach’ mar *rough-skinned; scabby, mangy* in FGB (Ó Dónaill 1977). Is buafhocal é ‘Cúl Charrach’ atá an-choitianta i dtraidisiún seanscéalta na hÉireann. Samhlaítear go háirithe é le scéalta ATU 510A atá sainiúil de thraidisiún scéalaíochta na hÉireann (Ní Giolla Chomhaill 2016b). Féach mar shampla ‘Ní Mhaol Dhonn, Ní Mhaol Fhionn, agus Ní Mhaol Charach’, a d’inis Anna Uí Shighil (Ní Dhuibhne 2002, 1247). Tá an carachtar seo coitianta go maith sa tsraith ATU 425 freisin: ‘cailín óg a raibh a ceann briste amach le gearbtha’ is ea ‘An Maol Charach’ in insint Antoine Shirín (Sirín agus Ó Tiománaidhe 1929, 167).

Réiteach

Déantar cnap salainn den chéad bhean chéile a bhí ag an Chú nuair a chaitheann gíománach an Chú úll nimhe léi. Fanann an banlaoch agus Cú Bán an tSléibhe in éineacht lena chéile i dTír na hÓige go deo.

Carachtair

<i>An banlaoch</i>	Iníon is óige an Rí
<i>An té a phósfaidh an banlaoch</i>	Cú Bán an tSléibhe
<i>Deontóirí</i>	Deirfiúracha; an Caibléir; Cailleach na gCearc
<i>Namhaid</i>	Bean Chéile Chú Bán an tSléibhe

5.2.3 ‘Baintreach agus Triúr Iníonacha’

Is féidir cosúlachtaí a aithint idir BTI agus *Assapelt*, scéal draíochta a rangáíonn Seán Ó Súilleabháin mar éiceatópa Éireannach a bhí coitianta go maith i dtraidisiún béil na tíre seo (Ó Súilleabháin agus Ó Catháin 2014, 618). Tá eilimintí de na sraitheanna ATU 327 *The Children and the Ogre*, ATU 328 *The Boy Steals the Ogre’s Treasure* agus ATU 510A *Cinderella* le sonrú ann chomh maith. Mar a léiríonn staidéar Christiansen ar an tsraith *Cinderella* i dtraidisiún scéalaíochta na hÉireann, bhí tóir ar leith ar scéalta atá bunaithe ar thriúr iníonacha baintrí i measc scéalaithe na tíre seo (Christiansen 1950).²⁴ I measc na scéalta eile a bhfaightear eilimintí de na sraitheanna éagsúla a luaitear thuas iontu tá ‘Sgéal Sméid’, a bhailigh Seán Mac Giollarnáth ó Mhícheál Mac Donnchadha as Carna sa bhliain 1930 (Mac Donnchadha agus Mac Giollarnáth 1932) agus ‘Máirín Rua’, a chuir Caoimhín Ó Danachair i gcló in *Folktales from the Irish Countryside* (Danaher 1998, 95).

²⁴ Féach freisin an t-alt “‘Cinderella’ Chonnacht: an Léargas a Fhaightear ar Bhanlaochra na Sraithe ATU 510A i dTraidisiún Scéalaíochta Chonnacht’ (Nic Giolla Chomhaill 2016b).

Riocht an Bhanlaoich ag Tús an Scéil

Bíonn beirt d'iníonacha na baintrí ag obair go dian ag déanamh éadaigh ach bíonn an iníon is óige, Luathramhán, sáite sa luath agus ní bhíonn sí ag déanamh aon mhaitheasa.²⁵ Socraíonn an bheirt iníonacha is sine a máthair a mharú agus an banlaoch a chrochadh anuas as an simléar sula n-imíonn siad féin ón bhaile.

Fágáil an Bhaile

Cloiseann Luathramhán faoin phlean seo agus insíonn sí an scéal dá máthair. Fágann a máthair scian agus ceirtlín snáithe ag Luathramhán agus deir sí léi sparán a dhéanamh as stiall dá craiceann tar éis de na deirfiúracha í a chur chun báis.²⁶

Fulaingt Drochíde

Gearrann Luathramhán í féin anuas ón simléar le scian na máthar agus leanann sí na deirfiúracha. Ceanglaíonn siad de chrann í ach cuireann sí dallamullóg ar fheirmeoir trí ligean uirthi féin go bhfuil sí ag dul go dtí na Flaithis. Scaoileann seisean anuas í agus leanann sí na deirfiúracha.²⁷

Tarrtháil na nDeirfiúracha

Tagann an triúr deirfiúracha chomh fada le teach seanchaillí. Beartaíonn an chailleach na deirfiúracha a mharú, ach malartaíonn an banlaoch a caipín féin agus caipíní a deirfiúracha le caipíní iníonacha na caillí. Maraíonn an chailleach a hiníonacha féin. Éalaíonn an triúr deirfiúracha.²⁸

Dúshláin

Tagann siad chuig teach ina bhfuil fear ar leaba a bháis. Iarrann mic an fhir ar an bhanlaoch coileach agus cearc, pluid dhraíochtach agus claíomh a ghoid ó theach na caillí, mar go leigheasfaidh na nithe sin a n-athair.²⁹ Tar éis don bhanlaoch an phluid a ghoid, faigheann an chailleach greim uirthi agus cuireann sí isteach i mála í; ansin

²⁵ L102. *Unpromising heroine*; L131.1. *Ashes abode of unpromising hero.*

²⁶ D815.1. *Magic object received from mother.*

²⁷ K606. *Escape by singing song.*

²⁸ G551.3.1. *Rescue of children from giant by hero.*

²⁹ G610.3. *Stealing from ogre as task.*

imíonn sí le hualach crann a aimsiú le caitheamh anuas uirthi. Gearrann an banlaoch an mála agus éalaíonn sí. Ar ghoid an chlaímh di, cuireann an banlaoch slám salainn in anraith na caillí.³⁰ Cuireann an chailleach a mac a fhad leis an tobar chun soitheach uisce a thabhairt chuici ach baineann an banlaoch an ceann de mhac na caillí agus é ag an tobar. Caitheann an banlaoch an buachaill síos an simléar isteach sa phota anraith agus loisctear an chailleach.

Réiteach

Póstar an banlaoch agus a deirfiúracha le triúr mac an fhir. Fanann an triúr deirfiúracha san aon teach ó sin amach.

Carachtair

An banlaoch

Luathramhán

An té a phósfaidh an banlaoch

Mac is óige an fhir uasail

Deontóir

Máthair an Bhanlaoich

Naimhde

Deirfiúracha an Bhanlaoich; an Chailleach

5.2.4 ‘Triúr Deirfiúracha a Bhí ag Imirt Cártai’

Tugann teideal na sraithe seo, mar atá ATU 707 *The Three Golden Children*, suntas ar leith d’áilleacht pháistí an bhanlaoich, ach ceileann sé an drochíde agus an phianpháis ar sainghnéithe iad de thaithí an bhanlaoich sa tsraith scéalta seo. Is féidir nasc a tharraingt idir an tsraith seo agus ATU 706 *The Maiden without Hands*. Sa dá shraith scéalta seo, cuirtear i leith na mná nár éirigh léi páistí sláintiúla a thabhairt ar an saol agus gearrann a fear céile pionós uirthi trí mhíchumasú a dhéanamh ar a colainn (Ó Súilleabháin agus Ó Catháin 2014, 571). Dar le Thompson, tá ATU 707 ar cheann de na plotai is iomráití ar domhan, cé nach bhfuil aon staidéar cuimsitheach déanta air (Thompson 1946). Is é an leagan a d’fhoilsigh G.F. Straparola sa 16ú haois in *Le piacevoli notti* an leagan is sine atá i gcló; mar sin níl traidisiún liteartha róshean aige

³⁰ K337. *Oversalting food of giant so that he must go outside for water.*

agus is leis an traidisiún béil seachas an traidisiún liteartha is mó a bhaineann sé go stairiúil (Thompson 1946, 121-122). Is léir ó TIF go bhfuil an nasc idir ATU 707 agus ATU 510A *Cinderella* coitianta go maith i dtraidisiún béil na hÉireann. Tá cur síos ar 11 insint in TIF ina bhfaightear eilimintí den dá scéal sin (Ó Súilleabháin 1963, 141). Sampla eiseamláireach den chónasc seo is ea ‘Móirín’, a bhí ar cheann den trí scéal a fuair an chéad duais ag Oireachtas na bliana 1900. Mhol Dubhghlas de hÍde an scéal áirithe seo mar ‘one of the best Cinderella stories ever told in any language’ (Hyde agus Ó Deasmhumhna 1902, iv).

Riocht an Bhanlaoich ag Tús an Scéil

Bíonn triúr deirfiúracha ag imirt cártaí mall san oíche. Gnóthaíonn gach duine acu cluiche amháin agus tugann siad breith. Iarrann an bhean is sine buachaill an Rí a phósadh; iarrann an dara bean cóisteoir an Rí a phósadh; agus iarrann an deirfiúr is óige an Rí é féin a phósadh. Bíonn an Rí taobh amuigh den teach ag éisteacht leo.³¹

Fágáil an Bhaile & Pósadh Ríoga

Cuireann an Rí fios ar an triúr cailíní teacht chomh fada lena chaisleán. Tugann sé orthu na hachainíocha a d’iarr siad a insint dó agus póstar an triúr de réir mar a d’iarr siad.

Breith na Leanaí

Bíonn triúr leanaí ag an bhanlaoch leis an Rí ach déanann na deirfiúracha níos sine na leanaí a mhalartú le coileán madaidh, le banbh muice agus le puisín cait.³² Cuireann siad na leanaí, beirt mhac agus iníon amháin, isteach i gciseán agus ligeann siad síos an abhainn le sruth iad. Aimsíonn maor caorach na leanaí agus tugann sé féin agus a bhean chéile tógáil mhaith dóibh.

Cuirtear Pionós ar an Bhanlaoch

Maitheann an Rí a bhean chéile an chéad dá uair ach nuair a thaispeánann na deirfiúracha an puisín dó, cuireann sé an banlaoch isteach i gcliabhán agus fágann sé crochta i halla an chaisleáin í ar feadh blianta.³³

³¹ M369.2.1. *Future husband foretold.*

³² Móitíf K2115. *Animal-birth slander.*

³³ Móitíf S430 *Disposal of cast-off wife.*

Aithint Pháistí an Bhanlaoich

Tagann an triúr páistí ag marcaíocht capall in aice le caisleán an Rí agus cuireann seisean an-suim iontu mar gheall ar a n-áilleacht. Tugann sé cuireadh chuig an chaisleán dóibh agus ligeann an banlaoch scread gáire aisti nuair a fheiceann sí iad. Deir seandall glic an Rí leis gurb iad a pháistí féin iad. Cruthaítear é seo mar gheall go n-aimsítear bál dóráin san áit chéanna ar an mháthair agus ar an iníon.³⁴

Réiteach

Cuirtear deirfiúracha an bhanlaoich chun báis.³⁵ Tugtar an banlaoch agus a triúr páistí ar ais isteach i gcúirt an Rí.³⁶

Carachtair

<i>An banlaoch</i>	An Cailín is óige de Thriúr Deirfiúracha
<i>An té a phósfaidh an banlaoch</i>	An Rí
<i>Deontóir</i>	Cailleach na gCearc; Seandall Glic
<i>Naimhde</i>	Deirfiúracha an Bhanlaoich

5.2.5 Struchtúr agus Príomhcharachtair Scéalta na mBanlaochra: Saintréithe

Mar a chonacthas i gCaibidil 4, tá nasc soiléir idir creatlach an scéil dhraíochta agus tíopa an phlota lena mbaineann sé. Ag cur síos di ar KHM, cnuasach iomráiteach scéalta na ndeartháireacha Grimm, léiríonn Maria Tatar gur eisceachtaí iad na banlaochra a fhágann limistéar an tí chun tascanna a chur i gcrích: ‘Although the activity of most fairy-tale heroines is confined to the domestic sphere, a few take to the road to carry out tasks required to liberate themselves and their husbands’ (Tatar 2003, 116). Is léir ó bhunstruchtúr na scéalta thuas gur céim riachtanach í fágáil an bhaile i dteacht in inmhe na mná óige. Dála na laochra fireanna, is trí imeacht ó theach agus ó theaghlach a hóige a fhorbraíonn an ógbhean na scileanna a cheadóidh di gradam a shaothrú mar bhall inniúil den phobal. Ina theannta sin, is furasta na tréithe a léiríonn an banlaoch le linn a haistear go dtí an osnádúrthacht a cheangal le tréithe

³⁴ S325.0.1. *Monstrous (deformed) child exposed*; H50. *Recognition by bodily marks or physical attributes.*

³⁵ Q263.1. *Death as punishment for perjury.*

³⁶ S451. *Outcast wife at last united with husband and children.*

banúla a raibh meas orthu sa phobal traidisiúnta. Is féidir a áiteamh gur cosúla an scéal BTI le scéal draíochta fireann, mar gur trí arrachtach osnádúrtha a chloí agus a chuid maoine a ghoid a chuirtear próiseas an teacht in inmhe in iúl ann. Trí ról gníomhach, gaisciúil a bhronnadh ar ghearrchaile, meabhraíonn insintí den chineál seo cé chomh daingean is atá claonadh i dtaobh na hinscne sa mhúnla scéalaíochta seo agus spreagann siad fiosrúchán níos doimhne faoi ról an chultúir i gcruthú, i mbuanú agus i gceistiú ár dtuiscintí den bhanúlacht agus den fhearúlacht “idéalach.”

Murab ionann is scéalta na laochra, pósann an banlaoch i ngach ceann de na scéalta thuas agus is amhlaidh go bhfuil an pósadh agus teacht in inmhe na mná óige fite fuaite lena chéile sa seánra reacaireachta seo. Anuas air sin, tá castachtaí an chumainn phósta i bhfad níos lárnaí sna scéalta seo ná mar atá sna scéalta fireanna a scrúdaíodh i gCaibidil 4. In COG, CBS agus TDIC, ní mór don bhanlaoch céimeanna dúshlánacha a chur i gcrích chun a chinntiú go dtiocfaidh a caidreamh lena fear céile slán ón bhrú a chuireann pearsana eile an scéil air. Mar a léiríodh i gCaibidil 4, is sa limistéar tairseachúil a bhunaítear an caidreamh idir an banlaoch agus a leannán agus is minic a bhíonn an siombalachas gnéasach le brath go láidir sa chur síos a dhéantar ar bhunú an chumainn.

Ach an oiread le scéalta na laochra, níl ról lárnach ag an chuiditheoir draíochtach sna scéalta a scagtar anseo. Sna hinsintí seo, d’fhéadfaí a mhaíomh go sáraíonn an banlaoch na dúshláin a thagann os a comhair neamhspleách ar phearsa osnádúrtha a fheidhmíonn mar chrann taca. Cé nach gcuirtear an chabhair in iúl i bhfoirm cuiditheora ámh, ní hionann sin is a rá nach ann don chuidiú draíochtach i bhfoirm éigin sna scéalta seo uile. Ó na gúnaí agus an bád pléisiúir a shaothraíonn banlaoch COG óna hathair, go dtí na huirlisí draíochta a shaothraíonn an banlaoch óna deirfiúracha in CBS agus óna máthair in BTI, tuigtear don éisteoir gurbh i nduibheagán an éadóchais a bheadh an ógbhean murach an cuidiú a thagann a fhad léi i bhfoirmeacha éagsúla, dála a comhbhádóirí fireanna. Mar a dúradh i gCaibidil 4, is furasta a shamhlú go ndearbhaíonn an tacaíocht dhraíochtach a shaothraíonn an ógbhean a fiúntas mar laoch thar aon charachtar eile sa scéal, mar gurbh ise a choinníonn próiseas nádúrtha an chlaohlaithe ag gluaiseacht.

5.3 Cuid 2: Anailís Shoch-Chultúrtha

Chonacthas i gCaibidil 4 go bhfuasclaítear eolas luachmhar faoi cheisteanna sóisialta éagsúla i bpobal insinte na scéalta draíochta trí eispéireas an laoi a shuíomh sa timpeallacht chultúrtha inar cuireadh na scéalta i láthair. Ón phlé atá déanta ar scéalta na mbanlaochra go dtí seo, feictear go bhfuil cosúlachtaí áirithe idir na scéalta fireanna agus na scéalta bainneanna ó thaobh a mbunstruchtúr agus a dtéamaí de. Tá difríochtaí móra le sonrú chomh maith ámh, agus is trí mhionanailís a dhéanamh ar léiriú na bpríomhcharachtar agus ar chaidrimh an bhanlaoich le pearsana eile an scéil is mó a thagann an chodarsnacht idir scéalta na laochra agus scéalta na mbanlaochra chun solais. Mar a léiríodh i gCaibidil 4, is le príomhphearsa an scéil a bhíonn bá an scéalaí i gcónaí. Cé gur dearcadh fireann ar eispéireas na mná a fhaightear sna hinsintí seo, maítear gur fiú an dearcadh sin a fhiosrú, óir tugann sé léargas sa bhreis dúinn ar dhinimicí an tsaoil agus an teaghlaigh i bpobal na scéalta, más claonta féin é.

5.3.1 Cúrsaí Inscne

5.3.1.1 *Carachtracht an Bhanlaoich*

Is pearsana ardaicmeacha iad banlaochra COG agus CBS agus, dála mhac an Rí in SFL, tagann íslíú cuimsitheach ar a stádas le linn a n-aistir go dtí an domhan osnádúrtha. Is mar phearsa cheannasach agus láidir a chuirtear an banlaoch i láthair in insint Ruairí Uí Chomair de COG. Tá cónascadh idir an tseiftiúlacht agus an neart colainne mar bhunús leis an charachtracht a dhéantar ar Chóitin Luachra agus í ag éalú as crúcaí a hathar. Léirítear láidreacht na hógmhna nuair a éiríonn léi bád a bhfuil iomramh dáréag air a iomramh as a stuaim féin, gníomh a thugann neart colainne áiféiseach Scológ na Féasóige Liath sa scéal den teideal céanna chun cuimhne. Istigh sa ghleann sléibhe di, déanann an banlaoch ionramháil ar an dúlra atá mórthimpeall uirthi chun a colainn, mar aon lena haitheantas ríoga, a cheilt: ‘Thosaigh sí ag déanamh trilseán den luachair ná go ndearna sí cóta di féin, agus sé an t-ainm a baisteadh ansin uirthi Cóitín Luachra’. Sa chodarsnacht a tharraingíonn Maria Tatar idir *Craiceann Asail* agus an “gnáthscéal” *Cinderella* .i. ATU 510A, áitíonn sí go mbronnann ATU 510B ‘a rare stage for creative action’ ar an bhanlaoch. Tugann sí le fios fosta gur cailín soghluaiste, gníomhach agus acmhainneach an príomhcharachtar sa chineál scéil seo: ‘She begins with a strong assertion of will, resistant to the paternal desires that would claim her’ (Tatar 1999, 105). Feictear d’Ibrahim Muhawi gur toradh é an

bréagriocht de chinneadh coinsiasach na hógmhna a colainn a chur i bhfolach: ‘In escaping social conventions that allow the daughter to fall victim to the desire of the father, the daughter must assume a disguise associating her with something that places her completely outside the reach of these conventions’ (Muhawi 2001, 279). De réir na tuisceana seo, ceadaíonn an luachair don bhanlaoch cuma anaithnid a chur uirthi féin agus aitheantas nua a chruthú di féin i limistéar fiáin, tairseachúil an ghleanna. Ó thús an scéil i leith, mar sin de, cruthaíonn an scéalaí dlúthcheangal idir smacht an bhanlaoich ar a colainn agus an tseilbh a ghlacann sí ar a cinniúint féin síos tríd.



Sníomhadóir agus Tuirne, an Mám, 1935
Grianghrafadóir: Åke Campbell. CBÉ B063.01.00027³⁷

Luíonn sé le réasún gur tréithe tarraingteacha iad an láidreacht fhisiciúil agus an tseiftiúlacht sna mná agus sna fir araon sa teaghlach feirme, ó tharla gur ghá don dá dhream a bheith ag plé le hainmhithe feirme agus le tírdhreach achrannach ó dhubh go dubh. Ba le fearann na mban go sonrach a samhlaíodh ceardanna mar an sníomh agus an chniotáil, mar sin féin, agus ba mhór an meas a bhí orthu siúd a bhí oilte ar na

³⁷ Féach fonóta 29 i gCaibidil 4. Tá mé ag déanamh amach gurb í Úna Bhreathnach atá sa ghrianghraf seo, chomh maith.

scileanna seo. Bhíodh cultacha bréidín go mór san fhaisean i gConamara le fada an lá agus bhíodh an t-éadach sin á dhéanamh i nDúiche Sheoigheach, maille le háiteanna eile. Thug Pádraig Ó Súilleabháin le fios go mbíodh mná tí Bhaile an Tobair ‘ag obair ag cardáil agus ag sníomhachán, an chlann iníon suas go ham codlata in éadan an túirne ag sníomh’ (CBÉ 1105, 146). Scil luachmhar eile a chinntíonn ardú sóisialta an bhanlaoch sa scéal seo is ea a cumas cócaireachta. Is trí bhéile blasta a chócaráil do mhac an *landlord* agus dá athair a théann Cóitín Luachra i gcion ar an ógfhear an chéad uair a chastar ar a chéile iad, agus is í an scil seo is cúis lena hardú céime ó theach an mhaoir go dtí teach an tiarna talún: ‘ghléas sí an dinnéar agus ní fhaca bean an Rí aon dinnéar gléasta ariamh mar é, a bhí chomh breá leis, ná i ngar féin dó’. Mar a léiríodh i gcás iníon na Scolóige i gCaibidil 4, ba í bean an tí a bhí freagrach as cothú bhaill uile an teaghlaigh sa tsochaí thraidisiúnta agus ba ghá don ógbhean a bheith oilte ar an scil seo agus í ag pósadh isteach i dteaghlach nua. Ag trácht dó ar insintí de ATU 510B ón Tuscáin, deir Alessandro Falassi faoi na cineálacha tascanna a bhíonn le comhlíonadh ag an bhanlaoch, lena n-áirítear an chócaireacht, an sníomh agus an fhíodóireacht, gur samplaí iad de na dúshláin chéanna a bhíodh le sárú ag cailíní óga sa domhan iarbhír sula n-aimseoidís fear céile (Falassi 1980, 46-47). Thairis sin, is féidir ceangal a tharraingt idir cumas cócaireachta Chóitín Luachra agus a hoiriúnacht mar chéile collaí: “ná déan ach go mblaisfidh tú dó sin”, a deir sí le mac an *landlord* nuair a thugann an Chailleach drochbhia dó, “tabharfaidh mise chuile shórt ar fheabhas le n-ithe agus le n-ól ar ball chugat, agus leaba chlúmhach éin le dul a chodladh liom féin go maidin”.

Cé nach ndéantar carachtracht chomh mion céanna ar bhanlaoch CBS, leagtar béim ar leith ar cheandánacht, ar bhuanseasmhacht agus ar sheiftiúlacht na hógmhna, go háirithe ón uair a dtugann sí aistear anróiteach go Tír na hÓige uirthi féin ar mhaithe lena fear céile a aimsiú. Cuirtear a ceandánacht in iúl nuair a chastar isteach i dteach a deirfiúracha í: diúltaíonn an banlaoch do thairiscint na ndeirfiúracha saol sócúlach a chaitheamh in éineacht leosan mar go bhfuil rún daingean aici teacht a fhad lena fear céile i dTír na hÓige. Bíonn amhras ar an chaibléir faoi chumas na mná dul i ngleic leis an timpeallacht chontúirteach atá amach roimpi: “*Well* sin rud nach féidir a dhéanamh [...] níl gar agat a dhul ann”, a deir sé léi nuair a mhíníonn sí dó cá bhfuil a triall. Deir sise, áfach, go bhfanfaidh sí seacht mbliana go dtí go mbeidh péire bróg deartha ag an chaibléir a chuirfidh ar a cumas na ‘cnoic snáthaidí beaga agus snáthaidí

móra’ agus an ‘leac oighir, sioc agus sneachta’ a thrasnú. Mar a mhíníonn Ó Tuama, téama lárnach sa *Chanson D’amour* is ea dílseacht an fhir dá leannán agus is minic a chuirtear an dílseacht sin in iúl i dtéarmaí na buanseasmhachta, mar shampla sna línte ‘Dá mbeadh an sneachta ar a’ gcraoibh is a’ falcadh a’ gabháil faoi,/Go rachainn-se cos íseal dá féachaint’ nó ‘Dá mbeadh sé ‘cur sheaca, cur shneachta as gach ceárd den spéir/Ach tú bheith im’ aice ní aireochainn buaidhreach an tsaoghail’ (Ó Tuama 2001, 131).

Tá an tseiftiúlacht go mór chun cinn sa léiriú a dhéantar ar an ógbhean seo, freisin. Trí fheidhm a bhaint as an siosúr agus as an tuáille draíochtach a fuair sí óna deirfiúracha, cuireann sí cuma álainn ar Mháirín Cúl Carrach ionas gurb í ‘an bhean ba bhreátha a chonaic tú ariamh’. Dála chumas fíodóireachta Chóitín Luachra, is scil luachmhar í seo a bhfuil smachtú an nádúir “fhiáin” trí mheán na ceardaíochta mar bhunús léi. Tugann claochlú Mháirín Cúl Carrach ó phearsa ainmhíoch go spéirbhean álainn an mhóitíf D732 *Loathly Lady* chun cuimhne chomh maith. Is é bunús na móitífe seo ná gur tríd an chomhriachtain a bhaintear an draíocht de bhean “ghránna” agus go ndéantar bean álainn di. Tá an mhóitíf chéanna mar bhunús leis an scéal ‘Mis agus Dubh Ruis’, ina “slánaítear” Mis ón riocht ainmhíoch ina bhfuil sí trí chaidreamh collaí a bheith aici le Dubh Ruis, cláirseoir Fheidhlimidh mhic Criomhthainn, Rí Mumhan (Ó Cuív 1952-54).³⁸ Mar a aithníonn Máirín Nic Eoin, is móitíf í seo ‘a thagann leis an nóisean go bhfuil an fiántas á cheansú is á shuaimhniú – is go bhfuil an ghráinneacht á tabhairt chun áilleachta – ag an rí dlisteanach’ (Nic Eoin 1998, 65).

Tá claochlú na hógmhna ón fhiántas go dtí an tsibhialtacht le sonrú in BTI chomh maith. Dála mhic na baintrí in MBCG agus MBLC, is de bhunadh dearóil í Luathramhán agus treisíonn an luaith ina mbíonn sí sactha i dtús a saoil a leisciúlacht agus a heaspa gníomhaíochta. San idirdhealú a dhéanann Perco agus Bacchilega idir ATU 510A agus ATU 510B i dtraidisiún béil thuaisceart na hIodáile, míníonn siad go gciallaíonn *Cuzza Senare*, ainm an bhanlaoich in ATU 510A, gadsaide nó ainmhí a bhíonn ina chodladh cois teallaigh nó sáite sa luaith: is téarma é seo a bhfuil an leisciúlacht agus an dohrántacht intuigthe ann: ‘in a figurative sense the term refers to a lazy, indolent person who is mentally dull’ (Perco agus Bacchilega 1993, 77). Ach

³⁸ Cf. aistriúchán Mháirín Ní Dhonnchadha, dar teideal ‘The Story of Mis and Dubh Rois’ (Ní Dhonnchadha 2003).

an oiread lena comhbhádóirí fireanna, tagann athrú suntasach ar an chur i láthair a dhéantar ar an bhanlaoch ón uair a fhágann sí an baile. Tugann a deirfiúracha cóta agus gúna di le súil is go ‘ndéanfaidh sí maith éigin dóibh fós’. Is bronntanas é seo a mheabhraíonn dóchas an tiarna talún in MBCG go ndéanfadh mac na baintrí maitheas éigin dá mháthair tar éis dó an baile a fhágáil. Murab ionann is na scéalta fireanna ámh, is minic a chuirtear béim láidir ar chlaohlú an bhanlaoich ón ghránnacht go dtí an áilleacht sna scéalta *Assapelt* agus is furasta tionchar na sraithe *Cinderella* a aithint. Sa scéal ‘Hairy Rouchy’, a chuir Patrick Kennedy i gcló in *Fireside Stories of Ireland*, mar shampla, bíonn colainn an bhanlaoich clúdaithe i bhfionnadh agus bíonn sí chomh donn le cnó nuair a chuirtear i láthair ag tús an scéil í (Kennedy 1870, 3). Is mór an t-athrú a bhíonn tagtha uirthi faoi dheireadh an scéil áfach:

She had the same kind, innocent look that belonged to Hairy Rouchy, but she also had the finest colour in her face, and neck, and hands, and her hair, instead of the tangled brake it used to be, was nicely platted and curled, and was the finest dark brown in the world (Kennedy 1870, 9).

Tá cosúlachtaí suntasacha le sonrú idir ‘Hairy Rouchy’ agus an scéal ‘Triúr Deirfiúracha’, a bhailigh an Búrcach ó Thomás Ó Mearaí ar an Chloch Bhreac i Meán Fómhair, 1943. ‘Máirín na Féasóige’ is ainm do bhanlaoch an scéil sin agus is ar a gránnacht a dhírítear aird an éisteora ag tús an scéil: ‘bhí [Máirín na Féasóige] faoi chluimhreach fré chéile, féasóg mhór fhada ag fás uirthi, agus ní raibh bean ar bith ba dhrochbhreathnaithe ná í’ (CBÉ 919, 500). Cé nach dtagann an chomhriachtain i gceist sna scéalta seo, tá móitíf an *Loathly Lady* le sonrú sa bhéim a leagtar ar áilleacht an bhanlaoich ag deireadh an scéil, faoin uair a bhíonn “geis na gránnacha” tógtha uaithe. Faoi dheireadh ‘Triúr Deirfiúracha’, mar shampla, titeann an cluimhreach de Mháirín na Féasóige agus bíonn sí ‘ar an mbean ba bhreátha a d’fhéadfadh fear súil a leagan uirthi’ (CBÉ 919, 509).

Níl amhras ach go dtugann banlaochra mar Hairy Rouchy, Máirín na Féasóige agus Luathramhán a ndúshlán don ghnáthord sóisialta, mar a tuigeadh i bpobal na scéalaithe é. Is maith a fhóireann coincheap Tatar den chleasaí baineann don charachtracht a dhéanann Antoine Breathnach ar Luathramhán agus teorainneacha den uile chineál á dtrasnú aici: gníomhaire an dá thaobh is ea an cleasaí baineann, bean a chuireann straitéisí treascracha agus bunathraitheacha i bhfeidhm, ní hamháin chun a féiniúlacht

phearsanta a mhúnlú ach chun athruithe sóisialta a bhaint amach freisin (Tatar 2015, 46). Is cinnte go sáraíonn Luathramhán an réamhchlaonadh a bhíonn againn faoi bhanlaoch an tseanscéil i gcoitinne: ‘Trickster Girls are experts at getting out of the house. They send signals about the possibilities, and perils, of new identities in the public sphere for women’ (Tatar 2015, 56). Sa léamh a dhéanann Pauline Greenhill, Anita Best agus Emilie Anderson-Grégoire ar cheist na hinscne sna scéalta ‘Peg Bearskin’, ‘La Poiluse’, ‘Máirín Rua’, agus ‘Tatterhood’, léiríonn siad gur féidir na banlaochra seo a shainnithint mar *gender benders*, mar go dtugann siad a ndúshlán do chatagóirí traidisiúnta na hinscne trí theitheadh ó thimpeallacht an tí: ‘women who abandon the domestic realm can indeed revoke sex/gender’s conventional expectations. [...] Understanding sexual difference thus requires perceiving gendered work roles and locations, elements subject to genderfuck in the tales we consider here’ (Greenhill *et al.* 2012, 186-187). Cé go n-éalaíonn siad ó steiréitíopaí traidisiúnta faoin inscne ar feadh seala, ámh, léiríonn a dteacht chun áilleachta ag deireadh an scéil go n-aithníonn siad nach mór dóibh iad féin a chur in oiriúint do ghnáthbhéasa an phobail más mian leo a bheith mar bhaill den phobal sin: ‘They understand that being outside social expectations can mean being unable to survive. They recognize that individuals need community, so they work on being inside it in their own terms’ (Greenhill *et al.* 2012, 196).

Tagann tábhacht na hurlabhraíochta ó thaobh na carachtrachta de chun cinn go mór san insint seo agus tá dlúthcheangal idir gliceas an bhanlaoich agus a gaisciúlacht. Cuirtear an ceangal seo in iúl i dtosach báire nuair a éiríonn le Luathramhán éalú ón ghaiste ina bhfágann a deirfiúracha í trí ligean uirthi féin gur ag triail ar na Flaithis atá sí, ionas go n-impíonn an feirmeoir uirthi eisean a ligean ann ina háit. Tá acmhainn cainte na hógmhna le sonrú go tréan sna freagraí feanntacha a thugann sí don Chailleach agus í ar a teitheadh, chomh maith:

“Ná bí de shíor de mo bhoderáil,” arsa Luathramhán, a deir sí,
“tiocfaidh mé ann nuair a theastós sé uaim, ach go dtí sin ní thiocfaidh.
Slán agat anois,” a deir sí, “a sheanchaillí ghránna.”

Tá macalla den chomhrá idir mac na baintrí agus na fathaigh, mar a chuir Pádraig Ó Súilleabháin i láthair in MBCG é, le haithint anseo, cé go bhfuil an greann i bhfad níos lárnaí sa chomhrac idir an banlaoch agus an chailleach ná mar atá sé sa choimhlint idir mac na baintrí agus na fathaigh. ‘Dathadaóir’ a bhaistean an chailleach ar

Luathramhán, téarma a chuireann gliceas agus acmhainn teanga na mná óige in iúl agus a bhfuil an cumas cleasaíochta go smior ann.³⁹ Ní leor don ógbhean an chailleach a mhaslú trí dhul i mbun gadaíochta uaithi, is mian léi sásamh a bhaint aisti chomh maith, ‘an chaoi go bhfeiceadh sí ag imeacht í leis an gcoileach agus leis an gcearc, mar bhí a fhios aici go maith nach mbeadh sí in ann a theacht suas léi’. Is furasta a shamhlú gur insíodh scéalta den chineál seo do pháistí go príomha agus níl amhras ach go ndeachaigh gníomhartha gaisciúla, greannmhara na hógmhna i gcion go mór ar éisteoirí óga. Go deimhin, tá gach seans ann gur le linn a óige féin a chuala agus a d’fhoghlaim Breathnach an scéal, ó tharla nach raibh sé ach 24 bliana d’aois nuair a chuir sé i láthair don Bhúrcach é.

Murab ionann is na banlaochra thuas, a mbíonn ar a gcumas úsáid straitéiseach a bhaint as a gcolainneacha d’fhonn a mianta pearsanta a shásamh, déantar neamhchumasú ar cholainn na hógmhna in TDIC mar go meastar gur theip uirthi a dualgais mar bhean a chomhlíonadh, de réir thuiscint na sochaí patrarcaí. Deir an Rí nuair a shíltear dó gurbh ainmhithe seachas leanaí a thug a bhean chéile ar an saol:

“Á, Dia sin dár réiteach,” a deir sé, “tá sí féachta sáthach fada againn,” a deir sé, “ach ní bheidh sí níos faide [...] cuirfidh muid i *gcage* í,” a deir sé, “is mór an spídiúlacht uirthi é,” a deir sé. “Cuirfidh muid i *gcage* í agus fágfaidh muid ansin í crochta ag an *hall*, in áit a mbeidh chuile dhuine,” a deir sé, “ag dul isteach agus amach ag féachaint uirthi.”

Is beag léargas a fhaightear ar phearsantacht, ar scileanna ná ar chumas na hógmhna seo; mar gheall go síltear don Rí nár éirigh léi oidhrí sláintiúla a chur ar fáil dó, sciobann sé an chumhacht di agus déanann sé feic dá colainn, pionós a bhfuil an náiriú mar bhunús leis. I staidéar Ann Schmiesing ar an mhíchumas i scéalta KHM, míníonn sí go bhfuil difríocht shuntasach le tabhairt faoi deara sa léiriú a dhéantar ar an mhíchumasú i gcás na gcarachtar fireann agus baineann: ‘Females are typically given disabilities that make them more passive, whereas males often – but not always – have disabilities that mark them as Other without significantly reducing their agency’ (Schmiesing 2014, 82-83). Sa scéal ‘Triúr Iníonacha an Fheilméara’, leagan eile de ATU 707 a bhailigh Proinnsias de Búrca ó Thomás Ó Cadhain, cuireann an Rí an

³⁹ Is ionann dathadóir agus *colourist; dyer, painter*, ach féach go bhfuil an bhrí *exaggerator, fictionist* aige chomh maith (Ó Dónaill 1977).

banlaoch ‘síos go dtína guaillí i dtalamh’ nuair a shíltear dó gur thug sí ainmhithe ar an saol seachas leanaí (CBÉ 164: 78). D’ainneoin an neamhchumasaithe a bhrúitear uirthi, is follasach go dtugann an banlaoch a dúshlán do smacht an fhir chéile trí na scairteanna gáire a ligeann sí nuair a fheiceann sí a páistí: ‘thosaigh an bhean a bhí sa *gcage*, chuir sí scairt gháire aisti. Ní fhaca tú fear ar bith ariamh ba mhó fearg ná an Rí mar gur chuir sí an gáire aisti’. I litríocht na Moch-Ghaeilge, b’ionann an gáire agus gníomh a raibh cáineadh an iompair dho-ghlactha mar bhunús leis, dar le Philip O’Leary, nó fulaingíonn an té a dhéantar gáire faoi smál ar a oineach:

laughter in Irish heroic literature can be seen as the primary, and certainly the most universal, social sanction, one whose invocation was open to all orthodox members of the society, and whose imposition was immediately, predictably, and devastatingly efficacious. (O’Leary 1991, 25)

Is léir ón fhearg a bhíonn ar an Rí gur gníomh ceannairceach é gáire a mhná céile: trína racht a scaoileadh i bhfoirm na scairte, baineann an bhean an bonn ó dhiansmacht an fhir agus dearbhaíonn sí a stádas mar dhuine daonna agus mar mháthair dhlisteanach na bpáistí.

Mar a dúradh thuas, tá dlúthcheangal idir an tsraith lena mbaineann an scéal seo agus an tsraith ATU 706 *The Maiden without Hands*. San anailís a dhéanann Stiofán Ó Cadhla ar insint Ghobnait Ní Chinnéide den scéal sin, nótálann sé a lárnaí is atá an fhoighne sa charachtracht a dhéantar ar an bhanlaoch: ‘Tá an bhean ag foighneamh agus ag fulaingt léi ar feadh an ama gan de chaint aici ach “grásta na foighne” a iarraidh. Áirítear go bhfuil an fhoighne ar cheann de shuílce na bantrachta’ (Ó Cadhla 2011, 193). D’ainneoin go mbíonn gobán i mbéal bhanlaoch Ní Chinnéide ar feadh thromlach na hinsinte, bronntar cead cainte uirthi sa deireadh agus tugann sí an drochíde uafásach a d’fhulaing sí chun solais i bhfoirm scéil. Dála mhóitíf na brídeoige dearmadta, ceadaíonn an gníomh seo don bhean a haitheantas a chur in iúl dá fear céile agus stádas a bhaint amach di féin i ndeireadh na dála mar bhean chéile agus mar mháthair clainne. Baineann Ó Cadhla feidhm as teoiric an chódaithe, a d’fhorbair Joan N. Radner agus Susan S. Lanser (Radner agus Lanser 1993) sa léamh a dhéanann sé ar scéal Ní Chinnéide, mar gurb í sprioc an chódaithe teachtaireachtaí folaithe a bhíonn ceilte faoin dioscúrsa patrarcach a fhuascailt: ‘Teachtairachtaí feimineacha a thugadar ar a leithéid. Téann de na fir déanamh amach go bhfuil aon teachtaireacht

eile ann diomaite den teachtaireacht fhollasach’ (Ó Cadhla 2011, 194). D’ainneoin gurbh ó scéalaí fir a bhailigh an Búrcach TDIC, áitítear go bhfuil bá an scéalaí le fulaingt na mná le haithint i ngníomh míréireach an ghéire; ina theannta sin, tugann an scéalaí ‘créatúr’ ar an bhean. Meabhraíonn drochíde an bhanlaoich seo gur meán é an scéal draíochta a thugann ardán don té atá brúite faoi chois, ionas go mbíonn deis aici laincisí na héagóra a bhriseadh ar feadh seala.

5.3.1.2 An Banlaoch agus an Fear a Phósfaidh sí

Mar is léir ó bhriseadh síos na scéalta ó thaobh struchtúir de, is ionann bunú agus buanú an chaidrimh ghrámhair le fear ardaicmeach agus príomhspríoc an bhanlaoich in COG. Ó tharla gur leis an tsraith chéanna a bhaineann an scéal seo agus SFL, is féidir cosúlachtaí suntasacha a tharraingt idir mac an *landlord* agus mac an Rí. Ach an oiread le mac an Rí, tagann laghdú suntasach ar údarás mhac an *landlord* chomh luath is a shroicheann sé an domhan osnádúrtha agus is ar a leochaileacht seachas a laochas a chuirtear béim ón phointe seo amach. Tá codarsnacht shoiléir idir caint chinnte, údarásach Chóitín agus meathlóireacht mhac an *landlord* i rith na tréimhse a chaitheann siad beirt i dteach na caillí: “Ó caithfidh mé tabhairt suas”, a deir seisean nuair atá ag teip air na bromaigh fhiáine a shrianadh, “níl aon mhaith dom ann”.⁴⁰ Dála bhanlaoch SFL, ní leasc le Cóitín íde béil a thabhairt dó nuair nach gcloíonn sé lena cuid orduithe:

“Tá drochbhail ort”, a deir sí, “nár iarr mise aréir ort”, a deir sí, “gan mórán oibre a dhéanamh, ar a thóir nach raibh gar ar bith agat [é] a fháil? Ach go deimhin”, a deir sí, “níl aon mhaith ag insint tada duit. Téirigh ag ithe do bhéile ar chuma ar bith”, a deir sí, “agus nigh do lámhaí”.

Mar a pléadh i gCaibidil 4, is furasta an léargas dearfach a fhaightear ar údarás an bhanlaoich agus ar chaidreamh cómhalartach na lánúine a thuiscint i gcomhthéacs ról na mná mar mháthair agus mar bhean chéile sa teaghlach traidisiúnta. Thairis sin, is furasta a shamhlú gur bhain fir agus mná araon sult as a bheith ag éisteacht leis an

⁴⁰ Sa staidéar cuimsitheach a rinne Bottigheimer ar léiriú na hinsnce in KHM, tarraingíonn sí codarsnacht idir ciúiniú na mbanlaochra sa chnuasach sin agus an chaint ghníomhach a bhronnann scéalaithe ar an bhanlaoch sa scéal ATU 313 i dtraidisiún béil na Danmhairge (Bottigheimer 1987, 80). Féach aistriúchán leasaithe Ashliman de *Mestermø*, an leagan Danmhargach de ATU 313 a chuir Peter Christen Asbjørnsen agus Jørgen Moe i gcló in *Norske Folkeeventyr* (1842-52) agus a d’aistrigh George Webb Dasent (1859) mar *Popular Tales from the Norse* (Ashliman 2001).

ráisteachas leanúnach idir Cóitín Luachra agus mac an *landlord*. Is sainghné é an ráisteachas céanna de chaidreamh na lánúine i dtromlach na n-insintí de ATU 313 a bhailigh an Búrcach sa cheantar seo agus níl amhras ach go gcuireann sé an cumann pósta i láthair ar bhealach greannmhar a rachadh i gcion orthu siúd a bhí i láthair ag an ócáid scéalaíochta. Meabhraítear an plé a dhéanann Patricia Coughlan ar ‘agóid phearsanta [na mban] ar chúrsaí a saoil’, agóid a mbíonn an greann le sonrú ann mar aon leis an fhulaingt (Coughlan 1999, 32). Luann Coughlan eachtra inár thug Peig Sayers a dúshlán do “bholgairé” d’fhear agus gan ise ach ina cailín óg, mar shampla de ‘sheanchaint agus dioscúrsa nó aitheasc an phaitriarcachais i dtaobh na mban: nárbh fhéidir iad a shárú in argóint, de bharr a gcuid teannais agus líofacht teangan’ (Coughlan 1999, 33).

Tá déscaradh soiléir idir Cóitín Luachra agus mac an *landlord* ó thaobh na cumhachta de nuair a shocraíonn an banlaoch eisean a mhealladh. Tar éis di leas a bhaint as a scil mar chócaire chun dul i bhfeidhm ar an ógfhear i dteach an mhaoir, téann Cóitín Luachra i muinín na ngúnaí áille a shaothraigh sí óna hathair chun a colainn a chur i láthair ar bhealach mealltach. Tá an siombalachas gnéasach go mór chun cinn san eachtra seo. Bíonn rún daingean ag an bhanlaoch go bhfeicfidh seisean í agus í á gléasadh féin: ‘Bhain sí foscladh beag as an doras, i riocht agus go bhfeicfeadh an fear a bhí thíos ag an tine á triomú féin í’ agus cinntíonn sí go mbeidh sé faoi gheasa roimh i bhfad:

ghabh [Cóitín Luachra] suas go ceann an tí san áit a raibh an rúma agus chaith sí di an chulaith a bhí uirthi, a bhíodh ag obair uirthi, agus chuir sí culaith den tsíoda dhubh uirthi féin [...] Chaith sí di í sin agus chuir sí culaith den tsíoda dhearg uirthi féin agus d’fhéach sí anuas arís agus chonaic sé í.

Leanann Cóitín le mealladh an ógfhir trí bheith ag cuimilt agus ag ‘*brusháil*’ na ngúnaí a fhad is atá seisean ag féachaint aníos uirthi.⁴¹ Is féidir a mhaíomh go bhfuil taibhléiriú na hinscne le sonrú ar bhealach an-soiléir anseo. Dar le Greenhill et al., freagraíonn carachtair mar *All Kinds of Fur* agus *Cinderella*, mná a athraíonn a gcuid éadaí ar mhaithe leis an fhear a mhealladh, don bhanúlacht mar *masquerade*, agus fóireann coincheap Judith Butler de thógáil dhioscúrsach na hinscne i dtuiscint an

⁴¹ Faightear ‘*brusháil*’ an éadaigh i leagan Ostarach den scéal seo dar teideal Broomthrow, Brushthrow, Combthrow: ‘Adelheid was brushing her clothing when the prince, without being seen, came up the stairs’ (Vernaleken agus Ashliman 2001).

ghnímh seo, dá bharr sin (Greenhill *et al.* 2012, 181). Chuige sin, áitítear go mbaineann Cóitín úsáid straitéiseach as na gúnaí, ar siombail shoiléir iad den áilleacht agus den bhanúlacht, chun a colainn a chur i láthair ar bhealach atá tarraingteach i súile an fhir óig, ionas go ndéantar stangaire dósan:

By gob thit an sruth deoraí ansin uaidh nuair a chonaic sé an dara culaith uirthi. Chaith sí di í sin agus an tríú culaith a chuir sí uirthi, culaith den tsíoda bhán. Dar nónach, b'éigean dó tabhairt dá shiúl an uair sin agus a dhul go barr an tí agus a dhul ar a leaba agus bhí sé mín marbh ar an leaba agus nuair a bhí an dinnéar réidh ní raibh mac an Rí le fáil.

Tríd an ógfhear a fhágáil 'mín marbh', cothaíonn an banlaoch deighilt shoiléir idir eisean agus í féin ó thaobh údaráis de, gníomh a chinntíonn a dul chun cinn sóisialta, ó tharla nach sásóidh aon rud mac an *landlord* tar éis na heachtra seo ach ise a phósadh. Móitíf shainiúil den tsraith ATU 510B is ea galar an ghrá, mar is léir ón leagan a chuir Seosamh Laoide i gcló sa chnuasach *Tonn Tóime*:

do bhí [an banlaoch] roimis [.i. an t-ógfhear] déanta suas fé ch'luith do raolacha mine, agus do iarr sé uirthi é leigint isteach. Dubhairt sí ná leigfeadh agus do bhí sí féin istig agus méisín ceoil aici agus í ag rinnce agus n'fheadair sé 'on domhan c'onnus a raghadh sé isteach [...] B'éigint do dul a bhaile, 'gus do bhuail sé breoite la'r n-a bhárach, agus do bhí nach éinne 'teacht ar a thuairisg, acht ní thiocfadh sí seo i n-ao' chor, agus dubhairt sé le n-a mháthair, dá bhfaghadh sé deoch uaithe, go mbeadh sé go maith. (Laoide 1915, 55-56)⁴²

Ar ndóigh, eilimint shainiúil den tsraith ATU 510 i gcoitinne is ea go meallann an banlaoch fear uasal trína colainn a ghléasadh i ngúnaí áille. Tríd an tsraith *Cinderella* a nascadh le *An Teitheadh Draíochta*, d'fhéadfadh sé gur chum Ó Comair, nó an scéalaí ónar chuala seisean COG, scéal uathúil ina gcuirtear seiftiúlacht agus áilleacht na mná i lár an aonaigh agus ina bhfaightear glinnléargas ar thréithe mealltacha na banúlachta, de réir chritéir a mbeadh glacadh leo sa phobal seo.

Is díol suntais é go dtagann foréigean an fhir i gcoinne na mná i gceist san insint seo de ATU 313, d'ainneoin ghrá na lánúine dá chéile agus d'ainneoin a údarásaí agus a cheannasaí is atá Cóitín Luachra síos tríd an scéal. Tugann mac an *landlord* bualadh do Chóitín le spoir nuair atá sise i riocht an bhromaigh agus eisean ag marcaíocht

⁴² Faightear móitíf ghalar an ghrá i leagan liteartha Charles Perrault de *Donkey Skin*: 'Marriage, whatever may be said against it, is an excellent remedy for love sickness. And so it was decided that the prince was to marry' (Perrault *et al.* 2003). Féach go bhfuil 'Galar an Ghrá' ar cheann de phríomhthéamaí an *Chanson d'Amour* chomh maith (Ó Tuama 2001, 112).

uirthi: “chuir tú drochbhail ormsa[...] Nár iarr mé aréir ort gan aon spor a chur ort. Féach an bhail atá anois [...] ar mo dhá leataobh”, a deir sí leis. Ní hionann an gníomh seo agus féinfhulaingt na hógmhna in SFL, ar ndóigh .i. nuair a ghearrann iníon na Scolóige na méara di féin chun go mbeidh ar chumas an laoch crann a dhreapadh, ach meabhraíonn sé gurbh iondúil gur ar chrann na mná a thiteann sé an cumann grámhar a shlánú trí mheán na híobarta. Sna scéalta faoi bhanlaochra ba mhó a raibh tóir orthu i dtraidisiún béil na hÉireann, ATU 313, 706 agus 707 san áireamh, ní mór don ógbhean íobairt a dhéanamh a mbíonn foréigean an fhir mar bhunús leis agus a fhágann ise i riocht leochaileach, a fhad is a dhearbhaítear údarás s’aigesean. Meabhraíonn Cóitín Luachra a fulaingt don ógfhear athuair: “Is dócha gur fearr duit na spoir fhágáil ort [...] mar a rinne tú cheana”, a deir sí leis agus iad i mbun marcaíochta arís, rud a léiríonn gur ghoill an sárú smachta seo go mór uirthi. Cuireann an scéalaí fulaingt an bhanlaoich i láthair ar bhealach báúil ag deireadh an scéil, ionas gur léir go bhfuil foréigean an fhir á cháineadh agus gurb í an chothromaíocht cumhachta atá á moladh mar idéal an chumainn phósta, seachas a mhalairt. Is féidir móitíf na brídeoige dearmadta a thuiscint mar uirlis reacaireachta a cheadaíonn don ógbhean a racht a ligean agus na híobairtí a rinne sí a mheabhrú don ógfhear agus don éisteoir araon:

“Á muise shoraidh dhíot, a choileachín,” a deir sí, “is beag an nádúr le do chircín agat [...] Ní chuimhníonn tú, a choileachín,” a deir sí, “ar an lá fadó,” a deir sí, “a chuir Cailleach Mhór Ghreen Island tú,” a deir sí, “ag tóraíocht an fháinne a chaill máthair a garmháthar agus is beag an graithe a bhí agat ag tóraíocht, murach do chircín a chuaigh le do dhinnéar agat agus a thug duit é”.

Treisiúnn móitíf na brídeoige dearmadta tábhacht an chomhrá sa charachtracht ar mian leis an scéalaí a dhéanamh ar phearsana an scéil agus cothaíonn sé bá láidir san éisteoir don phríomhphearsa freisin. Ní leadhbairt teanga amháin is ábhar do chaint Chóitín, nó is trí mheán an chomhrá a leagann Ó Comair béim ar a ceanúlacht freisin: “Níl gair aici [...] mise a choinneáil uait” a deir sí le mac an *landlord* nuair a bhíonn an Chailleach ag bagairt orthu beirt. Tacaíonn sé seo leis an mhéid a dúradh i gCaibidil 4 faoin cheangal atá idir an grá rómánsach agus marthanacht an chumainn phósta. Faighimid léargas sa bhreis, ina theannta sin, ar bhanlaoch na sraithe ATU 313 agus ar na cúiseanna a raibh tóir chomh mór sin ar an tsraith seo i measc scéalaithe Dhúiche Sheoigheach agus i dtraidisiún scéalaíochta na hÉireann i gcoitinne.

Tá tiomantas na hógmhá dá fear céile le sonrú go láidir sa léiriú a dhéantar ar chaidreamh na lánúine in CBS, fosta. Cé gur beag léargas a fhaightear ar fhorbairt an chaidrimh idir an banlaoch agus Cú Bán an tSléibhe, tá a ngean dá chéile le tuiscint ón triúr leanaí a bheirtear dóibh sna blianta luatha dá gcumann. Is pearsa thairseachúil é an Cú a bhíonn idir riocht ainmhí agus riocht fir agus a mhaireann idir an domhan réadúil agus limistéar anaithnid Thír na hÓige. Áitíonn Tatar go bhfuil fréamhacha an scéil seo bunaithe ar chleachtais chleamhnais thraidisiúnta:

Many an arranged marriage must have felt like being tethered to a monster, and the telling of stories like “Beauty and the Beast” may have furnished women with a socially acceptable channel for providing advice, comfort, and the consolations of imagination. (Tatar 2017, 34)

I dtraidisiún scéalaíochta na hÉireann, is minic a chuirtear béim láidir ar an ghrá atá ag an bhanlaoch don ghrúm ainmhíoch, d’ainneoin nach n-aontaíonn a teaghlach leis an chumann. Tá rian de seo le sonrú in insint Uí Mhuireáin san ‘an-dólás’ a bhíonn ar athair an bhanlaoich nuair a thagann Cú Bán an tSléibhe in araicis na hógmhá i gcairtín asail. Níl amhras ach go bhfuil an siombalachas gnéasach fite fuaite le móitíf an ghrúim ainmhíoch chomh maith: “‘Is fearr liomsa tú a bheith i d’fhear san oíche [...] agus i do chú sa lá’,’ a deir an banlaoch leis an Chú, ráiteas a léiríonn a mian go mbeadh caidreamh collaí eatarthu. Cuirtear béim láidir ar chomhriachtain an bhanlaoich agus an ghrúim ainmhíoch in insintí eile den scéal seo. Tarraingítear codarsnacht idir a bhríomhaire is atá caidreamh collaí an bhanlaoich agus an Chú i gcomparáid le caidreamh a deirfiúracha lena bhfir chéile siúd in insint Sheáin Uí Bhriain as Carna, ina bhfeictear an Cú i seomra leapa an bhanlaoich agus é ‘struipeáilte i n-a léine ag colú na leapa a’ gol a cholla léithe’ (Ó Briain agus Ó Duilearga 1962, 138).

In CBS, is léir nach bhfuil an caidreamh idir an banlaoch agus a fear céile daingnithe nuair a imíonn an Cú ón bhothán beag gan choinne. Mar a míníodh thuas, is trína hacmhainneacht a shaothraíonn ógbhean na sraithe seo trí oíche in éineacht lena fear céile nuair a thagann sí chomh fada le Tír na hÓige. Plúchtar a glór, áfach, agus coinnítear a fulaingt faoi cheilt nuair a thugann an bhean eile deoch suain don Chú a dhéanann chomh bodhar le cloch é: ‘thosaigh sí ag insint an t-anró bocht a ndeachaigh sí tríd, agus ní raibh aon fhios ag an bhfear air’. Dála Chóitín Luachra, faigheann ógbhean an scéil seo cead cainte i ndeireadh na dála agus is trí ‘chuile anró agus chuile

ní a ndeachaigh sí thríd’ a insint don fhear a thugann sí í féin ar ais chun cuimhne dó agus a dhaingnítear an caidreamh eatarthu. Tá ceangal idir an eachtra seo agus móitíf na brídeoige dearmadta ó thaobh feidhme de, sa dóigh is go dtéann an banlaoch i muinín na reacaireachta chun a racht a scaoileadh lena fear céile. Ar ndóigh, dearbhaítear neamhspleáchas an fhir nuair a éiríonn leis é féin a shaoradh ón ghreim atá ag an bhean dhraíochtach air agus ise a mharú go foréigneach. Sa dá shraith seo, mar sin de, faightear léargas soiléir ar a leochailí is atá cumann na lánúine pósta agus ar a thábhachtaí is atá dílseacht agus díograis an dá pháirtí chun marthanacht an chaidrimh a chinntiú.

Ní dhéantar mionphlé ar bhunú an chaidrimh ghrámhair in TDIC ach an oiread. Tá grá an Rí dá bhean chéile le sonrú sa drogall a bhíonn air pionós a chur uirthi, cé go ngéilleann sé d’iarrachtaí na ndeirfiúracha an banlaoch a chéasadh i ndeireadh na dála. Is ionann an bhreith ainmhíoch a chuirtear i leith an bhanlaoich agus a neamhoiriúnacht mar bhean chéile agus mar bhall den tsochaí i gcoitinne. Ar ndoigh, ba í an bhreith chlainne an cúram ‘ba thábhachtaí, agus ba thromchúisí’ a bhí ag an bhean sa tsochaí thraidisiúnta: ‘An tubaiste ba mheasa uirthi bheith gan leanbh’ (Ó Giolláin 2005, 110). Dar le Beartla Ó Flatharta ‘iad siúd nach mbíodh aon duine de chlann orthu bhíodh cineál drochmheas orthu agus bhítí ag cúlchaint fúthu agus cheapadh chuile dhuine gur ar an mbean a bhíodh an locht’ (Ó Héalaí agus Ó Tuairisg 2007, 131). Sa phlé a dhéanann Ó Laoire ar an scéal grinn ATU 1353 *The Old Woman as Troublemaker* i dtraidisiún na hÉireann, léiríonn sé go dtaitneodh sé leis an diabhal aighneas a tharraingt idir lánúineacha pósta, go háirithe lánúineacha nach raibh aon mhuirín orthu, agus míníonn sé go raibh teacht níos fusa ag an diabhal ar lánúineacha dá leithéid (Ó Laoire 1994/1995, 195).⁴³ Mhaítí gurbh í an bhean amháin a bhí ciontach nuair a fágadh an teach gan líonadh, ar ndóigh, agus bhí lánchead ag an fhear a mhíshástacht a léiriú lena bhean munar éirigh léi oidhre a chur ar fáil dó: ‘To have no children is a source of shame to him and a terrible disappointment in his desire to continue his line upon the farm’ (Arensberg agus Kimball 1968, 131-132). Tá ciontach na mná i dtaca le teip na breithe clainne le tabhairt faoi deara in TDIC: de réir thuiscint an scéil, tá neamart déanta ag a bhean chéile ina dualgais mar chéile agus tá lánchead aigesean pionós a chur uirthi.

⁴³ Cf. plé Jacqueline Ní Fhearghusa ar an cheist seo freisin (Ní Fhearghusa 1994/1995, 105).

Tá géarleanúint na mban faoi chóras docht an phatrarcachais le sonrú síos tríd an insint seo. Is léir ón chur síos a dhéantar ar an Rí ag tús an scéil go mbaineann cumhacht agus ansmacht as cuimse leis: ‘Bhí Rí san áit seo fadó agus duine ar bith a gheobhadh sé ina shuí ón deich a chlog bheadh an cloigeann caillte aige’. Treisítear cruálacht an fhir sa phionós uafásach a chuireann sé ar a bhean chéile, ionas go mbíonn codarsnacht láidir idir an spás sriantach ina shainítear an banlaoch agus na tailte fairsinge a bhíonn ag an Rí féin chun dul amach ag spaisteoireacht de réir mar is mian leis. Ainneoin chruálacht an Rí, maolaítear a chiontacht mar go gcuirtear tromlach an mhilleáin ar dheirfíuracha an bhanlaoich, sa dóigh is go dtugtar aspalóid don fhear de réir bhunstruchtúr an scéil. Is cosúil go maitheann an scéalaí féin peacaí an Rí sa chur síos a dhéantar ar an ‘ríméad’ a bhíonn ag an phearsa seo as a bhean chéile agus a iníon ag deireadh an scéil: ‘níor facthas aon dá *lady* ar bith ag siúl na tíre ná an oiread ríméad ag fear ar bith astu [...]. Ní raibh an oiread ríméad aige as rud ar bith sa domhan brách agus a bhí aige as an dá *lady*’. Tá an beag is fiú a dhéantar d’fhulaingt na mná le sonrú go láidir sa chríoch a chuir Mártan Rua Ó Giollarnáth as Muine Mheá, Co. na Gaillimhe, ar an leagan de ATU 707 a bhronn seisean ar Dhubhghlas de hÍde sa bhliain 1892:

Má’s síos do bhí sí le fada, is suas do bhí sí anois, le teann-mheas uirri, le ríméad as a clainn agus as a triúr mac. Ag siubhal amach leo bhíodh sí i gcómhnuí. Ocht mbliana do bhí siad uaithi, acht d’fhan siad le chéile anois go brách. (De hÍde 1930, 400)

Trí neamhshuim a dhéanamh d’fhoréigean an fhir agus trí thabhairt le fios go bhfilléann an ógbhean ar riocht ‘úr óg arís’ tar éis di pianpháis ghéar a fhulaingt, is follasach go bhfuil dlisteanú na cumhachta patarcaí le brath go láidir in TDIC, d’ainneoin go léiríonn an scéalaí méid áirithe comhbhá le cruachás na hógmhá.

Níl an tábhacht chéanna ag forbairt an chumainn ghrámhair sa cheathrú sraith scéalta is atá sna sraitheanna eile agus feictear gur ar mhaithe leis an phraiticiúlacht a phósann Luathramhán seachas don ghrá rómánsach. Nuair a deir an deartháir is óige le Luathramhán go bpósfaidh sé í má thugann sí claíomh na caillí chomh fada leis, tugann sise an freagra seo a leanas air:

“M’anam gur b’shin é is fearr liom a dhéanamh” [...] “m’anam gur mór is fiú duine a bheas ag obair dó féin, faras a bheith ag obair don té úd eile. Is maith liom,” a deir sí, “a bheith ag déanamh rud éigin ar mo shon féin”.

Dearbhaíonn an ráiteas seo neamhspleáchas agus féiniúlacht na hógmhná agus léirítear an pósadh mar chinneadh a dhéanann sí ar a son féin. Bíodh is go leanann Luathramhán nósmaireacht na linne trí phósadh, mar sin de, is faoina coinníollacha féin a shocraítear an “margadh” seo. Is furasta ráiteas an bhanlaoich a cheangal leis na roghanna fostaíochta a bhí i ndán do dhaoine i gcomhthéacs soch-chultúrtha an scéalaí chomh maith. D’áitigh Tomás Ó Máille gurbh ionann an pósadh agus “cur i gcrích” na mná sa tsochaí thraidisiúnta: ‘Cuirtear bean i gcrích nuair a phósas sí, agus cuirtear fear i gcrích nuair a fhaigheas sé post’ (Ó Máille agus Ó hUiginn 2003, 233). Thairis sin, d’fhéadfaí mian Luathramháin a beatha a shaothrú as a stuaim féin, seachas a bheith fostaithe ag ‘an té úd eile’, a thuiscint mar léiriú idéalach ar shaol na feirme i gcodarsnacht le fostaíocht mhaslach eile. Sa phlé a dhéanann Joanna Burke ar an obair tí in Éirinn idir 1880 agus 1914, áitíonn sí gur ról tarraingteach é ról na mná tí sa tréimhse sin mar gur bheag rogha eile a bhí ag mná ó thaobh na hoibre de agus níor theastaigh ó mhná dul ag obair do mháistreás éilitheach ná do mháistir cantalach: ‘What was deplored about domestic service was the lack of power: tyrannical supervision and stifling constraints’ (Bourke 1991, 40). Shamhlaigh Peig Sayers nach raibh ach ‘rogha de dhá chrann’ aici: pósadh nó dul ar aimsir, agus ba é an pósadh an rogha ba chiallmhaire, dar léi: ‘Do bhíos cortha go maith ag an aimsir chéanna is do smaoinís go mb’fhearr dom fear cúil agus garda cosanta agus tigh a bheith agam féin go mbeadh neart agam suí i bhfeighil mo shuaimhnis nuair a bheinn cortha’ (Sayers *et al.* 1998, 131). Sa chomhthéacs seo, is ionann an pósadh agus modh éalaithe ó shaol anróiteach na tionsclaíochta agus na seirbhíse. D’ainneoin nach bhfuil caidreamh grámhar idir Luathramhán agus an t-ógfhear, tuigtear di gur sócúlaí an saol a bheas aici mar bhean fheirmeora agus í i mbun a tí féin, ná an saol a bheadh aici agus í faoi smacht saoiسته chruálaigh.

5.3.2 Caidreamh Clainne

Is léir ón bhriseadh síos agus ón phlé atá déanta ar scéalta na mbanlaochra go dtí seo go dtagann difríochtaí suntasacha chun cinn sa léiriú a dhéantar ar an chaidreamh clainne i gcomparáid le scéalta na laochra fireanna. Is fiú eispéireas an bhanlaoich a fhiosrú i dtéarmaí an chaidrimh le teaghlach an bhanlaoich féin, maille leis na coimhlintí a thagann chun solais nuair a bhíonn an ógbhean ag teacht isteach i dteaghlach nua .i. teaghlach a fir céile, den chéad uair.

5.3.2.1 An Banlaoch agus a Teaghlach Féin

Áit a raibh dílseacht an laoi dá athair agus dá mháthair le tabhairt faoi deara i dtrí cinn de na scéalta fireanna a ndearnadh cíoradh orthu i gCaibidil 4, is suntasach an rud é go dtagann coimhlint i gceist sa chaidreamh idir an banlaoch agus a hathair i dhá cheann de scéalta na mbanlaochra. Léiríonn an comhrá idir Cóitín Luachra agus a hathair in COG nach bhfuil rún dá laghad ag an ógbhean géilleadh d’ordú a hathar agus don chumhacht phatracach i gcoitinne:

“Ara tuige a bpósfainnse thú” a deir [Cóitín Luachra].

“Caithfidh tú [é] a dhéanamh”, a deir [an Rí].

“Well ní chaithfidh”, a deir sí.

“Well caithfidh”, a deir sé.

Cé gur gá don bhanlaoch ligean uirthi féin go bpósfaidh sí an Rí sa deireadh, deir sí leis ‘gur maith an scaitheamh go mbeadh sí faoi réir fós’ agus tugann sí air nithe a aimsiú di a chuireann ar a cumas dul ar a teitheadh. Is mar íobartach soineanta nach mbaineann acmhainneacht nó neamhspleáchas dá laghad léi ag tús an scéil a shamhlaíonn W.F.H. Nicolaisen banlaoch ATU 510B: ‘At this stage in her development she is not yet resourceful or independent enough to take such a radical step [i. fágáil an bhaile] by herself’ (Nicolaisen 1993, 64). Maíonn Nicolaisen, anuas air sin, nach féidir a bheith ródhian ar athair an bhanlaoich trí áilíos a chur ina leith, ó tharla nár fhág achainí a mhná céile an dara rogha aige ach a iníon a phósadh (Nicolaisen 1993, 63-64). Is tuairim róshimplíoch í sin, áfach, mar nach dtugann sí aon suntas do chumas an scéalaí ionramháil a dhéanamh ar eachtraí agus ar mhóitífeanna áirithe de réir a thuisceana féin orthu. Níl achainí na máthar i gceist in aon chor in ‘Craicinnín’, mar shampla: socraíonn athair an bhanlaoich a iníon a phósadh ‘gan buidheachas’, mar sin is féidir an ciorrú coil a léamh mar fhianaise d’olcas an athar i súile an scéalaí (Ó Flannagáin *et al.* 1939, 75). Ina choinne sin, is cosúil gurb í an banlaoch féin is cúis leis an chiorrú coil san insint a bhailigh Seán Mac Giollarnáth ó Mhícheál Mac Donnchadha as Roisín na Mainiach, Carna, mar go mbíonn sí ar an eolas faoi achainí a máthar sula gcuireann sí a fainne ar a méar. Nuair a thugtear don Rí go mbeidh air a iníon a phósadh, maolaítear a chiontacht nuair a deir sé “nach bocht an sgéal é sin?” (Mac Donnchadha agus Mac Giollarnáth 1930, 333).

Sa phlé a dhéanann D.L. Ashliman ar an chiorrú coil i scéalta béaloidis ón domhan Ind-Eorpach, tugann sé suntas don easpa ciontachta a chuirtear ar an athair, mar cheannaire an tí, sa traidisiún scéalaíochta seo i gcoitinne, a fhad is a chuirtear pionóis uafásacha ar leasmháithreacha agus ar mháithreacha céile mar gheall ar a ndrochghníomhartha siúd:

Reflecting the patriarchal values of the society that used them, these folktales seldom challenge a father's authority to do with the members of his household whatever he pleases [...] European storytellers apparently saw little possibility of punishing cruel or abusive fathers, not even those who violate society's strictest taboos. (Ashliman 1997)⁴⁴

Cé go ndéantar carachtracht an-dearfach ar Chóitín Luachra in insint Ruairí Uí Chomair agus go bhfuil bá an scéalaí leis an bhanlaoch an-fhollasach síos tríd an insint seo, ní ghearrtar pionós dá laghad ar an athair as an bhagairt a dhéanann sé ar a iníon. Dála an fhoréigin a fhulaingíonn banlaoch TDIC óna fear céile, is féidir nasc soiléir a tharraingt idir an aspalóid a thugtar don athair clainne i bpeaca an chiorraithe choil sa scéal seo agus ciúnú na n-íobartach faoin réimeas patrarcach i gcoitinne. Ina staidéar ar an chiorrú coil in Éirinn idir 1880-1950, léiríonn Sarah Anne-Buckley gur samhlaíodh íobartaigh na coire seo mar phearsana bagarthacha a thabharfadh dúshlán don tsochaí phatrarcach: ba é an réiteach a bhí ar líomhaintí faoin chiorrú coil go minic, mar sin de, ná an t-íobartach a chur isteach in institiúid nó ar imirce (Buckley 2011, 203). Dála mórán scannal eile i stair na hÉireann, is ceist í seo a nochtann eolas tábhachtach faoi na struchtúir chumhachta atá mar bhunús leis na hinsitiúidí ar ar tógadh náisiúinstát na hÉireann san fhichiú haois:

With regard to family and power, probing the topic of incest reveals a variety of power structures and dynamics. On a micro level, the powerlessness of victims in a patriarchal society; on a macro level, the power of the State to protect the sanctity of the family, as opposed to the individuals most in need of protection. (Buckley 2011, 204)

Mar a pléadh thuas, tá géarleanúint na mná faoin smacht patrarcach fréamhaithe go domhain i mbunstruchtúr TDIC. Ní hamháin go bhfaightear léargas láidir ar an mhíchothromaíocht atá idir an banlaoch agus a fear céile taobh istigh den chaidreamh pósta, áfach, faightear léargas chomh maith leis sin ar smacht an fhir, mar athair

⁴⁴ Cf. Tatar: 'Even when they violate basic codes of morality and decency, fathers remain noble figures, who rarely commit premeditated acts of evil' (Tatar 2003, 151).

clainne, ar cholainn a iníne: “An bhfaca tú *lady* ar bith ariamh [...] is breátha ná í de bhean óg [...] Deir sí liom nach bhfuil sí ach an oiread seo d’aois”, a deir an Rí le Cailleach na gCearc faoina iníon nuair a thagann sí féin agus a beirt deartháireacha go dtí an chúirt. Nuair a thuigtear don Rí go bhfuil gaol fola idir é féin agus an spéirbhean óg, déanann sé colainn s’aicise, mar aon le colainn a mhná céile, a nochtú chun na baill dhóráin atá orthu beirt a chur i gcomparáid: ‘Chuaigh an Rí isteach leis [an deartháir] ar ais chun tí agus d’iarr an deartháir uirthi an t-éadach a nochtú di sa spota ina raibh an ball dóráin agus nocht agus thaispeáin sí dó é’. Ní bhíonn deis dá laghad ag an iníon ná ag a máthair cur i gcoinne an tsáraithe smachta seo, ar ndóigh. Meabhraíonn an eachtra seo tuiscint Simone de Beauvoir ar an bhanúlacht “idéalach”, de réir theagasc an díoscúrsa phatrarcaigh:

To be feminine is to show oneself as weak, futile, passive, and docile. The girl is supposed not only to primp and dress herself up but also to repress her spontaneity and substitute it for the grace and charm she has been taught by her elder sisters. Any self-assertion will take away from her femininity and seductiveness [...] For the girl [...] there is a divorce between her properly human condition and her feminine vocation. (De Beauvoir 2011, 348)

Tá an smacht patrarcach le sonrú ag tús CBS chomh maith. Mar a míníodh i gCaibidil 4, ba é an t-athair clainne an phearsa ba chumhachtaí sa teaghlach sa tsochaí thraidisiúnta agus ba eisean a d’eagraigh nó a cheadaigh cleamhnas a iníne. Is féidir an cineál scéil seo, ina bpósann an bhean óg beithíoch allta i gcoinne thoil a hathar, a thuiscint mar chuntas ar a dheacra is a bhíonn sé ag an bhrídeog nuaphósta scaradh ó aonad an teaghlaigh chun tús a chur lena saol nua i limistéar anaithnid ina bhfeicfí mar strainséar í. Treisíonn leaganacha eile den scéal, ina bhfágann an Cú a bhean chéile mar gheall ar mhian na hógmhná fillleadh ar theach a muintire, an argóint gur cumann leochaileach é an cumann pósta, go háirithe sna blianta luatha, agus nach mór dílseacht na lánúine a thástáil sular féidir leo maireachtáil go sona lena chéile. Sa leagan de ATU 425 a chuir Domhnall Ó Fotharta i gcló, iarrann an banlaoch cead ar an Chú dul abhaile chuig teach a tuismitheoirí nuair a thagann tinneas clainne uirthi agus fágann an Cú an banlaoch an tríú huair a fhilleann sí ar a tuismitheoirí chun leanbh a bheith aici (Ó Fotharta 1892). Sa chur síos a dhéanann Dan Choilm Ó Concheanainn ar nósanna pósta i gConamara i dtús an fichiú haois, míníonn sé nach dtéadh an bhrídeog abhaile chuig a clann go dtí go mbeadh sí féin agus a fear pósta ar feadh míosa: ‘Ansin bhíodh lá mór eile acu ar a dtugaidís cuairt mhíosa air agus bhíodh an lá sin níos fearr

ná lá na bainise’ (Ó Héalaí agus Ó Tuairisg 2007, 71). Is furasta a shamhlú gurbh í feidhm an deasghnátha seo ná a chinntiú go rachadh an lánúin nuaphósta i dtaithe ar a chéile agus ar an chor cinniúnach seo ina saol sula gceadófaí don bhean filleadh ar a fód dúchais.

Tá an t-athair clainne in easnamh in BTI, ach is sa scéal seo amháin a fhaightear léargas ar chaidreamh an bhanlaoich lena máthair. Cruthaíonn an scéalaí nasc idir Luathramhán agus a máthair ó thaobh a gcarachtrachta de: tá an tseanbhean ag dul in aois agus níl ar a cumas mórán maitheasa a dhéanamh, a fhad is nach ndéanann an banlaoch aon obair fhóinteach mar go mbíonn sí sáite sa luaith. Is léir ó na bronntanais a thugann an mháthair dá hiníon go bhfuil dlúthchaidreamh eatarthu:

“Fágfaidh mé scian bheag agat agus ceirtlín beag snáithe. Agus má chrochann siad thusa, féadfaidh tú na rópaí a ghearradh leis an scian agus beidh an ceirtlín beag snáithe agat le géibhinn ar bith a thiofáidh ort, le maith a dhéanamh ort”.

Feidhmíonn máthair Luathramháin mar chrann taca siombalach dá hiníon síos tríd an scéal seo: tugann sí misneach di trí stiall dá colainn féin a thabhairt di agus bronnann sí nithe draíochta uirthi a chinntíonn marthanacht na hiníne. Sainmhóitíf den tsraith ATU 510 i dtraidisiún béil na hÉireann is ea an cuidiú draíochtach a chuireann an mháthair ar fáil dá mac nó dá hiníon sula gcailltear í (Christiansen 1950; Nic Giolla Chomhaill 2016b). Sa scéal ‘An Tarbh Breac’ a d’inis Ruairí Ó Comair, mar shampla, deir máthair an laoich lena mac agus í i riocht bulláin: “‘Tarraing tusa anois’”, a deir sí, “do scian bheag amach agus bain beilt trasna trí mo lársa go dtaga tú go dtí an spota inar thosaigh tú”, a deir sí, “agus ní bheidh aon ghaiscíoch sa domhan chomh maith leat”, a deir sí’ (CBÉ 166: 201-2). Freagraíonn an gníomh seo don chothú fisiciúil agus don tacaíocht mhothúcháin a chuireann an mháthair clainne ar fáil dá leanaí. Tagann an débhrí ó thaobh na hinscne de chun cinn arís eile sna bronntanais a thugann máthair Luathramháin di sula maraítear í féin: is uirlis í an scian a samhlaítear an foréigean agus an fhearúlacht léi, ach is féidir an ceirtlín snáithe a léamh mar shiombail bhanúil, dála chumas fíodóireachta Chóitín Luachra. In COG, léirítear cumhacht shiombalach na máthar i saol na hógmhna ag deireadh an scéil nuair a leagann an banlaoch ‘coróin a máthar ar a baithis’ sula dtagann sí amach os comhair na n-uaisle mar bhanríon álainn. Is gife é seo a bhfuil an áilleacht mar bhunús leis agus a mheabhraíonn ról na máthar i sóisialú na hiníne. I leaganacha eile den tsraith ATU 328 ina mbíonn cuma

“ghruagach” ar an bhanlaoch, is minic gur sárú toirmisc na máthar is cúis le gránnacht na hiníne agus is é an toradh a bhíonn air seo ná go bhfágtar máchail ar cholainn na hiníne. I leagan eile den scéal ‘Máirín na Féasóige’ ar tagraíodh dó thuas, a bhailigh Mairéad Breathnach, dalta i Scoil Náisiúnta Sheanadh Farracháin, téann máthair an bhanlaoich chuig fear a bhfuil fios aige mar nár saolaíodh aon pháiste di, rud a chuireann fearg mhór ar a fear céile (CBÉS 74, 139). Deir an fear feasa léi dhá bhraon drúchta a ól ó chrann atá amuigh sa choill, ach an tríú braon a fhágáil. Ar ndóigh, ólann an bhean an tríú braon agus bíonn triúr iníonacha aici, ach bíonn an tríú hiníon ‘an-ghrána agus í beag. Agus bhí fionnadh fada dubh uirthi agus sin é an fáth a tugadh Máirín An Fhionnaidh uirthi’ (CBÉS 74, 139). Ní ga gur bronntanas dearfach a shaothródh an iníon óna máthair i gcónaí, mar sin de.

Cé go bhfuil an chuma ar an scéal go bhfuil máthair an bhanlaoich neamhghníomhach, nó go hiomlán in easnamh, sna scéalta eile, is ionann Cailleach na gCearc agus pearsa mháithriúil a chuireann comhairle ar an ógbhean agus a chinntíonn go mbíonn rath uirthi i ndeireadh na dála. Tagraíodh don cheangal láidir a bhí idir éanlaith na feirme agus fearann na mban sa chaibidil roimhe seo, ach is fiú an ceangal sin a lua arís sa chomhthéacs seo mar gur léir go bhfuil tábhacht ar leith aige i scéalta na mbanlaochra. Tugann Cailleach na gCearc foscadh don bhanlaoch in COG agus in CBS araon. Cuirtear béim ar leith ar fhlaithiúlacht Chailleach na gCearc in COG, ainneoin nach bhfuil mórán de mhaoín an tsaoil aici féin: “tabharfaidh mé gach is a dtogróidh tú a thabhairt leat [...] gan tada duit” a deir sí le Cóitín nuair a iarrann sise roinnt cruithneachta uirthi. Is í Cailleach na gCearc a mholann don bhanlaoch teacht in éineacht léi féin chuig an bhainis ríoga, chomh maith. Bíonn tionchar ag Cailleach na gCearc ar an rath a bhíonn ar an bhanlaoch i ndeireadh na dála in TDIC, chomh maith, mar go gcuireann sí cogar i gcluas an Rí faoin ghaol atá idir na páistí áille agus a bhean chéile féin: “ní fhaca tusa bean ar bith ag dul i gcosúlacht [...] leis an gcéad bhean a bhí agat ná í sin, mura ngearrfá amach di í”. Is ionann teagmháil an bhanlaoich le Cailleach na gCearc agus gníomh folaigh nach dtógann pearsana eile an scéil aon cheann dó agus a bhfuil rúndacht ag baint leis. Mar a mhíníonn Bourke, is ar bhonn maslach a thráchtar ar chearca sa dioscúrsa fireann: ‘Bíonn a gcloigeann tinn ag na cearca glóracha; bíonn siad ag ithe an iomarca mine, nó bíonn na mná ag caitheamh an iomarca ama ag plé leo’ (Bourke 1998, 113). Ba ghné thábhachtach i saol laethúil na mná iad na cearca céanna, áfach, agus is furasta an gaol ceanúil atá idir an ógbhean

agus an bhean níos sine, a bhfuil éanlaith na feirme faoina cúram, a thuiscint sa chomhthéacs seo.

Ní fhaightear aon léargas ar an chaidreamh idir an banlaoch agus a máthair in CBS, ach is díol suntais é an léiriú a dhéantar ar ról an bhanlaoich féin mar mháthair, go háirithe nuair a fhiosraítear an caidreamh sin i gcomhthéacs an chaidrimh ghrámhair. Beirtear triúr mac don bhanlaoch, ach sula mbíonn ‘aon aois’ acu, tagann lámh duine anuas an simléar agus sciobtar uaithi iad; cuirtear in iúl dúinn go mbíonn an mháthair ‘an-dólásach’ ina ndiaidh. Nuair a thagann sí go dtí teach a deirféar agus í ar thóir an Chú, bíonn an malrach os a comhair ar an urlár:

“Is tusa mo leanbh féin”, a deir [an banlaoch].

“Sé go deimhin”, a deir bean an tí, a deir sí, “mise féin a thug uait é. Cheap mé féin nach raibh aon tslí tógtha agat dó, agus má fhanann tú liomsa anois”, a deir sí, “go brách, tógfaidh mé tú agus an gasúr freisin”.

“Well ní fhanfaidh mé leat”, a deir sí, “agus ní fhéadfainn fanacht leat”, a deir sí, “mar caithfidh mise imeacht”, a deir sí, “agus fáil cébí áit faoin domhan a bhfuil [Cú Bán an tSléibhe]”.

Is léir go dtugtar tús áite do dhílseacht an bhanlaoich dá fear céile thar a dílseacht mar mháthair clainne sa tsraith scéalta seo: mar a míníodh thuas, is é tástáil agus buanú an chaidrimh phósta bun agus barr na sraithe ATU 425. Cuirtear an tástáil sin in iúl go soiléir in insint Mháire Ruiséal: “Tá do leainbhín bailithe uait”, a deir an Gabhairín Bán leis an bhanlaoch, “ach má tá [...] ní haon ní é sin [...] ’fhaid a bheadsa agat [...] mar chuideachta” (Ní Dhuibhne 2002, 1219). Ní hionann sin is a rá nach bhfuil cumas na mná mar mháthair á fhiosrú sa tsraith scéalta seo chomh maith: tugann an deirfiúr le fios gur mar gheall nach raibh ‘aon tslí tógtha’ ag an bhanlaoch dá leanaí a sciob sise uaithi iad. Ceistítear oiriúnacht na hógmhna mar mháthair go soiléir i leagan Uí Fhotharta: nuair a bheirtear iníon don bhanlaoch, ní bhíonn sí féin ‘láidir go leor le faire dhéunadh uirri’ agus sciobtar an leanbh aníos an simléar le linn do chailín aimsire a bheith ag tabhairt aire di (Ó Fotharta 1892, 146). I sochaí ina raibh ráta báis na naíonán an-ard (Breathnach 2016, 47) agus inar chaith mná pósta formhór dá saol ag iompar nó ag cothú clainne, is féidir a áiteamh go ndearna scéalta den chineál seo dlisteanú ar an chumann pósta mar bhunchloch an teaghlaigh agus mar bhunchloch na sochaí i gcoitinne. Is gnách go bhfilléann an banlaoch ar a páistí agus go maireann sí féin agus a fear céile go sona sásta lena gclann ón am sin amach; ní tharlaíonn sé sin

sa scéal seo, ámh, rud a dhearbhaíonn gur ar chumann an bhanlaoich leis an Chú ba mhó a dhírigh an scéalaí a aird.

Tá amhras faoi chúrsaí breithe agus faoi mharthanacht na naíonán le sonrú go láidir in TDIC, chomh maith. Tá sé le tuiscint ó insint Uí Mhuireáin de TDIC nach bhfuil baint ná páirt ag an Rí le breith a chuid leanaí. Is beag an t-ionadh é seo nó níor ghnách le fir a bheith i láthair le linn na breithe (D'Auria 2007, 58).⁴⁵ Dar le Déirdre D'Auria, tuigeadh go raibh 'rúndiamhair éigin ag baint le hiompar clainne, agus leis an tréimhse a thagadh ina dhiaidh' agus ba mhór an eagla a bhí ann go mbainfeadh dainséar éigin don leanbh nó don mháthair (D'Auria 2007, 50) Ag trácht dó ar fhinscéalta faoi mhná glúine a fhreastalaíonn ar an slua sí, deir Criostóir Mac Cárthaigh gur beag an t-ionadh é go bhfaightear líon chomh mór sin scéalta ina ndéantar iarracht dul i ngleic le bás le linn bhreith clainne agus le ceist na torthúlachta, i gcoitinne, i gcomhthéacs an chúraim leighis an-bhunúsach a bhí ar fáil i bpobail réamh-nua-aimseartha (Mac Cárthaigh 1991, 137). Is féidir olcas na ndeirfiúracha, a sciobann na leanaí nuabheirthe ón mháthair lena gcaitheamh amach san abhainn, a léamh mar léargas ar an bhaol a samhlaíodh a bheith ann don leanbh le linn na tréimhse leochailí tar éis na breithe. Ar oileán an Bhlascaoid, 'D'fhanadh beirt bhan ina suí i rith na chéad oíche i ndiaidh na breithe, ag faire ar an leanbh ar eagla go dtiocfadh na síoga lena aghaidh' (D'Auria 2007, 59). Ar ndóigh, is é éad na ndeirfiúracha a spreagann fuadach an linbh in TDIC. Bíonn an dearg-ghráin acu ar an bhanlaoch mar gheall gur éirigh léi an fear ab airde stádas a phósadh: 'Dúirt siad leo féin go gcaithfeadh siad plean éigin uirthi go gcuirfeadh siad cóir báis uirthi'. Is ar na deirfiúracha amháin a chuirtear pionós ag deireadh an scéil agus laghdaíonn a gcrúalacht claonpháirteachas an fhir san éagóir a dhéantar ar an ógbhean: 'Rug [an Rí] ar an mbeirt bhan agus bhain sé an dá chloigeann díobh. Chaith sé síos le habhann iad an áit ar chaitheadar féin na malraigh'. Cuirtear dearcadh an-cháinteach chun cinn san insint seo faoi chomórtas agus faoi shlítheántacht na mban. Dar le Marina Warner, 'Females dominate fairytale evil' (Warner 2014, 25) agus níl amhras ach go bhfuil nasc cinnte idir an bhéadchaint agus an chruálacht bhanúil sa tsraith áirithe scéalta seo. Ní hamháin go ndéantar náiriú ar

⁴⁵ Cf. Máirín Uí Ghadhra: 'Ní théadh fear an tí sa seomra le linn an tsaolaithe ar chraiceann a chluaise' (Ó Héalaí agus Ó Tuairisg 2007, 51).

an ógbhean mar gheall ar an chruálacht seo, ach cuirtear bac uirthi a ról mar mháthair a chomhlíonadh agus teagmháil a bheith aici lena cuid leanaí, chomh maith.

Feidhmíonn an maor agus a bhean chéile mar thuismitheoirí altramais sa scéal agus cuirtear béim ar a thábhachtaí is a bhí páistí sa teaghlach feirme chun aire a thabhairt dá dtuismitheoirí de réir mar a bhí siadsan ag dul in aois, agus chun oidhreacht a n-athar a shaothrú chomh maith. Tagraíonn Ó Laoire don nóta a rinne Peig ina hinsint de ATU 1353 *The Old Woman as Troublemaker* go mbíonn ‘cúram naonúr ar lánú gan chlainn’ agus go mbíonn trua ag daoine do lánúineacha dá leithéid (Ó Laoire 1994/1995, 195). Is léir ón léargas a thugtar ar an mhaor agus a bhean in TDIC gur samhlaíodh folús le teach nach raibh aon pháistí ann agus gur thruamhéalach an rud é dá bhfágfaí an fheirm gan oidhre. Fágann an Rí duine amháin dá chuid mac in éineacht leis an mhaor, ‘le haire a thabhairt dó agus féachaint ina dhiaidh féin agus i ndiaidh a sheanmhná chúns a mhairfeadh siad’. Bíonn lúcháir an domhain ar an mhaor faoin socrú seo agus deir sé go bhfágfaidh sé a áitreabh agus a shaibhreas ag an mhac nuair a chailltear eisean. Ainneoin a chráite is a bhíonn an banlaoch tar éis di teacht slán as a gábh, is mar gheall ar an aire mhaith a fhaigheann sí óna hiníon a éiríonn léi filleadh ar riocht banúil arís: ‘Cuireadh isteach í in áit dá raibh sé á beathú agus ag tabhairt aire di ariamh ariamh [...] go raibh sí úr óg arís ar ais’. Meabhraítear an aire mhaith a thugann mac na baintrí dá mháthair i scéalta na laochra fireanna, nó ba é dóchas na dtuismitheoirí go ndéanfadh a gclann mac agus iníonacha cúram dóibhsean agus iad ag dul in aois.

Tagann an choimhlint idir an banlaoch agus a deirfiúracha chun cinn mar théama lárnach in BTI chomh maith. Is cailíní cruálacha iad deirfiúracha Luathramháin: socraíonn siad a máthair a mharú agus a ndeirfiúr a chur ag crochadh ón simléar mar gheall ‘go mba mhór an feall dóibh a bheith [á] tógáil [...] mar nach raibh mórán maitheasa leo’. Tugann siad drochíde fhisiciúil don bhanlaoch arís eile trína ceangal suas i gcrann le rópaí. Is minic gur mná baotha iad deirfiúracha an bhanlaoich sa tsraith scéalta seo, tréith a chuirtear in iúl in BTI sa chur síos a dhéanann an bheirt deirfiúracha ar chuma Luathramháin: “Céard a dhéanfaidh muid léi [ar] chor ar bith? Náireoidh sí muid cébí áit a rachaidh muid agus tá drochéadach uirthi agus eile”. Tá an bhaois mar shaintréith den charachtracht a dhéantar ar dheirfiúracha níos sine an bhanlaoich i scéalta ATU 510A go minic (Nic Giolla Chomhaill 2016b, 154). In

ainneoin chruálacht na ndeirfiúracha, déanann Luathramhán iad a tharrtháil ó iarrachtaí na caillí iad a dhúnmharú agus cuidíonn sí leo dul ar a dteitheadh. Ní dhéanann sí dearmad ar a gcruálacht, mar sin féin: “‘is olc an aghaidh orthusan tada a dhéanamh dóibh, mar shléadar mé féin a chrochadh faoi dhó [...] agus mharaigh siad mo mháthair’”, a deir sí leis an bhuachaill nuair a deir seisean go bpósfaidh sé duine de na deirfiúracha má ghoideann Luathramhán uirlisí draíochtacha na caillí. Bíodh is go léirítear maithiúnas an bhanlaoich mar thréith inmholta, mar sin, is follasach ón charachtracht a dhéanann Antoine Breathnach uirthi nach furasta baileabhair a dhéanamh di ach an oiread.

5.3.2.2 An Banlaoch agus Muintir a Céile

Cuirtear teannas eile os comhair an éisteora in CBS, is é sin an teannas idir an bhean nuaphósta agus a máthair chéile. Is féidir a áiteamh gurb ionann an chéad bhean chéile atá ag Cú Bán an tSléibhe agus a mháthair ó thaobh na carachtrachta de, nó is bean í seo a bhfuil smacht iomlán aici ar an ógfhear agus déanann sí iarracht é a choinneáil sa bhaile léi féin seachas cead a thabhairt dó saol nua a bhunú neamhspleách uirthise. In ‘Scéal an Ghabhairín Bháin’, is ó mháthair an Ghabhairín Bháin a shaothraíonn an banlaoch na trí oíche codlata in éineacht lena fear céile (Ní Dhuibhne 2002, 1222). Is léir don éisteoir ón deoch suain a thugann sí do Chú Ban an tSléibhe ionas go mbeidh sé dall ar an bhanlaoch agus ar a cuid fulaingthe go mbaineann slítheántacht agus cneámhaireacht as cuimse léi.⁴⁶ Léiríonn Marina Warner go bhfuil dlúthcheangal idir ‘máthair chéile’ agus ‘leasmháthair’ ó thaobh na téarmaíochta de agus ó thaobh an léiriú a dhéantar orthu sna scéalta draíochta, i gcoitinne:

The mother who persecutes heroines like Cinderella or Snow White may conceal beneath her cruel features another kind of adoptive mother, not the stepmother but the mother-in-law, and the time of ordeal through which the fairytale heroine passes may not represent the liminal interval between childhood and maturity, but another, more socially constituted proving ground or threshold: the beginning of marriage. (Warner 1994, 219)

Mar a dúradh cheana, is ar scéal clasaiceach Chúipid agus Psyche atá an tsraith scéalta ATU 425 bunaithe. Áitíonn Warner gurbh í an bandia Venus, máthair Psyche, an

⁴⁶ Cuirtear béim i bhfad níos láidre ar olcas na mná eile seo i leaganacha eile den scéal. Tugann an bhean “striapach brodach” ar an bhanlaoch tar éis di an oíche a chaitheamh in éineacht leis an fhear i leagan Uí Thiománaidhe agus deir duine dá bantracht gur bean ‘antoisgeach’ í, mar shampla (Sirín agus Ó Tiománaidhe 1929, 167; 169).

chéad ‘máthair chéile chruálach’ sa traidisiún liteartha (Warner 1994, 223-224). Bíonn Venus in éad le Psyche mar gheall ar a háilleacht: tar éis do Psyche Cúipid, mac Venus, a phósadh, tugann Venus tascanna deacra do Psyche le cur i gcrích agus fulaingíonn sí drochíde uafásach le linn di a bheith ag déanamh iarrachta iad a chríochnú (Swahn 1955, 373). Léiríonn Warner go bhfuil mórán de na mná cruálacha a fhaightear i scéalta draíochta canónta na hEorpa, *Cinderella*, *Beauty and the Beast* agus *Snow White* ina measc, bunaithe ar charachtracht Venus (Warner 1994, 224). Ar ndóigh, is téama forleathan í coimhlint na brídeoige lena máthair chéile i litríocht agus i mbéaloideas na Gaeilge, mar a chuirtear in iúl i seanfhocail mar ‘Bean mhic is máthair chéile mar bheadh cat is luch ar aghaidh a chéile’ (An Seabhac; Ua Maoileoin 1984, 7). Is féidir a mhaíomh go bhfaightear léiriú meafarach san insint seo ar na céimeanna ba ghá don ógbhean a chur i gcrích chun áit a shaothrú di féin ina teaghlach nua agus chun cumhacht na máthar céile ar a mac a scriosadh, ionas gurbh uirthise a bhronnfaí gradam ‘bhean an tí’.

Tagann an t-aighneas idir bean mhic is a máthair chéile i gceist in COG fosta. Tarraingítear comparáid shoiléir idir Cóitín Luachra agus máthair an fhir óig ó thaobh a gcumas cócaireachta de nuair a thugann an *landlord* agus a mhac araon le fios go bhfuil an béile a réitigh Cóitín níos blasta ná an béile a réitigh an *landlady*: “‘Ara gur measa bliain ó inniu í’, a deir [máthair an fhir], ‘tuige a mbeadh sí in ann dinnéar a ghléasadh [...] chomh maith liomsa?’”. Léiríonn an ráiteas seo míshuaimhneas na máthar go bhfuil bean eile ag bagairt ar a tábhacht siúd i saol a mic. Cuirtear éad na máthar i dtreo na hógmhna in iúl arís eile nuair a deir an stócach gur mian leis Cóitín a phósadh: “‘Ó caitear go dtí é í [...] go ceann seachtaine agus beidh sé tuirseach go maith di’”, a deir sí, rud a léiríonn nach nglacann sí le Cóitín mar bhall dá teaghlach a bheag ná a mhór. Ag deireadh an scéil, is follasach gurb iad tuismitheoirí an ógfhir a shocraíonn cleamhnas dá mac le ‘*lady* an-bhreá gheanúil’ dá rogha féin. Mar a pléadh i gCaibidil 4, faightear léargas sa chuid seo den scéal ar a lárnaí is atá smacht na dtuismitheoirí i saol an ógfhir; meabhraítear don éisteoir gur gá do leannán an bhanlaoich a chaidreamh leis an teaghlach a bhriseadh, díreach mar is gá don bhanlaoch neamhspleáchas dá cuid féin a bhaint amach.

5.3.3 Cúrsaí Aicmeachais

5.3.3.1 An Choimhlint idir Uasal agus Íseal

Tá sé soiléir ón phlé atá déanta ar na scéalta draíochta go dtí seo gur gá don bhanlaoch uasal í féin a shaoradh ó smacht sriantach an teaghlaigh chun a neamhspleáchas a dhearbhu as a stuaim féin. Tarraingíonn Cóitín Luachra ísliú stádais uirthi féin go toilteanach nuair a fhágann sí teach a hathar trí dhul ar aimsir i dteach an mhaoir agus ansin i gcúirt an *landlady*. Sa léamh a dhéanann Daniela Perco agus Christina Bacchilega ar scéalta ATU 510B ón Iodáil, léiríonn siad go bhfuil dlúthcheangal idir na hainmneacha a bhaistear ar bhanlaoch na sraithe seo agus a hísliú stádais: ‘these “Cinderella” titles privilege the articulation of a high vs. low opposition as symbolized by the heroine at her most degraded’ (Perco agus Bacchilega 1993, 76). Tá an deighilt aicmeach le haithint in COG sa smacht a bhíonn ag bean an mhaoir agus ag an *landlady* ar an ógbhean: “Éirigh a Chóitín [...] agus gléas dinnéar don *landlord*”, a deir bean an mhaoir léi. Cuirtear ísliú stádais Chóitín Luachra in iúl le linn di a bheith ar aimsir i gcúirt Chailleach an Oiléain Ghlais chomh maith, áit a maslaíonn mac an *landlord* í mar gheall ar an chuma “ghránna” atá uirthi: “Ní tú muise”, a deir mac an *landlord* léi nuair a mhíníonn sí dó cé hí féin, “ní raibh aon bhean sa domhan ariamh [...] a d’fheicfeá ní ba bhreátha ná Cóitín Luachra, agus ní bean bhreá thusa”. D’fhéadfaí nasc a tharraingt idir an cineál oibre a bhíonn ar bun ag Cóitín agus í ar aimsir sna tithe seo agus an cineál oibre a bhí ar fáil do mhná óga ag tús an fichiú haois, sa bhaile agus ar an choigríoch araon. Sa phlé a dhéanann Danielle Taylor Phillips ar an léiriú a dhéantaí ar imircigh ban a bhí fostaithe mar shearbhóntaí i Meiriceá ag deireadh an naoú haois déag agus ag tús an fichiú haois, míníonn sí gur féidir nasc a tharraingt idir oibríthe Éireannacha agus oibríthe dubha de bharr an chiníochais a d’fhulaing siad: ‘The serving women were described as immoral, unintelligent, uncouth, dirty, lazy, and hostile’ (Phillips 2013, 383). Ba charachtracht í seo a dhaingnigh an deighilt idir fostóir agus fostaí agus a thug dlisteanacht d’ardchéimíocht na meánaicme. Tá an ciníochas a d’fhulaing Éireannaigh a fostaíodh mar chailíní aimsire i dteaglaigh meánaicmeacha i Meiriceá le tabhairt faoi deara i gcuntas Neilí Uí Bheaglaoich ar a taithí mar imirceach in Holyoke, Massachusetts, i bhfichidí na haoise seo caite:

Fuair eas obair i dteannta mo dheirféar Máire ag tabhairt aire do chailín beag a bhí trí bliana d’aois. Níor mhaith liom a bheith ag obair dóibh.

Ní raibh aon mheas ar na cailíní acu. Do cheapadar go rabhadar go hard os ár gcionn. (Ní Dhonnchadha agus Nic Eoin 2008, 193)

Idir na horduithe a thugtar di, an drochéadach a chaitheann sí agus an bealach maslach a labhraítear léi, is furasta ceangal a tharraingt idir taithí Chóitín Luachra mar shearbhónta agus taithí an chailín oibre Éireannaigh sna 1930dí.

Tá deighilt shoiléir idir na haicmí éagsúla síos tríd an scéal seo. Athraíonn an *landlord* agus an *landlady* ina rí agus ina banríon de réir mar a ghluaiseann an scéal ar aghaidh. Is léir gur dearmad é seo a rinne an scéalaí, ach is meancóg shuntasach í mar go dtugtar le tuiscint gurbh ionann an tiarna talún agus an aicme ab airde sa tsochaí. Caitheann an *landlord* agus a mhac a gcuid ama amuigh ag foghláireacht, caitheamh aimsire a bhí coitianta go maith i measc na cinsealachta sa naoú haois déag le linn ré na ‘dtithe móra’. Is ar bhealach áibhéileach a dhéantar saibhreas na n-uaisle a chur i láthair agus is léir ón chur síos a dhéanann an scéalaí ar áras an *landlady* agus an *landlord* nach samhlaítear aon teorainn le rachmas an teaghlaigh seo: ““tá gach rúma i mo theach agus atá de laethanta sa mbliain”” a deir an *landlady* le Cóitín Luachra nuair a bhíonn sí ag iarraidh í a mhealladh chun oibre ina teach féin. Lena chois sin, cuirtear fios ar dhochtúirí ‘as an chuile thír’ nuair a bhuailtear breoite an mac, rud a mheabhraíonn na dochtúirí uile a bhí ag freastal ar lucht an rachmais in SG. Bronntar ‘go leor airgid’ ar an *milk nurse* nuair a thagann sí chuig an chúirt chun mac an *landlord* a leigheas freisin. Is leis an mheánaicme a bhaineann an maor agus a bhean, ina choinne sin. Cé go bhfuil d’acmhainn acusan Cóitín Luachra a fhostú mar chócaire, is léir nach hionann iadsan agus na tiarnaí talún ó thaobh aicme de: ““Is fearr duit [...] éirí [...] agus dinnéar a dhéanamh don *landlady*. Is seo í [...] an *landlady* atá orainn””, a deir bean an mhaoir le Cóitín Luachra. Cé gur ar bhealach simplíoch a chuirtear an deighilt idir na haicmí i láthair i scéalta den chineál seo, is furasta a shamhlú gurbh fhearr an tuiscint a bhí ag daoine nach raibh ach fíorbheagán de mhaoín an tsaoil acu ar an léiriú a dhéantar ar chéimlathas den chineál seo.

5.3.3.2 Ó Dhaibhreas go Saibhreas

Dearbhaítear an nasc idir an uaisleacht agus an áilleacht ag deireadh COG nuair a fhilleann Cóitín Luachra ar an chaisleán ríoga agus é de rún aici í féin a chur i gcuimhne dá fear céile. Nuair a iarrann Cailleach na gCearc ar an bhanlaoch dul in éineacht léi go dtí an bhainis ríoga, bíonn drogall uirthi mar gheall nach bhfuil éadach

fóirsteanach aici: “Ó muise cén graithe a bheadh ag mo leithéidse ann [...] Á muise tá mé nochta le dul ann [...] níl aon éadach mhaith orm”. Cuireann Cailleach na gCearc iachall uirthi dul in éineacht léi go teach na bainise: “Well tá mise ag dul ann”, a deir sí le Chóitín nuair a deir sí siúd nach bhfuil éadaigh sách galánta aici le freastal ar an bhainis, ráiteas a thugann le fios go bhfuil drochéadaigh uirthi féin freisin. Cé nach bhfuil mórán de mhaoín an tsaoil aicise, bronnann Cailleach na gCearc éanlaith agus cruithneacht ar Chóitín gan súil aici aon rud a fháil mar chúiteamh uaithi. Ina theannta sin, cuireann Cailleach na gCearc in iúl do Chóitín go mbeidh ‘spóirt mhór sa gcistin’, mar go mbeidh go leor searbhóntaí ansin. Is féidir a áiteamh go méadaíonn an ráiteas seo luach an chultúir choitinn i gcontrárthacht leis an ardchultúr agus meabhraítear cumas damhsa an chaibléara in SFL: “Well nach aisteach an áit a bhfuil tusa in do sheasamh [...] ag éisteacht le searbhóntaí”, a deir duine de na ‘daoine móra’ atá ar an bhainis le mac an *landord*, ón áit a bhfuil seisean sa pharlús. Is ráiteas díspeagúil é seo a threisíonn an deighilt idir lucht an pharlúis agus lucht na cistine. Nuair a chuireann an stócach fios ar Chóitín Luachra a theacht isteach sa pharlús, bíonn ‘*te he he* ag gáire anonn agus anall’ ag *ladies* an chaisleáin agus iad ‘ag magadh faoin mbean a bhí mac an Rí ag fáil’. A luaithe is a chuireann an banlaoch an chulaith den tsíoda bhán uirthi féin, áfach, nochtar a fíoraitheantas ríoga agus athraíonn meon na n-uaisle: ‘Níl fear ná bean ná *lady* dá raibh ar an rúma nach mb’éigean lámh a chur suas di ag umhlú di nuair a ghabh sí siar’.

Is iníon rí í banlaoch CBS chomh maith céanna, ach íslítear a stádas-sa nuair a phósann sí Cú Bán an tSléibhe agus nuair a théann sí chun cónaithe leis ina bhothán beag. D’fhéadfaí cinneadh an bhanlaoich Cú Bán an tSléibhe a phósadh, seachas fear uasal a roghnú mar a dhéanann a deirfiúracha, a léamh mar mhian an chailín droim láimhe a thabhairt dá dúchas ríoga agus stádas a bhaint amach di féin neamhspleách ar a teaghlach. Cuireann méid an bhotháin bochtaineacht an Chú in iúl agus is féidir nasc a tharraingt idir an áit chónaithe sin agus an riocht “fiáin” ina mbíonn fear céile an bhanlaoich i rith an lae. Is mar gheall ar bhochtaineacht an Chú a sciobann deirfiúracha an bhanlaoich a leanaí uaithi chomh maith, mar a míníodh thuas. Is léir go bhfuil saibhreas as cuimse ag na deirfiúracha de bhrí gur phós siad ríthe, rud a chuirtear in iúl sna camáin óir agus airgid a bhíonn mar bhréagáin ag leanaí an bhanlaoich nuair a fheiceann sí i dtithe a deirfiúracha iad. Is pearsa shaibhir, ríoga é an Cú i dTír na hÓige mar sin féin, ó tharla go bhfuil sé pósta ar bhanríon agus mar go bhfuil searbhóntaí

den uile chineál ag freastal air. Is féidir a mhaíomh go gcuireann scéalta den chineál seo in iúl gur tábhachtaí an caidreamh grámhar ná an rachmas, mar sin féin. Léiríonn an saol saibhir sáthach a bhíonn ag an bhanlaoch agus a fear céile i dTír na hÓige ag deireadh an scéil an saibhreas siombalach a chothaíonn an caidreamh ar fónamh.

Mar a chonacthas i gcás mhic na mbaintreach i gCaibidil 4, is ionann baintreachas mháthair an laoi agus an bhochtaineacht sa seanscéal go minic. Ainneoin chruálacht na ndeirfiúracha níos sine in BTI, is tréith dhearfach í a n-acmhainneacht. Baineann na mná seo úsáid as scil an déantúis éadaigh chun a máthair agus a ndeirfiúr a thógáil agus fuasclaíonn siad iad féin ón bhochtaineacht shíoraí. Murab ionann is na banlaochra eile, a ndéantar íslíú ar a stádas trí mheán na ndúshlán a bhíonn le comhlíonadh acu sa scéal agus a bhfuil bunú agus buanú an chumainn phósta mar phríomhspríoc acu, tá dlúthnasc idir teacht in inmhe Luathramháin agus a saothrú stádais. Sa tsraith ATU 328 i gcoitinne, is iondúil gur pearsa chumhachtach, ardaicmeach é an fathach a bhíonn le cloí ag an príomhcharachtar. In insint Bhreathnaigh, is ‘Teach breá [...] teach mór’, é teach na caillí agus is léir mar sin gur ball den uasaicme í an phearsa bhagarthach seo. Ag trácht di ar laochra fireanna sa tsraith ATU 328, deir Nancy Canepa:

The open-ended and polemical interrogation of authority and exemplarity that we find in some form in all of these tales suggests a broader preoccupation with issues of power, justice, and truth-telling, as well as a search for new ways of understanding. (Canepa 2014, 131)

Dar le Nancy Canepa, déantar comhrac an laoi leis an phearsa arrachtach a athmhúnlú ar bhealach íoróineach sa tsraith ATU 328 go sonrath, ionas gur gnáthdhuine a chomhlíonann ról an laoi: ‘physical valour is substituted by wits, and the liberation of a princess (often a standard task of more elite heroes) by the more quantifiable appropriation of the giant’s massive treasures’ (Canepa 2014, 118-119). De réir na tuisceana seo, is siombailí iad na huirlisí a ghoideann Luathramhán ón chailleach – an chearc agus an coileach a bhfuil leigheas iontu, an phluid a bhfuil caint aici agus an claíomh – de chumhacht agus de shaibhreas na caillí. Trí na huirlisí sin a ghoid, téann Luathramhán i neart de réir mar a théann an chailleach i laige. Cé nach maraíonn an banlaoch an chailleach ag deireadh an scéil, fágann sí drochbhail uirthi nuair a chaitheann sí cloigeann mhac na caillí isteach sa phota anraith: ‘níor fhág sé liobar craicinn ar a héadan nár stróic sé agus nár scól sé fré chéile, ná ar a cosaí. Agus

bhí sí millte scólta ansin’. Ní chuirtear in iúl go sonrach gur pearsana saibhre iad an triúr buachaillí a shaothraíonn Luathramhán agus a deirfiúr le pósadh, ach is iondúil gur den uasaicme iad agus tuigimid ón saol ‘sáthach compórdúil’ a bhíonn ag an bhanlaoch agus a deirfiúracha ó dheireadh an scéil amach nach mbíonn aon ghanntanas orthu. Dála mhac na baintrí mar sin de, is pearsa spreagúil í Luathramhán a dhiúltaíonn don neamhionannas sóisialta a chuirtear in iúl trí phearsa na caillí. Ní cheadaíonn sí don eagla easpa misnigh dá laghad a chur uirthi, beag beann ar a mhóorthaibhsí is a bhíonn na dúshláin a thagann os a comhair. “[I]s doiligh dom a dhéanamh ach féachfaidh mé leis”, a deir sí nuair a iarrann an buachaill uirthi dul a fhad le hoileán na caillí agus cearc agus coileach a ghoid uaithi.

Tagann an t-aicmeachais chun cinn ar bhealach suimiúil i sraith 4. Is mar gheall go mbaineann an banlaoch stádas níos airde ná a deirfiúracha amach nuair a phósann sí an Rí a spreagtar éad iontusan: ‘*Well* bhí an bheirt eile ag freastal uirthi [...] ag freastal ar an mbean ab óige’. Bíodh is gur roghnaigh siadsan searbhóntaí an Rí mar fhir chéile, ní féidir leo glacadh le saibhreas ná le stádas a ndeirféar agus tugtar le fios gurb é an teannas seo a spreagann iadsan míchlú uafásach a tharraingt uirthi. Is é an Rí, fear céile an bhanlaoich, an phearsa is mó stádais sa scéal seo, ach tá an maor a aimsíonn na páistí agus a thógann aníos iad in éineacht lena bhean ‘saibhir sáthach le caiple agus le beithígh agus le caoirigh’ chomh maith. Cuireann seisean an triúr páistí ar scoil agus faigheann sé capall an duine dóibh, rud a léiríonn a shaibhreas agus a chumas aire mhaith a thabhairt do na páistí. Bíodh is gur d’aicmí sóisialta éagsúla iad an Rí agus an maor, mar sin de, faighimid léargas arís anseo ar an sruth airgid gan teorainn a fhaightear i ndomhan idéalach an tseanscéil. Faoi dheireadh an scéil, nuair atá fíoraitheantas na bpáistí agus na máthar tagtha chun solais, is mar ‘dhá *lady*’ a dhéanann an scéalaí cur síos ar an bhanlaoch agus a hiníon, rud a léiríonn gur mar mhná uasaicmeacha a chaitheann siad an chuid eile dá saoil agus iad ar a sáimhín só.

5.4 Ceangal

Tá sé le sonrú ó bhunstruchtúr scéalta na mbanlaochra go dtugann na hógmhná atá mar phríomhcharachtair sna scéalta seo a ndúshlán do mhórán de bhanlaochra “canónta” an bhéaloidis, a samhlaítear soineantacht agus easpa gníomhaíochta leo go minic. Dála a mbráithre sna scéalta fireanna, fágann na hógmhná seo uile an baile d’fhonn aistear an teacht chun aibíochta a chur i gcrích agus is ionann na tréithe a

mbíonn orthu a fhorbairt agus tréithe inmholta sna pobail inar insíodh na scéalta. Arís eile, méadaíonn na huirlisí reacaireachta ar bhain na scéalaithe leas astu ár dtuiscint ar na teachtaireachtaí ar mhian leo a chur os comhair a n-éisteoirí sa chomhthéacs insinte.

Cuirtear béim i bhfad níos láidre ar bhunú agus ar shlánú an chumainn phósta i scéalta na mbanlaochra ná mar a chuirtear sna scéalta fireanna. Tá an claonadh seo ag teacht le scéalta draíochta na mbanlaochra i dtraidisiún béaloidis na hÉireann i gcoitinne agus dearbhaíonn sé an dearcadh gurbh ionann an pósadh agus “cur i gcrích” na hógmhna sa tsochaí thraidisiúnta. Is ar chrann na mná a thiteann sé marthanacht an chumainn phósta a chinntiú agus is díol suntais é go gcuirtear béim ar an fhéinfhulaingt agus ar an fhoighne mar thréithe atá le moladh. Ach an oiread lena comhbhádóirí fireanna, is furasta ceangal soiléir a aithint idir na tréithe a léiríonn an ógbhean le linn an turais go dtí an domhan osnádúrtha agus tréithe inmholta na mban i sochaí thraidisiúnta na hÉireann. Is tréith tharraingteach í an láidreacht cholainne i gcás na mban agus na bhfear araon, ach is léir gur leis an bhean is mó a shamhlaítear bua na ceardaíochta sna scéalta seo trí chéile; is beag an t-ionadh é seo nuair a chuimhnítear ar an ról lárnach a d’imir na mná i dtionscail bhaile mar an fhíodóireacht le fada an lá. Murab ionann is scéalta na laochra, tá tábhacht ar leith ag an teacht chun áilleachta i gcomhthéacs an teacht in inmhe i scéalta na mbanlaochra: ní hamháin gur gá don bhean scileanna a fhorbairt a rachaidh chun tairbhe di ag leibhéal an teaghlaigh agus na sochaí, ní mór di freisin fiántas a nádúir a cheansú agus cuma shlachtmhar a chur uirthi féin trína colainn a ghléasadh i ngúnaí galánta.

Tá dúshlán na hógmhna fite fuaite lena ról mar bhean chéile agus mar mháthair chlainne sna scéalta seo trí chéile agus is déine an phianpháis fhisiciúil a fhulaingíonn sise ná mar a fhulaingíonn a comhbhádóirí fireanna i limistéar na hosnádúrthachta sa rogha scéalta a ndéantar scagadh air sa tráchtas seo. Ar ndóigh, is claonadh é seo a bhfuil meon patrarcach an mhúnla scéalaíochta seo i gcoitinne mar bhunús leis agus is láidre i bhfad é i sraitheanna scéalta mar ATU 425 agus ATU 707, ina gcuirtear slánú an chumainn phósta agus saolú na leanbh chun cinn mar phríomhdhualgais na mná. Maítear gur léargas réadúil í an drochíde a thugtar don bhean nach n-éiríonn léi an ról seo a chomhlíonadh den imeallú córasach a rinneadh ar mhná ar “theip” orthu de réir thuiscintí dochta an phobail thraidisiúnta faoin bhanúlacht idéalach. B’fhurasta a shamhlú go bhfaighfí léargas níos báúla ar chruachás an bhanlaoch sna scéalta seo dá mba bhanscéalaí a d’inis an scéal, ar ndóigh. Ina choinne sin, is féidir a áiteamh gur

ar bhealach an-dearfach a dhéantar carachtracht ar an bhanlaoch sna scéalta seo i gcoitinne, d’ainneoin go bhfulaingíonn an bhean a sciar féin den anró faoi chóras docht an phatrarcachais. Chomh maith leis sin, tá an móradh a dhéantar ar údarás, ar acmhainneacht agus ar bhuanseasmhacht na mban ag teacht go maith leis an eolas atá againn faoi ról agus stádas na mná sa teaghlach tuaithe.

Is díol suntais é an léiriú a dhéantar ar mhná naimhdeacha i scéalta na mbanlaochra agus is mór an chodarsnacht idir na naimhde bainneanna a bhíonn le sárú ag an bhanlaoch agus na pearsana fireanna ar gá don laoch dul i gcomhrac leo. Tá an tslítheántacht go mór chun cinn sa charachtracht a dhéantar ar na mná mallaithe a bhíonn le sárú ag na mná seo uile. Cé acu an ionadaithe dá teaghlach féin nó de theaghlach a fir céile iad na mná seo, tacaíonn a n-iompar leis an téis go bhfuil cruálacht na mban i réim i múnla reacaireachta an scéil dhraíochta agus nach mór drochiompar na mban a bhrú faoi chois trí mheán an fhoréigin agus an cheansaithe. Ach an oiread leis na scéalta fireanna, is ionann an t-athair clainne agus pearsa uilechumhachtach a bhfuil baill uile an teaghlaigh faoina smacht. Cuirtear béim i bhfad níos láidre ar smacht plúchtach an athar sna scéalta seo ámh, go háirithe sna hinsintí ina dtagann an ciorrú coil i gceist. Is furasta an charachtracht dhiúltach a dhéantar ar an athair clainne i scéalta na mbanlaochra a thuiscint nuair a mheabhraítear nach mór don ógbhean a dílseacht a aistriú ón teaghlach inar fhás sí aníos go dtí an cumann atá á bhunú aici lena céile. Ní hionadh é i ndairíre nach bhfilleann an banlaoch ar limistéar an teaghlaigh tar éis di próiseas an teacht in aibíochta a chur i gcrích, mar sin féin. Mar a pléadh i dtaca le scéalta na laochra fireanna, ba mhinic a tháinig aistriú tíreolaíoch na mná i gceist leis an phósadh sa phobal traidisiúnta. Meabhraíonn Ó Giolláin go raibh

ábhar achrainn idir staid na mná mar stróinséir agus a tábhacht san eacnamaíocht. Bhí achrann freisin idir thábhacht lárnach na mna i gcinniúint, agus i leanúint ar aghaidh, na clainne ar thaobh amháin agus údarás an fhir ar an taobh eile (Ó Giolláin 2005, 113).

Ní miste suntas a thabhairt do ról na máthar in ullmhú na hiníne don saol nua seo atá amach roimpi sa chomhthéacs seo: cé nach bhfuil an mháthair mar phríomhcharachtar i ngach scéal, tá tábhacht shiombalach na máthar le haithint sa chomhairle agus sa tacaíocht a shaothraíonn an ógbhean ó Chailleach na gCearc. Cé go gcuirtear béim láidir ar dhóchas na dtuismitheoirí go ndéanfaidh an chéad ghlúin eile cúram díobhsan

in TDIC, is i bhfearann a fir chéile a théann an banlaoch chun cónaithe ag deireadh an scéil, murab ionann is a comhbhádóirí fireanna.

Ach an oiread le scéalta Chaibidil 4, tá an choimhlint idir íseal agus uasal go mór chun cinn sna scéalta seo. Is furasta ceangal a tharraingt idir tástáil an bhanlaoich le linn an aistir sa domhan osnádúrtha agus an taithí a bhí ag mórán de mhná na tuaithe ar obair shearbhónta ag fás aníos dóibh. Dála na laochra fireanna, ní mór don ógbhean caint mhaslach, pianpháis agus drochíde fhisiciúil a fhulaingt ó phearsana níos cumhachtaí ná í féin le linn a turais lasmuigh de ghnáth-theorainneacha an phobail. Faightear léargas arís eile sa chaibidil seo ar an deighilt idir na haicmí atá mar shainghné den tsraith ATU 313, nó is é bunús an scéil seo gur gá don ógbhean a haitheantas a chur i gcuimhne dá fear céile agus ardú stádais buan a shaothrú trí eisean a phósadh. Tá cónascadh suaithinseach idir an urlabhraíocht agus an ealaín le brath san ionramháil a dhéanann an banlaoch ar éanlaith feirme d'fhonn a racht a scaoileadh. Go deimhin, tá tábhacht ar leith ag an chaint mar uirlis troda sna scéalta seo trí chéile, mar gur trí mheán an chomhrá a chuireann an scéalaí tréithe dearfacha na hógmhna in iúl. Áitítear gur féidir nasc a tharraingt idir caint chliste, chumasach na hógmhna sna scéalta seo agus ról an scéalaí féin, nó b'ionann an reacaireacht agus gníomh gaisciúil a raibh sárú ghnáth-theorainneacha an tsaoil mar bhunús léi.

Conclúid

Is brainse é an cnuasach béaloidis a thionsaigh Proinnsias de Búrca ina cheantar dúchais féin sa tréimhse 1935-1937 den ollbhailiúchán náisiúnta a cruthaíodh faoi choimirce Choimisiún Béaloideas Éireann le linn shaolré na heagraíochta sin. Ar mhórán bealaí, tá cnuasach an Bhúrcaigh ag teacht le bailiúcháin eile d'ábhar béil a cruinníodh ar fud na hÉireann sa tréimhse chéanna faoi choimirce an Choimisiúin, óir ba í príomhchuspóir fear a stiúrtha 'sean-aimsireacht nó béaloideas na hÉireann do bhailiú, d'fhoilsiú nó do chur ar buanchoimeád dos na daoine a thioctfaidh inár ndiaidh' (Ó Duilearga 1927, 3). Is bailiúchán é CBÉ a bhfuil stair chasta aige, mar sin féin, agus is maith a thuilleann sé iniúchadh géar a dhéanamh air chun a láidreachtaí agus a laigeachtaí mar thaifead cultúrtha a mheas. Sa tráchtas seo, féachadh le mionléamh criticiúil a dhéanamh ar bhailiúchán béaloidis an Bhúrcaigh chun na cúinsí éagsúla a raibh tionchar acu ar chruthú agus ar mhúnlú an tsainchnuasaigh sin a cheistiú agus chun an chartlann chultúrtha seo a 'athluacháil mar *léann*, mar *eolas*', mar a mholann Ó Giolláin a dhéanamh (Ó Giolláin 2005, 135).

Ní féidir tionscnamh bailithe Choimisiún Béaloideas Éireann a thuiscint neamhspleách ar bhunú agus ar fhorbairt léann an bhéaloidis san Eoraip agus, mar a míníodh i gCaibidil 1, is follasach go raibh meon Shéamuis Uí Dhuilearga i leith an bhéaloidis go mór faoi anáil idé-eolaíochtaí an rómánsachais agus an náisiúnachais chultúrtha, gan trácht ar scoláireacht béaloidis na linne sin. Dála mhórán scoláirí béaloidis eile i dtús an fichiú haois, bhí dearcadh docht ag an Duileargach ar an rud is béaloideas "barántúil" ann agus ar na gnéithe den chultúr dúchais ab fhiú a aimsiú, a thiomsú agus a choinneáil ar buanchoimeád mar fhianaise d'oidhreacht chultúrtha an náisiúnta. Mar a pléadh i gCaibidil 2, ba ar na scéalaithe a d'inis scéalta fada fantaiseacha a bhíodh triall an Duileargaigh nuair a thugadh sé cuairt ar Dhúiche Sheoigheach sna 1930dí agus ní hionadh é, dá bharr sin, go ndearna an Búrcach a sheacht ndícheall a mhacasamhail de scéalaithe agus de scéalta a aimsiú agus é amuigh sa ghort. Is féidir a chur i gcoinne an Bhúrcaigh, mar a rinne an Stiúrthóir féin ó am go chéile, go raibh neamart á dhéanamh aige i réimsí áirithe den traidisiún béil sna blianta ar díródh orthu anseo, an seanchas agus an stair shóisialta san áireamh, de bharr go raibh béim thar an choitiantacht á leagan aige ar na scéalta fada béaloidis. Thairis sin, tá sé le sonrú gur beag ionadaíocht a rinne an Búrcach ar chultúr béil na mban agus é i mbun bailithe. Ní féidir a rá, mar sin de, gur cnuasach ionadaíoch é

Conclúid

bailiúchán an Bhúrcaigh sna blianta seo de chultúr béil Dhúiche Sheoigheach ina iomláine: is mór an t-ábhar doilís é seo nuair a chuimhnítear go raibh mná sa cheantar a raibh cáil na scéalaíochta orthu agus a raibh scéalta draíochta den chineál a shantaigh an bailitheoir mar chuid dá stóir scéalta. Murab ionann is na scéalaithe fir a ndeachaigh an Búrcach a fhad leo go mion minic agus é i mbun cnuasaithe, is beag taifead a mhaireann sa bhailiúchán seo d'eispéireas saoil na mban agus is mór an fhaillí é an folús sin.

Dá ainneoin go raibh easaontais idir an Búrcach agus lucht a mhaoirseachta i gceannoifig an Choimisiúin ó am go chéile, chuir Séamus Ó Duilearga in iúl do Phroinnsias sa bhliain 1944, sular aistrigh sé go dtí Coimisiún na Talún, go raibh 'cnuasach breá d'oideas béil an cheantair sin curtha ar fáil' aige agus gur mhór ab fhiú an t-ábhar sin a chur i gcló, 'i slí is go bhfeicfidh an saol fódlach a fheabhas atá béaloideas Dhúiche Sheoigheach agus a fhirinní atá sé bailithe agus saothraithe agat' (Comhfhreagras 26/02/1944). Mar a míníodh i gCaibidil 3, thug an Búrcach gnéithe tábhachtacha den traidisiún scéalaíochta chun solais ina bhailiúchán nár ghnách aird a dhíriú orthu faoi threochtaí béaloidis na linne. Ar an chéad dul síos, níor leasc leis scéalta a thaifeadadh ó scéalaithe óga, d'ainneoin go raibh claonadh láidir i dtreo fhaisnéiseoirí níos sine i measc fhoireann an Choimisiúin i gcoitinne. Ina theannta sin, thóg an Búrcach scéalta draíochta ó scéalaithe óga agus ó sheanscéalaithe araon a raibh a mbunús i gcnuasaigh liteartha. Ba chleachtas míchuibhiúil é seo de réir scoláireacht bhéaloidis na linne agus, cé gur chuir an Duileargach ina choinne, maítear gur thug an Búrcach léargas fírinneach ar staid reatha an chultúir bhéil ina cheantar dúchais, cultúr as ar fáisceadh é féin agus a raibh tuiscint den scoth aige air ó bhí sé ina ghearrstócach.

Ní rud buanseasmhach, aonchineálach é an cultúr: fásann sé, forbraíonn sé agus athmhúnláíonn sé é féin d'fhonn dul in oiriúint don domhan mórthimpeall air, dála aon orgánaigh. Tá an mórmheas a bhí ag mórán de mhuintir na Dúiche seo, idir óg agus aosta, ar an chleamhnas a d'fhéadfá a chruthú idir an scríbhneoireacht agus an cultúr béil le tabhairt faoi deara sa fhlúirseacht ábhair as Dúiche Sheoigheach a cuireadh i gcló in *An Stoc*, sa mhéid de na scoileanna áitiúla a ghlac páirt i mBailiúchán na Scol ón bhliain 1934 i leith, agus sa líon ard scéalaithe a tharraing ar scéalta béaloidis a foilsíodh i gcnuasaigh liteartha chun a gcuid *repertoire* pearsanta a mhéadú. Chuige sin, faightear fianaise den scoth sa chnuasach seo den chumasc cultúrtha a dtugann Ó Giolláin suntas dó, ar sainghné é de chultúr an tsaoil

chomhaimseartha: ‘Nuair nach raibh seansaol ann a thuilleadh a chothódh cultúr traidisiúnta, chothaigh daoine a bhí idir an tuaith agus an chathair, idir Éirinn agus an imirce, idir an talmhaíocht agus an tionsclaíocht, cultúr measctha a bhí ag freagairt don saol sin’ (Ó Giolláin 2005, 123). D’ainneoin a chúlráidí agus a thearcfhorbartha is a bhí an réigiún seo ó thaobh infreastruchtúir de, bhí comhrá síoraí idir é agus an domhan lasmuigh de mar gheall ar a choitianta is a bhí an imirce shéasúrach, go háirithe, i measc theaghlaigh na Dúiche.

Is maith a thagann na scéalta draíochta a ndearnadh mionléamh orthu i gCaibidil 4 agus 5 le téis Zipes gurb uirlis í an tsamhlaíocht a chuireann ar chumas ghrúpa daoine na coinníollacha leatromacha faoina maireann siad a cháineadh agus a spreagann dóchas iontu freisin gur féidir na coinníollacha sin a shárú (Zipes 2002, 32). Is scéalta iad seo a mbeidh cuma shoineanta, neamhchasta orthu do léitheoir an lae inniu b’fhéidir, ach níor cheart beag is fiú a dhéanamh den tábhacht a bhain le hinsintí den chineál seo i gcothú meanma agus misnigh i measc daoine a raibh beagán de mhaoin an tsaoil acu. Freagraíonn na dúshláin fhantaiseacha a thagann os comhair an phríomhcharachtair, agus cosán dá cuid féin á bhualadh aige sa saol, do na castachtaí atá mar bhunús le heispéireas an teacht in inmhe i gcoitinne. Trí mhisneach a choinneáil go dtiocfaidh an uile rud ina cheart sa deireadh agus trí ghlacadh leis an tacaíocht a bhronntar air/uirthi agus an ród seo á thriall aige/aici, seasann laoch nó banlaoch an scéil dhraíochta mar ionadaí an ghnáthdhuine agus tugann a eispéireas siúd le fios don lucht éisteachta go bhfuil a mianta féin inbhainte amach.

Áitíonn Ó Giolláin gur ‘domhan gan mhoráltacht’ é domhan an tseanscéil agus go bhfuil ‘an bhéim ar fad ar ghaisce an laoch seachas ar dhlúthpháirtíocht an phobail’ (Ó Giolláin 2005, 107). Ina choinne sin, saintuiscint de na scéalta a ndearnadh scagadh orthu anseo is ea nach féidir leis an duine maireachtáil beag beann ar na luachanna atá mar bhunchloch le cruinnessamhail chomhchoiteann an phobail. Cé gur aistear aonair atá in aistear an phríomhcharachtair go dtí an domhan osnádúrtha, is i mbéasa agus in iompar an phobail a oiltear é/í le linn an turais sin agus glactar leis go gcomhlíonfaidh an t-ógánach a ról mar bhall inniúil den tsochaí ar fhilleadh ar an domhan iarbhír dó. Más scéalta iad a mholann an fhortúlacht fhisiciúil, an acmhainneacht agus an bhuanseasmhacht sna fir agus sna mná araon, ní hionadh é seo nó bhí rath an duine sa phobal seo fite fuaite lena c(h)uid scileanna agus lena c(h)umas feidhmiú mar bhall táirgiúil d’aonad an teaghlaigh. Is tréith ríthábhachtach é an cumas urlabhraíochta de

réir loighic an scéil dhraíochta chomh maith: ach an oiread leis an láidreacht agus an lúfaireacht fhisiciúil, is uirlis throda é an comhrá a chuireann ar chumas an té atá thíos fórsaí na héagóra a chloí agus a oineach a bhuanú i measc a mhuintire.

Dar le Donald Haase, tá géarghá ann go ndéanfaí ‘dichoilníú’ ar léann an tseanscéil mar a d’fhorbair sé san fhichiú haois, mar go bhfuil an disciplín bunaithe ar theoiricí a rinne beag is fiú den téacs “bunaidh”, den reacaire féin agus den phróiseas trínar aistríodh na téacsanna sin ar mhaithe le cuspóirí éagsúla a bhaint amach, faoi scáth theoiricí eolaíochá an bhéaloidis (Haase 2010, 23). Chuige sin, ní mór do scoláirí comhaimseartha an scéil dhraíochta na bealaí a chruthaítear agus a nglactar leis an mhúnla scéalaíochta seo a thuiscint mar ghníomhartha a bhfuil an t-aistriúchán, an t-athchruthú agus an chumarsáid thras-chultúrtha mar bhunús leo (Haase 2010, 30). Is beag aird atá saothraithe ag seánra reacaireachta an scéil dhraíochta i measc scoláirí béaloidis na hÉireann ó thaobh na mionanailíse de le roinnt glúnta anuas agus is beag saothar taighde a threabhann an gort seo i nGaeilge, go háirithe. Trí dhíchonstráidiú a dhéanamh ar chnuasach scéalta an Bhúrcaigh sa tráchtas seo, féachadh le léargas as an nua a thabhairt ar luach cultúrtha an ábhair atá ar buanchoimeád sa chnuasach sin.

Ní fhéadfaí ach an barr a scríobadh sa staidéar seo, ar ndóigh, agus is fairsing an gort atá le treabhadh sa chnuasach áirithe seo agus i léann an scéil dhraíochta i gcoitinne in Éirinn go fóill. D’fhéadfaí saothar iomlán a bhunú ar aon cheann de na scéalaithe ná na sraitheanna scéalta a bhí faoi chaibidil anseo: trí iniúchadh a dhéanamh ar scéalaí amháin agus ar a *repertoire* scéalta, mar shampla, níl amhras ach go méadófaí ár dtuiscint ar fheidhm na scéalta draíochta sa chomhthéacs soch-chultúrtha. Gné eile den anailís nár cuimsíodh sa tráchtas seo is ea an léamh comparáideach: trí insintí na scéalaithe éagsúla a chur i gcodarsnacht lena chéile, is mó eolas a d’fhuasclófaí faoin chraiceann a chuireann an scéalaí, mar ealaíontóir aonair, ar chreatlach an bhunscéil. Níl sa tráchtas seo ach cúnamh an dreoilín don fharraige i dtaca leis an mhéid atá le déanamh go fóill mar sin de, ach tá súil agam mar sin féin go spreagfaidh sé níos mó fiosrúcháin agus scoláireachta ar chnuasach an Bhúrcaigh agus ar léann an scéil dhraíochta i gcoitinne. Mar a dúirt an dreoilín féin, “Sin méadú ort!” Dá laghad é, mar sin is tús é. Níos mó ná sin, tá súil agam gur éirigh liom léiriú macánta a dhéanamh ar shaothar saothriúil Phroinnsias agus na scéalaithe a bhronn a gcuid scéalta go fial air. Gura fada buan a mhairfidh a n-iomrá.

Aguisín 1

Na Scéalta Draíochta Uile a Bhailigh Proinnsias de Búrca, 1935-1937

Teideal	Rangú ATU	Scéalai	Aois	Seoladh	Dáta	Tagairt CBÉ
Fios, Luathas agus Leigheas	Cf. 333	Pádraig Ó Súilleabháin	71	Baile an Tobair, Corr na Móna	26/02/1935	161: 9-20
Seán na Scuab	566 & 567	Pádraig Ó Súilleabháin	71	Baile an Tobair, Corr na Móna	15/05/1935	161: 22-40
Mac Bhaintreach Chill Ghlasáin	300	Pádraig Ó Súilleabháin	71	Baile an Tobair, Corr na Móna	17/05/1935	161: 41-63
Éan an Cheoil Bhinn	301 & 329 & 550	Pádraig Ó Súilleabháin	71	Baile an Tobair, Corr na Móna	25/02/1935	161: 65-81
Iascaire Chonamara	400	Pádraig Ó Súilleabháin	71	Baile an Tobair, Corr na Móna	26/02/1935	161: 82-97
An Bromach Gliobach	531	Pádraig Ó Súilleabháin	71	Baile an Tobair, Corr na Móna	26/02/1935	161: 101-121
Fathach an Ghruaig Óir ar an Oileán Uaigneach	461	Pádraig Ó Súilleabháin	71	Baile an Tobair, Corr na Móna	26/02/1935	161: 121-133
Pléaráca na Rua-Caillí ar Aonach na bhFaochan	571B	Pádraig Ó Súilleabháin	71	Baile an Tobair, Corr na Móna	29/05/1935	161: 135-140
Scéal na gCat	402	Pádraig Ó Súilleabháin	71	Baile an Tobair, Corr na Móna	01/06/1935	161: 174-181
Scéal na gCat	613	Pádraig Ó Súilleabháin	71	Baile an Tobair, Corr na Móna	02/06/1935	161: 212-221
Muilleoir a d'fhág Cat ag a Mhac	545B	Pádraig Ó Súilleabháin	71	Baile an Tobair, Corr na Móna	02/06/1935	161: 254-260

Aguisín 1

Curadh Glas an Eolais	313	Pádraig Ó Súilleabháin	71	Baile an Tobair, Corr na Móna	02/09/1935	162: 1-30
Scéal an Ghamhain Bháin	313	Pádraig Ó Súilleabháin	71	Baile an Tobair, Corr na Móna	03/09/1935	162: 76-92
Scéal Jack	330	Pádraig Ó Súilleabháin	71	Baile an Tobair, Corr na Móna	08/09/1935	162: 119-131
Rórí Liam Lámh Láidir	650	Pádraig Ó Súilleabháin	71	Baile an Tobair, Corr na Móna	08/09/1935	162: 136-149
Bradán an Easa Ruadh	673	Pádraig Ó Súilleabháin	71	Baile an Tobair, Corr na Móna	08/09/1935	162: 150-152
<i>Four Clever Brothers</i>	653	Liam de Búrca	83	Seanadh Farracháin, An Fhairce	12/09/1935	162: 250-258
An Píobaire ó Mhuintir Eóin	503	Pádraig Ó Maolruaidh	69	Tír na Cille, An Mám	15/09/1935	162: 296-300
<i>Grateful Dead</i>	505-508 & 513A	Mícheál Breathnach	71	An Mám	18/09/1935	162: 317-327
An Cuíor-annach Rua Dhearg	400	Pádraig Ó Súilleabháin	71	Baile an Tobair, Corr na Móna	20/09/1935	162: 33-51
An Fáth go bhfuil Salann sa bhFarraige	565	Mícheál Breathnach	71	An Mám	21/09/1935	163: 25-32
An Peata a bhí i bhfad ar a Mhaim	650	Mícheál Breathnach	71	An Mám	23/09/1935	163: 33-47
Seán Tincéara	332	Liam de Búrca	83	Seanadh Farracháin, An Fhairce	19/09/1935	163: 56-62
Mac Chailleach Chill Ghlasáin	300	Liam de Búrca	83	Seanadh Farracháin, An Fhairce	20/09/1935	163: 76-85
An Fhírinne agus an Bhréag	613	Liam de Búrca	83	Seanadh Farracháin, An Fhairce	20/09/1935	163: 88-93
Seáinín Gréasaí	332	Seán Ó Cadhain	39	An Cor, an Mám	24/09/1935	163 :153-164

Aguisín 1

Triúr Mac Rí Éireann	530 & Cf. 300	Tomás Ó Cadhain	24	An Cnoc Bán, Dubhachta, Corr na Móna	06/10/1935	163: 287-298
Mac an Iascaire agus na Péarlaí	554	Tomás Ó Cadhain	24	An Cnoc Bán, Dubhachta, Corr na Móna	06/10/1935	163: 299-316
Slí na Fírinne agus Sí na Bréige	613	Seán Ó Cadhain	75	An Cnoc Bán, Dubhachta, Corr na Móna	08/10/1935	163: 317-337
Mac na Baintrí	650	Tomás Ó Súilleabháin	45	Baile an Tobair, Corr na Móna	09/10/1935	163: 364-383
Na Naoi nÉan agus Úlla an Rí	550	Tomás Ó Cadhain	24	An Cnoc Bán, Dubhachta, Corr na Móna	10/10/1935	163: 453-474
An Caisleán a Chodail Céad Bliain	410	Tomás Ó Cadhain	24	An Cnoc Bán, Dubhachta, Corr na Móna	10/10/1935	164: 6-15
Seisear Iníonacha agus Seisear Mac an Rí	505-508	Tomás Ó Cadhain	24	An Cnoc Bán, Dubhachta, Corr na Móna	14/10/1935	164: 17-31
Giorria an Leataobh Óir agus an Leataobh Airgid	303	Tomás Ó Cadhain	24	An Cnoc Bán, Dubhachta, Corr na Móna	14/10/1935	164: 32-50
Iascaire Chonamara	554 & Cf. 316	Tomás Ó Cadhain	24	An Cnoc Bán, Dubhachta, Corr na Móna	14/10/1935	164: 51-75
Triúr Iníonacha an Fheilméara	707	Tomás Ó Cadhain	24	An Cnoc Bán, Dubhachta, Corr na Móna	14/10/1935	164: 76-90
An Ridire Uamhain	301A	Tomás Ó Cadhain	24	An Cnoc Bán, Dubhachta, Corr na Móna	14/10/1935	164: 91-111
Mac na Baintrí	650	Tomás Ó Súilleabháin	40	Baile an Tobair, Corr na Móna	19/10/1935	164: 243-254
Scéal an Amadáin	300	Máirtín Ó Cadhain	35	An Cnoc Bán, Dubhachta, Corr na Móna	19/10/1935	164: 298-325
Mac an Rí agus an tSíóg	Aimhrialta	Tomás Ó Cadhain	24	An Cnoc Bán, Dubhachta, Corr na Móna	19/10/1935	164: 329-354
Mac an Rí agus an Draíodóir	Cf. 313 & cf. 316	Tomás Ó Cadhain	24	An Cnoc Bán, Dubhachta, Corr na Móna	19/10/1935	164: 355-389

Aguisín 1

Fionn Mac Cumhaill	Cf. 513A	Pádraig Ó Súilleabháin	71	Baile an Tobair, Corr na Móna	12/11/1935	164: 515-527
Feiliméaraí Bhéal Átha na Slua	Cf. 531	Tomás Ó Súilleabháin	40	Baile an Tobair, Corr na Móna	02/11/1935	164: 401-416
An Claíomh Draíochta	725	Pádraig Ó Súilleabháin	71	Baile an Tobair, Corr na Móna	12/11/1935	164: 458-471
An Bhanríon a chodail Céad Bliain	410	Pádraig Ó Súilleabháin	71	Baile an Tobair, Corr na Móna	16/11/1935	164: 528-533
Madadh Dubh na gCoillte Réagúin	333	Mícheál Ó Cadhain	50	Dubhachta, Corr na Móna	16/11/1935	164: 534-549
Rí Wallace Chonnachta	Cf. 316	Pádraig Ó Súilleabháin	71	Baile an Tobair, Corr na Móna	16/11/1935	165: 8-31
Éirigh Choin faoi na Gabhair	425 & 707	Pádraig Ó Súilleabháin	71	Baile an Tobair, Corr na Móna	16/11/1935	165: 32-53
Scéal na gCat	402	Mícheál Ó Cadhain	50	Dubhachta, Corr na Móna	16/11/1935	165: 46-52
Iníon Rí Éireann	Cf. 554	Tomás Ó Cadhain	24	An Cnoc Bán, Dubhachta, Corr na Móna	25/11/1935	165: 62-85
Fear na Féasóige Óir	554	Tomás Ó Cadhain	24	An Cnoc Bán, Dubhachta, Corr na Móna	25/11/1935	165: 86-121
Iascaire Chonamara	580	Tomás Ó Súilleabháin	40	Baile an Tobair, Corr na Móna	26/11/1935	165: 140-153
An Iúdach	506	Pádraig Ó Súilleabháin	71	Baile an Tobair, Corr na Móna	26/11/1935	165: 154-172
Mac Baintreach Loch Coirib	650	Pádraig Ó Súilleabháin	71	Baile an Tobair, Corr na Móna	26/11/1935	165: 173-190
Mac Baintrí	Cf. 300	Tomás Ó Súilleabháin	40	Baile an Tobair, Corr na Móna	29/11/1935	165: 191-245
An Muileann Salainn	565	Mícheál de Búrca	69	Tír an Fhia, Corr na Móna	02/12/1935	165: 246-256

Aguisín 1

Scéal an Scéalaí agus Scéal an Ainscéalaí	Cf. 313	Pádraig Ó Súilleabháin	71	Baile an Tobair, Corr na Móna	10/12/1935	165: 257-306
An tÉan Órga	Cf. 531	Tomás Ó Cadhain	24	An Cnoc Bán, Dubhachta, Corr na Móna	12/12/1935	165: 307-346
Páid na gCaorach	513A	Tomás Ó Cadhain	24	An Cnoc Bán, Dubhachta, Corr na Móna	12/12/1935	165: 347-371
Seacht nOileán na Bhaic Bhaic	Aimhrialta	Tomás Ó Cadhain	24	An Cnoc Bán, Dubhachta, Corr na Móna	17/12/1935	166: 24-74
Súil ag Gáire	Aimhrialta	Tomás Ó Cadhain	24	An Cnoc Bán, Dubhachta, Corr na Móna	19/12/1935	166: 88-129
Cailleach an Oileáin Ghlais	313 & 510B	Ruairí Ó Comair	71	An Chloch Bhreac, An Fhairche	20/12/1935	166: 132-167
An Tarbh Breac	300 & 510A	Ruairí Ó Comair	71	An Chloch Bhreac, An Fhairche	20/12/1935	166: 190-227
<i>Sir Oliver</i> as Éirinn	Cf. 300 & Cf. 333	Ruairí Ó Comair	71	An Chloch Bhreac, An Fhairche	07/01/1936	166: 228-256
Madadh Bán na nOcht gCos	Cf. 333	Seán Ó Caomhánaigh	40	An Chloch Bhreac, An Fhairche	07/01/1936	166: 257-287
An Fear a d'íoc Fiacha an Choirp	505-508	Ruairí Ó Comair	71	An Chloch Bhreac, An Fhairche	07/01/1936	166: 288-303
Mac na Baintrí	Cf. 326	Antoine Breathnach	24	An Charraig Thiar, Corr na Móna	08/01/1936	166: 332-338
Jackín Mhám Trasna	300	Antoine Breathnach	24	An Charraig Thiar, Corr na Móna	08/01/1936	166: 367-390
Seán an Ghabha	332 & 330	Tomás Ó Cadhain	24	An Cnoc Bán, Dubhachta, Corr na Móna	08/01/1936	166: 391-409
<i>Na Rosen Gardens</i>	400	Pádraig Ó Driscín	77	Dubhros, Corr na Móna	14/01/1936	166: 410-421
Mac na Baintrí agus Colainn gan Cheann	Cf. 326	Pádraig Ó Somacháin	52	Dubhros, Corr na Móna	14/01/1936	166: 429-435

Aguisín 1

Baintreach agus Triúr Iníonacha	327 & 328 & cf. 510	Antoine Breathnach	24	An Charraig Thiar, Corr na Móna	16/01/1936	166: 436-454
Fear a raibh Mac ag a Bhean agus ag a Chailín Aimsire	302 & 665	Proinnsias Seoighe	21	An Charraig Láir, Corr na Móna	16/01/1936	166: 458-470
Fear Bocht a bhí in Éirinn fadó	710	Antoine Breathnach	24	An Charraig Thiar, Corr na Móna	16/01/1936	166: 471-483
An Fear a d'íoc na Cúig Phunt ar an nGadaí	505-508	Antoine Breathnach	24	An Charraig Thiar, Corr na Móna	16/01/1936	166: 484-493
An Fear a chuaigh ar thóir Thrí Ribe as Féasóg an Diabhail	461	Proinnsias Seoighe	21	An Charraig Láir, Corr na Móna	16/01/1936	166: 504-513
Cathal	Cf. 650	Antoine Breathnach	24	An Charraig Thiar, Corr na Móna	23/01/1936	166: 522-535
Jack	650	Máirtín Breathnach	45	An Chloch Bhreac, An Fhairche	23/01/1936	167: 40-58
Páidín & Máire	571	Ruairí Ó Comair	71	An Chloch Bhreac, An Fhairche	23/01/1936	167: 59-71
Léiní de na Ceannabháin Bhána	451	Liam Ó Dúiche	46	Baile an Tobair, Corr na Móna	01/02/1936	167: 140-150
Mac Rí Éireann	507A & 513A & 506	Pádraig Ó Muireáin	67	Cill Bhríde, Fionnaithe	10/02/1936	167: 267-279
Cú Bán an tSléibhe	425	Pádraig Ó Muireáin	67	Cill Bhríde, Fionnaithe	10/02/1936	167: 280-293
Saighdiúirí an Bhoiscín	326 & 910 & Cf, 569	Mícheál Ó Somacháin	58	Cill Bhríde, Fionnaithe	18/02/1936	167: 296-308
Scéal an Anró	431	Mícheál Ó Somacháin	58	Cill Bhríde, Fionnaithe	18/02/1936	167: 309-315
Sclábhaí an Lampa	561	Mícheál Ó Somacháin	58	Cill Bhríde, Fionnaithe	18/02/1936	167: 324-341
Claíomh Solais Fhathach Uí Dhúdáis	449 & Cf. 313	Peadar Ó Cathasaigh	26	Baile Dhúlocha, Corr na Móna	20/02/1936	167: 390-409

Aguisín 1

Capall Ráis Sí	725	Pádraig Ó Súilleabháin	71	Baile an Tobair, Corr na Móna	26/02/1936	167: 410-414
Mac Rí Éireann	Cf. 400	Pádraig Ó Súilleabháin	71	Baile an Tobair, Corr na Móna	26/02/1936	167: 438-454
Pádraig Cíosóg	326	Mícheál Ó Somacháin	58	Cill Bhríde, Fionnaithe	03/03/1936	167: 485-489
Fear a Bhuail a Athair	506	Mícheál Ó Somacháin	58	Cill Bhríde, Fionnaithe	03/03/1936	167: 506-509
An Sionnach	530	Mícheál Ó Somacháin	58	Cill Bhríde, Fionnaithe	03/03/1936	188: 7-19
Mac Rí Chonnacht agus an Draíodóir	302 & cf. 301A	Liam Ó Dúiche	46	Baile an Tobair, Corr na Móna	12/03/1936	188: 80-120
Fear ar cailleadh a Athair agus a Mháthair	461	Tomás Ó Somacháin	56	An Fhairche	20/03/1936	188: 143-148
Fear an Ghleanna	Aimhrialta	Pádraig Ó Súilleabháin	71	Baile an Tobair, Corr na Móna	28/03/1936	188: 172-182
Seabhac Ruadh na Carraige	554 cf. 432	Pádraig Ó Muireáin	67	Cill Bhríde, Fionnaithe	02/04/1936	188: 229-239
Scológ na Féasóige Rua	313	Pádraig Ó Muireáin	67	Cill Bhríde, Fionnaithe	02/04/1936	188: 240-270
An Stail Chloigneach	556B	Pádraig Ó Muireáin	67	Cill Bhríde, Fionnaithe	02/04/1936	188: 271-292
Brian Ó Bradáin & Jack Ó Bradáin	303	Pádraig Ó Muireáin	67	Cill Bhríde, Fionnaithe	02/04/1936	188: 301-305
Cos Dubh	Cf. 326	Mícheál Ó Driscín	62	Ceathrú Shéicín, Conga	14/04/1936	188: 360-366
Caisleán Rinn Mhaoil	316	Pádraig Ó Súilleabháin	71	Baile an Tobair, Corr na Móna	17/04/1936	188: 389-397
Fear na Séideog	508 & 513A	Liam Ó Dúiche	46	Baile an Tobair, Corr na Móna	20/04/1936	188: 432-446

Aguisín 1

Bean Leisciúil	501	Liam Ó Dúiche	46	Baile an Tobair, Corr na Móna	20/04/1936	188: 447-455
Mac na Baintrí	675	Máirtín Ó hAithchir	71	An Choill Bheag, An Fhairche	21/04/1936	188: 456-464
Ó Chaith tú an Choinneall Caith an tOrlach	332	Séamus Buitléar	73	An Corrán, Cill Mheáin	27/04/1936	188: 471-485
Mac Baintrí	650	Tomás Ó Loideáin	65	Bun an Bhocáin, An Mám	29/04/1936	232: 7-16
Fear a Dhíol a Léine	313	Tomás Ó Loideáin	65	Bun an Bhocáin, An Mám	29/04/1936	232: 17-20
Fear a Chuaigh go Críoch Lochlannach	726	Tomás Ó Loideáin	65	Bun an Bhocáin, An Mám	29/04/1936	232: 31-34
An Bhean a bhí san Abhainn	461	Máirtín Ó Ceárna	72	An Chaimineach	19/05/1936	232: 79-92
Mac na Baintrí	650	Pádraig Ó Muireáin	67	Cill Bhríde, Fionnaithe	05/06/1936	232: 163-168
Seán na Luatha	300	Mícheál Ó Fathaigh	58	Tamhain, Baile na Cúirte	31/07/1936	232: 244-265
Liam Gabha	330	Mícheál Ó Fathaigh	58	Tamhain, Baile na Cúirte	01/08/1936	232: 330-341
Seán a chaith i bhfad ar a Mháthair	650	Mícheál Ó Fathaigh	58	Tamhain, Baile na Cúirte	01/08/1936	232: 342-355
An tÉan Órga	301A & 550	Seán Ó Giobaláin	67	Cill Dhuinn, Conga	10/08/1936	232: 368-390
Páidín agus a Bheirt Deartháir	327	Liam Ó Dúiche	46	Baile an Tobair, Corr na Móna	24/09/1936	232: 505-511
Fios, Luathas agus Leigheas	300 & 333	Seán Ó Gionnáin	87	Droim Síil, Conga	29/09/1936	232: 539-554
Nainsí	571	Seán Ó Gionnáin	87	Droim Síil, Conga	29/09/1936	232: 555-564

Aguisín 1

Mac Rí Éireann	313	Seán Ó Gionnáin	87	Droim Síil, Conga	29/09/1936	232: 565-579; 258: 6-8
Triúr Mac an Rí	Cf. 550	Seán Breathnach	63	Cill Bhríde	30/09/1936	258: 54-65
Cú Bán an tSléibhe	425	Seán Breathnach	63	Cill Bhríde	30/09/1936	258: 72-79
Jack	300	Tomás Ó Nuadháin	62	Corr Drún, Conga	12/10/1936	258: 111-126
An tÉan Órga	301 & 329 & 550	Tomás Ó Nuadháin	62	Corr Drún, Conga	12/10/1936	258: 131-139
Mac Rí in Éirinn	313	Pádraig Ó Conaola	65	Baile Churraoin, Sruthair	16/10/1936	258: 145-160
Leanbh Mhic Treabhair	727	Máirtín Ó Murchadha	71	Gort an Churraigh, Cill Mheáin	12/10/1936	258: 175-199
Eascann a bhí san Abhainn	461	Antaine Seoighe	12	Seanadh Farracháin, An Fhairche	28/10/1936	258: 254-261
Scrataí an Teallaigh	300	Seán Ó Gionnáin	87	Droim Síil, Conga	03/11/1936	258: 344-355
Triúr Iníonacha a Phós	425	Seán Ó Gionnáin	87	Droim Síil, Conga	04/11/1936	258: 364-370
Ridire na Coille Glaise	313	Mícheál Ó Móráin	73	Cnoc na Gaoithe, Cill Mheáin Bheag	23/11/1936	276: 105-116
<i>Jack the Bear</i>	301	Mícheál Ó Móráin	73	Cnoc na Gaoithe, Cill Mheáin Bheag	23/11/1936	276: 117-135
Mac Rí Éireann	Cf. 516	Séamus Ó Miadha	79	Cill Chiaráin, Cill Mheáin	01/12/1936	276: 215-224
Mac na Baintrí	300	Seán Mac Cathmhaoil	61	Cathair Mhic Uillic, An Múr Gágach, Cill Mheáin	09/12/1936	276: 369-390
Briain Ó Bradáin & Trian Ó Bradáin	303	Mícheál Ó Móráin	73	Cnoc na Gaoithe, Cill Mheáin Bheag	11/12/1936	276: 465-476

Aguisín 1

Páidín na bPrioachán	300 & 650	Pádraig Mac Aodha	65	Cnoc na Gaoithe, Cill Mheáin Bheag	11/12/1936	276: 503-516
Mac Leisciúil	561	Mícheál Ó Loideáin	65	Seanbhaile Chathail, Baile an Chalaídh	14/01/1937	276: 565-579
Cluas le hÉisteacht	513B	Mícheál Ó Loideáin	65	Seanbhaile Chathail, Baile an Chalaídh	14/01/1937	313: 8-16
An Chaora Dhubh	510A & 707	Mícheál Ó Loideáin	65	Seanbhaile Chathail, Baile an Chalaídh	25/01/1937	313: 20-35
Mac Rí Éireann	513A & 513B	Mícheál Ó Loideáin	65	Seanbhaile Chathail, Baile an Chalaídh	25/01/1937	313: 36-62
Buachail na mBó	300 & 554	Mícheál Ó Loideáin	65	Seanbhaile Chathail, Baile an Chalaídh	26/01/1937	313: 86-103
Cnoc na Snáthaidí	531	Seán Ó Loideáin	78	An Cheapaigh Dhuibh	28/01/1937	313: 160-175
An Tarbh Breac	300 & 510A	Seán Ó Loideáin	78	An Cheapaigh Dhuibh	28/01/1937	313: 176-195
Rí na Coille Duibhe	313	Seán Ó Loideáin	78	An Cheapaigh Dhuibh	29/01/1937	313: 248-266
Mac an Iascaire	400 & 554 & 300	Antoine Fallamhuin	70	Coill an tSiáin, Baile an Róba	30/01/1937	313: 297-330
An Fhírinne agus an Bhréag	613	Seán Breathnach	63	Cill Bhríde, Fionnaithe	26/02/1937	313: 365-368
Mac Baintrí	563	Mícheál Ó Somacháin	65	Cill Bhríde, Fionnaithe	26/02/1937	313: 378-387
Scológ na Féasóige Liath	313	Mícheál Ó Somacháin	65	Cill Bhríde, Fionnaithe	26/02/1937	313: 400-422
Fear a chuaigh ar thóir Caras Críost dá Mhac	332	Mícheál Ó Somacháin	65	Cill Bhríde, Fionnaithe	27/02/1937	313: 450-456
Gabha an tSuic	330	Mícheál Ó Somacháin	65	Cill Bhríde, Fionnaithe	04/03/1937	313: 479-493

Aguisín 1

Giorrán Bán chac an Airgead	Aimhrialta	Mícheál Ó Somacháin	65	Cill Bhríde, Fionnaithe	05/03/1937	313: 494-501
Triúr Deirfiúracha a bhí ag imirt cártaí	707	Mícheál Ó Somacháin	65	Cill Bhríde, Fionnaithe	16/03/1937	313: 529-542
Rí a Bhíodh ag baint Cloigne Amach	571	Mícheál Ó Somacháin	65	Cill Bhríde, Fionnaithe	18/03/1937	313: 583-588; 333: 4-7
An Réalt Eolais	316	Mícheál Ó Loideáin	63	Seanbhaile Chathail, Baile an Chalaídh	10/06/1937	333: 172-179
Rí Séamus	675 & 854	Tomás Ó Cuinn	67	Teampall na Machaireacha, Baile an Róba	22/04/1937	333: 355-359
Liam an Ghabha	330	Tomás Ó Cuinn	67	Teampall na Machaireacha, Baile an Róba	23/04/1937	333: 374-379
Droch Leasmháthair	313	Seán Ó Loideáin	78	An Cheapaigh Dhuibh	23/04/1937	333: 380-401
Mac Rí Éireann	313	Tomás Ó Cuinn	67	Teampall na Machaireacha, Baile an Róba	25/05/1937	333: 450-463
Scrataí na Luatha	613	Mícheál Mac Guibhir	49	An Chloch Bhreac, An Fhairche	07/09/1937	401: 82-86
Fear a dhíol é féin leis an Diabhal	330	Liam Ó Dúiche	46	Baile an Tobair, Corr na Móna	14/09/1937	401: 159-164
Cóitín Rúin	706	Mícheál Ó Dubhdhabhoireann	57	Baile Uí Bhuíáin, An Fhairche	21/09/1937	401: 201-212
Ruainín Sprúillín cuid i leith nó Coimhlint	471	Mícheál Ó Dubhdhabhoireann	57	Baile Uí Bhuíáin, An Fhairche	21/09/1937	401: 213-224
Srón Fhada, Srón Cham, Srón Ghearr	613	Liam Ó Dúiche	46	Baile an Tobair, Corr na Móna	23/09/1937	401: 263-272
Mac Baintrí	650	Mícheál Ó Dubhdhabhoireann	57	Baile Uí Bhuíáin, An Fhairche	27/09/1937	401: 290-304
Poll an Uafáis	301	Mícheál Ó Dubhdhabhoireann	57	Baile Uí Bhuíáin, An Fhairche	27/09/1937	401: 323-359

Aguisín 1

Mac na Baintrí	Cf. 300	Mícheál Ó Dubhdhabhoireann	57	Baile Uí Bhuíáin, An Fhairche	06/10/1937	401: 360-389
Anach na hUaigle	554	Mícheál Ó Dubhdhabhoireann	57	Baile Uí Bhuíáin, An Fhairche	06/10/1937	523: 3-19
Rí an Fhásaigh Dhuibh	313	Tomás Ó Cadhain	25	An Cnoc Bán, Dubhachta, Corr na Móna	28/10/1937	523: 110-137
An Scoláire Bocht	333 & 531	Tomás Ó Cadhain	25	An Cnoc Bán, Dubhachta, Corr na Móna	28/10/1937	523:138-153

Aguisín 2

Eolas Beathaisnéiseach faoi na Scéalaithe

Pádraig Ó Súilleabháin¹

Rugadh Pádraig Ó Súilleabháin ‘i dteach beag ceann tuí...faoi bhun cnoic’ ar an 7 Nollaig 1864 i mBaile an Tobair, Corr na Móna. Ba iad Micheál Ó Súilleabháin as Baile an Tobair agus Neilí Nic Giobúin as Sraith na Long, Páirc an Doire, a thuismitheoirí. Cúigear ar fad a bhí sa chlann: Séamus, Pádraig, Máire, Bríd agus Nóra. Ach an oiread le teaghlaigh eile Bhaile an Tobair, b’fheirmeoirí iad muintir Uí Shúilleabháin agus bhíodh a chuid féin le déanamh ag gach duine sa teaghlach chun an fheirm a choinneáil ag imeacht. Bhíodh Neilí Uí Shúilleabháin ag déanamh bréidín le breis airgid a shaothrú don chlann agus théadh Pádraig in éineacht léi go dtí aonach an Chlocháin agus é ina stócach óg.

Phós Pádraig Máire Ní Dhroighneáin, iníon le Micheál Ó Droighneáin as Dubhachta. Naonúr páistí a bhí acu: Máire, Micheál, Pádraig, Eibhlín, Tomás, Nóra, Bríd, Seán agus Peadar. Nuair a bhí an chlann óg agus é ag dul crua ar Phádraig agus ar Mháire iad a thógáil, b’éigean do Phádraig an baile a fhágáil le hairgead a shaothrú. Chuaigh sé ag obair i dtosach báire ar an bhóthar iarainn a bhí á thógáil idir Gaillimh agus an Clochán, ansin chaith sé seacht mbliana ag dul anonn is anall go Sasana ar bhonn séasúrach. Bhí triúr deartháireacha le Máire ar imirce in Scranton, Pennsylvania agus chinn Pádraig dul trasna an Atlantaigh a fhad leo nuair a fuair sé scéala ó dhuine acu go raibh post aige dó sna mianaigh guail. Chaith Pádraig dhá bhliain ag plé leis an mhianadóireacht in Scranton ach d’fhill sé abhaile nuair a chuaigh an tionscal sin i léig. Bhí triúr deirfiúracha le Pádraig thall in Pittsburgh faoin am seo agus, nuair a chuala Pádraig go raibh neart oibre le fáil sa chathair sin, rinne sé a bhealach anonn agus chuaigh sé le hobair thógála an iarraidh seo.

Bhain timpiste uafásach do Phádraig agus do mhac óg a dheirféar nuair a tháinig traein aniar aduaidh orthu agus iad ag siúl abhaile tráthnóna amháin. Cailleadh an buachaill óg agus b’éigean do na dochtúirí a raibh Pádraig faoina gcúram an lámh dheas a bhaint

¹ Bhreac Proinnsias de Búrca cuntas fada ar bheatha Phádraig Uí Shúilleabháin ó bhéalaithris an scéalaí féin sa bhliain 1947 (CBÉ 1105, 136-192). Tá eolas breise faoi shaol an fhir seo in Ní Choirbín (2010, 188-189) agus i nDaonáireamh 1901 agus 1911 (Daonáireamh 1901; Daonáireamh 1911).

de, ón ghualainn anuas. D'fhill Pádraig ar an bhaile nuair a tháinig sé chuige féin agus níor fhág sé Baile an Tobair riamh arís. Diomaite de mhac agus d'iníon amháin a d'fhan sa bhaile, d'imigh páistí Phádraig agus Mháire ar fad go Meiriceá. Sa chuntas faoina bheatha a thug Pádraig do Phroinnsias de Búrca sa bhliain 1947, tráth dá raibh 82 bliain slánaithe aige, thug sé le fios go raibh an tsláinte ag teip air agus gur bheag deis a bhíodh aige an teach a fhágáil:

Níl mé in ann aon cheo a dhéanamh do dhuine ar bith anois ná dom féin, fuair an obair an ceann is fearr orm... Níl a'm lé déanamh anois ach seasamh amach ar an tsráid agus féachaint thart ar an ngleann, féachaint thart ar na cnoic, ar chuile áit a bhí mé ag siúl nuair a bhí mé óg. (CBÉ 1105: 180-181)

D'imigh Pádraig ar shlí na fírinne go luath sa bhliain 1949. I litir chuig an Bhúrcach, ghlac Séamus Ó Duilearga buíochas leis an bhailitheoir as cuntas ar bheatha Phádraig a scríobh ar son an Choimisiúin agus léirigh sé an cion agus an mórmheas a bhí aige féin ar an scéalaí: 'Tá Páraic bocht fén gcré anois, agus is mór an sásamh duitse agus don Choimisiún an oiread san seanchais agus scéalta a bheith curtha síos agat uaidh' (Comhfhreagras 15/02/1949).

Mícheál Ó Somacháin

Rugadh Mícheál Ó Somacháin timpeall na bliana 1870 i gCill Bhríde, Fionnaithe, Co. Mhaigh Eo. Ba iad Síomón agus Áine Uí Shomacháin a thuismitheoirí agus cúigear páistí ar fad a bhí sa chlann. Phós Mícheál a bhean chéile Cairtriona (ní heol dúinn a sloinne roimh phósadh di) tráth éigin tar éis 1911, nuair a bhí an dá scór slánaithe aige. Ba theach mór cuartaíochta é teach Uí Shomacháin agus bhí sé an-ghar don bhóthar, mar sin ba mhór an sásamh a bhaineadh an Búrcach as dul ar cuairt ann leis an Eideafón. Bhí cónaí ar Bhríd, deartháir Mhíchíl, sa teach in éineacht le Mícheál, a bhean chéile agus a n-ochtar páistí. Ba scéalaí den scoth é Mícheál agus tá sé le sonrú go mbíodh sé i mbun reacaireachta os comhair a chlainne féin, óir bhí siadsan breá ábalta na scéalta ba mhó a thaitin leo féin a chur i gcuimhne dó. Cailleadh beirt den chlann mhac go hóg: d'éag Donnchadha i mí Dheireadh Fómhair 1932 agus cailleadh Seosamh i mí Feabhra, 1946. Chuaigh beirt de na hiníonacha, Áine agus Caitlín, ar imirce go Londain agus d'aistrigh Pádraig, mac Mhíchíl, go Chicago, Illinois. D'fhan an chuid eile den chlann, Síomón, Seán, Mícheál, Máire agus Máirtín, in Éirinn. Bhronn Mícheál líon ollmhór scéalta béaloidis ar an Bhúrcach sna 1930dí. Diomaite

de na scéalta draíochta a luaitear in Aguisín 1, bhí an-chuimse finscéalta osnádúrtha agus scéalta cráifeacha aige chomh maith céanna. Chuaigh Mícheál ar shlí na fírinne in Aibreán na bliana 1954 agus tá sé curtha i reilig Chnoc Rois ar an Fhairche. D'éag Cairtriona Ní Shomacháin i mí na Bealtaine 1980.

Ruairí Ó Comair

Rugadh Ruairí Ó Comair ar an Chloch Bhreac Uachtarach timpeall na bliana 1864. I ndaonáireamh na bliana 1901, bhí cónaí ar Ruairí lena thuismitheoirí Máirtín agus Bríd Uí Chomair agus bhí a dheartháir Seán ag cur faoi sa teach freisin. Bhí 30 bliain slánaithe ag Ruairí an uair sin, de réir an daonáirimh, ach san fhoirm daonáirimh a líonadh amach dá theaghlach féin sa bhliain 1911, tugtar le fios go raibh 50 bliain slánaithe ag Ruairí faoin am sin. Phós Ruairí a bhean chéile Mairéad (a sloinne féin ar iarraidh), a bhí 26 ag an am, sa bhliain 1902 agus bhí seisear páistí acu faoin bhliain 1911. Bhí cónaí ar chlann Uí Chomair i dteach ceann tuí, a raibh aon seomra amháin ann, in aice le teach Mháirtín agus Bhríd Uí Chomair.

Ba in aimsir na Nollag sa bhliain 1935 a thug an Búrcach cuairt ar Ruairí Ó Comair ar an Chloch Bhreac don chéad uair. Bhí cuma na hóige air, dar leis an Bhúrcach: ‘seanfhear breá aon bhliain déag agus trí fhichid d’aois agus é ag féachaint níos óige ná bhí sé’(CBÉ 343, 53). Chuir clann an scéalaí fearadh na fáilte roimh an bhailitheoir agus thug siad cuireadh dó suí in éineacht leo le haghaidh tae, cé go raibh lán tí acu féin istigh. Ba mhór an spórt a bhí ag muintir an tí ag éisteacht leis an Eideafón ag déanamh aithrise ar Ruairí agus ba mhór an sásamh a bhain an Búrcach as scéalta an fhir seo a thairfeadh uaidh: ‘Bhí sé an-mhaith, níos fearr ná shíl mise a bheadh sé. D’inis sé a chuid scéalta go maith agus go soiléir agus bhí sé an-éasca a thuiscint’ (CBÉ 343, 54-55). Cailleadh Ruairí Ó Comair ar an 17 Meán Fómhair 1938 agus d’fhreastail an Búrcach ar a shochraid. Fuair Mairéad Uí Chomair aois mhór: cailleadh ise i mí na Nollag 1971 agus í 94 bliain d’aois.

Pádraig Ó Muireáin

Rugadh Pádraig Ó Muireáin timpeall na bliana 1875 i gCill Bhríde, Fionnaithe. Ba iad seanPhádraig agus Máire Uí Mhuireáin a thuismitheoirí agus bhí cónaí ar an chlann i

dteach beag ceann tuí. Phós Pádraig a bhean chéile Máire sa bhliain 1897 agus bhí ceathrar páistí acu, Seán, Bríd, Máire agus Sorcha. Ghlac Pádraig seilbh ar fheirm bheag sléibhe a athar nuair a chuaigh seanPhádraig in aois. Léiríonn Daonáireamh 1901 go raibh seanPhádraig agus Máire Uí Mhuireáin ag cur fúthu in éineacht le clann duine dá gcuid mac. Is cosúil gur chaith Pádraig roinnt ama ag saothrú ar an choigríoch, óir bhí sé imithe ó bhaile an oíche ar tógadh an Daonáireamh.

Bhí Pádraig 67 bliain d'aois nuair a bhailigh an Búrcach scéalta uaidh den chéad uair ar an 5 Feabhra 1936. B'achrannach an bóthar a bhí ag dul a fhad le teach Uí Mhuireáin, ach b'fhiú don bhailitheoir tabhairt faoin turas mar go raibh tine bhreá ag fanacht leis nuair a tháinig sé a fhad leis an teach. Tháinig roinnt de na comharsana isteach ag cuartaíocht agus chuir siad ar fad suim mhór san eideafón. Níor mhór an fonn scéalaíochta a bhí ar Phádraig an chéad oíche sin, cé gur éirigh leis an Bhúrcach na scéalta 'Mac Rí Éirinn' agus 'Cú Bán an tSléibhe' a mhealladh uaidh i ndeireadh na dála. Is léir go ndeachaigh cuairt an bhailitheora i bhfeidhm ar an scéalaí agus gur spreag sé a bheith ag smaoineamh ar na scéalta, nó faoin am a ndeachaigh an Búrcach ar cuairt chuige in Aibreán 1936, bhí feabhas mór tagtha ar a chumas reacaireachta agus d'inis sé sé scéal san iomlán tar éis dó lá oibre a chaitheamh ag saothrú sna páirceanna. I gcomparáid le scéalaithe eile, níor bhailigh an Búrcach an-chuimse scéalta ó Phádraig ach is léir go ndeachaigh an méid a d'éirigh leis a thairfeadh uaidh i bhfeidhm go mór ar Shéamus Ó Duilearga: 'I have just put aside records made by Pádraig Ó Murráin [*sic*], Cill Bhríde. They are the clearest and best I have ever listened to. Get as much as possible from this man' (Comhfhreagras 20/04/1936).

Antoine Breathnach

Rugadh Antoine Breathnach i mí na Samhna, 1910 ar an Charraig Thiar, Corr na Móna. Ní raibh sé ar an saol ach sé mhí nuair a tógadh Daonáireamh 1911. Ba iad Antoine agus Bairbre Bhreathnach a thuismitheoirí agus ba é Antoine an páiste ab óige de sheachtar. Bhí Pádraig, Séamus, Máire, Máirtín, Mairéad agus Áine roimhe sa teaghlach. Bhí cónaí ar sheanmháthair Antoine, is é sin Mairéad Breathnach, máthair a athar, in éineacht leis an teaghlach sa bhliain 1911. Gaeilge amháin a labhair sise. Bhí cónaí ar an teaghlach i dteach ceann slinne a raibh trí fhuinneog chun tosaigh air. Mar aon leis an teach cónaithe, bhí trí bhóitheach ar fheirm na mBreathnach.

Ní raibh achar rófhada idir teach na mBreathnach agus teach Phroinnsias de Búrca, mar sin b'éasca d'Antoine dul a fhad le teach Phroinnsias de Búrca chun scéalta a chur ar an Eideafón dó. Mar a pléadh i gCaibidil 3 den tráchtas, ní raibh Antoine ach 24 bliain d'aois nuair a bhailigh an Búrcach scéalta uaidh den chéad uair i mí na Nollag, 1935. Cé go raibh Antoine cúthail go maith i dtosach báire, tháinig sé isteach ar phróiseas an taifeadta gan mórán moille agus b'fhacthas don Bhúrcach gur mhaith a d'fheil a ghlór don Eideafón: 'Tá caint an-láidir ag Antoine agus feileann sé don mheaisín go maith ach go bhfuil stad ann agus labhraíonn sé go réidh. Tá sé an-éasca a thuiscint arís' (CBÉ 343, 61-62). Bhí Antoine Breathnach ar dhuine den ghrúpa beag fear óg de bhunadh Chorr na Móna a bhronn scéalta béaloidis agus seanchas ar an Bhúrcach go fonnmhar agus é i mbun bailithe. Mar is léir ón liosta dá chuid scéalta a chuirtear i láthair in Aguisín 1, bhí an-tóir aige ar scéalta draíochta agus bhí roinnt de na scéalta ba mhó a raibh tóir orthu sa cheantar seo mar chuid dá *repertoire*.

Tomás Ó Cadhain

Rugadh Tomás Ó Cadhain ar an 1 Deireadh Fómhair 1910. Ba iad Pádraig Ó Cadhain agus Bairbre Breathnach a thuismitheoirí agus ba é Tomás an páiste ab óige dá n-ochtar clainne. Bhí Bríd, Mícheál, Neaipí, Nóra, Mairéad agus Pádraig roimhe sa teaghlach. Bhí Pádraig agus Máire Bhreathnach, seantuismitheoirí Thomáis ar thaobh a mháthar, ina gcónaí leis an teaghlach nuair a tógadh Daonáireamh 1901 ach bhí siadsan imithe ar shlí na fírinne deich mbliana dar gcion. Gaeilge amháin a labhair na seantuismitheoirí. Is cosúil gurbh iontach an scéalaí é seanathair Thomáis ar thaobh a athar, óir thug Tomás le fios gur uaidhsean a fuair sé na scéalta a bhronn sé ar an Bhúrcach: 'Tá Tomás an-óg agus ní raibh sé ach ina ghasúr nuair a chuala sé na scéalta seo óna athair mór, mar a thugaidís air seanPhádraig Ó Cadhain' (CBÉ 343, 45-46). Is díol suntais é go raibh páistí an teaghlaigh seo á dtógáil le Béarla. De réir Dhaonáireamh 1911, Béarla amháin a bhí ag an chúigear páistí ab óige, Tomás san áireamh. Bhí Gaeilge agus Béarla, mar aon le cumas léitheoireachta agus scríbhneoireachta, ag na páistí ba shine agus ag tuismitheoirí Thomáis.

Ach an oiread le hAntoine Breathnach, ní raibh teach cónaithe Thomáis ach achar gairid ó theach Phroinnsias de Búrca agus théadh an stócach óg ar cuairt chuig an bhailitheoir go minic lena chuid scéalta a bhronnadh air. Tá sé le sonrú gurbh ógfhear

Aguisín 2

an-mheabhrach é an Cadhnach agus ba cheardaí focal den scoth é freisin: ‘Scéalaí maith [is ea] Tomás agus tá an-ghuth aige, an-fheiliúnach le haghaidh labhairt ar an meaisín [...] líon sé ocht gcinn d’fhiteáin in achar gearr’ (CBÉ 343, 45). Mar a míníodh i gCaibidil 2, bhí rún ag Tomás dul isteach sna gardaí, ach theip ar an iarracht sin, d’ainneoin an tacaíocht a fuair sé ón Bhúrcach agus ó Shéamus Ó Duilearga. Bhí eagla ar an Bhúrcach nach mbeadh an dara rogha ag an ógfhear ach an bád bán a thógáil air féin: ‘sé mo bharrúil go bhfuil [Tomás] ag cuimhneamh ar imeacht go Sasana agus má imíonn cuireann sin deireadh leis na scéalta’ (CBÉ 343, 43-44). Chuaigh an chuid is mó de dheartháireacha agus de dheirfiúracha Thomáis ar imirce agus ba é Tomás a bhíodh i bhfeighil na feirme. Phós sé a bhean chéile Maria sa bhliain 1941 agus bhí cúigear clainne acu, Patsy, Mícheál, Tomás, Mary agus Rory. D’aistrigh an chlann go Co. na Mí sna 1950dí agus chaith Tomás an chuid eile dá shaol ansin. Tá sé féin agus Maria curtha i gCorr na Móna.

Liosta Foinsí

Príomhfhoinsí Cartlainne

- Cnuasach Bheáloideas Éireann. An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath.
Comhfhreagras idir Proinnsias de Búrca agus ceannoifig Choimisiún Béaloideas Éireann. Cnuasach Bhéaloideas Éireann, Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath.
- Comhfhreagras ó Shéamus Ó Duilearga chuig Seán Mac Giollarnáth (G45 Bosca 3). Bailiúchán Sheáin Mhic Ghiollarnáth. Cartlann Leabharlann Shéamuis Uí Ardagáin, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.

Foinsí Tánaisteacha

- Daonáireamh na hÉireann 1901 & 1911, An Chartlann Náisiúnta* [Ar líne]. Ar fáil: <http://www.census.nationalarchives.ie/>. [Oscailte 14/08/2017].
- Daonáireamh na hÉireann 1936, Imleabhar 1*. An Phríomh-Oifig Staidrimh. Ar fáil: <http://www.cso.ie/en/census/censusvolumes1926to1991/historicalreports/census1936reports/census1936volume1/> [Oscailte 14/08/2017].
- Abrahams, R. D. 1992. 'The Past in the Presence: An Overview of Folkloristics in the Late 20th Century'. In: Kvideland, R. (eag.) *Folklore Processed: In Honour of Lauri Honko on His 60th Birthday 6th March 1992*. Helsinki: Suomalaisen Kirjallisuuden Seura, 32-51.
- An Seabhad & Ua Maoileoin, P. 1984. *Seanfhocail na Mumhan*. Baile Átha Cliath: An Gúm.
- Apo, S. 1992. 'Analysing the Contents of Narratives: Methodical and Technical Observations'. In: Kvideland, R. (eag.) *Folklore Processed: In Honour of Lauri Honko on His 60th Birthday 6th March 1992*. Helsinki Suomalaisen Kirjallisuuden Seura, 62-72.
- Apo, S. 1995. *The Narrative World of Finnish Fairy Tales: Structure, Agency and Evaluation in Southwest Finnish Folktales*. Helsinki: Suomalainen Tiedekatemia, Academia Scientiarum Fennica.
- Arensberg, C. M. 1988. *The Irish Countryman: An Anthropological Study*. Long Grove: Waveland Press, Inc.
- Arensberg, C. M. & Kimball, S. T. 1968. *Family and Community in Ireland*. Cambridge: Harvard University Press.
- Ashliman, D. L. 1997. *Incest in Indo-European Folktales* [Ar líne]. Ar fáil: <https://www.furorteutonicus.eu/germanic/ashliman/mirror/incest.html> [Oscailte 01/08/2017].
- Ashliman, D. L. 2001. *Mastermaid* [Ar líne]. University of Pittsburgh. Ar fáil: <http://www.pitt.edu/~dash/norway120.html> [Oscailte 01/08/2017].
- Ashliman, D. L., Jacobs, J., Grimm, J., Grimm, W., Haltrich, J., Henry Jones, W., Kropf, L. L., Thorpe, B., Hyltén-Cavallius, G. O., Stephens, G., Stroebe, C., Asbjørnsen, P. C., Moe, J. E., Fillmore, P., Schneller, C., Crane, T. F., Gardner, C., Bompas, C. H., Behari Day, L., Dracott, A. E., Hinton Knowles, J. & Fansler, D. S. 2016. *Puss in Boots: Folktales of Aarne-Thompson-Uther Type 545B* [Ar líne]. University of Pittsburgh. Ar fáil: <http://www.pitt.edu/~dash/type0545b.html#asbjornsen> [Oscailte 22/07/2017].
- Beiner, G. 2007. *Remembering the Year of the French: Irish Folk History and Social Memory*. Madison: University of Wisconsin Press.

- Ben-Amos, D. 1971. 'Toward a Definition of Folklore in Context'. *The Journal of American Folklore* 84(331), 3-15.
- Bendix, R. 1997. *In Search of Authenticity: The Formation of Folklore Studies*. Madison: The University of Wisconsin Press.
- Bolstad Skjelbred, A. H. 1991. 'Rites of Passage as Meeting Place: Christianity and Fairylore in Connection with the Unlcean Woman and the Unchristened Child'. In: Narváez, P. (eag.) *The Good People: New Fairylore Essays*. Kentucky: The University Press of Kentucky, 215-224.
- Bottigheimer, R. B. 1987. *Grimms' Bad Girls & Bold Boys: The Moral & Social Vision of the Tales*. New Haven: Yale University Press.
- Bourke, A. 1998. 'Na Mná Trí Shúile Thomáis'. In: Ní Chéilleachair, M. (eag.) *Ceiliúradh an Bhlascaoid 2. Tomás Ó Criomhthain: 1855-1937*. An Daingean: An Sagart.
- Bourke, A. 2002. 'Legends of the Supernatural'. In: Ní Dhonnchadha, M., MacCurtain, M., Kilfeather, S., Bourke, A., Luddy, M., O'Dowd, M., Meaney, G. & Wills, C. (eagí.) *The Field Day Anthology Volume IV, Irish Women's Writing and Traditions*. Cork: Cork University Press, 1284-1292.
- Bourke, A. 2009. 'The Myth Business: Jeremiah and Alma Curtin in Ireland, 1887-1893'. *Éire-Ireland* 44(3/4), 140-170.
- Bourke, J. 1991. "'The Best of all Home Rulers": The Economic Power of Women in Ireland'. *Irish Economic and Social History* 18, 34-47.
- Breathnach, A. 1918. 'Saoghal Iasgaire'. *An Stoc* 1(3), 7.
- Breathnach, A. 1919. 'Dúnadh Dorais'. *An Stoc* 2(7), 7.
- Breathnach, C. 2016. 'Handywomen and Birthing in Rural Ireland, 1851-1955'. *Gender and History* 28(1), 34-56.
- Breathnach, D., Ní Mhurchú, M. & Cló Iar-Chonnacht. 2017. *An Bunachar Náisiúnta Beathaisnéisí Gaeilge*. Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath: Fiontar agus Scoil na Gaeilge.
- Breathnach, M. 2013. Agallamh a chuir Ailbhe Nic Giolla Chomhaill ar Mhairéad Breathnach ina teach cónaithe i dTamhnaigh an Lín, Fionnaithe, 19/05/2013.
- Breathnach, M. & Mac Giollarnáth, S. 1934. 'Seán a' Droma'. *Béaloideas* 4(4), 414-424.
- Breathnach, M. & Mac Giollarnáth, S. 1943. 'Sliocht de Sheanchas Mhícheáil Bhreathnaigh'. *Béaloideas* 13(1/2), 102-129.
- Breathnach, M. & Ó Duilearga, S. 1936. 'Mac Dobharnáin, Mac Rí na Beinne Brice'. *Béaloideas* 6(2), 298-312.
- Breathnach, M. & Ó Tuathail, É. 1939. 'An Ceannaí Siopa agus an Fathach'. *Béaloideas* 9(2), 236-244.
- Breathnach, M., Ó Tuathail, É. & Ó Duilearga, S. 1937. 'Trí Sean-Sgéalta ó Dhúthaigh Sheoigheach'. *Béaloideas* 7(2), 153-167.
- Briggs, C. L. & Naithani, S. 2012. 'The Coloniality of Folklore: Towards a Multi-Generational Practice of Folkloristics'. *Studies in History* 28(2), 231-270.
- Briody, M. 2007. *The Irish Folklore Commission 1935-1970: History, Ideology, Methodology*. Helsinki: Finnish Literature Society.
- Briody, M. 2013. "'The Gaelic Story-Teller" and Séamus Ó Duilearga's Views on the Role and Antiquity of Airneán'. *Béascna* 8, 1-33.
- Briody, M. 2015. 'The Socialisation of Storytellers and the Role of Women in the Irish Storytelling Tradition'. *Béascna* 9, 62-97.

- Bruford, A. 1969. *Gaelic Folk-Tales and Mediaeval Romances: A Study of the Early Modern Irish 'Romantic Tales' and their Oral Derivatives*. Baile Átha Cliath: Folklore of Ireland Society.
- Buckley, S. A. 2011. 'Family and Power: Incest in Ireland, 1880-1950'. In: McElligott, A., Chambers, L., Breathnach, C. & Lawless, C. (eagí.) *Power in History: From Medieval Ireland to the Post-Modern World*. Baile Átha Cliath: Irish Academic Press, 185-208.
- Campbell, J. F. 1892. *Popular Tales of the West Highlands: Orally Collected. Volume III*. London: Alexander Gardner.
- Canepa, N. 2014. 'Trickster Heroes in "The Boy Steals the Ogre's Treasure"'. In: Tatar, M. (eag.) *The Cambridge Companion to Fairy Tales*. Cambridge: Cambridge University Press.
- Cardigos, I. 1996. *In and Out of Enchantment: Blood Symbolism and Gender in Portuguese Fairytales*. Helsinki: Suomalainen Tiedeakatemia.
- Carrassi, V. & Wren, K. 2012. *The Irish Fairy Tale: A Narrative Tradition from the Middle Ages to Yeats and Stephens*. Cranbury: John Cabot University Press.
- Carún, S. & Ó Duilearga, S. 1950. 'Rí na Coille Gluise'. *Béaloideas* 20(1/2), 167-176.
- Chonraí, M. & Ó Giollagáin, C. 1999. *Stairsheanchas Mhicil Chonraí: ón Máimín go Ráth Chairn*. Indreabhán, Conamara: Cló Iar-Chonnachta.
- Christiansen, R. T. 1937. 'Towards a Printed List of Irish Fairytales'. *Béaloideas* 7(1), 3-14.
- Christiansen, R. T. 1950. 'Cinderella in Ireland'. *Béaloideas* 20, 96-107.
- Christiansen, R. T. 1953. 'Further Notes on Irish Folktales'. *Béaloideas* 22, 70-82.
- Christiansen, R. T. 1959. *Studies in Irish and Scandinavian Folktales*. Copenhagen: Published for Coimisiún Béaloideas Éireann by Rosenkilde and Bagger.
- Crofton Croker, T. 1825. *Fairy Legends and Traditions of the South of Ireland*. London: John Murray.
- Crofton Croker, T. 1828. *Fairy Legends and Traditions of the South of Ireland (Part II)*. London: John Murray.
- Crofton Croker, T. 1862. *Fairy Legends and Traditions of the South of Ireland*. London: William Tegg.
- Cross, T. P. 1952. *Motif-Index of Early Irish Literature*. Bloomington: Indiana University.
- D'Auria, D. 2007. 'Nósanna a Bhaineann leis an mBreith in Éirinn'. *Béaloideas* 75, 48-78.
- Danaher, K. 1998. *Folktales from the Irish Countryside*. Cork: Mercier Press.
- De Beauvoir, S. 2011. *The Second Sex*. New York: Vintage Books.
- De hÍde, D. 1889. *Leabhar Sgeulaigheachta: Cruinnighthe agus Curtha le Chéile le Dúbhghlas de hÍde*. Baile Átha Cliath: Gill.
- De hÍde, D. 1930. 'An Triúr Páiste agus a dTrí Réalta'. *Béaloideas* 2(4), 396-400.
- de Paor, L. 1998. 'An Scéalaíocht'. In: Ní Annracháin, M. & Nic Dhiarmada, B. (eagí.) *Téacs agus Comhthéacs: Gnéithe de Chritic na Gaeilge*. Corcaigh: Cló Ollscoile Chorcaí.
- Dégh, L. 1972. 'Folk Narrative'. In: Dorson, R. M. (eag.) *Folklore and Folklife: An Introduction*. Chicago: The University of Chicago Press, 53-84.
- Dégh, L. 1989. *Folktales and Society: Story-Telling in a Hungarian Peasant Community*. Bloomington: Indiana University Press.
- Delargy, J. H. 1945. 'The Gaelic Storyteller with Some Notes on Gaelic Folktales: The Sir John Rhys Memorial Lecture'. *Proceedings of the British Academy* 31, 3-47.

- Dillon, M. 1929-31. 'Minutes of Proceedings'. *Proceedings of the Royal Irish Academy: Archaeology, Culture, History, Literature* 39, 1-26.
- Dinneen, P.S. 1927. *Foclóir Gaedhilge agus Béarla: An Irish-English Dictionary*. London: Irish Texts Society.
- Dorson, R. M. 1968. *The British Folklorists: A History*. Chicago: University of Chicago Press.
- Dundes, A. 1965. *The Study of Folklore*. Englewood Cliffs, N.J.: Prentice-Hall.
- Dundes, A. 1982. *Cinderella: A Folklore Casebook*. New York: Garland Publishing, Inc.
- Dundes, A. 1999. *International Folkloristics: Classic Contributions by the Founders of Folklore*. Lanham: Rowman & Littlefield.
- Dundes, A. & Bronner, S. J. 2007. *The Meaning of Folklore: The Analytical Essays of Alan Dundes*. Logan: Utah State University Press.
- Dutheil de la Rochère, M. H., Lathey, G. & Woźniak, M. 2016. *Cinderella Across Cultures: New Directions and Interdisciplinary Perspectives*. Detroit: Wayne State University Press.
- Ennis, S. & Uí Ógáin, R. 2007. *Mise an Fear Ceoil: Séamus Ennis, Dialann Taistil, 1942-1946*. Indreabhán: Cló Iar-Chonnachta.
- Falassi, A. 1980. *Folklore by the Fireside: Text and Context of the Tuscan Veglia*. Austin: University of Texas Press.
- Frank, A. W. 2010. *Letting Stories Breathe: A Socio-Narratology*. Chicago: University of Chicago Press.
- Glassie, H. 1993. *Turkish Traditional Art Today*. Bloomington: Indiana University Press.
- Glassie, H. 1995. *Passing the Time in Ballymenone: Culture and History of an Ulster Community*. Bloomington: Indiana University Press.
- Goldberg, C. 1997. 'The Donkey-Skin Folktale Cycle (AT 510B)'. *The Journal of American Folklore* 110(435), 28-46.
- Greenhill, P., Best, A. & Anderson-Grégoire, E. 2012. 'Queering Gender: Transformations in "Peg Bearskin", "La Poiluse", and Related Tales'. In: Turner, K. & Greenhill, P. (ed.) *Transgressive Tales: Queering the Grimms*. Detroit: Wayne State University Press.
- Gregory, L. A. 1919. *The Kiltartan Poetry Book*. New York & London: G.P. Putnam's Sons.
- Gregory, L. A. 1920. *Visions and Beliefs in the West of Ireland*. New York & London G. P. Putnam's Sons.
- Grimm, J. & Grimm, W. 1826. *Irische Elfenmärchen: Übersetzt von den Brüdern Grimm*. Leipzig: Friedrich Fleischer.
- Grimm, J. & Grimm, W. 1857. *Kinder- und Hausmärchen: Große Ausgabe, Band 1 & 2*. Göttingen: Druck und Verlag der Dieterichschen Buchhandlung.
- Grimm, J., Grimm, W. & Tatar, M. 2004. *The Annotated Brothers Grimm*. New York: W.W. Norton.
- Haase, D. 2000. 'Feminist Fairy-Tale Scholarship: A Critical Survey and Bibliography'. *Marvels & Tales* 14(1), 15-63.
- Haase, D. 2007. *The Greenwood Encyclopedia of Folktales and Fairy Tales [3 Volumes]*. Westport, C.T.: Greenwood Publishing Group.
- Haase, D. 2010. 'Decolonizing Fairy-Tale Studies'. *Marvels & Tales* 24(1), 17-38.
- Harvey, C. B. 1992. *Contemporary Irish Traditional Narrative: The English-Language Tradition*. Berkeley: University of California Press.

- Holbek, B. 1987. *Interpretation of Fairy Tales: Danish Folklore in a European Perspective*. Helsinki: Suomalainen Tiedeakatemia.
- Honko, L. 2000. *Thick Corpus, Organic Variation and Textuality in Oral Tradition*. Helsinki: Finnish Literature Society.
- Honko, L. 2013. *Theoretical Milestones: Selected Writings of Lauri Honko*. Helsinki: Suomalainen Tiedeakatemia, Academia Scientiarum Fennica.
- Hyde, D. 1890. *Beside the Fire: A Collection of Irish Gaelic Folk Stories*. London: David Nutt.
- Hyde, D. 1906. *Ceithre Sgeulta: Tarraingte as an 'Sgeuluidhe Gaedhealach'*. Baile Átha Cliath: Gill agus a Mhac.
- Hyde, D. (eag.) 1895. *Abhráin Grádh Chúige Connacht or Love Songs of Connacht*. Baile Átha Cliath & London: Gill & T. Fisher Unwin.
- Hyde, D. & Ó Deasmhumhna, C. 1902. *Imtheachta an Oireachtais 1900*. Baile Átha Cliath: Sealy, Bryers & Walker.
- Hyde, L. 2006. *The Gift: How the Creative Spirit Transforms the World*. Edinburgh: Canongate Books.
- Jacobs, J. 1916. *Europa's Fairy Book*. New York & London: G. P. Putnam's Sons.
- Joyce, P. 2014. 'The Journey West'. *Field Day Review* 10, 61-92.
- Kaivola-Bregenhøj, A. 1989. 'Folklore Narrators'. In: Siikala, A.-L. (eag.) *Studies in Oral Narrative*. Helsinki: Suomalaisen Kirjallisuuden Seura, 45-54.
- Kaivola-Bregenhøj, A. 1996. *Narrative and Narrating: Variation in Juho Oksanen's Storytelling*. Helsinki: Suomalainen Tiedeakatemia, Academia Scientiarum Fennica.
- Kennedy, P. 1870. *The Fireside Stories of Ireland*. Baile Átha Cliath: M'Glashan and Gill.
- Lang, A. 1903. *The Crimson Fairy Book*. London & New York & Bombay Longmans, Green and Co.
- Lang, A. 1905. *The Grey Fairy Book*. New York & London & Bombay: Longmans, Green and Co.
- Lang, A. 1921. *The Blue Fairy Book*. Philadelphia: David McKay Company.
- Langan-Egan, M. 1999. *Galway Women in the Nineteenth Century*. Baile Átha Cliath: Open Air.
- Laoide, S. 1915. *Tonn Tóime: Tiomargadh Sean-Phisreog, Sean-Rócán, Sean-Sgéal, Sean-Cheist, Sean-Naitheann, Sean-Fhocal and Sean-Rádh ó Chiarraige Luachra*. Baile Átha Cliath: Connradh na Gaedhilge.
- Léger, L. 1882. *Recueil de Contes Populaires Slaves: Traduits sur les Textes Originiaux*. Paris: Ernest Leroux.
- Lieberman, M. 1972. 'Some Day My Prince Will Come: Female Acculturation Through the Fairy Tale'. *College English* 34(3), 383-395.
- Lovelace, M. 2001. 'Jack and His Masters: Real Worlds and Tale Worlds in Newfoundland Folktales'. *Journal of Folklore Research* 38(1/2), 149-170.
- Luddy, M. 2006. *Women in Ireland, 1800-1918: a Documentary History*. Cork: Cork University Press.
- Lundell, T. 1986. 'Gender-Related Biases in the Aarne-Thompson Indexes'. In: Bottigheimer, R. B. (eag.) *Fairy Tales and Society: Illusion, Allusion and Paradigm*. Philadelphia: University of Pennsylvania Press, 146-163.
- Lurie, A. 1970. 'Fairy Tale Liberation'. *The New York Review of Books* 15(11), 42.
- Lurie, A. 1971. 'Witches and Fairies: Fitzgerald to Updike'. *The New York Review of Books* 17(9), 6.

- Lüthi, M. 1982. *The European Folktale: Form and Nature*. Philadelphia: Institute for the Study of Human Issues.
- Lysaght, P. 1998. 'Perspectives on Narrative Communication and Gender: Lady Augusta Gregory's "Visions and Beliefs in the West of Ireland"'. *Fabula* 39, 256-276.
- Lysaght, P. 2003. 'The Wonder Tale in Ireland'. In: Davidson, H. E. & Chaudhri, A. (eagí.) *A Companion to the Fairy Tale*. Cambridge: D.S. Brewer, 169-190.
- Mac Airt, S. 1950. 'Sgéaltaí ó Thír Eóghain'. *Béaloideas* 20(1/2), 3-48.
- Mac Cárthaigh, C. 1991. 'Midwife to the Fairies (ML 5070): The Irish Variants in their Scottish and Scandinavian Perspective'. In: Ó Héalaí, P. (eag.) *The Fairy Hill is on Fire!: Proceedings of the Symposium on the Supernatural in Irish and Scottish Migratory Legends, Dublin 7-8 October 1988*. Baile Átha Cliath: An Cumann le Béaloideas, Éireann.
- Mac Cárthaigh, C. 22/10/2015 2015. *RE: Ríomhphost*. Seolta chuig Nic Giolla Chomhaill, A.
- Mac Donnchadha, M. & Mac Giollarnáth, S. 1930. 'Cóitín Luachra'. *Béaloideas* 2(4), 333-338.
- Mac Donnchadha, M. & Mac Giollarnáth, S. 1932. 'Sgéal Sméid'. *Béaloideas* 3(3), 342-349.
- Mac Giollarnáth, S. 1930. 'Peadar Mac Tuathaláin'. *Béaloideas* 2(3), 326-330.
- Mac Giollarnáth, S. 1936. *Loinnir Mac Leabhair agus Sgéalta Gaisgidh Eile*. Baile Átha Cliath: Oifig Díolta Foilseacháin Rialtais.
- Mac Giollarnáth, S. 1972. *Conamara*. Corcaigh: Cló Mercier.
- Mac Giollarnáth, S. 2017. *Carlann Sheáin Mhic Giollarnáth* [Ar líne]. Ar fáil: <http://cartlann.ie/> [Oscailte 14/08/2017].
- Mac Mathúna, L. 2010. 'An Craoibhín, "Fóc-lór" agus Stair Chultúrtha na Mothúchán'. *Béaloideas* 78, 126-147.
- Mac Thuathaláin, P. & Mac Giollarnáth, S. 1934. *Peadar Chois Fhairrge: Scéalta Nua agus Seanscéalta d'innis Peadar Mac Thuathaláin*. Baile Átha Cliath: Oifig Díolta Foilseacháin Rialtais.
- Maggi, A. 2015. 'The Creation of Cinderella: From Basile to the Brothers Grimm'. In: Tatar, M. (eag.) *The Cambridge Companion to Fairy Tales*. Cambridge: Cambridge University Press, 150-165.
- Mitchell, C. 1993. 'Feminist Lenses and Female Folklore'. In: Tower Hollis, S., Pershing, L. & Young, M. J. (eagí.) *Feminist Theory and the Study of Folklore*. Urbana: University of Illinois Press, 277-284.
- Morris, L. P. 2010. "'Aristocracies of Thought": Social Class in the Early Folklore of Yeats and Hyde'. *Irish Studies Review* 18(3), 299-313
- Muhawi, I. 2001. 'Gender and Disguise in the Arabic Cinderella: A Study in the Cultural Dynamics of Representation'. *Fabula* 42(3-4), 263-283.
- Murphy, G. 1948. 'Review of "Sir Percyvelle: Its Irish Connections" by Sheila Joyce McHugh'. *Studies: An Irish Quarterly Review* 37(147), 368-371.
- Newell, W. W. 1904. 'The Ignis Fatuus, Its Character and Legendary Origin'. *The Journal of American Folklore* 17(64), 39-60.
- Ní Choirbín, A. 2010. *Scéalta Béaloidis Dhubhachta agus Bhaile an Tobair 1935-1937*. MA sa Nua-Ghaeilge, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.
- Ní Churraighín, A. 2016. 'Seán Ó hEochaidh agus Clann Uí Bheirn: Tionchar an Teaghlaigh ar Thionscadal Gairmiúil an Bhéaloidis i dTeileann'. *Tionól Béaloideas agus Eitneolaíochta*. Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath: Cur i láthair comhdhála gan foilsíú.

- Ní Dhonnchadha, A. & Nic Eoin, M. 2008. *Ar an gCoigríoch: Díolaim Litríochta ar Scéal na hImirce*. Indreabhán: Cló Iar-Chonnachta.
- Ní Dhonnchadha, M. 2003. 'The Story of Mis and Dubh Rois'. In: Koch, J. T. & Carey, J. (eagí.) *The Celtic Heroic Age: Literary Sources for Ancient Celtic Europe and Early Ireland and Wales*. Aberystwyth: Celtic Studies Publications.
- Ní Dhuibhne, É. 2002. 'International Folktales'. In: Bourke, A., Kilfeather, S., Luddy, M., Mac Curtain, M., Meaney, G., Nic Dhonnchadha, M., O'Dowd, M. & Wills, C. (eagí.) *The Field Day Anthology of Irish Writing: Irish Women's Writing and Traditions*. Cork: Cork University Press.
- Ní Dhuibhne, É. 2012. 'The Name of the Helper: Kinder-und Hausmärchen and Ireland'. *Béaloideas* 80, 1-22.
- Ní Fhearghusa, J. 1994/1995. 'The Devil's Son as Priest. Distribution, Form and Function of a Story on the Borderline between Folktale and Folk Legend'. *Béaloideas* 62/63, Glórtha ón Osnádúr: Páipéir a cuireadh i láthair ag an Siompósium Nordach-Ceilteach/Sounds from the Supernatural: Papers Presented at the Nordic-Celtic Legend Symposium, 89-108.
- Nic Cárthaigh, G. 2007. *Scéalaí Duibhneach: Staidéar Eitneagrafaíoch i gComhar le Bab Feiritéar*. PhD, Ollscoil na hÉireann, Corcaigh.
- Nic Eoin, M. 1998. *B'ait Leo Bean: Gnéithe den Idé-eolaíocht Inscne i dTraidisiún Líteartha na Gaeilge*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar.
- Nic Fhionnlaich, M. 2007. 'Éamonn an Ubhla Dheirg'. In: Ó Baoighill, P. (eag.) *Ó Cadhain i dTír Chonail*. Baile Átha Cliath: Coiscéim, 107-113.
- Nic Giolla Chomhaill, A. 2016a. *An Chaora Ghlas*. Indreabhán: Leabhar Breac.
- Nic Giolla Chomhaill, A. 2016b. 'Cinderella Chonnacht: An Léargas a Fhaightear ar Bhanlaochra na Sraithe ATU 510A i dTraidisiún Scéalaíochta Chonnacht'. *Béaloideas* 84, 144-169.
- Nicolaisen, W. F. H. 1983. 'Concepts of Time and Space in Irish Folktales'. In: Ford, P. K. (eag.) *Celtic Folklore and Christianity: Studies in Memory of William W. Heist*. Santa Barbara: McNally and Loftin, 150-158.
- Nicolaisen, W. F. H. 1993. 'Why Tell Stories about Innocent, Persecuted Heroines?'. *Western Folklore* 52(1), 61-71.
- Noyes, D. 2012. 'The Social Base of Folklore'. In: Galit, H. R. & Bendix, R. (eagí.) *A Companion to Folklore*. Malden: Wiley-Blackwell.
- O'Connor, A. 2010. 'Deconstructing the Archive? A Reflection on Collection-Centred Ethnology in the Irish Context'. *Béaloideas* 78, 80-98.
- O'Dowd, A. 1991. *Spalpeens and Tattie Hokers: History and Folklore of the Irish Migratory Agricultural Worker in Ireland and Britain*. Baile Átha Cliath: Irish Academic Press.
- O'Flaherty, R. & Hardiman, J. 1846. *A Chorographical Description of West or H-Iar Connaught*. Baile Átha Cliath: The Irish Archaeological Society.
- O'Leary, P. 1988. 'Honour-Bound: the Social Context of Early Irish Heroic Geis'. *Celtica* 20, 85-107.
- O'Leary, P. 1991. 'Jeers and Judgments: Laughter in Early Irish Literature'. *Cambridge Medieval Celtic Studies* 22, 15-29.
- O'Sullivan, P. 1997. *The Creative Migrant*. London: Leicester University Press.
- Ó Briain, S. & Ó Duilearga, S. 1962. 'Trí Shean-Scéal'. *Béaloideas* 30, 121-155.
- Ó Cadhain, M. 1920. 'An Aimsir'. *An Stoc*, 2(9), 7.
- Ó Cadhain, M. 1990. 'Béaloideas'. In: Ó Laighin, S. (eag.) *Ó Cadhain i bhFeasta*. Baile Átha Cliath: Clódhanna Teoranta, 129-182.

- Ó Cadhla, S. 2010. 'Scribes and Storytellers: the Ethnographic Imagination in Nineteenth-Century Ireland.' In: Wright, J. M. (eag.) *A Companion to Irish Literature (Vol. 1)*. Chichester, West Sussex: Wiley-Blackwell, 395–410
- Ó Cadhla, S. 2011. *An tSlat Féithleoige: Ealaíona an Dúchais 1800-2000*. Indreabhán: Cló Iar-Chonnacht.
- Ó Caodháin, P. & Ní Shithchearn, B. 1920a. 'Geirr-fhiadh Leath-taoibh Óir agus Leath-taoibh Airgid'. *An Stoc* 3(1), 7.
- Ó Caodháin, P. & Ní Shithchearn, B. 1920b. 'Murchadh Mac Briain'. *An Stoc* 3(1), 1-2.
- Ó Catháin, D. & Ó Máille, T. 1918. 'Toradh na Páise'. *An Stoc* 1(5), 6-7.
- Ó Catháin, I. 2011. *Mícheál Breathnach agus Traidisiún na Scéalaíochta in Iar-Chonamara*. Mary Immaculate College, University of Limerick.
- Ó Catháin, I. 2012. 'Proinnsias de Búrca: Bailitheoir Béaloideas ag Foghlaim na Ceirde'. *Béaloideas* 80, 23-37.
- Ó Catháin, S. 1988. 'Súil Siar ar Scéim na Scol 1937-1938'. *Sinsear* 5, 19-30.
- Ó Catháin, S. & Uí Sheighin, C. 1987. *A Mhuintir Dhú Chaocháin, Labhraígi Feasta!* Indreabhán, Conamara: Cló Chonamara i gcomhar le hOidhreacht Iorrais.
- Ó Ceannabháin, P. (eag.) 1983. *Éamon a Búrc: Scéalta*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta.
- Ó Conaill, S. & Ó Duilearga, S. 1927. 'Seana-Shoillse na Gaeltachta'. *Béaloideas* 1(1), 78-79.
- Ó Conaill, S. & Ó Duilearga, S. 1977. *Leabhar Sheáin Í Chonaill: Sgéalta agus Seanchas ó Íbh Ráthach*. Baile Áthe Cliath: Comhairle Bhéaloideas Éireann.
- Ó Cuirreáin, S. 2016. *Éagóir: Maolra Seoighe agus Dúnmharuithe Mhám Trasna*. Baile Átha Cliath: Cois Life.
- Ó Cuív, B. 1952-54. 'The Romance of Mis and Dubh Ruis'. *Celtica* 2, 325-333.
- Ó Danachair, C. 1983. 'The Progress of Irish Ethnology, 1783-1982'. *Ulster Folklife* 29, 3–17.
- Ó Dónaill, N. 1977. *Foclóir Gaeilge-Béarla*. Baile Átha Cliath: Richview Browne & Nolan.
- Ó Duilearga, S. 1927. 'Ón bhFear Eagair'. *Béaloideas* 1(1), 3-6.
- Ó Duilearga, S. 1969/1970. 'A Personal Tribute: Reidar Thorolf Christiansen (1886-1971)'. *Béaloideas* 37/38, 345-351.
- Ó Flannagáin, S., Ó Dioráin, S. T., Ó Dioráin, M., Ó Flathartaigh, M., Ó Flathartaigh, S. & Ó Hiarnáin, B. 1939. 'Sean-Sgéalta ó Árainn'. *Béaloideas* 9(1), 66-85.
- Ó Fotharta, D. 1892. *Siamsa an Gheimhridh, nó Cois an Teallaigh in Iargconnachta*. Baile Átha Cliath: Patrick O'Brien.
- Ó Giolláin, D. 1991. 'The Fairy Belief and Official Religion in Ireland'. In: Narváez, P. (eag.) *The Good People: New Fairylore Essays*. Kentucky: The University Press of Kentucky.
- Ó Giolláin, D. 2005. *An Dúchas agus an Domhan*. Cork: Cork University Press.
- Ó Giolláin, D. 2012. 'Ireland'. In: Galit, R. H. & Bendix, R. (eagí.) *A Companion to Folklore*. Walden, MA: Wiley-Blackwell, 409-425.
- Ó Héalaí, P. & Ó Tuairisg, L. 2007. *Tobar an Dúchais: Béaloideas as Conamara agus Corca Dhuibhne*. An Daingean: An Sagart.
- Ó hEalaoire, S. & Ó Duilearga, S. 1981. *Leabhar Stiofáin Uí Ealaoire*. Baile Átha Cliath: Comhairle Bhéaloideas Éireann, An Coláiste Ollscoile.
- Ó hEarbhard, M. & Brún, S. 1928. 'Amhrán na Ghabhair'. *An Stoc* 4(9), 5.
- Ó hÓgáin, D. 1983. "'Moch Amach ar Maidin dé Luain!" Staidéar ar an Seanchas faoi Ollphiasta i Lochanna na hÉireann'. *Béaloideas* 51, 87-125.

- Ó hÓgáin, D. 1985. *The Hero in Irish Folk History*. Dublin & New York: Gill and Macmillan; St. Martin's Press.
- Ó hÓgáin, D. 1986. 'Magic Attributes of the Hero in Fenian Lore'. *Béaloideas* 54/55, 207-242.
- Ó hÓgáin, D. 1991. *Myth, Legend & Romance: an Encyclopaedia of the Irish Folk Tradition*. New York: Prentice Hall Press.
- Ó hÓgáin, D. 2000. 'The Importance of Folklore within the European Heritage: Some Remarks'. *Béaloideas* 68, 67-98.
- Ó hUiginn, R. 2010. 'Amhráin Chlainne Gaedheal'. In: Ó hUiginn, R. (eag.) *Léachtaí Cholm Cille XL: Foinn agus Focal*. Má Nuad: An Sagart.
- Ó Laoire, L. 1994/1995. 'That Be't Banagher and Banagher Be't the Devil. An International Devil Tale in Irish Tradition'. *Béaloideas* 62/63 Glórtha ón Osnádúr: Páipéir a cuireadh i láthair ag an Siompósium Nordach-Ceilteach/Sounds from the Supernatural: Papers Presented at the Nordic-Celtic Legend Symposium, 189-198.
- Ó Laoire, L. 2002. *Ar Chreag i Lár na Farraige: Amhráin agus Amhránaithe i dToraigh*. Indreabhán, Conamara: Cló Iar-Chonnacht.
- Ó Laoire, L. 2013. "'The Gaelic Undertow": Seán Ó hEochaidh's Field Trip to the Bluestacks in 1947'. In: Potts, D. L. (eag.) *This Landscape's Fierce Embrace: The Poetry of Francis Harvey*. Newcastle upon Tyne: Cambridge Scholars Publishing.
- Ó Laoire, L. 2017. 'Tá Cuid de na Mná Blasta/Some Women are Sweet talkers: Representations of Women in Seán Ó hEochaidh's Field Diaries for the Irish Folklore Commission'. *Estudios Irlandeses* 12(2), 122-138.
- Ó Máille, M. & Ó Máille, T. 1936. *Diarmaid Donn*. Baile Átha Cliath: Oifig Díolta Foillseacháin Rialtais.
- Ó Máille, T. 1918a. 'Taidhbhearc Gaedhealach'. *An Stoc* 1(3), 4.
- Ó Máille, T. 1918b. 'An Stoc'. *An Stoc* 1(11), 4.
- Ó Máille, T. 1923. 'Cur ina Cheann'. *An Stoc* 1(6), 4.
- Ó Máille, T. 1926a. 'Briathra agus Bráithre'. *An Stoc* 3(2), 5-6.
- Ó Máille, T. 1926b. 'A' Dul i bhFeabhas'. *An Stoc* 3(5), 4.
- Ó Máille, T. 1927. *Urlabhraidheacht agus Graiméar na Gaedhilge: Cuid I*. Baile Átha Cliath: Comhlucht Oideachais na hÉireann.
- Ó Máille, T. 1928a. 'Grianghráf'. *An Stoc* 4(12), 3.
- Ó Máille, T. 1928b. 'Grianghráf'. *An Stoc* 5(5), 5.
- Ó Máille, T. 1934. *Mícheál Mac Suibhne agus Filidh an tSléibhe*. Baile Átha Cliath: Hely Thom Tta.
- Ó Máille, T. 1936. *An Béal Beo*. Baile Átha Cliath: Comhlucht Oideachais na hÉireann.
- Ó Máille, T. & Ó hUiginn, R. 2003. *An Béal Beo*. Baile Átha Cliath: An Gúm.
- Ó Máille, T. & Ó Máille, M. 1905. *Amhráin Chlainne Gaedheal*. Baile Átha Cliath: Connradh na Gaedhilge.
- Ó Meadhraigh, P. & Nic Conrí, S. 1920. 'An Misiún'. *An Stoc* 2(11), 6-7.
- Ó Murchú, P., Verling, M., Ó Murchú, T., Ó Súilleabháin, S. & Ó hUallacháin, D. 1996. *Gort Broc: Scéalta agus Seanchas ó Bhéarra*. Baile Átha Cliath: Coiscéim.
- Ong, W. J. 2002. *Orality and Literacy: The Technologizing of the Word. 30th Anniversary Edition (with additional chapters by John Hartley)*. London & New York: Routledge.

- Ó Raghallaigh, S. M. 1905. *Curadh Glas an Eolais*. Baile Átha Cliath: Muintir na Leabhar Gaedhilge.
- Ó Ríoghbhardáin, D. 1924. ‘An Puisín Draoidheachta’. *An Stoc* 2(2), 2.
- Ó Ríoghbhardáin, D. 1925a. ‘Seán na bPónairí’. *An Stoc* 2(3), 2.
- Ó Ríoghbhardáin, D. 1925b. ‘Alaidín agus an Lampa’. *An Stoc* 2(4), 2.
- Ó Ríoghbhardáin, D. 1925c. ‘Alí Baba agus an Dá Fhicheadh Gaduidhe’. *An Stoc* 2(5), 2.
- Ó Ríoghbhardáin, D. 1926. ‘Firin Beag Bideach’. *An Stoc* 3(4), 2.
- Ó Súilleabháin, S. 1967. *Irish Folk Custom and Belief*. Baile Átha Cliath: The Three Candles.
- Ó Súilleabháin, S. 1973. *Storytelling in Irish Tradition*. Cork: Mercier Press.
- Ó Súilleabháin, S. 1980. *Caitheamh Aimsire ar Thórraimh*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar.
- Ó Súilleabháin, S. & Dorson, R. M. 1966. *Folktales of Ireland*. Chicago: University of Chicago Press.
- Ó Súilleabháin, S. & Ó Catháin, S. 2014. *A Handbook of Irish Folklore*. Comhairle Bhéaloideas Éireann.
- Ó Súilleabháin, S. C., Reidar Th. 1963. *The Types of the Irish Folktale*. Helsinki: Suomalainen Tiedeakatemia.
- Ó Tuama, S. 2001. *An Grá in Amhráin na nDaoine*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta.
- Pentikäinen, J. 1978. *Oral Repertoire and World View: an Anthropological Study of Marina Takalo's Life History*. Helsinki: Suomalainen Tiedeakatemia, Academia Scientiarum Fennica.
- Perco, D. & Bacchilega, C. 1993. ‘Female Initiation in Northern Italian Versions of “Cinderella”’. *Western Folklore* 52(1), 73-84.
- Perrault, C. 1697. *Histoires ou Contes du Temps Passé, avec des Moralitez*. Paris: Claude Barbin.
- Perrault, C., Johnson, A. E. & Ashliman, D. L. 2003. *Donkey Skin* [Ar líne]. University of Pittsburgh. Ar fáil: <http://www.pitt.edu/~dash/perrault11.html> [Oscailte 07/09/2017].
- Phillips, D. T. 2013. ‘Moving with the Women: Tracing Racialization, Migration, and Domestic Workers in the Archive’. *Signs* 38(2), 379-404.
- Póirtéir, C. 1993. *Micí Sheáin Néill: Scéalaí agus Scéalta*. Baile Átha Cliath: Coiscéim.
- Propp, V. 1968. *Morphology of the Folktale*. Austin: University of Texas Press.
- Radner, J. N. 1989. ‘“The Woman Who Went to Hell”: Coded Values in Irish Folk Narrative’. *Midwestern Folklore* 15, 109-117.
- Radner, J. N. & Lanser, S. S. 1993. ‘Strategies of Coding in Women's Cultures’. In: Radner, J. N. (eag.) *Feminist Messages: Coding in Women's Folk Culture*. Urbana: University of Illinois Press, 1-30.
- Rooth, A. B. 1951. *The Cinderella Cycle*. Lund: Gleerup.
- Sayers, P., Ní Mhainnín, M. & Ó Murchú, L. P. 1998. *Peig: A Scéal Féin*. An Daingean: An Sagart.
- Schacker, J. 2003. *National Dreams: The Remaking of Fairy Tales in Nineteenth-Century England*. Philadelphia: University of Pennsylvania Press.
- Schmiesing, A. 2014. *Disability, Deformity, and Disease in the Grimms' Fairy Tales*. Detroit: Wayne State University Press.
- Seoighe, T. & Ó Máille, T. 1920a. ‘Amhrán Sheáin Uilleach’. *An Stoc* 2(6), 1.
- Seoighe, T. & Ó Máille, T. 1920b. ‘An Líonán’. *An Stoc* 2(9), 2.

- Seoighe, T. & Ó Máille, T. 1925. 'An Cnagaire'. *An Stoc* 2(5), 5.
- Shirley, E. G/D. *Favourite Stories from Grimm*. London, Edinburgh & New York: Thomas Nelson & Sons.
- Siikala, A. L. 1990. *Interpreting Oral Narrative*. Helsinki: Suomalainen Tiedeakatemia Academia Scientiarum Fennica.
- Sirín, A. & Ó Tiománaidhe, M. 1929. 'Cú Bán an tSléibhe'. *Béaloideas* 2(2), 157-171.
- Sklarek, E. 1901. *Ungarische Volksmärchen*. Leipzig: Dieterich.
- Stenson, N. 2003. *An Haicléara Mánas: a Nineteenth-Century Text from Clifden, Co. Galway*. Baile Átha Cliath: Dublin Institute for Advanced Studies.
- Stirling Coyne, J. & Willis, N. P. 1842. *The Scenery and Antiquities of Ireland: Illustrated from Drawings by W. H. Bartlett; The Literary Portion of the Work by N. P. Willis and J. Stirling Coyne*. London: George Virtue.
- Stone, K. F. 2008. *Some Day Your Witch Will Come*. Detroit: Wayne State University Press.
- Swahn, J. Ö. 1955. *The Tale of Cupid and Psyche*. Lund: Håkan Ohlssons Boktryckeri.
- Tatar, M. 1999. *The Classic Fairy Tales: Texts, Criticism*. New York: W. W. Norton.
- Tatar, M. 2003. *The Hard Facts of the Grimms' Fairy Tales*. Princeton, N.J.: Princeton University Press.
- Tatar, M. 2015. 'Female Tricksters as Double Agents'. In: Tatar, M. (eag.) *The Cambridge Companion to Fairy Tales*. Cambridge: Cambridge University Press.
- Tatar, M. 2017. *The Classic Fairy Tales*. New York & London: W. W. Norton & Company.
- Teverson, A. 2013. *Fairy Tale*. New York: Routledge.
- Thompson, S. 1938. 'Folktale Collecting in Ireland'. *Southern Folklore Quarterly* 2(2), 53-58.
- Thompson, S. 1946. *The Folktale*. New York: Dryden Press.
- Thompson, S. 1955-8. *Motif-Index of Folk Literature: A Classification of Narrative Elements in Folktales, Ballads, Myths, Fables, Medieval Romances, Exempla, Fabliaux, Jest-books and Local Legends*. Bloomington: Indiana University Press.
- Thompson, S., McDowell, J. H., Carpenter, I. G., Braid, D. & Peterson-Veatch, E. 1996. *A Folklorist's Progress: Reflections of a Scholar's life*. Bloomington, Indiana: Special Publications of the Folklore Institute No. 5, Indiana University.
- Uí Ógáin, R. 1996/97. 'Proinnsias de Búrca (1904-1996)'. *Béaloideas* 64/65, 353-355.
- Uí Ógáin, R. 2000. 'Some Comments on Context, Text and Subtext in Irish Folklore'. In: Honko, L. (eag.) *Thick Corpus, Organic Variation and Textuality in Oral Tradition*. Helsinki: Finnish Literature Society, 159-179.
- Uther, H. J. 2004. *The Types of International Folktales: a Classification and Bibliography, Based on the System of Antti Aarne and Stith Thompson*. Iml. 284-286. Helsinki: Suomalainen Tiedeakatemia, Academia Scientiarum Fennica.
- Uzendoski, M. & Calapucha-Tapuy, E. F. 2012. *The Ecology of the Spoken Word: Amazonian Storytelling and Shamanism Among the Napo Runa*. Urbana: University of Illinois Press.
- Vernaleken, T. & Ashliman, D. L. 2001. *Broomthrow, Brushthrow, Combthrow/Besenwurf, Bürstenwurf, Kammwurf* [Ar líne]. University of Pittsburgh. Ar fáil: <http://www.pitt.edu/~dash/vernaleken33.html> [Oscailte 22/07/2017].

- Villiers-Tuthill, K. 1995. 'The Connemara Railway 1895-1935'. *History Ireland* 3(4), 35-40.
- Von Sydow, C. W. 1934. 'Geography and Folk-Tale Ecotypes'. *Béaloideas* 4(3), 344-355.
- Waldron, J. 1992. *Maamtrasna: The Murders and the Mystery*. Baile Átha Cliath: Edmund Burke.
- Walsh, J. 2016. "'Chuireag na Smóilíní a' Sclimpireacht Istig in mo Chroí": Athrú Teanga agus Íde-Eolaíocht Teanga i mBreac-Ghaeltacht na nDéise'. In: Walsh, J. & Ó Muircheartaigh, P. (eagí.) *Ag Siúl an Bhealaigh Mhóir: Aistí in Ómós don Ollamh Nollaig Mac Congáil*. Baile Átha Cliath: LeabhairComhar, 414-449.
- Warner, M. 1994. *From the Beast to the Blonde: On Fairy Tales and their Tellers*. New York: The Noonday Press & Farrar, Straus and Giroux.
- Warner, M. 2014. *Once Upon a Time: A Short History of Fairy Tale*. Oxford: Oxford University Press.
- Williams, S. & Ó Laoire, L. 2011. *Bright Star of the West: Joe Heaney, Irish Song-Man*. New York: Oxford University Press.
- Yeats, W. B. 1892. *Irish Fairy Tales*. London: T. Fisher Unwin.
- Yeats, W. B. 1893. *The Celtic Twilight*. London: A.H. Bullen.
- Zimmermann, G. D. 2001. *The Irish Storyteller*. Baile Átha Cliath: Four Courts.
- Zipes, J. 2002. *Breaking the Magic Spell: Radical Theories of Folk and Fairy Tales (Revised and Expanded Edition)*. Lexington: The University Press of Kentucky.
- Zipes, J. 2006. *Why Fairy Tales Stick: The Evolution and Relevance of a Genre*. New York: Routledge.
- Zipes, J. 2012. *The Irresistible Fairy Tale: The Cultural and Social History of a Genre*. Princeton, N.J.: Princeton University Press.
- Zipes, J. 2015. *Grimm Legacies: The Magic Spell of the Grimms' Folk and Fairy Tales*. Princeton, N.J.: Princeton University Press.
- Zipes, J. & Gonzenbach, L. 2006. *Beautiful Angiola: The Lost Sicilian Folk and Fairy Tales of Laura Gonzenbach*. New York: Routledge.
- Zipes, J. D. 2014. *The Brothers Grimm: From Enchanted Forests to the Modern World*. New York: Palgrave Macmillan.